Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

# AN PLEAN NÁISIÚNTA BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

## LE HAGHAIDH GEILLEAGAR CIORCLACH 2024-2030



IMLEABHAR I

**AN STAID REATHA AGUS DÚSHLÁIN**

REGIONAL WASTE MANAGEMENT PLANNING OFFICES

# CLÁR ÁBHAR


**BROLLACH**
**SPRIOCANNA**

| | | |
|---|---|---|
| | Cúlra | 7 |
| | An Geilleagar Ciorclach | 8 |
| | Struchtúr an Phlean | 9 |
| | Measúnú Comhshaoil | 9 |
| | Meastóireacht agus Comhairliúchán | 9 |
| | Comhúinéireacht/Comhtháthú Earnáil na Tionsclaíochta | 10 |
| | Struchtúr an Imleabhair seo | 10 |

**Cuid A: Na Rialacha**

| | | |
|---|---|---|
| **1** | **TIMPEALLACHT RIALÁLA** | **12** |
| | 1.1 Forbhreathnú ar an Timpeallacht Rialála | 12 |
| | 1.2 Treo Eorpach | 13 |
| | 1.2.1 Beartas | 13 |
| | 1.2.2 Reachtaíocht | 13 |
| | 1.3 Dul Chun Cinn an Bheartais Náisiúnta | 14 |
| | 1.3.1 Clár Rialtais | 14 |
| | 1.3.2 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide | 15 |
| | 1.3.3 Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh | 15 |
| | 1.3.4 Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach | 16 |
| | 1.3.5 Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia | 16 |
| | 1.3.6 An Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir leis an mBitheacnamaíocht | 16 |
| | 1.4 Pleananna, Cláir agus Ionstraimí Reachtúla Tábhachtacha | 16 |
| | 1.4.1 An tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 | 17 |
| | 1.4.2 An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 | 17 |
| | 1.4.3 Clár an Gheilleagair Chiorclaigh | 17 |
| | 1.4.4 Fotháirgí (Rialachán 27) | 18 |
| | 1.4.5 Ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad (Rialachán 28) | 18 |
| | 1.4.6 An Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí, 2021-2027 | 19 |
| | 1.4.7 An Plean Náisiúnta Bainistíochta Sloda Fuíolluisce, 2016-2021 | 19 |
| | 1.4.8 Staidéar ECFE: An Geilleagar Ciorclach in Éirinn (2022) | 19 |
| | 1.5 Dul chun cinn i dtreo Spriocanna AE | 20 |
| **2** | **CREAT PLEANÁLA AGUS GEILLEAGAIR CHIORCLAIGH** | **23** |
| | 2.1 An chaoi a n-idirghníomhaíonn an Plean seo le Polasaithe eile | 23 |
| | 2.2 Pleanáil d'Fhorbairt Dramhaíola agus don Gheilleagar Ciorclach | 25 |
| | 2.3 Forbairt Nua Dramhaíola agus Geilleagair Chiorclaigh a Lonnú | 26 |

**3 TIMPEALLACHT NÁISIÚNTA** **28**
3.1 Cúlra an Phlean Náisiúnta seo 28
3.2 Struchtúir Tacaíochta 29
3.3 Próifíl Náisiúnta 30
3.3.1 Daonra 30
3.3.2 Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch 34
3.3.3 Úsáid Ábhar Ciorclach 39
3.3.4 Íogaireacht Chomhshaoil 41
Príomhdhúshláin a eascraíonn as Cuid A: Na Rialacha 42

## Cuid B: An Tírdhreach

**4 SRUTHANNA ÁBHAIR** **44**
4.1 Earnáil an Gheilleagair Chiorclaigh 44
4.2 Dramhaíl Bhardasach 45
4.2.1 Dramhaíl Tráchtála 46
4.2.2 Dramhaíl Teaghlaigh 47
4.2.3 Cóireáil ar Dhramhaíl Bhardasach 50
4.3 Dramhbhia 52
4.4 Dramhaíl Phacáistithe 54
4.5 Plaistigh (lena n-áirítear Plaistigh Aon Úsáide) 56
4.6 Teicstílí 58
4.7 Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) agus Cadhnraí 59
4.8 Feithiclí a bhfuil a Ré Caite 61
4.9 Boinn 62
4.10 Dramhaíl Tógála agus Scartála 63
4.11 Dramhaíl Neamhdhleathach 65
4.12 Dramhaíl Ghuaiseach 66

**5 BONNEAGAR** **69**
5.1 Athúsáid, Ullmhúchán le haghaidh Athúsáide agus Deisiúcháin 69
5.2 Bonneagar Bailithe 70
5.2.1 Bonneagar Bailithe Tráchtála 70
5.2.2 Bonneagar Bailithe Teaghlaigh 71
5.2.3 Ionaid Fóntas Poiblí 74
5.2.4 Córais Bailithe Eile 74
5.2.5 Bonneagar Bailithe le haghaidh Dramhaíl Tógála agus Scartála 75
5.3 Réamhchóireáil 75
5.4 Cóireáil Dramhaíola Soladaí Bardasaí 76
5.4.1 Bonneagar Athchúrsála 76
5.4.2 Aisghabháil Theirmeach 78
5.4.3 Líonadh Talún 81

5.5 Cóireáil ar Dhramhaíl Tógála agus Scartála 82
5.5.1 Ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad (Rialachán 28) 82
5.5.2 Aisghabháil Ithreach 83
5.5.3 Láithreáin Líonta Talún le haghaidh Dramhaíl Thámh 84
5.5.4 Láithreáin Líonta Talún a ghlacann le hIthir agus Cloch Neamhghuaiseach 85
5.6 Láithreáin Líonta Talún Stairiúla 85
5.7 Onnmhairí 85
5.7.1 Onnmhairí de Dhramhaíl Bhardasach 85
5.7.2 Onnmhairí de Dhramhaíl Tógála 87
5.7.3 Onnmhairí de Dhramhaíl Ghuaiseach 87
5.8 Acmhainneacht Theagmhasach le haghaidh Dramhaíola 88
5.9 Bonneagar atá Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta agus Réigiúnach 89

**6 TÁIRGEADH DRAMHAÍOLA RÉAMH-MHEASTA 90**
6.1 Réamh-mheastacháin i dtaca le Táirgeadh DSB 90
6.2 Réamh-mheastacháin i dtaca le Táirgeadh Dramhaíola T&S 92
Príomhdhúshláin a eascraíonn as Cuid B: An Tírdhreach 94

## Cuid C: Na hAcmhainní

**7 GNÉITHE EAGRAÍOCHTÚLA 96**
7.1 Páirtithe Leasmhara sa Rialtas Áitiúil 96
7.1.1 Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA) 96
7.1.2 Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí (RWMPO) 96
7.1.3 Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) 97
7.1.4 Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola (NWCPO) 98
7.1.5 Oifig Náisiúnta Loingsithe Trasteorann (NTFSO) 98
7.2 Na Príomh-chomhpháirtithe 99
7.2.1 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide 99
7.2.2 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 99
7.3 Tionscal 99
7.4 Scéimeanna Comhlíontachta 100
7.5 Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus Cumainn Eile 100
7.6 Rialachas 101
7.7 Idirghníomhaíochtaí 101
7.8 Teacht Aniar Eagraíochtúil 103

**8 AIRGEADAS 104**
8.1 An Earnáil Dramhaíola 104
8.2 Ioncam agus Caiteachas na nÚdarás Áitiúil 107
8.3 Anailís Easnaimh 109
8.4 Acmhainní Daonna na nÚdarás Áitiúil 112
8.5 Samhail Maoinithe Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil 114
8.6 Acmhainní Margaidh 114
8.7 Achoimre 116
Príomhdhúshláin a eascraíonn as Cuid C: Na hAcmhainní 116

ACHOIMRE AR AN STAID REATHA AGUS DÚSHLÁIN 117

## Táblaí


Tábla 3.1: Daonraí Réigiúnacha Taifeadta agus Réamh-mheasta (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh) 31
Tábla 3.2: Dlús Daonra de réir Réigiúin (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh) 33
Tábla 3.3: Táscairí Earnála Aschuir agus Gníomhaíochta Eacnamaíche (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh) 37
Tábla 4.1: An Céatadán Íosta den Ábhar Athchúrsáilte a aisghabhadh ó Dhramhaíl Phlaisteach Iarthomhaltais 56
Tábla 4.2: DTLL Bailithe agus Bainistithe 2016-2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 59
Tábla 4.3: Rátaí Athúsáide, Athchúrsála agus Aisghabhála Feithiclí Ré Caite, 2012-2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 61
Tábla 4.4: Sonraí Cóireála Boinn Dramhaíola 2020 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 62
Tábla 4.5: Dramhaíl Bhardasach Neamhbhainistithe Mheasta 2016 go 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 65
Tábla 4.6: Dramhaíl a Bailíodh de réir Bliana 2017-2022 tríd an Tionscnamh Frithdhumpála (foinse: WERLA) 66
Tábla 5.1: Acmhainneacht Réamhchóireála in Éirinn 75
Tábla 5.2: Saoráidí Aisghabhála Ábhar Údaraithe in Éirinn 75
Tábla 5.3: Acmhainneacht Údaraithe do Shaoráidí Múirínithe agus Díleáite Anaeróbaigh in Éirinn in 2019. 77
Tábla 5.4: Dramhaíl a nGlactar Léi ag Saoráidí Múirínithe, DA agus Bithchobhsaithe agus Onnmhairithe Dramhaíola chuig Tuaisceart Éireann 77
Tábla 5.5: Saoráidí Aisghabhála Teirmí in Éirinn 79
Tábla 5.6: Saoráidí Beartaithe Aisghabhála Teirmí in Éirinn 79
Tábla 5.7: Luaith a tháirg Saoráidí Dramhaíl go Fuinneamh in Éirinn 79
Tábla 5.8: Láithreáin Líonta Talún Bhardasacha Oibríochtúla in Éirinn 82
Tábla 5.9: Cinntí Deiridh Dramhaíola 82
Tábla 5.10: Saoráidí Aisghabhála Ithreach in Éirinn 2021 84
Tábla 5.11: Saoráidí Oibríochtúla a Ghlacann le Dramhaíl Thámh in Éirinn 84
Tábla 5.12: Dramhaíl Bhardasach a Bainistíodh, a nDearnadh Cóireáil uirthi agus a Onnmhairíodh in 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Oifigí Náisiúnta Loingsithe TransFrontier) 85
Tábla 5.13: Cinn Scríbe le haghaidh na Dramhaíola Iarmharaí a Onnmhairíodh as Éirinn in 2021 (foinse: Oifigí Náisiúnta Loingsithe TransFrontier) 86
Tábla 5.14: Miondealú ar Ábhair Liosta Ghlais a Onnmhairíodh as Éirinn in 2021 de réir Ceann Scríbe (foinse: Oifigí Náisiúnta Loingsithe TransFrontier) 87
Tábla 6.1: Toimhdí agus Tosca Ionchuir le haghaidh Réamh-mheastacháin DSB 91
Tábla 6.2: Toimhdí agus Tosca Ionchuir le haghaidh Réamh-mheastacháin DSB 93
Tábla 8.1: Luach Eacnamaíoch an Tionscail Dramhaíola in Éirinn (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide) 106
Tábla 8.2: Caiteachas agus ioncaim bhuiséadaithe Údarás Áitiúil 2021 ar Bhailiú agus Cóireáil Dramhaíola 108
Tábla 8.3: Ionchur Acmhainní Daonna 2022 d'Fheidhm Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil 113
Tábla 8.4: Acmhainní Airgeadais 2022 le haghaidh Fheidhm Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil 113
Tábla 8.5: Samhail Maoinithe d'Fheidhm Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (€milliún) 115

## Fíoracha


Fíor 1.1: Leasuithe ar Threoracha chun tacú leis an bPacáiste don Gheilleagar Ciorclach 14
Fíor 1.2: Dul chun cinn chuig Spriocanna faoin WFD, faoin Treoir maidir le Pacáistiú agus faoin Treoir maidir le Líonadh Talún (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 20
Fíor 1.3: Dul chun cinn chuig Spriocanna ar Threoracha maidir le Feithiclí Ré Caite, DTLL agus Cadhnraí (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 21
Fíor 2.1: Creat Aeráide agus Geilleagair Chiorclaigh don Phlean seo 24
Fíor 3.1: Bailte agus Contaetha Móra laistigh de na trí Réigiún Dramhaíola in Éirinn 29
Fíor 3.2: Dlús agus Dáileadh Daonra in Éirinn 32
Fíor 3.3: Daoine i bhFostaíocht in 2022 de réir Earnáil NACE (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh) 36
Fíor 3.4: Gníomhaíocht Eacnamaíoch agus Gréasán Iompair na hÉireann 38
Fíor 3.5: Ráta Úsáide Ábhar Ciorclach na hÉireann agus Ballstáit eile 2021 (foinse: EuroStat) 40
Fíor 3.6: Sreabhadh Ábhair na hÉireann 2021 (Aonad – Míle Tonna) (foinse: EuroStat) 40
Fíor 3.7: Limistéir Íogair Comhshaoil agus Limistéir faoi Chosaint in Éirinn 41
Fíor 4.1: Dramhaíl Tráchtála Iomlán a Táirgeadh i gcoinne OIN (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 46
Fíor 4.2: Torthaí Shuirbhéanna 2022 ar Shaintréithiú Dramhaíola Tráchtála (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 47
Fíor 4.3: Dramhaíl Iomlán Teaghlaigh Táirgthe i gcoinne Daonra (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Phríomh-Oifig Staidrimh) 48
Fíor 4.4: Torthaí Shuirbhéanna 2022 ar Shaintréithiú Dramhaíola Teaghlaigh (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 49
Fíor 4.5: Athchúrsáil ar Dhramhaíl Bhardasach a Tháirgtear agus Spriocanna AE Amach Anseo (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 51
Fíor 4.6: Foinsí Dramhbhia 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 52
Fíor 4.7: Cineálacha Dramhaíola Pacáistithe 2021 54
Fíor 4.8: Rátaí Athchúrsála Dramhaíola Pacáistithe 2021 i gcoibhneas le spriocanna reatha agus beartaithe (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 55
Fíor 4.9: Rátaí Athchúrsála agus Aisghabhála Dramhaíola Plaistí 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 56
Fíor 4.10: Dramhaíl Tógála agus Scartála a táirgeadh in Éirinn 2012-2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 64
Fíor 4.11: Miondealú ar an gCodán de Dhramhaíl Tógála agus Scartála in 2021 nach Ithir ná Cloch í (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 64
Fíor 4.12: Na 5 Shruth Dramhaíola Guaisí Ba Mhó in Éirinn, 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 67
Fíor 4.13: Bainistiú na Dramhaíola Guaisí in Éirinn 2009-2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 68
Fíor 5.1: Codán de Theaghlaigh ar Chóras Bailithe Cois Cosáin in 2021 de réir Contae in Éirinn (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 71
Fíor 5.2: Méid Dramhaíola Teaghlaigh Cois Cosáin a Bailíodh agus Gloine Leithscartha a Bailíodh in 2021 de réir Cineál Araide agus Contae (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 72
Fíor 5.3: Miondealú ar Bhailiúchán Dramhaíola Soladaí Bardasaí Cois Cosáin i gcomparáid le Bailiúchán neamh-Chois-Cosáin in 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 72
Fíor 5.4: Miondealú ar Bhailiúchán Dramhaíola neamh-Chois-Cosáin in 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) 73
Fíor 6.1: Táirgeadh Réamh-mheasta DSB (Gach Rud mar is Gnách) (foinse: Inmheánach) 92
Fíor 6.2: Táirgeadh Réamh-mheasta T&S (Gach rud mar is Gnách) (foinse: Inmheánach) 93
Fíor 7.1: Idirghníomhaíochtaí RWMPO 102
Fíor 8.1: Caiteachas Chiste Comhshaoil an Rialtais Láir in 2021 105
Fíor 8.2: Caiteachas Údarás Áitiúil ar 'Bhailiú agus Diúscairt Dramhaíola' in 2021 108
Fíor 8.3: Easnaimh Feidhme Dramhaíola 109
Fíor 8.4: Bearta Maolaithe Easnaimh Leanúnachais Gnó 111
Fíor 8.5: Léiriú ar Fhreagairtí Straitéiseacha Féideartha ar na hEasnaimh Airgeadais a Shainaithnítear 111
Fíor 8.6: Leithdháileadh Acmhainní Daonna na nÚdarás Áitiúil 2022 112


Tabhair faoi deara go bhfuil Gluais agus liosta iomlán Giorrúchán do théarmaí a úsáidtear sa Phlean seo in Aguisín 1 d'Imleabhar IV Doiciméadú Tacaíochta.

# BROLLACH

D'ullmhaigh na hOifigí Réigiúnacha Pleanála don Bhainistiú Dramhaíola (RWMPO) an Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030 (ar a dtugtar 'an Plean' anseo feasta) arb é an chéad phlean náisiúnta dramhaíola é agus leagann sé amach creat chun dramhaíl a chosc agus a bhainistiú in Éirinn don tréimhse ó 2024 go 2030. Tagann an Plean seo in ionad na dtrí Phlean Réigiúnacha Bainistithe Dramhaíola (RWMP) a ullmhaíodh in 2015. Ceanglaítear le hAlt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 ar údaráis áitiúla (mar na húdaráis inniúla) plean bainistithe dramhaíola a dhéanamh ina n-aonar, nó i gcomhpháirt, le haghaidh dramhaíl neamhghuaiseach (agus forálacha an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí á gcur san áireamh freisin) i ndáil le gach limistéar feidhme. Faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, ní mór do na pleananna sin:.

(i) Bearta a leagan síos chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint trí thionchair dhíobhálacha an táirgthe agus an bhainistithe dramhaíola a chosc nó a laghdú agus trí thionchair fhoriomlána úsáid acmhainní a laghdú agus éifeachtúlacht úsáide den sórt sin a fheabhsú;

(ii) A bheith de réir ord na réiteach dramhaíola atá leagtha amach in Alt 21A;

(iii) Na hoibleagáidí a leagtar amach in Alt 32(1) a chomhlíonadh maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint; agus

(iv) Na prionsabail maidir le neamhthuilleamaíocht agus gaireacht atá leagtha amach in Alt 37A a chomhlíonadh.

## Cúlra

Chlúdaigh an chéad ghlúin de phleananna bainistithe dramhaíola a ullmhaíodh in Éirinn an tréimhse 1998 go 2004 agus bhí siad bunaithe ar dheich réigiún bainistithe dramhaíola. Thug na pleananna seo isteach cur chuige nua maidir le bainistiú dramhaíola áitiúil in Éirinn tar éis chuspóirí beartais an chéad ráitis beartais náisiúnta dramhaíola de chuid an Stáit, 'Changing Our Ways'[2]. Rinneadh athbhreithniú ar an gcéad ghlúin de phleananna bainistithe dramhaíola agus cuireadh pleananna eile ina n-áit sa tréimhse ó 2005 go 2006 chun an tréimhse suas go 2010 agus 2011 a chlúdach.

I mí Iúil 2012, mhol beartas dramhaíola nua an rialtais, 'Deis Acmhainne'[3], go ndéanfaí na deich réigiún dramhaíola roimhe sin sa Stát a thabhairt le chéile mar thrí réigiún dramhaíola ar a mhéad mar seo a leanas:

- Réigiún Chonnacht-Uladh;
- Réigiún an Oirthir-Láir Tíre; agus
- Réigiún an Deiscirt.

I mí na Bealtaine 2015 d'fhoilsigh na trí réigiún, thar ceann na hearnála rialtais áitiúil (LGS), Pleananna Réigiúnacha Bainistithe Dramhaíola, RWMPanna, chun an tréimhse 2015 go 2021 a chlúdach. Measadh sna pleananna sin gur acmhainn í dramhaíl agus áiríodh iontu beartais agus cuspóirí chun an creat a leagan síos chun dramhaíl a chosc agus a bhainistiú ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe i ngach ceann de na trí réigiún. Tá na pleananna sin á riaradh ag na trí Oifig Réigiúnacha Pleanála don Bhainistiú Dramhaíola, RWMPOnna, a chomhordaigh cur i bhfeidhm thar ceann na hearnála rialtais áitiúil.

Éilíonn Beartas Náisiúnta Dramhaíola na hÉireann 2020-2025 'Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach'[4] (WAPCE) go gcuirfí Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola amháin in ionad na dtrí RWMP atá ann cheana ina bhfuil spriocanna maidir le hathúsáid, deisiú, ídiú acmhainní agus laghdú ar éilliú. Ceanglaítear leis an Acht um an nGeilleagar Ciorclach 2022 freisin go n-áireofaí leis an bPlean seo táscairí agus spriocanna cáilíochtúla nó cainníochtúla cuí d'ábhair a athúsáidtear agus a dheisítear nó a athmhonaraítear. Is é an Plean seo an plean náisiúnta agus clúdóidh sé raon feidhme geografach iomlán an Stáit don tréimhse 2024 go 2030. Leanann an Plean seo

[1] Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/EPA_changing_our_ways_1998.pdf
[3] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/a9d98-a-resource-opportunity-waste-management-policy-in-ireland/?
[4] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/9abf3-plean-gniomhaiochta-dramhaiola-le-haghaidh-geilleager-ciorclach-2020-2025/?

leis an bhforbairt ó phleanáil dramhaíola áitiúil go réigiúnach go pleanáil náisiúnta dramhaíola agus is é an chéad Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola é do Gheilleagar Ciorclach ag Éirinn.

## An Geilleagar Ciorclach

Go stairiúil, bhain an tsamhail eacnamaíoch dhomhanda le hábhair a bhaint as an timpeallacht nádúrtha, na hábhair sin a phróiseáil chun táirgí a dhéanamh, na táirgí sin a úsáid, agus ansin iad a dhiúscairt mar dhramhaíl. Tá an múnla líneach táirgeachta agus tomhaltais sin ('tóg-déan-diúscair') neamh-inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de.

Tugann an geilleagar ciorclach rogha eile ar an múnla líneach sin, ceann ina gcoinnítear acmhainní in úsáid chomh fada agus is féidir, ina mbaintear an luach uasta atá ag na hacmhainní agus iad in úsáid, ansin ina ndéantar táirgí agus ábhair a aisghabháil agus a athghiniúint ag an deireadh ré. Is féidir le geilleagar ciorclach tionchair dhearfacha chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta a bheith aige, amhail truailliú plaisteach laghdaithe, poist nua agus táirgí tomhaltóirí ar chaighdeán níos fearr agus a mhairfidh níos faide. Tá an geilleagar ciorclach léirithe go simplí san fhíor thíos a thógtar ó Chlár Geilleagair Chiorclaigh na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Tá sainmhíniú ar an ngeilleagar ciorclach curtha ar fáil ag an Ellen MacArthur Foundation[5] mar seo a leanas:

> *'Creat maidir le réiteach córas a théann i ngleic le dúshláin dhomhanda amhail athrú aeráide, caillteanas bithéagsúlachta, dramhaíl, agus truailliú. Tá sé bunaithe ar thrí phrionsabal, spreagtha ag dearadh: deireadh a chur le dramhaíl agus truailliú, táirgí agus ábhair a scaipeadh (ag a luach is airde), agus nádúr a athghiniúint.*
>
> *Tá aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite agus ábhair in-athnuaite mar bhonn agus mar thaca aige. Is éard atá i gceist le haistriú i dtreo geilleagar ciorclach gníomhaíocht eacnamaíoch a dhícheangal ó acmhainní teoranta a úsáid. Léiríonn sé seo athrú córasach a chothaíonn athléimneacht fhadtéarmach, a ghineann deiseanna gnó agus eacnamaíocha, agus a sholáthraíonn tairbhí comhshaoil agus sochaíocha'.*

Tá sainmhíniú níos dlíthiúla san Acht um an nGeilleagar Ciorclach 2022 agus sainmhínítear an 'geilleagar ciorclach' mar seo a leanas:

> *'múnla eacnamaíoch agus na beartais agus na cleachtais a thugann éifeacht don mhúnla sin ina ndéantar—*
>
> *(a) próisis táirgthe agus dáilte i leith earraí, táirgí agus ábhar a dhearadh chun ídiú amhábhar a bhaineann le táirgeadh agus úsáid na n-earraí, na dtáirgí agus na n-ábhar sin a íoslaghdú,*
>
> *(b) seachadadh seirbhísí a dhearadh chun ídiú amhábhar a laghdú,*
>
> *(c) earraí, táirgí agus ábhair a choinneáil in úsáid chomh fada agus is féidir agus ar an gcaoi sin ídiú amhábhar agus tionchair atá díobhálach don chomhshaol a laghdú tuilleadh,*
>
> *(d) gurb iad na daoine a úsáideann iad a bhainfidh an luach eacnamaíoch is mó as earraí, táirgí agus ábhair, agus*
>
> *(e) earraí, táirgí agus ábhair a aisghabháil agus a athghiniúint ag deireadh a ré úsáidí;*




An Geilleagar Ciorclach

(foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

[5] Nasc: https://ellenmacarthurfoundation.org/topics/circular-economy-introduction/overview

## Struchtúr an Phlean

Leagtar amach in Alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola na ceanglais reachtacha maidir le pleananna bainistithe dramhaíola a ullmhú. Bíodh is go dtugtar aghaidh ar riachtanais Alt 22 laistigh den Phlean seo, athraíodh an struchtúr ón RWMP roimhe seo chun samhail níos téamaí agus níos oiriúnaí a cheadú. Tá Alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola san áireamh in **Aguisín 2 d'Imleabhar IV (Doiciméadú Tacaíochta)** den Phlean seo mar fhoinse tagartha.

Ullmhaíodh an Plean seo i gceithre imleabhar mar seo a leanas:

- **In Imleabhar I: An Staid Reatha agus Dúshláin** déantar cur síos ar earnáil na dramhaíola agus na n-ábhar in Éirinn agus aithnítear treochtaí táirgthe do gach sruth ábhair le hacmhainneachtaí ar mhaithe le bailiú, cóireáil agus onnmhairiú. Aithnítear príomhspreagthaí táirgthe dramhaíola (daonra, geilleagar, beartas, reachtaíocht, etc.) agus spriocanna na chéad ghlúine eile. Cuireann an méid sin bonn eolais faoi uaillmhian, spriocanna, croí-bheartais agus beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta in Imleabhar II.
- Leagtar amach in **Imleabhar II: Freagairtí Beartais agus Gníomhartha an Uaillmhian,** na Beartais agus na Gníomhartha Tosaíochta a dearadh chun spriocanna an Phlean a bhaint amach. Aithnítear 16 réimse fócais san imleabhar seo, lena n-áirítear sruthanna ábhair aonair, córais bhailithe agus bonneagar cóireála. Léirítear beartais agus gníomhartha sonracha do gach ceann de na réimsí fócais.
- Leagtar amach in **Imleabhar III: An Treochlár Seachadta** conas a thabharfar beartais agus gníomhartha i gcrích agus conas a bheartaíonn an earnáil rialtais áitiúil an uaillmhian agus na spriocanna a bhaint amach trí phleananna forfheidhmithe bliantúla.
- Cuimsíonn **Imleabhar IV: Doiciméadú Tacaíochta a**n fhaisnéis tacaíochta, na tacair sonraí, na tuarascálacha agus an reachtaíocht uile dá dtagraítear mar fhaisnéis riachtanach chun an Plean seo a ullmhú.

Is é an doiciméad seo **Imleabhar I An Staid Reatha agus Dúshláin** agus aithnítear an creat beartais, rialála agus eagraíochtúil reatha ann do na hearnálacha dramhaíola agus ciorclacha in Éirinn.

## Measúnú Comhshaoil

De réir Threoir 2001/42/CE ón AE agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chlár Áirithe) 2004 (I.R. Uimh. 435 de 2004), arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 200 de 2011), rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) ar an bPlean seo agus léirítear na torthaí i Ráiteas SEA.

Rinneadh Measúnacht Chuí (AA) freisin agus ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura (RTN) de bhun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le Gnáthóga Nádúrtha agus Fauna agus Flora Fiáine a Chaomhnú arna dtrasuí i ndlí na hÉireann le I.R. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (477/2011) arna leasú.

Tá an Ráiteas SEA agus an RTN araon san áireamh mar **Imleabhar V** den Phlean.

## Meastóireacht agus Comhairliúchán

Ceanglaítear le hAirteagal 28 de Chreat-Treoir Dramhaíola an AE (2008/98/CE) ar na Ballstáit 'meastóireacht a chur san áireamh ar an gcaoi a dtacóidh an plean le cur chun feidhme chuspóirí agus fhorálacha na Treorach seo' mar chuid de phróiseas an phlean bainistithe dramhaíola. Rinneadh an Treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola), 2011-2020[6] agus san Acht um Bainistiú Dramhaíola. Ceanglaítear le hAlt 22(2)(d) den Acht um Bainistiú Dramhaíola go ndéanfar pleananna bainistithe dramhaíola a mheas uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse sé bliana tar éis dháta déanta an phlean. Tugadh faoi mheastóireacht ar chur i bhfeidhm na dtrí RWMP roimhe seo in 2021 chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Phlean seo agus ullmhaíodh an tuarascáil sin i mí Lúnasa 2021. Tá cóip den tuarascáil mheastóireachta sin san áireamh in **Aguisín 3 d'Imleabhar IV (Doiciméadú Tacaíochta).**

Thug an RWMPO faoi phróiseas comhairliúcháin réamh-dhréachta ar an bPlean nua freisin leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara a thosaigh i mí an Mhárta 2021. Fuarthas 19 n-aighneacht scríofa san iomlán i rith an chomhairliúcháin sin, lena n-áirítear ocht gcinn ó eagraíochtaí ionadaíocha, ceithre cinn ó oibreoirí dramhaíola, dhá cheann ó eagraíochtaí Stáit, dhá cheann ó ghrúpaí gníomhaíochta, dhá cheann ó dhaoine aonair agus ceann amháin ó ghnó. Ina theannta sin, fuarthas 2,005 aighneacht trí cheistneoir ar líne ar www.mywaste.ie.

[6] Áirítear ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola) 2011-2020 I.R. Uimh. 126 de 2011 agus I.R. Uimh. 323 de 2020 araon.

Go ginearálta, thug na haighneachtaí aitheantas don mhéid a bhain Éire amach go dtí seo agus don ghá le tuilleadh dul chun cinn leanúnach maidir le hoibriú i dtreo na ciorclaíochta trí dhramhaíl a chosc agus úsáid ábhair a bharrfheabhsú, níos mó a dhéanamh le níos lú ábhair. Tá cóip den Tuarascáil Aighneachtaí Réamh-dhréachta a thaispeánann sonraí an chomhairliúcháin seo ar fáil in **Aguisín 4 d'Imleabhar IV (Doiciméadú Tacaíochta).**

Foilsíodh dréacht den Phlean seo le haghaidh comhairliúcháin de réir Alt 23 den Acht um Bainistiú Dramhaíola ó mhí na Bealtaine go mí Iúil 2023. Tiomsaíodh agus measadh gach aighneacht a fuarthas agus tá tuarascáil achomair ar na freagraí comhairliúcháin a fuarthas agus na nuashonruithe gaolmhara sa Phlean seo san áireamh in **Aguisín 13 d'Imleabhar IV (Doiciméadú Tacaíochta)**. Tá machnamh déanta ar gach saincheist a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí sa phróiseas chun an Plean deiridh seo a chur i gcrích.

## Comhúinéireacht/Comhtháthú Earnáil na Tionsclaíochta

Is margadh oscailte í an earnáil bainistithe dramhaíola in Éirinn a fheidhmíonn an earnáil phríobháideach den chuid is mó agus tá cion an bhonneagair bailithe agus cóireála dramhaíola atá faoi úinéireacht dhíreach na n-údarás áitiúil measartha beag. Clúdaíonn an Plean seo earnáil éagsúil agus ní féidir a bheartais a thabhairt i gcrích leis an earnáil rialtais áitiúil amach toisc nach bhfuil na húdaráis áitiúla i gceannas ar na luamháin agus na huirlisí go léir a theastaíonn chun spriocanna an Phlean a bhaint amach.

Príomhrud a foghlaimíodh ón meastóireacht ar an RWMP atá ann cheana ná gurb é ról na hearnála rialtais áitiúil an creat a chur ar fáil chun dramhaíl agus uaillmhian chiorclach na hÉireann a bhaint amach. Tá comhoibriú réamhghníomhach na bpáirtithe leasmhara go léir ríthábhachtach le go n-éireoidh leis an bPlean seo.

Sonraíonn **Caibidil 7** den imleabhar seo socruithe eagraíochtúla na hearnála dramhaíola in Éirinn agus sainaithnítear na príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil freagrachtaí gaolmhara orthu. Ullmhaíodh an Plean seo trí úsáid a bhaint as cur chuige comhúinéireachta idir na páirtithe leasmhara go léir chun a chinntiú gur féidir an Plean a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus go héifeachtach ar bhonn comhaontaithe, áit a bhfuil na spriocanna agus na beartais soiléir agus áit a bhfuil úinéireacht ag na páirtithe go léir air.

## Struchtúr an Imleabhair seo

Cuirtear an t-imleabhar seo i láthair i dtrí chuid ina leagtar amach an creat beartais agus reachtach atá ann cheana, na hacmhainneachtaí táirgthe agus cóireála dramhaíola reatha agus réamh-mheasta agus breac-chuntas ar na hacmhainní eagraíochtúla agus airgeadais atá i bhfeidhm cheana chun an margadh in Éirinn a oibriú agus a rialáil. Léirítear na trí chuid mar seo a leanas:

- **Cuid A - Na Rialacha**
  Bunaítear le Cuid A an córas rialála agus beartais a chuireann cruth ar an bPlean agus a leagann béim ar an gcomhthéacs náisiúnta agus ar na spreagthaí don Phlean faoi na caibidlí seo a leanas:
  - **Caibidil 1** - Timpeallacht Rialála;
  - **Caibidil 2** - Creat Pleanála agus Geilleagair Chiorclaigh; agus
  - **Caibidil 3** - Timpeallacht Náisiúnta

- **Cuid B - An Tírdhreach**

Soláthraítear i gCuid B sonraí maidir le treochtaí i dtáirgeadh dramhaíola agus úsáidtear acmhainneachtaí agus treochtaí cóireála gaolmhara chun táirgeadh dramhaíola amach anseo a thuar. Cuirtear Cuid B i láthair i dtrí chaibidil:

  - **Caibidil 4** - Sruthanna Ábhair;
  - **Caibidil 5** - Bonneagar; agus
  - **Caibidil 6** - Táirgeadh Dramhaíola Réamh–mheasta.

- **Cuid C - Na hAcmhainní**

Bunaítear i gCuid C struchtúir eagraíochtúla reatha na hearnála dramhaíola laistigh d'Éirinn agus tugtar sonraí faoi na hacmhainní reatha a theastaíonn chun feidhmeanna dramhaíola a sheachadadh laistigh den Stát. Léirítear Cuid C in dhá chaibidil:

  - **Caibidil 7** - Gnéithe Eagraíochtúla; agus
  - **Caibidil 8** - Airgeadas

Léirítear achoimre ar na príomhdhúshláin a aithníodh san Imleabhar ag deireadh an doiciméid seo.

I gcás inarb ábhartha, áirítear faisnéis níos mionsonraithe chun tacú leis na sonraí a sholáthraítear san imleabhar seo in **Imleabhar IV (Doiciméadú Tacaíochta).**




# CUID A:
# **NA RIALACHA**

# 1 TIMPEALLACHT RIALÁLA

Tá an t-aitheantas don athrú aeráide mar bhagairt dhomhanda agus áitiúil ag spreagadh Ballstáit an AE chuig múnla eacnamaíoch nua atá dírithe ar dhá phríomhcholún – fás ísealcharbóin agus éifeachtúlacht acmhainní. Tá Éire ag bogadh níos faide ná comhlíontacht spriocanna agus maolú carbóin chun réitigh inbhuanaithe a chomhtháthú i múnlaí eacnamaíocha de réir mar a aistríonn an geilleagar isteach ina gheilleagar ciorclach ísealcharbóin.

## 1.1 FORBHREATHNÚ AR AN TIMPEALLACHT RIALÁLA

Is plean gníomhaíochta do dhaoine, don phláinéad agus don rathúnas é Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe[7]. Leagtar 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) amach ann, a bhfuil Sprioc 12, 'Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach' agus na 11 sprioc a bhaineann leis ábhartha go háirithe don Phlean seo. Tá Sprioc 17.14 ábhartha freisin chun tacú le beartas an gheilleagair chiorclaigh. Liostaítear na spriocanna ábhartha SFI mar seo a leanas:

- **12.1** – Creat tomhaltais agus táirgthe inbhuanaithe a chur chun feidhme;
- **12.2** – Bainistíocht inbhuanaithe agus úsáid acmhainní nádúrtha;
- **12.3** – Dramhbhia domhanda per capita a laghdú faoina leath;
- **12.4** – Bainistíocht fhreagrach ar cheimiceáin agus dramhaíl;
- **12.5** – Táirgeadh dramhaíola a laghdú go mór;
- **12.8** – Tuiscint ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe a chur chun cinn.
- **12.C** – Deireadh a chur le saobhadh a spreagann tomhaltas diomailteach; agus
- **17.14** – Comhtháthú beartas a fheabhsú maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

Mar Bhallstát den AE, tá Éire ina sínitheoir ag SFI na Náisiún Aontaithe agus léirítear na spriocanna sin ar fud chreat pleanála na hEorpa agus na hÉireann agus an Gheilleagair Chiorclaigh, lena n-áirítear an Plean seo. I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Dara 'Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024'[8] ina leagtar amach na cuspóirí, na gníomhartha agus na bearta is gá chun uaillmhian na hÉireann a mhéadú agus struchtúir forfheidhmithe a neartú chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) a bhaint amach.




[7] Nasc: https://sdgs.un.org/2030agenda
[8] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/86454-plean-naisiunta-cur-chun-feidhme-maidir-leis-na-spriocanna-forbartha-inbhuanaithe-2022-2024/?

## 1.2 TREO EORPACH

Is tosaíocht forbartha de chuid an Choimisiúin é geilleagar ciorclach agus baineann sé le straitéis tionsclaíochta an Aontais Eorpaigh. Cuireann an t-aistriú i dtreo geilleagar níos ciorclaí go mór le hiarrachtaí an Aontais chun geilleagar inbhuanaithe, ísealcharbóin, atá tíosach ar acmhainní agus iomaíoch a fhorbairt.

### 1.2.1 Beartas

D'fhorbair an Coimisiún Eorpach Pacáiste Geilleagair Chiorclaigh den chéad uair[9] in 2015 inar leagadh amach creat straitéiseach beart chun cabhrú le haistriú na hEorpa chuig geilleagar ciorclach a spreagadh, iomaíochas domhanda a threisiú, fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú, agus poist nua a ghiniúint. Bhain an Pacáiste Geilleagair Chiorclaigh le ceithre threoir a glacadh maidir le dramhaíl, líonadh talún, feithiclí/cadhnraí ré caite, agus dramhaíl phacáistithe.

In 2019, d'éirigh an Comhaontú Glas don Eoraip[10] (EGD) ina chuid lárnach de straitéis fáis an Choimisiúin agus áirítear leis bearta uaillmhianacha chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol. Is plean é ar fud an AE ina leagtar amach treochlár le haghaidh aistriú chuig geilleagar nua, a bhfuil ról lárnach aige maidir le ciorclaíocht, agus a bhfuil sé mar aidhm aige geilleagar neodrach ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a bhaint amach faoi 2050. Leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip gníomhartha agus tionscnaimh lena gcumhdaítear saolré iomlán na dtáirgí agus tugtar isteach bearta reachtacha agus neamhreachtacha araon.

Is cuid thábhachtach den Chomhaontú Glas don Eoraip é an 2ú Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach[11] (CEAP) 2020 de chuid an AE agus aithníonn sé an gá leis an aistriú ciorclaíochta sa gheilleagar príomhshrutha a bhrostú. Aithníonn an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach seacht bpríomhshlabhra luacha táirgí agus moltar sé phríomhghníomhaíocht ann maidir le dramhaíl, lena n-áirítear spriocanna laghdaithe dramhaíola; bailithe a chomhoiriúnú; bearta maidir le substaintí ar údar imní iad; níos mó critéir dheiridh dramhaíola ar fud an Aontais a mheas; agus rialacha loingsithe a athbhreithniú.

### 1.2.2 Reachtaíocht

Tá bainistíocht dramhaíola ar leibhéal an AE á rialú ag an Treoir Réime Dramhaíola (WFD, 2008/98/CE). Leagann an WFD síos bearta chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint trí na tionchair dhíobhálacha de dheasca táirgeadh agus bainistiú dramhaíola a chosc nó a laghdú. Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, leasaíodh an WFD in 2018 le Treoir (AE) 2018/851 agus rinneadh é a thrasuí i reachtaíocht na hÉireann faoi I.R. Uimh. 323 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir Dramhaíola), 2020. Ceanglaítear ar na Ballstáit, leis na leasuithe, feabhas a chur ar chórais bainistithe dramhaíola, ar éifeachtúlacht úsáid acmhainní agus a chinntiú go ndéantar luacháil ar dhramhaíl mar acmhainn. I measc na bpríomhphointí tá:

- Íoscheanglais oibriúcháin do scéimeanna Freagrachta Leathnaithe Táirgeora (EPR) lena n-áirítear modhnú táillí. Is féidir freagracht eagraíochtúil agus freagracht chun cur le cosc dramhaíola agus le hin-athúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht táirgí a áireamh orthu sin freisin.
- Rialacha neartaithe maidir le dramhaíl a chosc le Ballstáit an AE chun bearta a dhéanamh chun:
  - Tacú le múnlaí inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais;
  - Dearadh, monarú agus úsáid táirgí atá tíosach ar acmhainní, marthanach, in deisithe, in-athúsáidte agus ar féidir iad a uasghrádú a spreagadh;
  - Díriú ar tháirgí ina bhfuil amhábhair chriticiúla chun cosc a chur ar na hábhair éirí ina ndramhaíl;
  - Infhaighteacht páirteanna spártha, lámhleabhar treoracha, faisnéise teicniúla nó modhanna eile a spreagadh chun athúsáid, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin táirgí a chumasú gan cur isteach ar chaighdeán ná ar shábháilteacht;
  - Laghdú ar shubstaintí guaiseacha in ábhair agus i dtáirgí a chur chun cinn; agus
  - Stad a chur le táirgeadh bruscair mhuirí.
- Spriocanna nua athchúrsála dramhaíola bardasaí a leagan síos. Faoi 2025, ní mór 55% ar a laghad de dhramhaíl bhardasach de réir meáchain a athchúrsáil. Ardóidh an sprioc sin go 60% faoi 2030 agus go 65% faoi 2035.
- Ní mór do thíortha AE bailiú ar leithligh teicstílí agus dramhaíola guaisí arna dtáirgeadh ag teaghlaigh a bhunú faoin 1 Eanáir 2025; agus a áirithiú go ndéanfar bithdhramhaíl a bhailiú ar leithligh nó a athchúrsáil ag an bhfoinse ón 31 Nollaig 2023 (mar shampla, trí mhúiríniú).

[9] Nasc: https://www.europarl.europa.eu/EPRS/EPRS-Briefing-573936-Circular-economy-package-FINAL.pdf
[10] Nasc: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga
[11] Nasc: https://ec.europa.eu/environment/pdf/circular-economy/new_circular_economy_action_plan.pdf

- Samplaí sonraithe de dhreasachtaí chun ord na réiteach dramhaíola a chur i bhfeidhm, amhail muirir ar líonadh talún agus ar loscadh agus scéimeanna íoc ar a gcaitear amach.

I measc na dTreoracha eile ón AE atá ábhartha don gheilleagar ciorclach tá an Treoir maidir le Plaisteach Aon Úsáide (SUP) 2019[12] a bhfuil sé mar aidhm aici tionchar táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol a laghdú. Tugann an SUP breac-chuntas ar bhearta chun tomhaltas de choimeádáin phlaisteacha bia agus dí a laghdú, marcáil shonrach agus lipéadú táirgí áirithe, scéimeanna Freagrachta Leathnaithe Táirgeora chun an costas a chlúdach maidir le bruscar a ghlanadh (scagairí tobac, cupáin/coimeádáin bhia agus dí, etc.), ceanglais chun caipíní a cheangal de bhuidéil, spriocanna le haghaidh buidéil phlaisteacha agus spriocanna maidir le híosphlaistigh athchúrsáilte i mbuidéil phlaisteacha. Chomh maith leis an WFD, rinneadh leasuithe ar na Treoracha maidir le Pacáistiú, Líonadh Talún, Feithiclí Ré Caite, Cadhnraí, agus Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach mar fhreagairt ar an bPacáiste don Gheilleagar Ciorclach (féach **Fíor 1.1**). Le Treoir (AE) 2018/849 leasaíodh Treoir 2000/53/CE maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite, Treoir 2006/66/CE maidir le ceallraí agus taiscbhatairí, agus Treoir 2012/19/AE maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach.

## 1.3 DUL CHUN CINN AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA

### 1.3.1 Clár Rialtais

Gealltar i gClár Rialtais 2020[13] go n-oibreoidh Éire chun córas agus cultúr níos inbhuanaithe agus níos freagraí a chur chun cinn i gcás ábhair a ídiú, a úsáid agus a athúsáid agus athchúrsáil deiridh úsáide agus diúscartha. Éilíonn an Clár Rialtais ar an Stát oibriú leis an AE chun cur chuige comhaontaithe an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm agus chun tacú leis an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach.

Tá sé beartaithe ag an gClár Rialtais freisin pleananna gníomhaíochta nua náisiúnta dramhaíola agus geilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm agus Aonad Geilleagair Chiorclaigh a chruthú sa rialtas chun cur chuige uile-rialtais i leith an gheilleagair chiorclaigh a chinntiú. Gealladh sa Chlár Rialtais go mbeadh athruithe ann ar an múnla EPR maidir le pacáistiú, soláthar poiblí níos glaise, cosc ar phacáistiú plaisteach, athruithe éifeachtúla ó thaobh acmhainní ar an gcóras cánach, gníomhaíocht maidir le plaistigh aon úsáide, lipéadú táirgí, Tionscnamh na nAigéan Glan, múiríniú pacáistithe in-bhithmhillte agus Scéim Éarlaise agus Aisíoca (DRS) le haghaidh buidéil phlaisteacha agus cannaí alúmanaim.

**PACÁISTE DON GHEILLEAGAR CIORCLACH**

**An Chreat-Treoir Dramhaíola**
- Spriocanna MSW 55% (2025) 60% (2030)
- Bailiúcháin ar leith, teicstílí, bithdhramhail
- Laghdú 50% ar Dhramhail Bia (2030)
- Éiceadhearadh & táirgeadh

**Treoir maidir le Pacáistiú**
- Spriocanna um chosc, athúsáid, athchúrsáil
- Teastaíonn scéimeanna EPR
- Dramhail pacáistithe a chosc
- Cuireann athúsáid, athchúrsáil, aisghabháil chun cinn

**Treoir Leas-aitheach WFD**
- Monatóireacht agus tuairisciú maidir le hathúsáid agus aisghabháil do ELVanna
- Díríonn an bailiúchán ar chadhnraí, taisc-cheallraí, WEEE

**Treoir maidir le Líonadh Talún**
- Cuir srian le dramhail áirithe a chur i líonadh talún
- Teorainneacha MSW do líonadh talún go 10% (2035)
- Spriocanna, rialú cáilíochta, inrianaitheacht
- Réamhrabhaidh maidir le spriocanna
- Ceadaíonn ordlathas dramhaíola

**ELV Treoir**
- Cuirtear an t-ordlathas dramhaíola i bhfeidhm
- Tuairisciú ar spriocanna
- Cuirtear srian le hábhair ghuaiseacha áirithe
- ELVanna a bhailiú, a chóireáil, a athúsáid agus a aisghabháil

**Treoir WEEE**
- Éilíonn tuairisciú ar WEEE a chuirtear ar an margadh
- Cumasaíonn sé bearta chun an t-ordlathas dramhaíola a dhreasú

**An Treoir Cadhnraí**
- Tuairisciú athchúrsáil bainte amach
- Bearta a spreagann an t-ordlathas dramhaíola

Fíor 1.1: Leasuithe ar Threoracha chun tacú leis an bPacáiste don Gheilleagar Ciorclach

[12] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2019/904/oj?locale=ga
[13] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/4fdf6-clar-an-rialtais-ar-dtodhchai-le-cheile/?

### 1.3.2 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Cuireann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023[14] (CAP) na buiséid charbóin náisiúnta agus na huasteorainneacha astaíochtaí earnála i bhfeidhm agus leagtar amach ann treochlár chun gníomh cinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí náisiúnta a leathnú faoi 2030 agus neodracht carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar a ghealltar sa Chlár Rialtais. Tacaítear leis an CAP le bearta amhail Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh[15], an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022[16] agus forbairt na bitheacnamaíochta.

Sonraítear i gCaibidil 19 den CAP ina bpléitear an geilleagar ciorclach go bhfuil an geilleagar ciorclach agus an gníomhú ar son na haeráide idirnasctha go bunúsach, áit a bhfuil comhthairbhí soiléire ag geilleagar ciorclach feidhmiúil don aeráid agus do dhramhaíl. Tugtar achoimre thíos ar bhearta CAP chun uasteorainn astaíochtaí an gheilleagair chiorclaigh a sheachadadh ach gan bearta amhail gáis F (fluairín) agus scagadh peitriliam atá lasmuigh de raon feidhme an Phlean seo a áireamh.

#### Bearta an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide don Gheilleagar Ciorclach

**Spleáchas ar Líonadh Talún**

- Teorainn a chur le hatreorú dramhaíola bardasaí in-bhithmhillte chuig líonadh talún go dtí an uasteorainn 427,000 tonna.
- An méid dramhaíola bardasaí a chuirtear i líonadh talún a laghdú go 10% faoi 2035.

**Athchúrsáil**

- 65% den dramhaíl bhardasach a athchúrsáil faoi 2035.
- 70% den dramhaíl phacáistithe a athchúrsáil faoi 2030.
- 55% den dramhaíl phacáistithe phlaistigh a athchúrsáil faoi 2030.
- Oibleagáidí bailithe ar leithligh leathnaithe chun dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh a áireamh (faoi dheireadh 2024), bithdhramhaíl (faoi dheireadh 2023), agus teicstílí (faoi dheireadh 2024).

**Bia**

- Dramhbhia a laghdú faoi 50% faoi 2030.

**Plaistigh Aon Úsáide**

- Soláthar a dhéanamh chun 90% de choimeádáin phlaisteacha dí a bhailiú faoi 2029.
- Na spriocanna laghdaithe dramhaíola a bhaint amach trí bhearta forordaithe tráth nach déanaí ná 2026.
- A chinntiú go bhfuil an phacáistíocht phlaisteach ar fad in-athúsáidte nó in athchúrsáilte faoi 2030.

### 1.3.3 Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh (CES) den chéad uair in 2021 mar dhoiciméad straitéiseach a raibh sé beartaithe leis míniú a thabhairt ar cad atá i gceist leis an geilleagar ciorclach, cén fáth a gcaithfidh Éire geilleagar ciorclach a bhaint amach agus conas a fhorbróidh beartas náisiúnta chun tacú leis an sprioc sin. Rinneadh an straitéis a nuashonrú tuilleadh in 2021[17] agus táthar ag súil go ndéanfar athbhreithniú uirthi arís in 2024.

Leagtar amach sa straitéis an creat beartais náisiúnta chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus spreagtar infheistíocht in athúsáid, athmhonarú, ullmhúchán le haghaidh athúsáide agus deisiú agus athchóiriú agus éicidhearthóireacht. Míníonn an CES an chúis ar gá d'Éirinn geilleagar ciorclach a bhaint amach agus conas a fhorbróidh beartas náisiúnta chun tacú leis an sprioc sin. Tá cúig phríomhchuspóir aici:

- Creat beartais náisiúnta a chur ar fáil d'aistriú na hÉireann i dtreo geilleagar ciorclach agus ceannaireacht na hearnála poiblí a chur chun cinn maidir le beartais agus cleachtais chiorclacha a ghlacadh;
- Tacú le bearta agus iad a chur i bhfeidhm lena laghdaítear bearna chiorclaíochta na hÉireann go suntasach, go hiomlán agus i gcomparáid le Ballstáit eile an AE, ionas go mbeidh ráta na hÉireann os cionn mheán an AE faoi 2030; bearta den sórt sin chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe den táirgeadh agus den tomhaltas inbhuanaithe is mó a bhfuil tionchar acu i gcomhthéacs na hÉireann;
- Feasacht a mhúscailt i measc teaghlach, gnó agus daoine aonair faoin ngeilleagar ciorclach agus conas is féidir leis a saolta a fheabhsú;
- Tacú le hinfheistíocht mhéadaithe sa gheilleagar ciorclach in Éirinn agus í a chur chun cinn, d'fhonn fás eacnamaíoch agus fostaíocht inbhuanaithe, chothrom réigiúnach a sholáthar; agus
- Na bacainní eacnamaíocha, rialála agus sóisialta ar aistriú na hÉireann chuig geilleagar níos ciorclaí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

[14] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/1e009-plean-gniomhaithe-ar-son-na-haeraide-2023/?
[15] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/62f92-straiteis-uile-rialtais-don-gheilleagar-ciorclach-2022-2023/?
[16] Nasc: https://www.oireachtas.ie/ga/bills/bill/2022/35/
[17] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/62f92-straiteis-uile-rialtais-don-gheilleagar-ciorclach-2022-2023/?

Tá baint ar leith ag an bPlean seo leis an gcuspóir in CES chun bearna chiorclaíochta na hÉireann a laghdú i gcomparáid le Ballstáit eile an AE ionas go mbeidh ráta na hÉireann os cionn mheán an AE faoi 2030. Léirítear tuilleadh sonraí maidir le ráta ciorclaíochta na hÉireann i **Rannán 3.3.3** ina sonraítear go n-éilíonn Alt 7(6) den Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 go leagann an CES spriocanna síos maidir le laghduithe ar thomhaltas acmhainní ábhair agus úsáid ábhar nach bhfuil in-athchúrsáilte.

Tacóidh an Plean seo le haidhmeanna CES lena n-áirítear aon spriocanna chun an ráta náisiúnta ciorclaíochta a mhéadú agus tá an gealltanas sin bunaithe in **Imleabhar III.**

### 1.3.4 Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach (WAPCE) gealltanas beartais an Rialtais maidir le spriocanna a bhaint amach agus cuirtear treochlár ar fáil don gheilleagar ciorclach in Éirinn. Agus é forbartha chun an Pacáiste Eorpach le haghaidh Geilleagar Ciorclach a chur i bhfeidhm, cuirfidh an WAPCE bonn eolais faoi leaganacha den Phlean seo amach anseo, de Chlár an Gheilleagair Chiorclaigh (CEP, féach Rannán 1.4.3) agus an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí (NHWMP, féach Rannán 1.4.6).

Áirítear ar chuspóirí uileghabhálacha an WAPCE a chinntiú go bhfanfaidh ábhair agus táirgí in úsáid níos faide trí bhuntáiste a thabhairt don chiorclaíocht agus trí dhramhaíl a dhíspreagadh. Tá cruthú Aonaid Geilleagair Chiorclaigh tras-Rialtais laistigh den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus bunú Grúpa Oibre idir-rannaigh um Gheilleagar Ciorclach i measc cuid de na bearta sa WAPCE.

Geallann an WAPCE go gcuirfear aon phlean bainistithe dramhaíola náisiúnta amháin do gheilleagar ciorclach in ionad an RWMPE atá ann cheana agus sonraíonn sé 'Is iad na hOifigí Réigiúnacha um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola na príomhchinnteoirí i ndáil le gach saincheist oibríochta maidir leis an bpleanáil bhainistíochta dramhaíola' i gcomhthéacs tacú le hacmhainneacht cóireála dhúchasach (bonneagar bainistithe dramhaíola). Feictear le WAPCE freisin go gcuirfear Scéimeanna Éarlaise agus Aisíoca (DRS) chun feidhme le haghaidh cannaí alúmanaim agus buidéil phlaisteacha, a cuireadh chun feidhme i mí Feabhra 2024.

### 1.3.5 Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia

Foilsíodh an Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia 2023-2025 (NFWPR) ar an 30 Samhain 2022[18]. Déanann an treochlár sin doiciméadú ar conas a bhainfidh Éire laghdú 50% amach ar tháirgeadh dramhbhia faoi 2030 de réir Sprioc SFG 12.3 de chuid na Náisiún Aontaithe (féach Rannán 1.1). Ina theannta sin, leagtar amach sa treochlár an cur chuige chun a chinntiú go mbunaítear córas náisiúnta láidir le dramhbhia a tomhas agus a thuairisciú ina leith d'fhonn oibleagáidí tuairiscithe na hÉireann a chomhlíonadh agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na hÉireann maidir lena gealltanais ó na Náisiúin Aontaithe agus ón AE a chomhlíonadh sna deich mbliana amach romhainn. Tá na beartais maidir le dramhbhia a chuirtear i láthair sa Phlean seo bunaithe ar an straitéis a léirítear sa Treochlár.

### 1.3.6 An Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir leis an mBitheacnamaíocht

Léiríonn an Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir leis an mBitheacnamaíocht[19] (NPSB) comhfhís d'fhorbairt an bhithgheilleagair ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Sonraítear ann go bhfuil dlúthchaidreamh ag an mbitheacnamaíocht leis an ngeilleagar ciorclach agus go léiríonn sé réimse ina bhfuil roinnt buntáistí ríthábhachtacha ag Éirinn. Luaitear gur cheart don bhitheacnamaíocht ciorclaíocht a chur chun cinn trí réitigh agus nuálaíochtaí lena ndéantar ábhair a athúsáid agus a athchúrsáil, trí éifeachtúlacht acmhainní agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a uasmhéadú trí dhramhaíl dhosheachanta a úsáid. Aithnítear ionchur na bitheacnamaíochta ciorclaigh le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú.

## 1.4 PLEANANNA, CLÁIR AGUS IONSTRAIMÍ REACHTÚLA TÁBHACHTACHA

Rialaíonn reachtaíocht fhairsing dramhaíola earnáil na dramhaíola in Éirinn agus soláthraíonn an rannán seo achoimre ar phríomhionstraimí. Tá liosta cuimsitheach den reachtaíocht dramhaíola in **Aguisín 5 d'Imleabhar IV (Doiciméadú Tacaíochta)**.

[18] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/23306-treochlar-naisiunta-na-heireann-um-chosc-ar-dhramhbhia-2023-2025/?
[19] Nasc: https://www.gov.ie/ga/preasraitis/8ea4df-none/?

### 1.4.1 An tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996

Is é an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú, príomhchreat reachtach na hÉireann maidir le dramhaíl. Is iad príomhchuspóirí an Achta um Bainistiú Dramhaíola eagrú níos éifeachtaí d'fheidhmeanna údaráis phoiblí a sheachadadh i ndáil le bainistíocht dramhaíola, bearta a chumasú atá ceaptha chun feidhmíocht a fheabhsú i ndáil le dramhaíl a chosc agus a aisghabháil agus creat rialála cuimsitheach a sholáthar chun caighdeáin chomhshaoil níos airde a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar cheanglais an AE agus ceanglais náisiúnta. Ullmhaíodh an Plean seo de réir cheanglais Alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola..

### 1.4.2 An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022

Tá an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022[20] (An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach 2022) lárnach maidir le cur i bhfeidhm reachtúil éifeachtach agus comhleanúnach geilleagair fhíorchiorclaigh in Éirinn. Leasaíonn an tAcht seo an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 agus na hAchtanna um Fhorbairt Mianraí 1940 agus 2017.

Foráiltear leis an Acht Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh (CES) a ullmhú, Ciste um an nGeilleagar Ciorclach agus Clár an Gheilleagair Chiorclaigh (CEP) a bhunú á reáchtáil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Foráiltear leis an Acht freisin do thobhaigh chomhshaoil nua, ullmhú treochlár náisiúnta um chosc ar dhramhbhia agus soláthraítear cumhachtaí ann chun toirmeasc a chur ar tháirgí áirithe a chur ar an margadh.

Áirítear le róil ainmnithe don earnáil rialtais áitiúil (LGS) faoin Acht seo cumhachtaí don LGS (agus don NWCPO ar deireadh thiar) spriocanna a leagan síos maidir le rátaí feidhmíochta athchúrsála a bhaint amach, ceanglais maidir le taifid a choinneáil le haghaidh sealbhóirí ceadanna, agus ceanglais i ndáil le soláthar seirbhíse agus tobhaigh aisghabhála a chur i bhfeidhm (iníoctha leis an LGS) agus tobhach táirgí aon úsáide. Tacaíonn an tAcht seo le hathchumrú ar an gCiste Comhshaoil le héirí isteach i gCiste um an nGeilleagar Ciorclach na hÉireann, atá imfhálaithe chun tacú le tionscadail agus tionscnaimh chomhshaoil agus geilleagair chiorclaigh.

Áirítear leis an Acht seo bearta chun táille is iníoctha leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a thabhairt isteach do phróisis Rialachán 27 (fotháirgí, féach **Rannán 1.4.4**) agus Rialachán 28 (ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad, féach **Rannán 1.4.5**). Ina theannta sin, foráiltear leis an Acht seo go bhféadfaidh an LGS nó údaráis phoiblí eile na hiarratais seo a phróiseáil agus ceadaíonn sé don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil srianta a chur ar ábhair áirithe atá á meas trí na próisis seo.

### 1.4.3 Clár an Gheilleagair Chiorclaigh

Cuireadh an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (NWPP) san áireamh i gClár an Gheilleagair Chiorclaigh (CEP) a chuireann treo, sonraí agus ábhair ar leibhéal náisiúnta ar fáil lena n-úsáid ag an LGS chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ar scála pobail agus réigiúnach, chomh maith le maoiniú do thionscadail chomhoibríocha. Tabharfaidh comhaontú comhpháirtíochta soiléireacht ar róil an CEP agus an LGS.

Tacóidh an CEP le Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh (CES, mar a shonraítear i **Rannán 1.3.3**) tríd an gCiste um an nGeilleagar Ciorclach agus beidh sé ina cheann d'aistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach ag gnólachtaí, sealbhóirí teaghlaigh agus an earnáil phoiblí. Cuirfidh an clár léargais agus sonraí ar fáil chun tacú le beartas an gheilleagair chiorclaigh náisiúnta agus le feachtais athraithe iompraíochta. Beidh ról comhordaithe aige chun tacú le hAonad Geilleagair Chiorclaigh tras-Rialtais na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun comhleanúnachas agus ailíniú gníomhartha náisiúnta agus áitiúla a fheabhsú.

Is iad na seacht bpríomhréimse tosaíochta a luaitear do ghníomh na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis an ngeilleagar ciorclach:

- Pacáistíocht;
- Plaistigh;
- Teicstílí;
- Bia, uisce agus cothaithigh;
- Tógáil agus foirgnimh;
- Leictreonaic agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide; agus
- Cadhnraí agus feithiclí.

[20] Nasc: https://www.oireachtas.ie/ga/bills/bill/2022/35/

Seachadfar an CEP trí chomhpháirtíochtaí, lena n-áirítear leis an LGS, ar athrú agus feabhsú iompraíochta, idirghabhálacha agus feachtais feasachta a sheachadfar go bliantúil ag díriú ar phríomhábhair, iompraíochtaí, nó gnólachtaí. Tríd an CEP, tacóidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freisin le hIonad Athfhionnachtana Bhaile Átha Cliath mar an Lárionad Náisiúnta um Gheilleagar Ciorclach agus CIRCULÉIRE – an tArdán Náisiúnta Déantúsaíochta Ciorclaí.

Cuirfear de chúram ar Choiste Stiúrtha um an nGeilleagar Ciorclach comhairle a thabhairt maidir leis an mbealach is fearr is féidir leis an gclár an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a chur chun cinn. Moltar go mbunófar foghrúpaí atá dírithe ar ghníomhaíocht do réimsí tosaíochta de réir mar is gá chun cur le treo agus obair mheasúnaithe an choiste sin.

### 1.4.4 Fotháirgí (Rialachán 27)

Sonraítear in Airteagal 5 de WFD go bhféadfar substaint nó réad a eascraíonn as próiseas táirgthe (i gcás nach é táirgeadh na míre sin príomhchuspóir an phróisis) a mheas mar shubstaint nó mar rud nach dramhaíl é agus féadfar é a aicmiú mar 'sheachtháirge', nó fotháirge, faoi choinníollacha áirithe.

Féachann an WAPCE le tionchair chomhshaoil agus sláinte a bhíonn ag dramhaíl a laghdú agus éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú. Is é an sprioc geilleagar ciorclach a fhíorú a sheachnaíonn táirgeadh dramhaíola neamhriachtanach agus a cheadaíonn úsáid ábhar mar acmhainn. Íoslaghdaíonn sé sin, dá réir sin, an ceanglas maidir le hacmhainní nádúrtha breise a bhaint. Is féidir le fotháirgí ról tábhachtach a bheith acu chun é seo a bhaint amach, mar atá bunaithe ag an WFD agus trasuite i ndlí na hÉireann[21].

Tugann an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach 2022 leasuithe isteach ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola trí Alt 75A a thabhairt isteach a chabhróidh leis an bpróiseas le haghaidh cinntí a dhéanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le hiarratais ar Fhotháirgí a chuíchóiriú. Tacóidh sé seo le moilleanna ar chinnteoireacht a sheachaint agus tacóidh sé le soláthar amhábhar tánaisteach athchúrsáilte i margadh na hÉireann.

Tá treoir curtha le chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, mar rialtóir do Rialachán 27, chun cabhrú le fógraí fotháirgí a chomhlánú agus coinníonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil clár ar líne de gach fógra[22]. D'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil critéir náisiúnta Rialachán 27 maidir le dhá shruth dramhaíola (ithir/cloch láithreáin úrnua agus asfalt ó phlánáil bóithre (plánálacha bóthair)) agus cuireadh na cinntí sin i bhfeidhm ó dheireadh 2023 (i gcás asfalt athshlánaithe) agus go luath in 2024 (i gcás ithir agus cloch láithreáin úrnua).

Mar chuid den Phacáiste Geilleagair Chiorclaigh, soiléireoidh an Coimisiún rialacha i leith fotháirgí agus stádas maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad. Cabhróidh sé sin le tacú le forbairt siombóise tionsclaíche – próiseas trínar féidir le dramhaíl eagraíochta amháin a bheith ina n-acmhainní d'eagraíocht eile.

### 1.4.5 Ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad (Rialachán 28)

Sonraítear in Airteagal 6 de WFD nach mbeidh dramhaíl shonraithe áirithe ina dramhaíl i ndiaidh oibríocht athshlánaithe (lena n-áirítear athchúrsáil) a dhéanamh ar an dramhaíl agus nuair a chomhlíonann sí critéir shonracha maidir le húsáid, riachtanas margaidh, luach teicniúil agus tionchar ar an gcomhshaol.

Trí stádas maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad a bhaint amach d'ábhair dramhaíola aisghafa is féidir tacú le hathchúrsáil dramhaíola agus le húsáid thairbhiúil na dramhaíola gan dochar a dhéanamh do shláinte an duine agus don chomhshaol. Dá réir sin, coinníonn sé sin dramhaíl ar shiúl ó chóireáil theirmeach agus ó dhiúscairt líonta talún, rud a choinníonn acmhainní sa gheilleagar ar féidir leo na tionchair chomhshaoil a eascraíonn as bainistiú dramhaíola a laghdú. Tá na buntáistí seo comhsheasmhach le gealltanas WAPCE bogadh ó ró-spleáchas ar líonadh talún agus le héirí ina sochaí athchúrsála. Cuideoidh sé sin, dá réir sin, le hÉirinn bogadh i dtreo geilleagar ciorclach, trí luach na n-ábhar a choinneáil chomh fada agus is féidir agus dramhaíl a íoslaghdú. Bunaíodh coincheap na n-ábhar nach dramhaíl a thuilleadh iad san WFD agus rinneadh é a[23] thrasuí i ndlí na hÉireann in 2011.

I gcás ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad, tugtar an deis do shealbhóirí dramhaíola a léiriú, le leibhéal cuí déine, gur féidir ábhar dramhaíola 'a aisghabháil go hiomlán' agus gan é a shonrú mar dhramhaíl a thuilleadh nuair is féidir an t-ábhar a úsáid mar

[21] Trí Rialachán 27 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola), 2011, arna leasú.
[22] https://www.epa.ie/byproduct/#/
[23] Trí Rialachán 28 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola), 2011, arna leasú.

acmhainn 'thánaisteach' in ionad ábhar nach dramhaíl é, a tháinig as acmhainn 'phríomhúil' nua, agus an ról céanna á chomhlíonadh aige.

Tá treoir curtha le chéile ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun cabhrú le hiarratais ar ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad a chomhlánú agus coinníonn sé clár ar líne de chinntí uile Rialachán 28[24]. Socraíodh critéir dheiridh dramhaíola le haghaidh ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad ar leibhéal an AE maidir le dramhghloine, copar, iarann, cruach agus fuíoll alúmanaim agus tá dhá chritéar eile á bhforbairt maidir le plaistigh agus teicstílí athchúrsáilte. Chun deireadh dramhaíola a bhaint amach do cheann de na hábhair sin, ní mór critéir dheiridh dramhaíola ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh agus ní mór do tháirgeoirí ábhartha na ceanglais aschuir cáilíochta agus an measúnú bainistíochta cáilíochta a chomhlíonadh freisin chun dramhaíl a aicmiú mar amhábhar tánaisteach.

Maidir le Rialachán 27, tugtar leasuithe isteach ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola leis an Acht um an nGeilleagar Ciorclach 2022 trí Alt 75A a thabhairt isteach a chuideoidh leis an bpróiseas le haghaidh cinntí a dhéanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le hiarratais ar ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad a chuíchóiriú. Tacóidh sé seo le moilleanna ar chinnteoireacht a sheachaint agus tacóidh sé le soláthar amhábhar tánaisteach athchúrsáilte i margadh na hÉireann.

D'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil critéir náisiúnta Rialachán 28 maidir le cumascáin athchúrsáilte[25]. Chun cumascáin athchúrsáilte a tháirgeadh i gcomhréir leis na Critéir Náisiúnta Dheiridh Dramhaíola do Chumascáin Athchúrsáilte (EOW-N001/2023) ní mór don táirgeoir clárúchán a dhéanamh roimh tháirgeadh.

### 1.4.6 An Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí, 2021-2027

Is plean timthriallach é an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí (NHWMP[26]) a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Áirítear le cuspóir an cheathrú NHWMP 2021-2027: 'Conairí sábháilte athúsáide agus athchúrsála a chur chun cinn chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach'. Tá cosc ina chuid thábhachtach de phleananna bainistithe dramhaíola agus molann an NHWMP go gcuirfí na forálacha seo i bhfeidhm ina n-iomláine, go háirithe maidir le dramhaíl ghuaiseach. Molann an NHWMP go ndéanfaí tionscnaimh choisc a ionchorprú sa Phlean seo. Bunaíodh grúpa cur chun feidhme NHWMP agus tá ionadaíocht as an LGS air.

### 1.4.7 An Plean Náisiúnta Bainistíochta Sloda Fuíolluisce, 2016-2021

Is straitéis 25 bliain é an chéad Phlean Náisiúnta Bainistíochta Sloda Fuíolluisce 2016-2021 (NWSMP[27]) a d'fhoilsigh Uisce Éireann. Déantar sloda a bhainistiú trí chóireálacha idirmheánacha lena n-áirítear cobhsú alcaileach, múiríniú agus díleá anaeróbach (AD) leis na haschuir curtha ar an talamh. Cuirtear os cionn 98% de shloda na hÉireann ar thalamh talmhaíochta tar éis cóireála. Tuairiscíonn an NWSMP brú chun éagsúlú a dhéanamh ar shiúl ó aschuir sloda a chur ar thalamh talmhaíochta. I measc na roghanna a laghdódh an spleáchas ar thalamh talmhaíochta, tá cóireáil i mbonneagar bainistithe dramhaíola amhail gléasraí dramhaíl go fuinneamh (WTE). Rinne an NWSMP athbhreithniú agus ionchorprú ar mholtaí RWMP 2015-2021 agus na bpleananna bainistíochta sloda níos luaithe, nuair a bhí sin oiriúnach.

### 1.4.8 Staidéar ECFE: An Geilleagar Ciorclach in Éirinn (2022)

D'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) tuarascáil i mí Aibreáin 2022 ina dtugtar achoimre ar dhul chun cinn na hÉireann i dtreo geilleagar ciorclach[28]. Thuairiscigh an staidéar, mar an tír Eorpach leis an dara ráta is ísle maidir le húsáid ábhar ciorclaíochta (1.8% i gcomparáid le meánráta an AE de 12.8% in 2020 mar a thuairiscigh an ECFE, ach tá sonraí 2021 ar fáil i **Rannán 3.3.3**), go bhfuil scóip shuntasach ag Éirinn maidir le dul chun cinn. Tá dóchas mór ag baint leis an mbearna seo a dhúnadh do gheilleagar na hÉireann, do jabchruthúchán, do laghduithe ar astaíochtaí GCT agus don chomhshaol. Chríochnaigh an tuarascáil le moltaí grúpáilte maidir le conas a d'fhéadfadh an rialtas an geilleagar ciorclach a spreagadh faoi na ceannteidil seo a leanas: cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh; éascú ar chomhoibriú páirtithe leasmhara chun an geilleagar ciorclach a bhaint amach, na coinníollacha rialála agus maoinithe riachtanacha a chumasú, cláir oiliúna a fhorbairt, tacú le nuálaíocht ghnó, agus córas faisnéise náisiúnta don gheilleagar ciorclach a thógáil chun beartais an gheilleagair chiorclaigh a threorú, a mheasúnú agus a choigeartú.

[24] Foinse: www.epa.ie/our-services/licensing/waste/end-of-waste-art-28
[25] Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/-national-end-of-waste-criteria-recycled-aggregates.php
[26] Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/national-hazardous-waste-management-plan-2021---2027.php
[27] Nasc: https://www.water.ie/projects/strategic-plans/national-wastewater-sludg/
[28] Nasc: https://www.oecd.org/publications/the-circular-economy-in-ireland-7d25e0bb-en.htm

## 1.5 DUL CHUN CINN I DTREO SPRIOCANNA AE

Léiríonn Fíor 1.2 agus Fíor 1.3 dul chun cinn na hÉireann i dtreo an ghlúin reatha de spriocanna dramhaíola atá san áireamh i dTreoracha an AE a bhaint amach. Léiríonn na fíoracha gur baineadh amach na spriocanna go léir nó go bhfuil siad ar an mbóthar ceart. Mar sin féin, tá dúshláin níos anacraí le sárú ag Éirinn i dtaca leis an gcéad sciar eile de spriocanna dramhaíola do na príomhshruthanna ábhair mar a leagtar amach i g**Caibidil 4**.




Fíor 1.2: Dul chun cinn chuig Spriocanna faoin WFD, faoin Treoir maidir le Pacáistiú agus faoin Treoir maidir le Líonadh Talún (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)




Fíor 1.3: Dul chun cinn chuig Spriocanna ar Threoracha maidir le Feithiclí Ré Caite, DTLL agus Cadhnraí (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)


DERICHEBOURG
environnement
DERICHEBOURG
environnement
80
FX-337-VQ
90
317

# 2 CREAT PLEANÁLA AGUS GEILLEAGAIR CHIORCLAIGH

Cuimsíonn an tírdhreach beartais, reachtaíochta agus pleanála ina bhfeidhmíonn an Plean seo na creataí um an Aeráid agus um an nGeilleagar Ciorclach. Déanann an chaibidil seo athbhreithniú ar an gcreat níos leithne seo agus ar sheasamh an Phlean laistigh den ordlathas beartais atá ann cheana. Sonraigh go ndéantar soláthar i g**Caibidil 1** den imleabhar seo d'fhorbhreathnú níos mionsonraithe ar an timpeallacht rialála, lena n-áirítear an beartas agus an reachtaíocht ábhartha a spreagann na beartais sa Phlean seo.

## 2.1 AN CHAOI A N-IDIRGHNÍOMHAÍONN AN PLEAN SEO LE POLASAITHE EILE

Léirítear an creat reachtach, beartais agus pleanála níos leithne in Éirinn don gheilleagar ciorclach agus do dhramhaíl i bh**Fíor 2.1**. Aithnítear an reachtaíocht rialaithe agus an beartas ón Eoraip a aistrítear go dlí na hÉireann chomh maith leis na príomhghníomhaithe. Léiríonn an fhíor ordlathas na bpríomhbheartas náisiúnta agus na bpleananna reachtúla a idirghníomhaíonn leis an bPlean seo. Déantar achoimre ar na hidirghníomhaíochtaí sin mar seo a leanas:

- Is é 'Comhaontú Glas don Eoraip'[29] (EGD) an Choimisiúin Eorpaigh an straitéis fáis agus téarnaimh inbhuanaithe don Eoraip agus é mar aidhm aige neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050. Cuimsíonn na gníomhartha chun an aidhm sin a bhaint amach raon réimsí beartais agus is príomhchuspóir é fás eacnamaíoch a dhícheangal ó úsáid acmhainní agus borradh a chur faoi úsáid éifeachtúil acmhainní trí aistriú go geilleagar glan ciorclach.
- I mí an Mhárta 2020, ghlac an Coimisiún an 'Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach'[30], ina ndírítear ar chreat beartais inbhuanaithe táirgí, príomhshlabhraí luacha a shainaithint, níos lú dramhaíola agus ábhar dramhaíola ar luach níos airde.
- Is é 'Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023'[31] (CAP) plean an Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha (GCT) a bhaint amach faoi 2050. Tá CAP ag barr ghníomhartha beartais comhshaoil na hÉireann. Éilíonn an CAP coigilteas astaíochtaí trí éifeachtúlacht úsáide ábhartha a uasmhéadú – béim ar chiorclaíocht a thagann le fís an Phlean seo le haghaidh bainistíocht ábhair níos ciorclaí. Aithníonn an CAP freisin an méid a chuireann bitheacnamaíocht chiorclach le hastaíochtaí GCT a laghdú.
- Cruthaítear leis an 'Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022'[32] bonn reachtúil don gheilleagar ciorclach tríd an mbonn reachtach a bhunú do phríomhbhearta, lena n-áirítear CES agus CEP. Tugtar isteach leis an Acht sin oibleagáidí nua chun spriocanna a leagan síos laistigh de chur i bhfeidhm CES, costas dreasaithe a ghearradh don earnáil tráchtála a chur i bhfeidhm, an tobhach aisghabhála agus an ciste um an ngeilleagar ciorclach.
- Leagtar amach sa 'Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2020-2025'[33] (WAPCE) de chuid na hÉireann tiomantas beartais an Rialtais spriocanna an AE a bhaint amach agus soláthraítear treochlár don gheilleagar ciorclach in Éirinn. Forbraíodh é chun Pacáiste an Gheilleagair Chiorclaigh Eorpaigh a chur i bhfeidhm, agus tá an WAPCE ag barrleibhéal d'ord na réiteach dramhaíola agus beartas an gheilleagair chiorclaigh agus pleanáil dó. Tá sé mar bhonn eolais agus treoraíonn sé forbairt an Phlean amach anseo, chomh maith le Clár an Gheilleagair Chiorclaigh (CEP) agus Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí (NHWMP). Tugann an WAPCE tiomantas Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach (an Plean seo) amháin a chur in ionad na dtrí RWMP

[29] Nasc: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga
[30] Nasc: https://ec.europa.eu/environment/pdf/circular-economy/new_circular_economy_action_plan.pdf
[31] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/81f16-plean-gnimh-don-aeraid-2021/?
[32] Nasc: https://www.oireachtas.ie/ga/bills/bill/2022/35/
[33] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/9abf3-plean-gniomhaiochta-dramhaiola-le-haghaidh-geilleager-ciorclach-2020-2025/?

atá ann cheana ina bhfuil spriocanna le haghaidh athúsáide; ullmhúchán le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin; ídiú acmhainní; agus leibhéil éillithe a laghdú (mar atá in **Imleabhar II**). Tugann an WAPCE tiomantas freisin a chinntiú go bhfuil gníomhartha soláthair phoiblí ghlais le feiceáil go suntasach sa Phlean seo.

- Is doiciméad reachtúil sé bliana é an 'Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí 2021-2027'[34] (NHWMP) a d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Ceanglaítear ar údaráis áitiúla machnamh a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil san NHWMP agus beartais agus gníomhartha an Phlean seo á n-ullmhú acu agus moltaí ábhartha san NHWMP a chur san áireamh.
- Tacóidh 'Clár an Gheilleagair Chiorclaigh 2021-2027'[35] (CEP) le Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh agus maoineofar é tríd an gCiste um an nGeilleagar Ciorclach. Beidh an CEP ag idirghníomhú leis an bPlean seo ar ghníomhaíochtaí ag na sraitheanna uachtaracha d'ord na réiteach dramhaíola – cosc, athúsáid, ullmhúchán le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin agus athchúrsáil. Tacóidh an CEP le hAonad Geilleagair Chiorclaigh tras-Rialtais na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun comhleanúnachas agus ailíniú gníomhaíochtaí náisiúnta agus áitiúla a fheabhsú. Sa ról sin, agus faoi chomhaontú comhpháirtíochta, cuirfidh an CEP treoir ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus beidh sé ag plé leis an RWMPO maidir le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ar scála pobail agus réigiúnach agus maoiniú a sholáthar do thionscadail chomhoibríocha.

| | REACHTACH | POLASAÍ, PLEANANNA & CLÁIR | FORBAIRT |
|---|---|---|---|
| AN EORAIP | Treoracha maidir le: Creat Dramhaíola; Dramhaíl Ghuaiseach; Plaistigh Aonúsáide; Astuithe Tionscail; Pacáistiú agus Dramhaíl Pacáistithe; Feithiclí Deireadh Ré; Cadhnraí agus Taisc-cheallraí<br>• Rialacháin ar Sheoladh Trasteorann Dramhaíola; REACH, POPanna<br>• Dlí Aeráide na hEorpa | Clár Gníomhaíochta Comhshaoil (8ú)<br>Straitéis an Aontais maidir le Teicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha (2022)<br>Pacáiste CE an Aontais Eorpaigh (2015)<br>Comhaontú Glas an Aontais Eorpaigh (2019)<br>Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach (2020)<br>Straitéis Bhithgheilleagair Nuashonraithe (2018) & Plean Gníomhaíochta (2018) | |
| | GNÍOMHAITHE: RIALTAS, LAS | AN EORAIP: DECC, EPA, LAS, RWMPOS, WERLAS, NTFSO, NWCPO, 6 PRIS, CIRCULEIRE | GNÍOMHAITHE: RIALTAS, LSG |
| ÉIRE | An tAcht um Gheilleagar Ciorclach (2022)<br>Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola (1996-2002)<br>**Rialacháin agus Achtanna**<br>• Rialachán CE (Treoir Dramhaíola) 2020<br>• An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil<br>• Rialáil Dramhaíola a Loingsiú<br>• An Rialachán maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (2013)<br>• An tAcht um Bainistiú Dramhaíola (1996)<br>**Rialacháin a bhaineann go sonrach le sruth, lena n-áirítear EPR**<br>• Boinn; Pacáistiú; Plaistigh Feirme; ELVanna; Orgánach Leanúnach; Srianta ar Shubstaintí Guaiseacha<br>**Fodhlíthe**<br>• Cur i Láthair Dramhaíola; Bruscar etc. | An Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl Bia (2022)<br>Ráiteas Beartais maidir le Bithgheilleagar (2018)<br>Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide<br>Plean Gníomhaíochta Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach 2020-2025 (2020))<br>**Clár an Rialtais (2021)**<br>Straitéis CE uile-Rialtais 2022-2023 (2021) | An Creat Náisiúnta Pleanála<br>NWMP le haghaidh CWE 2024-2030 (2024) |
| | | NIP maidir le POPanna (2018)<br>**NWMP le haghaidh CE 2024-2030 (2024)**<br>Clár CE (NWPP) (2021)<br>Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Guaisí (2021) | Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta (RSES)<br>Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae |
| | | Plean Náisiúnta Bainistíochta Sloda Fuíolluisce (2016) | Pleananna Forbartha Áitiúla |

Fíor 2.1: Creat Aeráide agus Geilleagair Chiorclaigh don Phlean seo

[34] Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/national-hazardous-waste-management-plan-2021---2027.php
[35] Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/the-circular-economy-programme-2021-2027.php

Idirghníomhaíonn an Plean le pleananna reachtúla eile, pleananna neamhreachtúla agus straitéisí ardleibhéil mar seo a leanas:

- Leagtar amach i 'Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh'[36], (CES) an creat beartais náisiúnta chun tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus chun infheistíocht a spreagadh. Tacóidh an Plean le haidhmeanna CES, trí spriocanna maidir le hathúsáid, ullmhúchán le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin, ídiú acmhainní agus leibhéil éillithe a laghdú, ag tacú leis an aidhm ráta ciorclaíochta na hÉireann a mhéadú os cionn mheán an AE faoi 2030.
- Foilsíodh an 'Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia 2023-2025'[37] (NFWPR) ar an 30 Samhain 2022 agus doiciméadaítear an chaoi a mbunóidh Éire na sonraí bunlíne náisiúnta maidir le dramhbhia agus conas a bheartaíonn an rialtas laghdú 50% ar tháirgeadh dramhbhia a bhaint amach faoi 2030. Tá na beartais maidir le dramhbhia a léirítear sa Phlean seo bunaithe ar an straitéis a léirítear laistigh den Treochlár sin.
- Léirítear comhfhís na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis mbithgheilleagar a fhorbairt sa 'Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir leis an mBitheacnamaíocht'[38] (NPSB). Sonraíonn an NPSB 'Tá ceangal tréan idir an bhitheacnamaíocht agus an eacnamaíocht chiorclach. Ba cheart go gcuirfí an timthriall ciorclach chun cinn leis an mbitheacnamaíocht mar gheall ar sheifteanna agus ar bhearta nuála lena dtarlaíonn athúsáid agus athchúrsáil ar ábhar, an éifeachtúlacht is fearr is féidir maidir le hacmhainní trí dhramhábhar dosheachanta a úsáid agus mar gheall ar aird ar inmharthanacht timpeallachta'. Tacóidh an Plean seo leis an NPSB agus leis an mbitheacnamaíocht, mar shampla, trí dhramhbhia a úsáid le haghaidh táirgeadh bithfhuinnimh. Mar sin féin, tá gá le comhtháthú agus comhordú níos fearr idir an dá thaobh den bhitheacnamaíocht agus den gheilleagar ciorclach chun a chinntiú go mbainfear leas as sreafaí acmhainní agus as sineirgí. Sonraítear príomhghníomhaíocht an NPSB leis 'an sainmhíniú ar dhramhail faoin reachtaíocht reatha a mheas agus tuairim a thabhairt an gá athshonrú a dhéanamh ionas gur féidir bainistíocht den rath a thabhairt ar shruthanna dramhaíola iarmhairte le húsáid i gcúrsaí bitheacnamaiochta'.
- Cuimsíonn an 'Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí'[39] (NMPF) beartas sonrach maidir le bruscar muirí agus féachann sé le cur le tuairisceoir Dea-Stádais Comhshaoil (GES) na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí (2008/56/CE, MSFD): Ní dhéanann airíonna agus méideanna bruscair mhuirí dochar don timpeallacht chósta agus mhuirí. Áirítear le NMPF sprioc shonrach chomhshaoil D10T1b ina luaitear: 'I gcomhréir le forálacha Airteagal 5 den Treoir (AE) 2019/904, deireadh a chur le bruscar ar an trá faoi dheireadh na bliana 2023 ar earraí a choisctear ón margadh sin faoin Treoir sin iad.' Tagraíonn sé seo d'ábhair a liostaítear faoi Aguisín B den Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide (SUP) (AE 2019/904) atá le toirmeasc, lena n-áirítear sceanra, plátaí, coimeádáin bia agus dí, etc. Sonraítear nach dtagann micreaphlaistigh go díreach faoi raon feidhme na Treorach SUP ná aon Treoir nó beartas reatha eile ach go bhfuil siad fós ina gceist chriticiúil maidir le bainistíocht dramhaíola agus caighdeán an uisce.
- Baineann Treoir (AE) 2019/883[40] go sonrach le saoráidí glactha calafoirt chun dramhaíl a sheachadadh ó longa agus rinneadh í a thrasuí i ndlí na hÉireann trí I.R. Uimh. 296 de 2021[41] i mí an Mheithimh 2021. Cumhdaítear leis an reachtaíocht seo an 'dramhaíl ó longa' ar fad, lena n-áirítear iarmhair lasta a tháirgtear i rith seirbhís loinge nó i rith oibríochtaí lódála, díluchtaithe agus glantacháin chomh maith le dramhaíl a iascadh go héighníomhach. Ní mór d'údaráis calafoirt (údaráis áitiúla go hiondúil ach i gcás Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath, is cuideachtaí príobháideacha iad seo) plean cuí glactha agus láimhseála dramhaíola a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm nach mór don Aire Iompair é a fhaomhadh. Is é an eisceacht ná na hIonaid Iascaigh Cuain atá á rialú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara atá freagrach as an bplean glactha agus láimhseála dramhaíola a ullmhú.

## 2.2 PLEANÁIL D'FHORBAIRT DRAMHAÍOLA AGUS DON GHEILLEAGAR CIORCLACH

In Éirinn, tá pleanáil agus forbairt á rialú ag ordlathas de phleananna forbartha straitéiseacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Tá an Plean seo mar chuid den struchtúr sin agus léirítear a sheasamh i gcomhthéacs pleananna náisiúnta agus réigiúnacha i bh**Fíor 2.1**.

[36] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/62f92-straiteis-uile-rialtais-don-gheilleagar-ciorclach-2022-2023/?
[37] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/23306-treochlar-naisiunta-na-heireann-um-chosc-ar-dhramhbhia-2023-2025/?
[38] Nasc: https://assets.gov.ie/3369/271118120740-ba987d7cc11442fdba8d4c85933494a2.pdf
[39] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/creat-naisiunta-um-pleanail-mhuiri/?
[40] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32019L0883
[41] Nasc: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/si/296/made/en/print#

Is é Tionscadal Éireann 2040[42] tionscnamh beartais uileghabhálach an rialtais chun tír níos fearr a dhéanamh d'Éirinn a fhéachann le deich dtoradh straitéiseacha a bhaint amach, tógtha timpeall ar théamaí lárnacha na folláine, an chomhionannais agus na deise. Cinnteoidh na deich dtosaíocht chomhroinnte sin cur chuige comhsheasmhach idir cuspóirí pleanála faoin gCreat Náisiúnta Pleanála[43] (NPF) agus gealltanais infheistíochta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030[44]. Sonraíonn an Plean sin 'Beidh gá le forbairt shuntasach forbairt acmhainne chun sruthanna éagsúla dramhaíola a leithscaradh agus a phróiseáil ag leibhéil rialtais áitiúil agus náisiúnta chun spriocanna nua dleathacha AE a ghnóthú agus d'fhéadfadh sé go gcuimseofaí ról don infheistíocht phoiblí.'

Tá athrú tagtha ar chomhthéacs pleanála an Phlean seo ó ullmhaíodh na Pleananna Réigiúnacha Bainistithe Dramhaíola. In 2015, laghdaíodh eagrú na n-údarás pleanála réigiúnach in Éirinn ó ocht gcinn go trí cinn agus na tionóil nua mar léiriú ar na socruithe réigiúnacha maidir le bainistíocht dramhaíola – Oirthear agus Lár Tíre, Tuaisceart agus Iarthar agus Deisceart. Cuireadh de chúram ar na húdaráis nua seo Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha (RSES) nua a ullmhú in áit na n-ocht dtreoirlíne pleanála réigiúnacha roimhe sin. Socraíonn na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha cuspóirí ardleibhéil dramhaíola agus geilleagair chiorclaigh atá le cur i bhfeidhm ag Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach. Éilíonn na cuspóirí sin ar údaráis áitiúla na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Laghdú dramhaíola;
- Méaduithe ar athúsáid agus athchúrsáil ábhair; agus
- Laghduithe ar dhramhaíl a bheidh ag dul chun diúscartha.

Tá siad sin le baint amach trí chomhlíontacht leis na haidhmeanna, na spriocanna agus na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa RWMP. Léiríonn RSES treoir a bhaineann go sonrach leis an réigiún, e.g., éilíonn RSES Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre go ndéanfaidh údaráis áitiúla 'idirchaidreamh leis an Oifig Réigiúnach um Bainistiú Dramhaíola agus machnamh á ndéanamh acu ar thograí maidir le láithreáin athfhorbraíochta a fhorbairt a éilíonn diúscairt dramhaíola éillithe lasmuigh den láthair, ionas gur féidir le gach páirtí leasmhar clár le haghaidh feabhsúcháin láithreáin a shainaithint go luath agus machnamh a dhéanamh air'.

Is doiciméad pleanála reachtúil é an Plean seo ina leagtar amach beartais maidir le bonneagar cóireála dramhaíola a fhorbairt agus tá sé ar an tsraith phleanála chéanna leis an RSES agus na pleananna forbartha cathrach agus contae. In Éirinn, is iad na pleananna forbartha an treoirphlean do phleanáil agus d'fhorbairt áitiúil. Leagtar amach i ngach plean beartais pleanála údaráis áitiúil in imeacht tréimhse sé bliana. Meastar (faoin dlí[45]) go bhfuil aidhmeanna an Phlean seo i bhfeidhm don dlínse sin sna creataí pleanála áitiúla seo. Sa chás go dtagann coimhlint chun cinn idir beartas sa Phlean seo agus beartas i bplean forbartha cathrach nó contae, beidh tús áite ag an mbeartas sa Phlean seo agus d'fhéadfaí cead a thabhairt[46].

Agus an Plean seo á ullmhú acu, tá machnamh déanta ag na húdaráis áitiúla ar na hoibleagáidí reachtúla ábhartha agus ar dhoiciméad treorach[47] an Choimisiúin Eorpaigh maidir le pleananna dramhaíola.

## 2.3 FORBAIRT NUA DRAMHAÍOLA AGUS GEILLEAGAIR CHIORCLAIGH A LONNÚ

D'ullmhaigh an RWMPO 'Bonneagar Bainistíochta Dramhaíola - Treoir chun Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola a Shuíomh' chun suíomh comhsheasmhach an bhonneagair dramhaíola nua a chur chun cinn. Tá an treoir san áireamh sa Phlean seo chun comhthéacs reachtúil a sholáthar maidir le forbairtí dramhaíola amach anseo a lonnú.

Tacaíonn an treoir le húdaráis phleanála áitiúla, leis an mBord Pleanála (ABP) agus le comhlachtaí ábhartha eile agus iarratais ar fhaomhadh pleanála nó toilithe eile á meas agus á gcinneadh acu. Tacaíonn sé le heagraíochtaí bainistithe dramhaíola agus le forbróirí tionscadail freisin (lena n-áirítear údaráis áitiúla) agus saoráid nua á lonnú acu. Cuimsíonn an treoir critéir leathana lonnaithe agus treoir a bhaineann go sonrach le saoráidí lena machnamh a dhéanamh uirthi agus saoráidí dramhaíola nua á lonnú.

[42] Nasc: https://www.gov.ie/ga/feachtais/09022006-project-ireland-2040-ga-/?
[43] Nasc: https://www.npf.ie/ga/
[44] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/774e2-national-development-plan-2021-2030/?
[45] Alt 10A (a) den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996.
[46] Alt 10A (b)(i) den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996.
[47] Nasc: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/39f97b22-394a-40ce-8c09-f80dbcf76fc7

Maidir le saoráidí agus iarratais ábhartha, ní mór d'údaráis phleanála agus d'fhorbróirí tionscadail (lena n-áirítear údaráis áitiúla) na critéir lonnaithe ghinearálta agus treoir a bhaineann go sonrach le saoráid a mheas.

Cuimsíonn an treoir achair slánachair le comharsana (i.e., réadmhaoin chónaithe agus gnólachtaí) agus bóithre náisiúnta atá beartaithe chun lonnú gníomhaíochtaí a threorú. Freastalaíonn an treoir ar chúinsí geilleagracha agus forbartha in éineacht le hábhair imní pleanála, comhshaoil agus pobail. Tá scóip ann chun na hachair treorach a laghdú trí choinníollacha pleanála agus bearta maolaithe cuí.

Tá cóip den treoir seo i gceangal leis an bPlean seo mar **Aguisín 9 d'Imleabhar IV (Doiciméadú Tacaíochta)**.



# 3 TIMPEALLACHT NÁISIÚNTA

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar thacaíocht a thabhairt do struchtúir réigiúnacha agus do spreagthaí le haghaidh pleanáil bainistithe dramhaíola amhail an daonra agus gníomhaíocht eacnamaíoch.

## 3.1 CÚLRA AN PHLEAN NÁISIÚNTA SEO

Tá an LGS freagrach as pleanáil bainistithe dramhaíola faoi Chuid II den Acht um Bainistiú Dramhaíola, agus i mí an Mheithimh 2013 bunaíodh trí réigiún bainistithe dramhaíola: réigiún Chonnacht-Uladh, réigiún an Oirthir-Láir Tíre agus réigiún an Deiscirt. Bhunaigh gach réigiún Oifig Réigiúnach Pleanála don Bhainistiú Dramhaíola (RWMPO) chun cur chun feidhme na bpleananna bainistithe dramhaíola a riar agus a threorú.

I mí na Bealtaine 2015, d'fhoilsigh gach ceann de na trí réigiún RWMP chun an tréimhse 2015 go dtí seo a chlúdach. Leag sraith cuspóirí, beartas agus gníomhaíochtaí in RWMP síos an creat chun dramhail a chosc agus a bhainistiú ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe i ngach réigiún.

Ag deireadh na tréimhse RWMP, rinneadh meastóireacht ar chur chun feidhme na bpleananna i gcomhréir le hAlt 22(2)(d) den Acht um Bainistiú Dramhaíola (san áireamh mar **Aguisín 3 d'Imleabhar IV**). Nótáladh sa mheastóireacht gur bhain an LGS ardleibhéal rathúnais amach maidir leis na beartais agus na gníomhartha beartais éagsúla a fhorordaítear laistigh den RWMP a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, leagadh béim sa mheastóireacht ar fheidhmíocht níos ísle maidir leis na trí phríomhsprioc straitéiseacha a bhaint amach lena gcumhdaítear cosc, athchúrsáil agus líonadh talún.

Ar bhonn roinnt athruithe beartais, reachtacha agus oibríochta atá liostaithe thíos, moladh plean náisiúnta bainistithe dramhaíola nua (an Plean seo) a thabhairt isteach le teacht in ionad an phlean roimhe:

- Roimh an meastóireacht ar RWMP, iarradh sa WAPCE plean náisiúnta amháin a chur in ionad na dtrí RWMP (mar a mhol an CCMA in aighneacht réamhdhréachta chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis an WAPCE) agus dhearbhaigh an mheastóireacht an moladh sin.
- Ní mór athruithe beartais agus reachtacha ar leibhéal an AE (go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip (CED), an 2ú Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach agus an Chreat-Treoir Dramhaíola athbhreithnithe 2018/851) agus ar an leibhéal náisiúnta (an WAPCE, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP), Straitéis Uile-Rialtais an Gheilleagair Chiorclaigh 2021-2022 (CES), Clár an Gheilleagair Chiorclaigh 2021-2027 (CEP) agus an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach 2022) a mheas sa Phlean nua seo. Méadóidh na hathruithe beartais agus reachtacha seo an bhéim ar chosc dramhaíola, leagfaidh siad síos spriocanna ceangailteacha nua do dhramhaíl bhardasach agus phacáistithe agus sainordóidh siad aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach nach mór cuntas a thabhairt air laistigh de bheartais agus de ghníomhartha an Phlean seo.
- Bíodh is gur socraíodh sraith réamhshainithe riachtanas don Phlean faoi na hathbhreithnithe ar Alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola[48], moladh cur chuige níos solúbtha i leith an Phlean chun ailíniú leis an WAPCE. Comhlíontar riachtanais reachtúla Alt 22 ach trí struchtúr athmhúnlaithe laistigh den Phlean seo.
- Beidh sé de chumas ag an bPlean seo fós gníomhartha/spriocanna tosaíochta a oiriúnú agus a choigeartú chun dúshláin agus deiseanna a chomhlíonadh agus tabharfar na moltaí seo lena gceadú do Ghrúpaí Stiúrtha Réigiúnacha chun gníomhartha/spriocanna tosaíochta leasaithe/ nua a mheas. Cuirfear aon mholtaí faoi bhráid an ghrúpa maoirseachta CCMA ábhartha.
- Ar deireadh, léiríodh sa mheastóireacht an gá atá le comhoibriú níos mó idir príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhúinéireacht, chun

[48] Tag: Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola) 2020 (I.R. Uimh. 323 de 2020).

beartais agus spriocanna a thabhairt i gcrích a thacaíonn leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach.

Forbraíodh an Plean seo i gcomhthéacs na n-athruithe reachtacha agus oibríochtúla beartais seo.

## 3.2 STRUCHTÚIR TACAÍOCHTA

Rialaítear treo agus comhordú foriomlán fheidhmeanna dramhaíola na hearnála rialtais áitiúil (LGS) tríd an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA). Soláthraíonn an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí (CATCEN) den CCMA treoir shonrach a fhaigheann tacaíocht ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA).

In 2021 bunaíodh oifig Chomhordaitheoir Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPC) chun obair sheirbhísí comhroinnte dramhaíola na n-údarás áitiúil atá ann cheana a chomhordú agus chun seasamh na hearnála rialtais áitiúil laistigh den earnáil dramhaíola i gcoitinne a neartú.

I bhfianaise bheartais agus chuspóirí an RWMP roimhe seo a bheith curtha chun feidhme go rathúil den chuid is mó trí na struchtúir atá ann cheana, bunófar an Plean seo mar phlean náisiúnta amháin agus na struchtúir rialachais réigiúnacha agus na meithleacha á gcoinneáil ag an am céanna chun tacú le cur chun feidhme. Fanfaidh na grúpálacha réigiúnacha gan athrú agus léiríonn **Fíor 3.1** na trí réigiún dramhaíola atá ann cheana agus na húdaráis áitiúla a bhfuil ionadaíocht acu iontu.

Faoin RWMP roimhe seo, bhíodh na húdaráis áitiúla freagrach as gníomhaíochtaí oideachais, coiscthe agus athchúrsála chomh maith le gnólachtaí, sealbhóirí teaghlaigh, agus oibreoirí dramhaíola a rialáil. Is iad na príomhúdaráis i ngach réigiún inar bunaíodh RWMPO (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh/ Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Contae Mhaigh Eo) a spreagann na gníomhaíochtaí seo agus a dtacaíonn na húdaráis áitiúla eile i ngach réigiún agus an RWMPO leo. Tá comhoibriú láidir páirtithe leasmhara bunaithe agus tógtha ag an RWMPO leis an earnáil dramhaíola i gcoitinne agus tá sé i gceist tógáil ar na socruithe sin chun an Plean seo a chur i bhfeidhm.

Is iad na húdaráis áitiúla a dhéanann rialáil agus forfheidhmiú agus is iad na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) a bunaíodh i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Chorcaí, agus Comhairle Contae Liatroma/Dhún na nGall atá i gceannas orthu. Tá róil thábhachtacha freisin ag oifig na hOifige Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (NWCPO atá suite laistigh de Chomhairle Contae Uíbh Fhailí) agus ag an Oifig Náisiúnta Loingsithe Trasteorann (NTFSO, atá suite laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath), i rialáil dramhaíola agus i ngníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola.

Tá na struchtúir reatha seo an-chomhoibríoch agus bhí siad an-éifeachtach ó thaobh an RWMP a chur i bhfeidhm agus moltar go gcoinneoidh na grúpaí seo freagracht fhoriomlán as maoirseacht, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus forfheidhmiú an Phlean. Tá róil reatha na n-údarás áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara eile a bhfuil freagracht bainistithe dramhaíola orthu mionsonraithe i g**Caibidil 7** den imleabhar seo.




Fíor 3.1: Bailte agus Contaetha Móra laistigh de na trí Réigiún Dramhaíola in Éirinn

## 3.3 PRÓIFÍL NÁISIÚNTA

### 3.3.1 Daonra

I mí an Mheithimh 2022, thuairiscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)[49] na réamhthorthaí daonra ó Dhaonáireamh 2022 a thug le fios go raibh daonra 5.1 milliún ag an Stát (an líon is airde ó 1841). Tá fás daonra laistigh den Stát ag méadú gach bliain mar gheall ar mheascán d'imirce ghlan dhearfach agus de mhéaduithe nádúrtha in Éirinn, rud a léiríonn fás daonra 1.1% ar an meán gach bliain i rith shaolré RWMP roimhe sin (2015 go 2021). Tá nasc láidir idir táirgeadh dramhaíola agus fás daonra, trína dtagann méadú ar tháirgeadh dramhaíola mar thoradh ar níos mó daoine. Is é an dúshlán atá roimh an tsochaí ná an nasc sin a bhriseadh agus an méid dramhaíola a tháirgtear in aghaidh an duine a laghdú.

Maidir le próifíl réigiúnach, tuairiscíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh freisin ar staitisticí daonra ar bhonn contae agus léirítear an daonra do gach contae ó Dhaonáireamh 2016 agus 2022 agus na sonraí do chontaetha i d**Tábla 3.1** de gach ceann de réigiúin dramhaíola Chonnacht-Uladh, Oirthir-Láir Tíre agus an Deiscirt. Léiríonn na réigiúin leibhéil éagsúla fáis daonra sa tréimhse 2016 go 2022 le 9% do Réigiún an Oirthir-Láir Tíre, 7% do Réigiún an Deiscirt agus 6% do Réigiún Chonnacht-Uladh.

Chomh maith le luachanna tomhaiste, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh[50] sraith réamh-mheastacháin daonra (bunaithe ar bhunlíne Dhaonáireamh 2016) ar bhonn réigiúnach do shraith cásanna bunaithe ar rátaí éagsúla torthúlachta, rátaí mortlaíochta, imirce inmheánach, agus imirce idirnáisiúnta. Léirítear an fás daonra réamh-mheasta is airde freisin i d**Tábla 3.1** bunaithe ar ghrúpálacha réigiúnacha na Príomh-Oifige Staidrimh do gach ceann de na contaetha faoi dhá chás imirce inmheánacha – Insreabhadh chuig Baile Átha Cliath(insreabhadh daonra ó réigiúin eile go Baile Átha Cliath) agus Eis-sreabhadh Bhaile Átha Cliath (eis-sreabhadh daonra Bhaile Átha Cliath go Réigiúin eile). Tá an méid a leanas tuartha ag torthaí na Príomh-Oifige Staidrimh:

- Ba é Réigiún an Oirthir-Láir Tíre an réigiún bainistithe dramhaíola leis an daonra ba mhó ag 2.5 milliún áitritheoir in 2022 agus táthar ag tuar go bhfásfaidh an daonra ag ráta fáis bliantúil réamh-mheasta de 1.25% go 1.45% in aghaidh na bliana. **Laistigh de thréimhse an Phlean seo (2024-2030), táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú suas le 10% ar an daonra laistigh den réigiún.**
- Ar an gcaoi chéanna, laistigh de thréimhse an Phlean seo táthar ag tuar go **dtiocfaidh méadú 5% ar an daonra i Réigiúin an Deiscirt agus Chonnacht-Uladh** bunaithe ar fhás réamh-mheasta idir 0.5% go 0.8% in aghaidh na bliana.

Athraíonn dlús agus dáileadh an daonra ar fud na tíre go suntasach agus léiríonn **Tábla 3.2** dlús daonra na Príomh-Oifige Staidrimh bunaithe ar Dhaonáireamh 2016 agus léirítear an dáileadh sin tuilleadh i bh**Fíor 3.2** (níl sonraí dhlús daonra 2022 ar fáil go fóill). Tá an dlús daonra is airde ag Baile Átha Cliath le farasbarr suntasach ag 1,458 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh (tabhair faoi deara go bhfuil sé seo íseal de réir chaighdeáin chathair an AE le cathracha de dhaonra cosúil le Baile Átha Cliath ar nós München, Phrág agus Bhúdaipeist ag taifeadadh dlús daonra atá a dhá nó a thrí oiread chomh mór le dlús daonra Bhaile Átha Cliath). Ina dhiaidh sin, tá na contaetha sa lár-oirthear atá timpeall ar Bhaile Átha Cliath (Cill Dara, Lú, an Mhí, Cill Mhantáin) cé go bhfuil dlús i bhfad níos ísle acu. Tá dlús comhionann sna contaetha i Réigiún Bainistithe Dramhaíola an Deiscirt den chuid is mó ag 47-59 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh ach le dlúis shuntasacha i gcathracha Chorcaí, Luimnigh, agus Phort Láirge chomh maith leis na bailte móra measctha le conairí móra tailte talmhaíochta. Sonraítear na dlúis daonra is ísle i Réigiún Bainistithe Dramhaíola Chonnacht-Uladh ag 33 agus 35 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh.

Léiríonn na sonraí daonra taifeadta agus réamh-mheasta go bhfuil mórchuid na n-áitritheoirí i Réigiún Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir-Láir Tíre faoi láthair, ag na dlúis is airde agus réamh-mheastar go mbeidh an fás daonra is airde sa réigiún seo as na trí réigiún ar fad. Os a choinne sin, tá an daonra is ísle agus an dlús is ísle i Réigiún Chonnacht-Uladh agus táthar ag tuar go mbeidh fás níos measartha ann. Is réigiún é Réigiún an Deiscirt a bhfuil daonra níos measartha ann, agus táthar ag súil le fás amach anseo agus dlúis mhéadaithe i bhfianaise an mheascáin de chathracha, bailte móra agus ceantair thuaithe sa réigiún seo.

Úsáidfear an dinimic daonra sin chun bonn eolais a chur faoi réamh-mheastacháin agus bainistiú dramhaíola amach anseo laistigh de na réigiúin ar fud an Phlean seo. Sonraítear, áfach, go mbeidh

[49] Nasc: https://www.cso.ie/en/csolatestnews/pressreleases/2022pressreleases/pressstatementcensusofpopulation2022-preliminaryresults/
[50] Nasc: https://www.cso.ie/en/statistics/population/regionalpopulationprojections/

tionchair éiginnte ag paindéim Covid-19 ar dhinimic an daonra (inimirce agus imirce inmheánach araon) a d'fhéadfadh réamh-mheastacháin na Príomh-Oifige Staidrimh a athrú sa ghearrthéarma agus ní mór tabhairt faoi athbhreithniú leanúnach ar an dinimic daonra sin chun bonn eolais a chur faoi na pleananna oibre bliantúla a ullmhaítear faoin bPlean seo (féach **Imleabhar III Caibidil 7**).

Tábla 3.1: Daonraí Réigiúnacha Taifeadta agus Réamh-mheasta (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh)

| Contae | Daonra Tomhaiste 2016 ('000) | Daonra Tomhaiste 2022 ('000) | Réigiún Daonra na Príomh-Oifige Staidrimh | Daonra réamh-mheasta 2036 bunaithe ar Chás Eis-sreafa ó Bhaile Átha Cliath ('000) | Daonra réamh-mheasta 2036 bunaithe ar Chás Insreafa chuig Baile Átha Cliath ('000) |
|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 1,347 | 1,451 | Baile Átha Cliath | 1,604 | 1,877 |
| Cill Dara | 223 | 247 | Réigiún an Lár-Oirthir | 311 | 282 |
| Lú | 129 | 139 | Réigiún an Lár-Oirthir | 180 | 163 |
| An Mhí | 195 | 220 | Réigiún an Lár-Oirthir | 273 | 247 |
| Cill Mhantáin | 142 | 155 | Réigiún an Lár-Oirthir | 199 | 181 |
| Laois | 85 | 92 | Lár Tíre | 117 | 98 |
| An Longfort | 41 | 47 | Lár Tíre | 56 | 47 |
| Uíbh Fhailí | 78 | 83 | Lár Tíre | 108 | 90 |
| An Iarmhí | 89 | 96 | Lár Tíre | 123 | 103 |
| Réigiún an Oirthir-Láir Tíre | 2,329 | 2,530 | - | 2,970 | 3,088 |
| Luimneach | 195 | 205 | Réigiún an Iarthair Láir | 228 | 226 |
| Tiobraid Árann | 160 | 168 | Réigiún an Iarthair Láir | 187 | 185 |
| An Clár | 119 | 127 | Réigiún an Iarthair Láir | 139 | 138 |
| Loch Garman | 150 | 163 | Réigiún an Oirdheiscirt | 178 | 159 |
| Ceatharlach | 57 | 62 | Réigiún an Oirdheiscirt | 68 | 60 |
| Cill Chainnigh | 99 | 104 | Réigiún an Oirdheiscirt | 118 | 105 |
| Port Láirge | 116 | 127 | Réigiún an Oirdheiscirt | 138 | 123 |
| Corcaigh | 543 | 581 | Réigiún an Iardheiscirt | 644 | 642 |
| Ciarraí | 148 | 155 | Réigiún an Iardheiscirt | 175 | 175 |
| Réigiún an Deiscirt | 1,586 | 1,692 | - | 1,875 | 1,813 |

Tábla 3.1 ar lean: Daonraí Réigiúnacha Taifeadta agus Réamh-mheasta (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh)

| Contae | Daonra Tomhaiste 2016 ('000) | Daonra Tomhaiste 2022 ('000) | Réigiún Daonra na Príomh-Oifige Staidrimh | Daonra réamh-mheasta 2036 bunaithe ar Chás Eis-sreafa ó Bhaile Átha Cliath ('000) | Daonra réamh-mheasta 2036 bunaithe ar Chás Insreafa chuig Baile Átha Cliath ('000) |
|---|---|---|---|---|---|
| Maigh Eo | 131 | 137 | Réigiún an Iarthair | 149 | 146 |
| Gaillimh | 258 | 276 | Réigiún an Iarthair | 294 | 288 |
| Ros Comáin | 65 | 70 | Réigiún an Iarthair | 74 | 72 |
| Dún na nGall | 159 | 166 | An Teorainn | 193 | 175 |
| An Cabhán | 76 | 81 | An Teorainn | 92 | 84 |
| Muineachán | 61 | 65 | An Teorainn | 74 | 67 |
| Liatroim | 32 | 35 | An Teorainn | 39 | 35 |
| Sligeach | 66 | 70 | An Teorainn | 79 | 72 |
| Réigiún Chonnacht-Uladh | 847 | 900 | - | 994 | 939 |

Nóta 1: Tá na sonraí bunaithe ar chás M1F2 na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le himirce agus torthúlacht/básmhaireacht idirnáisiúnta.

Nóta 2: Ní áirítear sna sonraí dídeanaithe ón Úcráin a tháinig go hÉirinn de bharr a n-easáitithe ag cogadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin in 2022.




Fíor 3.2: Dlús agus Dáileadh Daonra in Éirinn

Tábla 3.2: Dlús Daonra de réir Réigiúin (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh)

| Réigiún Bainistithe Dramhaíola | Réigiún Daonra na Príomh-Oifige Staidrimh | Ceantar (km²) | Daonra 2016 ('000) | Dlús Daonra (daoine in aghaidh an km²) |
|---|---|---|---|---|
| Réigiún Chonnacht-Uladh | Réigiún an Iarthair (Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin) | 13,642 | 453.1 | 33 |
| | Réigiún na Teorann (An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach) | 11,187 | 394.3 | 35 |
| Réigiún an Oirthir-Láir Tíre | Baile Átha Cliath | 924 | 1,347.4 | 1,458 |
| | Réigiún an Lár-Oirthir (Cill Dara, Lú, An Mhí, Cill Mhantáin) | 6,848 | 688.9 | 101 |
| | Réigiún Láir Tíre (An Iarmhí, Laois, An Longfort, Uíbh Fhailí) | 6,510 | 292.3 | 45 |
| Réigiún an Deiscirt | Réigiún an Iarthair Láir (An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann) | 10,090 | 473.3 | 47 |
| | Réigiún an Oirdheiscirt (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman, Port Láirge) | 7,145 | 422.1 | 59 |
| | Réigiún an Iardheiscirt (Ciarraí, Corcaigh) | 12,120 | 690.6 | 57 |

### 3.3.2 Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch

Tá comhchoibhneas soiléir ann ar fad idir gníomhaíocht eacnamaíoch, leibhéil tomhaltais (ar a ndéantar dtomhas trí Thomhaltas Ábhar Intíre – féach bosca téacs ar leathanach 35) agus an méid táirgthe dramhaíola in Éirinn. Is dúshlán soiléir é táirgeadh dramhaíola ó aschur eacnamaíoch a dhícheangal agus leagtar béim sa rannán seo ar na hathruithe a tháinig ar ghníomhaíocht eacnamaíoch le déanaí (ar an macra-leibhéal agus ar an leibhéal earnála araon) i rith shaolré na RWMPanna. Soláthraíonn sé sonraí freisin maidir le fás réamh-mheasta i roinnt de na príomhearnálacha eacnamaíocha. Tá sé tábhachtach a admháil go raibh an Stát ag teacht aniar ó chúlú eacnamaíochta ag tús an RWMP roimhe seo in 2015 agus, dá bhrí sin, gur cheart féachaint ar an bhfás eacnamaíoch san idirlinn ina leith sin.

Ag an macra-leibhéal, foilsíonn Banc Ceannais na hÉireann sraith Feasachán Ráithiúil don Stát[51] agus tá sé tuartha sna feasacháin sin gur tháinig méadú 9.4% ar ghníomhaíocht eacnamaíoch iomlán (arna tomhas ag an Olltáirgeacht Intíre (OTI)) in 2022 agus meastar go dtiocfaidh fás 2.9% uirthi in 2023, 2.5% in 2024 agus 4.8% in 2025. Bíodh is nach soláthraítear aon réamh-mheastacháin tar éis 2025, fiú ag glacadh le fás measartha OTI de 3% in aghaidh na bliana sa tréimhse sin, i rith shaolré an Phlean, d'fhéadfadh méadú thart ar 40% a bheith ar OTI faoi 2030 (i gcoibhneas le 2021).

Maidir le fostaíocht, léirítear sonraí[52] shuirbhé ráithiúil an fhórsa saothair de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh do 2022 i bh**Fíor 3.3**, rud a léiríonn na hearnálacha a sholáthraíonn an méid is mó fostaíochta sa Stát. Is iad na fostóirí is mó ná earnáil na tionsclaíochta, mórdhíol/miondíol agus obair shláinte/shóisialta agus gach ceann ag cuimsiú thart ar 13% den lucht saothair. Tá an tógáil agus an talmhaíocht fós ina n-earnálacha fostaíochta comhsheasmhacha ag 5% den fhostaíocht iomlán agus na hearnálacha eile ag leibhéil <5% agus atá comhdhéanta d'earnálacha seirbhíse den chuid is mó.

Tuairiscíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh freisin gurbh ionann an meántuilleamh seachtainiúil in 2022 agus €871.62, is é sin méadú 24% ar mheántuilleamh 2015 de €701.11. Sa tréimhse chéanna léirigh an Praghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI) méadú 13.6% a thug le tuiscint glanmhéadú ar ioncam indiúscartha don mheándaonra agus acmhainneacht mhéadaithe tomhaltais ó foilsíodh an RWMP in 2015.

[51] Nasc: https://www.centralbank.ie/publication/quarterly-bulletins Tabhair faoi deara go dtugann an Banc Ceannais comhairle gur chóir a bheith cúramach agus forbairtí OTI d'Éirinn á léirmhíniú, mar go bhfuil tionchar mór ag an domhandú agus ag gníomhaíochtaí fiontar ilnáisiúnta air. Chun críocha táirgeadh dramhaíola tuartha (Caibidil 6) úsáidtear an táscaire OIN modhnaithe.
[52] Nasc: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-lfs/labourforcesurveyquarter22021/tables/

**Tomhaltas Ábhar Intíre (DMC)**
Tomhaiseann DMC méid iomlán na n-ábhar a úsáideann geilleagar go díreach agus sainmhínítear é mar chainníocht bhliantúil na n-amhábhar a bhaintear as an gcríoch intíre, móide na hallmhairí fisiceacha go léir lúide na honnmhairí fisiceacha go léir. Léirítear meánluachanna an AE agus luachanna DMC na hÉireann le deich mbliana anuas san fhíor thíos agus léiríonn na sonraí go bhfuil Éire thart ar 70% níos airde ná meán an AE le blianta beaga anuas, le hÉirinn ag breis agus 22.5 tonna in aghaidh an duine i gcomparáid le meán an AE de thart ar 14.5 tonna in 2022. Is é ardleibhéal allmhairiúcháin per capita na hÉireann i gcoibhneas leis na honnmhairí ísle an spreagadh atá taobh thiar den luach DMC níos airde seo. Bíodh is gur breathnaíodh roinnt laghdaithe in 2020 agus 2021, ní léir an mbaineann sé seo le paindéim Covid-19 nó le haon laghdú fiúntach ar iompar tomhaltais laistigh den Stát. Tugann na treochtaí tomhaltais a bhreathnaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh le fios go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh fás air sin sa ghearrthéarma. Chabhródh geilleagar fiúntach athchúrsála, ullmhúcháin le haghaidh geilleagair athúsáide, deisiúcháin agus athúsáide laistigh d'Éirinn leis an DMC náisiúnta a laghdú tríd an spleáchas atá ann faoi láthair ar allmhairí earraí a laghdú.






Fíor 3.3: Daoine i bhFostaíocht in 2022 de réir Earnáil NACE (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh)

Ar leibhéal níos earnálaí, tuairiscíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh ar shraith innéacsanna táirgeachta d'earnálacha chun aschuir agus gníomhaíocht eacnamaíoch a rianú, agus tá go leor de na hinnéacsanna sin socraithe i gcomparáid le bunlíne den bhliain 2015. Taispeántar roinnt innéacsanna ábhartha i d**Tábla 3.3** lena n-áirítear talmhaíocht, tógáil, tionscal monaraíochta agus miondíol a léiríonn na treochtaí earnála i rith thréimhse ama RWMP (2015 go 2021). Ina theannta sin, rinneadh na treochtaí seo a eachtarshuí chun na haschuir ag deireadh thréimhse an Phlean (2030) a mheas ag glacadh leis go bhfuil fás líneach leanúnach ar aschur i rith shaolré an Phlean seo.

Taispeánann earnáil na talmhaíochta fás láidir (méadú 16%) sa tréimhse 2015 go 2021 agus tá sé seo ag teacht den chuid is mó leis na spriocanna earnála le haghaidh aschuir i ndoiciméid bheartais Fómhar Bia 2020[53] agus Food Wise 2025[54]. Chomh maith leis sin, áirítear leis an bhfás ar an talmhaíocht agus fás in earnáil na tionsclaíochta bia agus dí a bhfuil méadú den chineál céanna tagtha uirthi. Ag féachaint chun cinn, táthar ag súil go leanfaidh an earnáil ag fás faoin mbeartas is déanaí, Fís don Bhia 2030[55], cé nach ndíreofar an oiread sin ar aschur talmhaíochta. **Tríd an ráta fáis tomhaiste a eachtarshuí, meastar go mbeidh méadú 65% ar aschur faoi 2030 (i gcoibhneas le 2015, ach d'fhéadfadh méadú suntasach a tugadh faoi deara in 2022 a bheith mar thoradh air) nó thart ar 12% i rith shaolré an Phlean seo.**

Idir an tréimhse 2015 go 2021 tá ardú 27% tagtha ar innéacs na hearnála tógála, rud a léiríonn an fás suntasach ar aschur a bhí ag an earnáil sa tréimhse seo. Mar gheall ar an éileamh ar thithíocht, ar fhorbairt réadmhaoine tráchtála chomh maith le mór-bhonneagar tá fás tagtha ar an earnáil agus táthar ag súil go méadóidh sé sin tuilleadh leis an éileamh leanúnach ar thithíocht agus leis na tionscadail atá beartaithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, cé go ndearnadh táirgeadh laghdaithe a thaifeadadh in 2020 agus 2021 de dheasca phaindéim Covid-19. **Tríd an ráta fáis le déanaí a eachtarshuí, meastar go mbeidh méadú 65% ar aschur na tógála faoi 2030 (i gcoibhneas le 2015) nó 26% os cionn leibhéil 2022 faoi 2030.**

53 Nasc: https://www.gov.ie/en/publication/5a0f2-food-harvest-2020/
54 Nasc: https://www.gov.ie/en/publication/a6b0d-food-wise-2025/
55 Nasc: https://www.gov.ie/en/publication/c73a3-food-vision-2030-a-world-leader-in-sustainable-food-systems/

Tábla 3.3: Táscairí Earnála Aschuir agus Gníomhaíochta Eacnamaíche (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh)

| Táscaire Earnála | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | Fás 2030 Measta | Sruthanna Dramhaíola a mbeidh Tionchar Orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oll-Aschur Talmhaíochta ag Praghsanna Táirgeora | 100 | 102.2 | 106.4 | 106.5 | 110.6 | 112.7 | 116.1 | 147.1 | 165 | Dramhaíl Feirme agus Bia |
| Méid an Innéacs Táirgthe san Fhoirgníocht agus sa Tógáil | 100 | 109.6 | 124.1 | 136.7 | 144.5 | 131.9 | 126.6 | 130.5 | 165 | Tógáil agus Scartáil |
| Innéacs Táirgeachta Tionsclaíche | 100 | 105.9 | 102.3 | 97.3 | 104.0 | 119.2 | 153.0 | 181.9 | 220 | Dramhaíl Ghuaiseach, Pacáistíocht |
| An tInnéacs Díolacháin Miondíola (Coigeartú déanta ar an Méid) | 100 | 107.7 | 111.8 | 115.9 | 118.4 | 115.9 | 126.0 | 125.3 | 150 | Dramhaíl Phacáistithe, Phlaistigh, Teicstílí, Bia, Feithiclí Ré Caite, Boinn, DTLL, Cadhnraí |
| Tomhaltas Ioncaim Phearsanta ag Praghsanna an Mhargaidh Reatha (€milliún) | 91,510 | 96,316 | 100,682 | 106,821 | 111,572 | 101,440 | 114,120 | 132,927 | 160,000 | |

Léirigh an t-innéacs táirgeachta tionsclaíche fás comhchosúil, ag méadú 53% sa tréimhse 2015 go 2021 agus is cosúil nach bhfuil athrú tagtha ar an bhfás sin faoi shrianta Covid-19 in 2020 agus 2021. **Tríd an ráta fáis a eachtarshuí, meastar go mbeidh méadú 120% ar aschur tionsclaíoch faoi 2030 (i gcoibhneas le 2015) nó thart ar 21% i rith shaolré an Phlean seo.**

Léirigh an earnáil miondíola fás láidir arís (26%) sa tréimhse 2015 go 2021 agus tacaítear leis sin leis na leibhéil tomhaltais phearsanta mhéadaithe a breathnaíodh a léiríonn méadú 25% ar thomhaltas sa tréimhse chéanna. **Tríd an ráta fáis a eachtarshuí, meastar go mbeidh méadú 50% ar innéacs na ndíolachán miondíola faoi 2030 (i gcoibhneas le 2015) le méadú comhfhreagrach 74% ar thomhaltas pearsanta.**

Léirítear innéacsanna eacnamaíocha na Príomh-Oifige Staidrimh ar bhonn náisiúnta gan aon anailís réigiúnach, ach léiríonn **Fíor 3.4** suíomh cuid de na príomhoibríochtaí tionsclaíocha (tairseach cheadúnais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil) laistigh de gach ceann de na réigiúin mar aon leis an mbonneagar iompair a fhreastalaíonn ar na hearnálacha sin.

Tá suíomh na hearnála ceimiceán (lena n-áirítear an earnáil pharmachem) timpeall Bhaile Átha Cliath (Réigiún an Oirthir-Láir Tíre) agus Chorcaí (Réigiún an Deiscirt) den chuid is mó agus dlús an tionscail i gcoitinne thart ar chathracha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge ar cheann de na príomhdhinimicí réigiúnacha atá le feiceáil ón bhfíor.

Is léir ón léarscáil freisin an dlús diantalmhaíochta (na hearnálacha muc agus éanlaithe go sonrach) i gceantair teorann Réigiún Chonnacht-Uladh agus an dlús earnála bia agus dí a bhaineann leo sa cheantar chun freastal ar an tionscal sin. Tá treocht níos leithne le feiceáil freisin nó is léir go bhfuil dáileadh soiléir níos airde de na hearnálacha tionsclaíocha ar fad in oirthear na tíre laistigh de chontaetha Chúige Laighean agus oirthear na Mumhan.

Maidir le hiompar, is é 5,306km fad iomlán an ghréasáin náisiúnta príomhbhóithre agus bóithre den dara grád in Éirinn. Is é an gréasán bóithre sin an príomhbhealach chun dramhaíl a iompar laistigh d'Éirinn agus a allmhairiú/a onnmhairiú go Tuaisceart Éireann. Is príomhgheataí muirí idirnáisiúnta iad Calafoirt Leibhéal 1 (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus an tSionnain-Faing) agus Calafoirt Leibhéal 2 (Ros Láir agus Port Láirge). Láimhseálann siad thart ar 90% den tonnáiste ar fad laistigh den Stát, lena n-áirítear gach onnmhairiú dramhaíola ón Stát.

Léiríonn táscairí eacnamaíocha go bhféadfadh fás eacnamaíoch leanúnach a bheith ann i rith shaolré an




Fíor 3.4: Gníomhaíocht Eacnamaíoch agus Gréasán Iompair na hÉireann

Phlean le OTI ag méadú thart ar 40% san iomlán faoi 2030 agus táthar ag súil le leibhéil chomhchosúla fáis i dtomhaltas pearsanta. Baineadh úsáid as na réamh-mheastacháin ghinearálta eacnamaíocha agus iad siúd dírithe go sonrach ar earnáil (i gcás ina bhfuil siad ar fáil) chun meastachán a dhéanamh ar mhéaduithe réamh-mheasta ar tháirgeadh dramhaíola i g**Caibidil 6** den imleabhar seo.

### 3.3.3 Úsáid Ábhar Ciorclach

Tá Éire ar an mbóthar ceart, i láthair na huaire, chun go leor de spriocanna dramhaíola reatha an Aontais Eorpaigh a bhaint amach a léiríonn go dearfach an dul chun cinn atá déanta san earnáil le 20 bliain anuas. Tá na spriocanna feidhmíochta ag méadú agus tiocfaidh dúshlán suntasach breise leis an gcéad sciar eile de spriocanna.

Bunófar spriocanna agus táscairí nua freisin (amhail faoin Acht um an nGeilleagar Ciorclach 2022) a mbeidh sé mar aidhm acu ráta ciorclaíochta an Stáit a thomhas, i bhfocail eile cumas an Stáit ábhair a choinneáil in úsáid agus baint leantach na n-amhábhar príomha a sheachaint. Ar an drochuair, tá Éire ag feidhmiú go holc faoi láthair sa bheart níos leithne seo.

D'fhoilsigh Eurostat méadrach dar teideal an ráta 'Úsáid Ábhar Ciorclach' (CMU nó an 'ráta ciorclaíochta') a shainmhínítear mar an cóimheas idir úsáid chiorclach na n-ábhar agus an úsáid fhoriomlán ábhair. Ciallaíonn ráta CMU níos airde go mbíonn níos mó ábhair thánaisteacha ann in ionad amhábhar príomhúil, rud a laghdaíonn na tionchair chomhshaoil a bhaineann le hábhar príomhúil agus geilleagar níos ciorclaí a bhaint amach.

Tuairiscítear úsáid chiorclach na n-ábhar (U) mar an méid dramhaíola a athchúrsáiltear i ngléasraí aisghabhála intíre agus dá bhrí sin is féidir é a thomhas go díreach tríd an bPlean seo. Méadóidh athchúrsáil mhéadaithe an CMU go díreach.

Tomhaistear an úsáid fhoriomlán ábhair tríd an tomhaltas ábhar intíre (DMC – féach an bosca téacs ar leathanach 35) agus úsáid chiorclach na n-ábhar (U) a chur le chéile. Sainmhínítear DMC mar chainníocht bhliantúil na n-amhábhar a bhaintear móide na hallmhairí fisiceacha go léir, lúide na honnmhairí fisiceacha go léir. De ghnáth, léirítear é sin trí cheithre earnáil, eadhon bithmhais (lena n-áirítear barra talmhaíochta), mianta miotail (i.e. mianadóireacht), mianraí neamh-mhiotalacha (lena n-áirítear ábhair thógála) agus ábhair/iompróirí fuinnimh iontaise (móin, gás nádúrtha, etc.). Trí chosc a chur ar an ngá atá le hábhair thánaisteacha agus/nó ábhair thánaisteacha a chur in ionad ábhair phríomha, laghdófar an DMC agus, dá bhrí sin, méadófar an CMU.

Bíodh is go bhfuil siad ar leithligh ón earnáil dramhaíola, beidh ar na hearnálacha thuasluaite idirchaidreamh a dhéanamh leis an earnáil dramhaíola chun réitigh a fhorbairt a tháirgfidh ábhair thánaisteacha chuí lena n-úsáid chun an CMU a mhéadú. Tá scóip theoranta ag an bPlean seo chun an DMC a laghdú ó na hearnálacha sin, agus éileoidh an laghdú riachtanach DMC sna réimsí seo go nglacfar sprioc náisiúnta isteach i bplean ciorclach náisiúnta níos leithne ar nós an CES a ndéanfar athbhreithniú air in 2024.

Ceanglaítear le hAlt 7(6) den Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 go ndéanfar athbhreithniú ar CES chun spriocanna a leagan amach do roinnt earnálacha den gheilleagar, lena n-áirítear tógáil, talmhaíocht, miondíol, pacáistiú, teicstílí, agus trealamh leictreonach. Áireofar ar na spriocanna sin laghduithe ar thomhaltas acmhainní ábhartha agus úsáid ábhar nach bhfuil in-athchúrsáilte.

In 2021 tuairiscíodh CMU na hÉireann ag 2%, i gcomparáid le meán AE de 11.7% mar a léirítear i bh**Fíor 3.5**. Léiríonn an figiúr go bhfuil Éire ar cheann de na Ballstáit is ísle i measc 27 Ballstát an AE maidir le ráta úsáide ábhair chiorclaigh.

Déantar achoimre sa chairt Sankey, a thaispeántar i bh**Fíor 3.6**, ar shreafaí agus úsáid ábhair na hÉireann sa gheilleagar in 2021, agus an chúis ba mhó ann acmhainní nádúrtha a bhaint (88 milliún tonna). Bíodh is nach léirítear san fhíor é, tugann Eurostat dá aire gurb ionann baint ábhar neamh-mhiotalach agus 48% de bhaint acmhainní nádúrtha, leis an gcuid is mó d'amhábhair in úsáid ag an tionscal tógála. I measc na n-acmhainní nádúrtha eile a bhaintear tá bithmhais (36%), breosla iontaise (10%) agus mianadóireacht (6%). Tá tionchar ard ag gníomhaíochtaí bainte i dtéarmaí astaíochtaí GCT agus tacóidh ciorclaíocht na n-ábhar atá ag méadú le straitéisí laghdaithe astaíochtaí agus margaí ábhair thánaistigh.

I gcomparáid leis sin, níor athchúrsáladh ach aon mhilliún tona ábhair in 2021, rud a leagann béim ar an ngá atá le hathchúrsáil a mhéadú agus tomhaltas ábhair a laghdú chun an ráta ciorclaíochta náisiúnta a mhéadú.




Fíor 3.5: Ráta Úsáide Ábhar Ciorclach na hÉireann agus Ballstáit eile 2021 (foinse: EuroStat)




Fíor 3.6: Sreabhadh Ábhair na hÉireann 2021 (Aonad – Míle Tonna) (foinse: EuroStat)

## 3.3.4 Íogaireacht Chomhshaoil

Tá an Plean feasach ar íogaireacht na timpeallachta glactha agus ar an bhféidearthacht go mbeadh tionchar ag beartais agus gníomhartha an Phlean ar an gcomhshaol. Nuair a shainaithnítear an fhéidearthacht maidir le drochthionchair ar an gcomhshaol, sonraíodh sraith de bhearta maolaithe MSC agus AA a ionchorpraítear sa Phlean seo (féach **Aguisín 12 d'Imleabhar IV (Doiciméadú Tacaíochta**) leis na leibhéil chosanta is airde don chomhshaol a chinntiú.

Tá sé seo ábhartha go háirithe do bheartais a bhfuil gné spásúil acu ina bhféadfaí tionchair logánaithe a shainaithint le go ndéanfar maolú. Chun bonn eolais a chur faoi na hanailísí seo, baineadh úsáid as mapáil íogaireachta comhshaoil agus léirítear sampla de mhapáil den sórt sin, a thaispeánann gach láithreán éiceolaíoch atá faoi chosaint na hEorpa agus faoi chosaint Náisiúnta, i bh**Fíor 3.7**.

Leagann an fhíor béim ar dhlús agus ar chlúdach na láithreán atá faoi chosaint éiceolaíoch in iarthar na tíre a léiríonn na híogaireachtaí arda sna ceantair sin. Go háirithe, taispeánann an chuid thiar de Réigiúin Chonnacht-Uladh agus réigiún an Deiscirt clúdach ard de láithreáin chosanta i gcoibhneas leis an gcuid eile den tír.

Tá riosca drochthionchair, agus acmhainneacht forbartha dá réir sin, do ghníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola sna ceantair sin faoi réir na srianta sin. Mar chomparáid, tá dlús íseal de láithreáin chosanta den sórt sin in oirthear na tíre cé is moite de limistéir níos mó amhail Sléibhte Chill Mhantáin agus Sliabh Bladhma chomh maith le roinnt láithreáin chósta agus dá bhrí sin tá riosca tionchair níos ísle i gcoitinne ag baint leo maidir le forbairt.




Fíor 3.7: Limistéir Íogair Comhshaoil agus Limistéir faoi Chosaint in Éirinn

## Príomhdhúshláin a eascraíonn as Cuid A:

## Na Rialacha

Aithnítear in **Imleabhar I, Cuid A** raon dúshlán nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa fhreagairt bheartais agus ghníomhaíochta a léirítear in **Imleabhar II** den Phlean seo agus na príomhdhúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu mar a liostaítear mar seo a leanas:

- Tá athrú suntasach tagtha ar thírdhreach beartais an Phlean seo ó 2015 agus ní mór go mbeadh an tsolúbthacht ag an bPlean seo freagairt don bhonn beartais ciorclach agus aeráide seo atá ag teacht chun cinn.
- Ní mór don Phlean a bheith ag comhtháthú leis an treo beartais níos leithne ciorclach (Clár an Gheilleagair Chiorclaigh agus Straitéis an Gheilleagair Chiorclaigh) agus dramhaíola (Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach agus Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí) lena chinntiú go bhfuil gach beartas agus gníomh a thagann chun cinn ailínithe go cuí le beartas náisiúnta eile.
- Éilíonn an Uasteorainn Astaíochtaí Earnála atá socraithe d'Earnáil an Gheilleagair Chiorclaigh faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide athrú práinneach agus suntasach ó mhúnlaí traidisiúnta go geilleagar ciorclach chun astaíochtaí ó dhramhaíl a laghdú agus athúsáid, deisiú agus athchúrsáil a chur chun cinn.
- Tuairiscíodh Ráta Ciorclaíochta na hÉireann (CMU) ag 2% i gcomparáid le meán an AE de 11.7% agus ní mór don Phlean seo tacú le freagairt náisiúnta ar thomhaltas a laghdú agus athchúrsáil agus úsáid ábhar tánaisteach a mhéadú.
- Éilíonn an Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach go n-áireofaí sa Phlean seo spriocanna maidir le hathúsáid, deisiú, ídiú acmhainní agus laghdú ar éilliú. Ina theannta sin, ceanglaítear le hAlt 24 den Acht um an nGeilleagar Ciorclach 2022 go n-áireofaí sa Phlean seo spriocanna maidir le 'táirgí agus ábhair a athúsáid, a athmhonarú nó a dheisiú, nó aon mheascán díobh sin a úsáid'.
- Is dúshlán mór ar fad é táirgeadh dramhaíola ó fhás daonra agus gníomhaíocht eacnamaíoch a dhícheangal agus ní mór go n-áireofaí sa Phlean seo na bearta cuí chun díriú ar athrú iompraíochta agus ar chomhlíonadh forfheidhmithe chun srian a chur ar thomhaltas agus táirgeadh dramhaíola a laghdú.
- Is gnéithe bunúsacha de bheartas an AE iad sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint agus ní mór don Phlean seo a chinntiú go bhfuil na cosaintí sin leabaithe go cuí ag aon bheartais nó gníomhaíochtaí atá beartaithe.



# CUID B:
# AN TÍRDHREACH

# 4 SRUTHANNA ÁBHAIR

Sa chaibidil seo tugtar achoimre ar gach sruth ábhair a bhaineann leis an bPlean chun bonn eolais a chur faoi shocrú beartais in **Imleabhar II**. I gcás gach srutha, cuirtear méideanna táirgthe 2019 ar fáil mar aon le sonraí maidir le bealaí bailithe agus cóireála, fórsaí margaidh atá ann cheana agus beartas agus spriocanna an Aontais Eorpaigh amach anseo/ar feitheamh. Bíodh is go bhfuil sonraí do 2020 agus 2021 ar fáil, d'fhéadfadh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag paindéim Covid-19 ar rátaí táirgthe a bheith suntasach agus ní mheastar go bhfuil sonraí ó 2020 agus 2021, cé go dtuairiscíodh iad, ionadaíoch go hiomlán ar an mbunlíne. Chuige sin, úsáidtear sonraí 2019 chun an bhunlíne bhailí don Phlean seo a bhunú mura sonraítear a mhalairt.

## 4.1 EARNÁIL AN GHEILLEAGAIR CHIORCLAIGH

Bíodh is nach bhfuil an earnáil ach ina tús, tá earnáil an gheilleagair chiorclaigh ag fás in Éirinn agus tá roinnt clár agus tionscadal forbartha ó foilsíodh an RWMP in 2015, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:

- Bunaíodh an **Scéim Deontas Nuálaíochta ar mhaithe leis an nGeilleagar Ciorclach (SDNGC)** ag an rialtas mar phríomhthacaíocht don nuálaíocht sa gheilleagar ciorclach. Tá an scéim oscailte d'fhiontair shóisialta, d'eagraíochtaí deonacha agus pobail agus do ghnólachtaí a bhfuil níos lú ná 50 fostaí acu. I mí na Samhna 2021, d'fhógair an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maoiniú €490,000 do dheich dtionscadal ar fud na hÉireann i réimsí amhail faisean inbhuanaithe, plaistigh mhuirí, pacáistiú bia in-athúsáidte agus tógáil..

- Is é **CIRCULÉIRE** an chéad líonra nuálaíochta trasearnála tionscaltreoraithe in Éirinn atá tiomanta don gheilleagar ciorclach carbóin glan-nialasach in Éirinn a bhrostú. Is comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach €4.5 milliún í a chomhchruthaigh Taighde Déantúsaíochta na hÉireann agus trí chomhpháirtí straitéiseacha; an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), Pobal Eolais agus Nuálaíochta - Aeráid (PEN) chomh maith le 25 ball bunaidh den tionscal. Is é an cuspóir uileghabhálach ná córais déantúsaíochta chiorclacha, slabhraí soláthair agus samhlacha ciorclacha gnó a fhoinsiú, a thástáil, a mhaoiniú agus a mhéadú chun laghduithe suntasacha a thabhairt i gcrích ar astaíochtaí $CO_2$ agus ar dhramhaíl araon.

- Is é **Líonra Acmhainní Pobal Éireann**[56] **(CRNI)** an comhlacht ionadaíoch uile-oileáin d'eagraíochtaí pobalbhunaithe um athúsáid, athchúrsáil agus cosc dramhaíola. In 2021, d'athúsáid baill CRNI 12,441 tonna, dheisigh siad 54 tonna agus rinne siad 10,195 tonna d'ábhar a atreoraíodh ón gcóras dramhaíola a athchúrsáil. Tuairiscíonn CRNI gur shábháil sé sin 171,238 tonna d'astaíochtaí carbóin. Leagann na gníomhaíochtaí béim ar chomhthairbhí suntasacha don aeráid agus do dhramhaíl trí chur chuige ciorclach a ghlacadh i leith bainistiú ábhair.

- D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil **Soláthar Poiblí Glas (SPG) – Treoir don Earnáil Phoiblí**[57] in 2021 chun tacú le cleachtais inbhuanaithe agus ghlasa a chur san áireamh i nósanna imeachta soláthair na hearnála poiblí. Tá gealltanas tugtha ag Éirinn SPG a chur i bhfeidhm i ngach tairiscint a úsáideann cistí poiblí faoi 2023. Tá critéir SPG na hÉireann ag gabháil leis an Treoir do na deich n-earnáil tosaíochta a forbraíodh, bunaithe ar chritéir choiteanna AE, le hoiriúnuithe chun margadh agus cleachtais soláthair na hÉireann a léiriú. Mar shampla, i gcás seirbhísí lónadóireachta tá cosc ar dhramhbhia, cosc ginearálta ar dhramhaíl, athchúrsáil agus dramhaíl iarmharach agus diúscairt dramhaíola bia i measc cuid de chritéir theicniúla an SPG a bhfuil machnamh le déanamh orthu.

---

56 Nasc: https://crni.ie/
57 Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/green-public-procurement-guidance.php

- Sheol an RWMPO an **Clár Oiliúna MODOS le haghaidh Todhchaí Inbhuanaithe**[58] chun uasoiliúint a dhéanamh ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh.
- Is ardán digiteach é an **Construction Material Exchange Platform (CMEx)**[59] d'eagraíochtaí chun ábhair tógála bhreise nó ábhair dramhaíola in-athúsáidte a thrádáil ó thionscadail agus an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach, a sheol Comhairle Foirgneamh Glas na hÉireann i mí na Nollag 2022, a bhrostú.
- Ceanglaítear le hAirteagal 9(4) den WFD ar na Ballstáit faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme beart athúsáide trí athúsáid a thomhas trí mhodheolaíocht choiteann. Léiríonn **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/19**[60] an mhodheolaíocht choiteann seo chomh maith le formáid chun gníomhaíochtaí athúsáide a thuairisciú don Choimisiún. Liostaítear na catagóirí táirgí a shonraítear sa mhodheolaíocht mar chatagóirí atá oiriúnach chun athúsáid a thomhas mar seo a leanas:
  - Teicstílí;
  - Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach;
  - Troscán;
  - Ábhar agus Táirgí Tógála; agus
  - Táirgí eile ar glacadh bearta ina leith.
- In 2023, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an chéad sraith de **staitisticí náisiúnta athúsáide** d'Éirinn agus thuairiscigh sí gurb é 10.6kg an meánráta bliantúil athúsáide in aghaidh an duine in Éirinn in 2021[61]. Fuarthas sonraí cainníochtúla maidir le rátaí agus gníomhaíocht athúsáide trí shuirbhé ar líne ar shampla ionadaíoch de dhaonra na hÉireann.
- Fuarthas i sonraí 2021 gur ceannaíodh nó gur malartaíodh thart ar **54,800 tonna** de tháirgí athláimhe in Éirinn. B'ionann teicstílí agus 73% de na ceannacháin/malartuithe athláimhe go léir, agus athúsáideadh thart ar 11.4 milliún mír d'earraí éadaí athláimhe in Éirinn in 2021. B'ionann Trealamh Leictreach agus Leictreonach (TLL) agus an athúsáid is mó in aghaidh an mheáchain ag thart ar 16,800 tonna. Áirítear leis sin gléasanna beaga leictreonacha tomhaltóra, trealamh ríomhaireachta pearsanta agus fearais bhaile.

Tá **Imleabhar II** (trí Réimse Fócais 12) agus **Imleabhar III** dírithe ar bhunú earnáil an gheilleagair chiorclaigh in Éirinn a bhrostú.

## 4.2 DRAMHAÍL BHARDASACH

Bíonn dramhaíl bhardasach cosúil ó thaobh cineáil agus comhdhéanaimh de le dramhaíl a tháirgeann teaghlaigh. Áirítear le dramhaíl bhardasach tháirgthe iomlán an dramhaíl a tháirgtear trí ghníomhaíochtaí tráchtála agus teaghlaigh. Soláthraíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil sonraí do na sruthanna dramhaíola seo a leanas ó fhoinsí tráchtála agus teaghlaigh:

- Dramhaíl Iarmharach (araid dhubh), e.g., dramhaíl nach féidir a athchúrsáil;
- Dramhaíl In-athchúrsáilte (i.e. araid ghlas), e.g., gloine, plaisteach, páipéar agus cairtchlár, miotail;
- Dramhaíl Orgánach (i.e. araid athchúrsála bia), e.g., dramhbhia agus dramhaíl ghairdín;
- Dramhaíl théagartha, e.g., dramhaíl nach féidir a chur in araid rothaí amhail troscán briste, cairpéid, bréagáin etc.; agus
- Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) a dtugtar aghaidh air tuilleadh i **Rannán 4.7**.

In 2019, tháirg Éire (dramhaíl bhainistithe agus neamhbhainistithe) 3,085,652 tonna de dhramhaíl bhardasach (méadú 6% ó 2018) le 48% táirgthe ag an earnáil tráchtála agus 52% a tháirgeann teaghlaigh. In 2020, tháirg Éire 3,210,220 tonna de dhramhaíl bhardasach (méadú 4%) agus bhí 57% ó theaghlaigh agus 43% ó fhoinsí tráchtála agus seirbhíse poiblí (is dócha go raibh tionchar ag srianta phaindéim Covid-19 ar an éagsúlacht sin idir an sciar tráchtála/teaghlaigh in 2020).

In 2021, tháirg Éire 3,170,388 tona de dhramhaíl bhardasach[62] ar laghdú 1% é ó 2020 agus léirigh sé scoilt chomhchosúil de 57% ó theaghlaigh agus 43% ó fhoinsí tráchtála agus seirbhíse poiblí. Tugann na sonraí le fios gurbh ionann sciar teaghlaigh/tráchtála a sonraíodh in 2020 i rith phaindéim Covid-19 agus an méid chéanna in 2021 agus go bhféadfadh sé treocht níos fadtéarmaí a léiriú trína mbíonn sciar níos airde do theaghlaigh i gcomparáid le dramhaíl tráchtála mar thoradh ar níos mó cleachtais oibre cumaisc.

[58] Nasc: https://www.localenterprise.ie/DublinCity/Training-Events/Management-Development/Modos-Circular-Economy-Dublin-Training-Programme-2022.html
[59] Nasc: https://www.igbc.ie/events/construction-material-exchange-platform-public-launch/
[60] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32021D0019
[61] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/reuse/
[62] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/municipal/




Fíor 4.1: Dramhaíl Tráchtála Iomlán a Táirgeadh i gcoinne OIN (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

Soláthraíonn na rannáin seo a leanas anailís níos mionsonraithe ar na hearnálacha tráchtála bardasacha agus teaghlaigh chomh maith le forbairt na gconairí cóireála do dhramhaíl bhardasach le blianta beaga anuas.

### 4.2.1 Dramhaíl Tráchtála

Tháirg an earnáil tráchtála 48% den dramhaíl bhardasach go léir in Éirinn in 2019, arbh ionann í agus 1,466,550 tonna. Laghdaigh sé sin go 1,380,395 tonna in 2020 i gcás inar dócha go raibh tionchar ag srianta obair ón mbaile ar an staitisticí maidir le táirgeadh dramhaíola tráchtála. In 2021, laghdaigh táirgeadh dramhaíola tráchtála 1% eile go 1,365,835 tonna a thugann le tuiscint go bhféadfadh na laghduithe in 2020 a bheith ina gcomhartha de threocht níos fadtéarmaí i dtáirgeadh dramhaíola tráchtála a laghdú mar thoradh ar chleachtais oibre cumaisc mhéadaithe i roinnt earnálacha. Déantar dramhaíl tráchtála a ghabháil den chuid is mó trí úsáid a bhaint as bailiú cois cosáin de dhramhaíl iarmharach, dramhaíl in-athchúrsáilte, agus dramhaíl orgánach.

Léiríonn **Fíor 4.1** méideanna dramhaíola tráchtála a táirgeadh ó 2007 go 2021. Léiríonn na sonraí go bhfuil an ráta táirgthe bliantúil ag méadú go seasta ó 2012 a fhad le tionchar Covid-19 in 2020 agus 2021. Taispeánann an graf freisin an tOllioncam Náisiúnta (OIN) modhnaithe bliantúil sa tréimhse chéanna. Léiríonn an graf go leanann an ráta táirgthe dramhaíola tráchtála an táscaire eacnamaíoch seo go dtí 2020 den chuid is mó, rud a thugann le tuiscint go bhfuil méadú tagtha ar tháirgeadh dramhaíola mar thoradh ar shaibhreas eacnamaíoch méadaithe. Is príomhdhúshlán don earnáil é an treocht sin a athrú agus cé gur sonraíodh dícheangal go pointe in 2021, níl sé soiléir an bhfuil sé seo mar thoradh díreach ar chleachtais oibre tráchtála mhodhnaithe mar a luaitear thuas.

Déantar achoimre ar shuirbhé ar shaintréithiú dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2022 ar dhramhaíl tráchtála[63] i bh**Fíor 4.2**. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, cé go bhfuil feabhas tagtha ar leithscaradh le blianta beaga anuas, go bhféadfaí 74% d'ábhar san araid iarmharach tráchtála a atreorú chuig an araid athchúrsála tirime measctha (37%), chuig an araid athchúrsála dramhbhia (32%) nó go bhféadfaí é a thabhairt chuig Ionad Fóntas Poiblí (5%). Sonraítear, áfach, nach bhfuil rochtain ag gach áitreabh tráchtála ar chóras 3 araide, nó nach bhfuil córas 3 araide á úsáid acu. Tá rolladh amach iomlán

[63] Nasc: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/whats-in-our-bins-top-sheet.php




Fíor 4.2: Torthaí Shuirbhéanna 2022 ar Shaintréithiú Dramhaíola Tráchtála (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

araid athchúrsála dramhbhia mar aon le feasacht agus forfheidhmiú méadaithe ag teastáil chun feabhas a chur ar ghabháil agus ar leithscaradh sa chóras bailithe dramhaíola tráchtála. Léirítear rátaí táirgthe réamh-mheasta de dhramhaíl sholadach bhardasach tráchtála amach anseo i **Rannán 6.1** den imleabhar seo bunaithe ar na spreagthaí aitheanta le haghaidh táirgeadh.

Tá gá le cleachtais fheabhsaithe i measc tairgeoirí dramhaíola tráchtála a dhéantar trí athrú iompraíochta chun leithscaradh dramhaíola foinse a fheabhsú agus rátaí athchúrsála a mhéadú. Molann an WAPCE gníomhaíochtaí ardaithe feasachta agus forfheidhmithe a éilíonn araidí dramhaíola leithscartha agus comhlíonadh méadaithe leis an gcóras bailithe dramhaíola tráchtála.

Foilsíodh rialacháin chun córas éigeantach leithscartha agus táillí dramhaíola dreasaithe le haghaidh oibreoirí tráchtála i mí an Mhárta 2023[64] agus tháinig siad i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2023.

Cuimsíonn Réimse Fócais 1 in **Imleabhar II** sraith beartas spriocdhírithe agus gníomh tosaíochta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna dramhaíola tráchtála.

### 4.2.2 Dramhaíl Teaghlaigh

Thuairiscigh sonraí Dhaonáireamh na Príomh-Oifige Staidrimh 2016 gurb ionann an stoc iomlán tithíochta (lena n-áirítear árasáin) in Éirinn agus 2,003,645 réadmhaoin. Tugann staitisticí ráithiúla nua teaghaise a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh le fios go bhfuil méadú 95,308 réadmhaoin eile tagtha air sin, san idirlinn, go stoc tithíochta reatha de 2,098,953 réadmhaoin. Tugann sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh le fios gur árasáin iad thart ar 12.2% de na réadmhaoine agus tithe atá sa sciar atá fágtha.

Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur tháirg teaghlaigh na hÉireann 1,619,102 tonna de dhramhaíl teaghlaigh in 2019 (dramhaíl bhainistithe agus neamhbhainistithe). Áirítear leis sin dramhaíl ó bhailiú na dramhaíola iarmharaí cois cosáin (40%), dramhaíl in-athchúrsáilte (16%) agus dramhaíl dramhbhia (10%) chomh maith le dramhaíl a bhailítear ag ionaid fóntas poiblí (CAS), ionaid fág anseo agus dlúthóirí íoc le húsáid (PTU) (33%).

Tugann sonraí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le fios go ndéantar 97% de dhramhaíl teaghlaigh a bhainistiú agus go mbíonn an 3% eile gan bhainistíocht (e.g., dumpáilte go mídhleathach nó dó clóis etc.).

[64] I.R. Uimh. 104 de 2023 Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe) (Leasú) (Uimh. 2) 2023




Fíor 4.3: Dramhaíl Iomlán Teaghlaigh Táirgthe i gcoinne Daonra (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Phríomh-Oifig Staidrimh)

Tabhair faoi deara go léiríonn sonraí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur mhéadaigh dramhaíl bhardasach teaghlaigh go 1.89 milliún tonna in 2020 (méadú 18% ó 2019) ach is féidir nach ionann é sin agus treocht nádúrtha toisc go ndeir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur dócha go bhfuil baint aige sin le hathrú ar iompraíochtaí sealbhóirí teaghlaigh de bharr phaindéim Covid-19. Maidir le 2021, tháinig laghdú 3% go 1.84 milliún tonna ar dhramhaíl bhardasach teaghlaigh (bainistithe agus neamhbhainistithe)[65]. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur dócha gur mar gheall ar iompar sealbhóirí teaghlaigh i rith phaindéim Covid-19 atá na leibhéil arda leanúnacha dramhaíola teaghlaigh a táirgeadh in 2021 (i gcoibhneas le leibhéil réamhphaindéime) mar a bhí in 2020.

Léiríonn **Fíor 4.3** an dramhaíl iomlán teaghlaigh a bainistíodh ó 2010 i leith i gcoibhneas le daonra réamh-mheasta agus tomhaiste na Príomh-Oifige Staidrimh. Taispeánann na torthaí treocht mhéadaitheach i dtáirgeadh dramhaíola teaghlaigh le deich mbliana anuas atá ag teacht le daonra atá ag fás. Is beag éagsúlacht a léirigh an ráta táirgthe dramhaíola in imeacht 10 mbliana ag seasamh ag 318 kg in aghaidh an duine in 2010 agus 320 kg in aghaidh an duine in 2019. Cé gur mhéadaigh an ráta táirgthe go 362 kg in aghaidh an duine in 2020 agus 361 kg in aghaidh an duine in 2021, mar a tugadh faoi deara, is dócha gur aimhrialtacht iad na blianta sin mar gheall ar iompraíochtaí athraitheacha agus paindéim Covid-19.

Léiríonn na sonraí nach ndearnadh aon dícheangal fiúntach ar tháirgeadh dramhaíola teaghlaigh ó fhás an daonra sa tréimhse seo. Mar a luadh i **Rannán 3.3.2**, léiríonn an Phríomh-Oifig Staidrimh méadú 24% ar mheántuilleamh seachtainiúil agus tomhaltas pearsanta ina dhiaidh sin ó 2015 i leith arb iad, nuair a chuirtear le fás daonra iad, na príomhspreagthaí sa treocht seo maidir le táirgeadh dramhaíola.

I mí na Samhna 2021, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh tuarascáil ar iompraíochtaí comhshaoil teaghlaigh[66] bunaithe ar mhéid samplach 25,000 teaghlach, a rinne anailís ar iompraíochtaí maidir le dramhaíl teaghlaigh a bhainistiú. I measc cuid de na príomhphointí a tugadh faoi deara ón suirbhé tá an méid seo a leanas:

- Tá córas bailithe araide rothaí ag thart ar 80% de na teaghlaigh a d'fhreagair an suirbhé, a úsáidtear le haghaidh dramhaíl in-athchúrsáilte agus dramhaíl nach bhfuil in-athchúrsáilte;
- D'úsáid 64% de theaghlaigh uirbeacha araid athchúrsála dramhbhia, i gcomparáid le 24% de theaghlaigh thuaithe le haghaidh dramhbhia;
- Ba mhó an seans go ndiúscródh teaghlaigh thuaithe dramhbhia san araid dramhaíola

[65] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/household/
[66] Nasc: https://www.cso.ie/en/statistics/environmentstatistics/householdenvironmentalbehaviours/

ginearálta (34% i gcomparáid le 25% de theaghlaigh uirbeacha);

- Ba mhó an seans go ndéanfadh teaghlaigh thuaithe dramhbhia a mhúiríniú sa bhaile (29% i gcomparáid le 10% i suíomhanna uirbeacha) nó dramhbhia a úsáid mar bheatha ainmhithe (28% i gcomparáid le 6% de theaghlaigh uirbeacha);
- Déanann 69% de theaghlaigh thuaithe múiríniú ar dhramhaíl ghairdín sa bhaile, i gcomparáid le 22% de theaghlaigh uirbeacha; agus
- Cuireann 52% de theaghlaigh uirbeacha dramhaíl ghairdín san araid athchúrsála dramhbhia, i gcomparáid le 10% de theaghlaigh thuaithe.

In 2022, thug an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi mhórstaidéar ar shaintréithiú dramhaíola ar araidí dramhaíola teaghlaigh[67] agus déantar achoimre ar thorthaí an staidéir sin i bh**Fíor 4.4**. Taispeánann an fhíor na codáin dramhaíola a d'aithin an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i sampla d'araidí teaghlaigh cois cosáin. Nochtann an staidéar go bhfuil céatadán suntasach (47%) de dhramhaíl teaghlaigh cois cosáin á cur san araid mhícheart. Is dramhaíl iad na hábhair nach spriocábhair iad ar chóir iad a leithscaradh in araidí éagsúla nó a thabhairt chuig ionaid fág anseo.

Tá an cion is airde (64%) d'ábhair nach spriocábhair iad san araid iarmharach teaghlaigh. Ba cheart na hábhair nach spriocábhair iad, mar shampla dramhbhia, roinnt plaistigh neamh-éillithe, páipéir, miotail, agus cairtchláir, a chur san araid athchúrsála tirime measctha nó san araid athchúrsála dramhbhia nó a thabhairt chuig ionaid fág anseo shonraithe. Tá acmhainneacht chiorclach ard ag na hábhair seo má bhailítear agus má leithscartar iad lena n-athchúrsáil, rud nach bhfuil á fhíorú faoi láthair mar go bhfuil na hábhair seo á gcóireáil trí athshlánú teirmeach nó trí líonadh talún tríd an araid iarmharach. Is é an treocht ná go bhfuil ábhair nach spriocábhair iad san araid iarmharach ag méadú.

Tá 36% d'ábhair nach spriocábhair iad san araid athchúrsála tirime measctha, lena n-áirítear cairtchlár nach bhfuil in-athchúrsáilte, teicstílí, dramhaíl orgánach, páipéar, mínbhrus (an codán < 20mm), agus gloine. D'fhéadfadh na hábhair nach spriocábhair iad an acmhainn athchúrsála tirime measctha a éilliú, rud a laghdódh an fhéidearthacht go ndéanfaí an t-ábhar sin a athchúrsáil.

Tá feabhas tagtha ar an araid athchúrsála dramhbhia agus tá laghdú tagtha ar ábhair nach spriocábhair iad ó 2018 (8%) go 2022 (5%). Is féidir le leibhéil ísle fiú d'ábhair nach bhfuil inmhúirínithe amhail plaisteach, cadhnraí, agus gloine drochthionchar a imirt ar chiorclaíocht an tsrutha seo trí chur isteach ar oibriú saoráidí bithgháis agus múirínithe agus caighdeán na dtáirgí a laghdú.

Maidir le dramhaíl a bhailítear ó árasáin go háirithe, tá líon suntasach teaghlach (árasán) fós ann atá gan an 3ú haraid le haghaidh bithdhramhaíola, in ainneoin formhór na dteaghlach sin a bheith suite laistigh de limistéar ina bhfuil ceirtleán de >500 duine. Ciallaíonn sé sin, gan bailiúcháin ar leith le haghaidh bithdhramhaíola a bheith ag tarlú, gurb í an araid iarmharach an réamhshocrú don ábhar sin (cé go bhfuil bithdhramhaíl á cur san araid in-athchúrsáilte freisin, ach go bhfuil sin ag tarlú ag leibhéal i bhfad níos ísle). Dá bhrí sin, níl tonnáiste an




Fíor 4.4: Torthaí Shuirbhéanna 2022 ar Shaintréithiú Dramhaíola Teaghlaigh (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

[67] Nasc: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/2022-household-municipal-waste-characterisation-report.php

ábhair faoi seach sin á ngabháil lena n-athchúrsáil. Is dúshlán práinneach é sin i bhfianaise spriocanna athchúrsála an AE chomh maith leis an gceanglas ar Éirinn bailiú ar leith do gach bithdhramhaíl a chur i bhfeidhm ón 31 Nollaig 2023 i gcomhréir leis an WFD athbhreithnithe.

Ina theannta sin, tá dúshláin shuntasacha ann freisin maidir le leithscaradh earraí in-athchúrsáilte in árasáin go háirithe. Fuarthas amach i staidéar 2022 ar Shaintréithriú Dramhaíola Teaghlaigh go raibh cion bithdhramhaíola (bia) i bhfad níos suntasaí sna haraidí iarmharacha árasáin (41%) ná sna haraidí iarmharacha teaghlaigh (14%). Bhí bithdhramhaíl i bhfad níos forleithne freisin san araid athchúrsála tirime measctha árasán (13%) ná i dtithe (4%).

Meastar gur fachtóir suntasach a chuireann leis an difríocht sin an struchtúr táillí le haghaidh bailiú dramhaíola teaghlaigh do chónaitheoirí árasán. Tá na costais sin ceangailte leis an táille fhoriomlán nach mór do gach teaghlach a íoc lena gCuideachta Bhainistíochta, lena n-áirítear raon leathan seirbhísí, lena n-áirítear tírdhreachtú, soilsiú, cothabháil ardaitheoirí, glanadh, agus spásanna poiblí inmheánacha a chothabháil, etc. De ghnáth ní bhíonn tuiscint ag áitritheoir an árasáin ar an difríocht i muirir atá á gcur i bhfeidhm ar na haraidí éagsúla agus dá bhrí sin ní bhíonn aon spreagadh aige leithscaradh a dhéanamh dá réir sin. Ina theannta sin, roinneann cónaitheoirí árasán araidí le comharsana (araidí rothaí 1100L de ghnáth) agus má tá na comharsana ag feidhmiú go dona, tá tionchar foriomlán aige seo ar cháilíocht an ábhair san araid agus is féidir leis sin cónaitheoirí árasán a dhíspreagadh a thuilleadh.

Is iondúil go seoltar dramhaíl iarmharach teaghlaigh chuig saoráidí aisghabhála teirmeacha (dramhaíl go fuinneamh) agus seoltar cainníochtaí níos lú lena ndiúscairt ag ceann de na trí líonadh talún dramhaíola neamhghuaiseacha atá fágtha. Áiríodh sa mhéid a fuarthas sa suirbhé ar araid iarmharach raon acmhainní luachmhara a bhfuil acmhainneacht gheilleagair chiorclaigh acu amhail plaistigh (17%), dramhaíl orgánach (17%), páipéar/cairtchlár (8%) agus teicstílí (9%) arb ionann é agus 51% de na dramhaíl go léir laistigh den araid iarmharach. Níl sé inbhuanaithe na hacmhainní luachmhara seo a sheoladh lena ngabháil nó lena ndiúscairt agus léiríonn sé go bhfuil géarghá le hiompraíochtaí teaghlach a fheabhsú chun foinse leithscartha níos fearr a chumasú.

De ghnáth, déantar earraí measctha tirime in-athchúrsáilte (MDR) a réamhchóireáil ag saoráidí in Éirinn a dhéanann na hábhair seo a shórtáil, a leithscaradh agus a chur le chéile lena n-onnmhairiú agus lena n-athchúrsáil thar lear go príomha. Déantar ábhar na haraide athchúrsála dramhbhia a athchúrsáil trí úsáid a bhaint as réitigh cóireála bitheolaíocha (amhail múiríniú nó díleá anaeróbach) a tháirgeann múirín nó bithghás. Léirítear tuilleadh sonraí go sonrach maidir le dramhbhia i **Rannán 4.3**.

Léiríonn sonraí dramhaíola teaghlaigh gurb iad iompar feabhsaithe agus dícheangal táirgthe dramhaíola ó fhás agus saibhreas an daonra na príomhfhachtóirí i mbainistiú an tsrutha dramhaíola seo agus tá géarghá le tuilleadh idirghabhálacha agus idirghabhálacha níos láidre sa réimse seo. Léirítear rátaí táirgthe réamh-mheasta dramhaíola teaghlaigh i **Rannán 6.1** den imleabhar seo bunaithe ar na spreagthaí aitheanta le haghaidh táirgeadh.

Cuimsíonn Réimse Fócais 2 in **Imleabhar II** sraith beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta chun táirgeadh dramhaíola a mhaolú agus leithscaradh teaghlaigh a fheabhsú.

### 4.2.3 Cóireáil ar Dhramhaíl Bhardasach

Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur cóireáladh dramhaíl bhardasach den chuid is mó in 2021 trí aisghabháil fuinnimh (41%), athchúrsáil (41%) agus líonadh talún (16%) agus gur dramhaíl neamhbhainistithe an 1% deiridh (féach **Rannán 4.11**). Ag 41%, is beag dul chun cinn atá léirithe ag an Stát maidir leis an ráta athchúrsála a mhéadú le deich mbliana anuas. Go náisiúnta, tá laghdú measartha tagtha ar an treocht athchúrsála ó 2009 mar a léirítear i bh**Fíor 4.5**.

Dá bhrí sin, níl sprioc an ráta athchúrsála 50% bainte amach ag an Stát do 2020 agus gan idirghabháil shuntasach agus éifeachtach, ní bhainfear spriocanna 2025 ná 2030, 55% agus 60%, amach ach an oiread.

Déantar achoimre in **Imleabhar III Caibidil 1** ar na hidirghabhálacha atá beartaithe maidir le táirgeadh agus athchúrsáil dramhaíola bardasaí chun an tionchar ar tháirgeadh dramhaíola iarmharaí a bhunú agus chun an gá atá le hacmhainn chóireála a chinneadh.

Leagtar béim sna sonraí cóireála dramhaíola bardasaí do 2021 ar threochtaí eile (liostaithe thíos) nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun tacú le hathchúrsáil níos mó agus ciorclaíocht na n-ábhar:

- Aisghabhadh 43% de dhramhaíl bhardasach bhainistithe trí chóireáil theirmeach. Tá acmhainní in-athúsáidte/in-athchúrsáilte atá á gcailleadh tríd an rogha cóireála seo i ndramhaíl tráchtála agus teaghlaigh iarmharach. Tá leithscaradh níos mó ag teastáil chun na hábhair sin a ghabháil; agus
- Onnmhairíodh 38% de dhramhaíl bhardasach le haghaidh cóireála in 2021. Tá an t-iompar a bhaineann le tonnáiste suntasach dramhaíola ag cur leis an lorg astaíochtaí a ghintear trí chóireáil dramhaíola. Ó thaobh na haeráide de, is fearr réitigh cóireála áitiúla, agus ina dhiaidh sin cinn scríbe idirnáisiúnta atá níos gaire d'Éirinn (i.e. bunaithe san Eoraip) a bhainistíonn dramhaíl de réir na gcaighdeán céanna. Tá an cur chuige sin ailínithe níos fearr le prionsabail bhunaithe an WFD maidir le gaireacht agus neamhthuilleamaíocht. Tá gá le níos mó bonneagair cóireála áitiúla chun dramhaíl a bhainistiú trí athúsáid, ullmhúchán le haghaidh athúsáide, deisiú agus athchúrsála a chabhróidh leis an spleáchas ar mhargaí agus ar chinn scríbe idirnáisiúnta a laghdú.

Tá tuilleadh sonraí faoin mbonneagar dramhaíola atá ann cheana in Éirinn léirithe i g**Caibidil 5** le hanailís ar acmhainn cóireála atá ann cheana agus an gá a d'fhéadfadh a bheith le bearta teagmhasacha chun an sruth dramhaíola seo a bhainistiú.




Fíor 4.5: Athchúrsáil ar Dhramhaíl Bhardasach a Tháirgtear agus Spriocanna AE Amach Anseo (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

## 4.3 DRAMHBHIA

Measann an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach go gcailltear nó go gcuirtear 20% den bhia a tháirgtear san AE amú. Foilsíodh an Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia Bia 2023-2025[68] i mí na Samhna 2022 agus leagtar amach ann gníomhartha chun dramhbhia a laghdú 50% faoi 2030. Maoiníonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl Bia, StopFoodWaste[69], a oibreoidh chun sprioc 2030 a bhaint amach.

In Éirinn, táirgtear dramhbhia[70] trí tháirgeadh príomhúil (i.e., talmhaíocht, iascaigh, etc.), an tionscal próiseála bia, teaghlaigh, an earnáil fáilteachais agus miondíol/dáileadh. In 2021, measann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur tháirg Éire 753,000 tonna de dhramhbhia agus léiríonn **Fíor 4.6** na foinsí éagsúla de tháirgeadh dramhbhia;

- Tháirg táirgeadh príomhúil 53,000 tonna (7% den dramhbhia iomlán) ó ghairneoireacht, torthaí agus glasraí, arb ionann iad agus an codán is mó agus curaíocht, táirgí ainmhithe nach n-úsáidfear mar fheoil agus iascaireacht/dobharshaothrú ina dhiaidh sin;
- Tháirg an earnáil déantúsaíochta agus próiseála bia agus dí in Éirinn 215,000 tonna measta de dhramhbhia (29% den iomlán) in 2021;
- Táirgeadh 221,000 tonna (29%) de dhramhbhia teaghlaigh agus caitheann meánteaghlaigh na hÉireann 120 kg de dhramhbhia amach gach bliain;
- Tháirg an earnáil fáilteachais (óstáin/bialanna) 189,000 tonna de dhramhbhia in 2021 (25%); agus
- Tháirg an earnáil miondíola agus dáileacháin 75,000 tonna dramhaíola in 2021 (10%).

Faoin WFD athbhreithnithe, tá tuairisciú ar dhramhbhia ina chuid éigeantach d'oibleagáidí na hÉireann maidir le Staidreamh Náisiúnta Dramhaíola agus bhí an chéad ghealltanas tuairiscithe ann i mí an Mheithimh 2022 don bhliain tagartha 2020. Tá sé ráite ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil sa CEP go bhfuil tagarmharcanna earnála náisiúnta a fhorbairt do dhramhbhia in earnálacha an tslabhra soláthair agus an fháilteachais ar cheann de na gníomhaíochtaí tosaigh.

Ag féachaint chun cinn, faoin Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc a foilsíodh in 2020 faoin EGD, ghlac an Coimisiún le Sprioc Inbhuanaithe 12.3 de chuid na Náisiún Aontaithe agus socróidh bunlíne (bunaithe ar shonraí na bliana tagartha 2020 a cuireadh i láthair i mí an Mheithimh 2022) agus tabharfaidh sé isteach spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí chun dramhbhia a laghdú ar fud an AE




Fíor 4.6: Foinsí Dramhbhia 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

[68] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/23306-treochlar-naisiunta-na-heireann-um-chosc-ar-dhramhbhia-2023-2025/?
[69] Nasc: https://stopfoodwaste.ie/
[70] An bia go léir mar a shainmhínitear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ndearnadh dramhaíl de.

# SFI12
## TOMHALTAS AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH

### SPRIOC FORBARTHA INBHUANAITHE NA NÁISIÚN AONTAITHE – SPRIOC 12.3

**Faoi 2030, dramhbhia domhanda per capita a laghdú faoin leath ag na leibhéil mhiondíola agus tomhaltóirí agus caillteanais bia a laghdú feadh slabhraí táirgthe agus soláthair, lena n-áirítear caillteanais iarghabhála**

Déantar dramhbhia ó theaghlaigh a ghabháil den chuid is mó trí bhailiú cois cosáin agus mar a thaispeántar i bh**Fíor 4.4,** is ionann dramhaíl orgánach (idir bhia agus ghairdín) agus 93% den araid athchúrsála dramhbhia, 21% den araid iarmharach agus 3% den araid athchúrsála. Léiríonn na torthaí sin cé go bhfuil leithscaradh an tsrutha seo isteach san araid athchúrsála dramhbhia teaghlaigh ag tarlú, tá na haraidí eile éillithe go suntasach fós.

In 2023, bhí araid athchúrsála dramhbhia ag 69% de theaghlaigh[71] agus is é an dúshlán atá ann bailiú an tsrutha dramhaíola seo a leathnú. Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia agus Bithdhramhaíl Teaghlaigh), 2015, tá gach teaghlach atá i gceirtleán daonra >500 duine i dteideal seirbhís Athchúrsála Dramhbhia óna mbailitheoir dramhaíola (clúdaíonn sé seo thart ar 67% den daonra). Baineadh an tairseach sin trí reachtaíocht a cuireadh i bhfeidhm i mí Eanáir 2024 chun rolladh amach níos leithne na haraide doinne chuig pobail a éascú agus ar an gcaoi sin leithscaradh níos mó ar dhramhbhia a chumasú.

Shonraigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil miondealú den chineál céanna sa staidéar ar shaintréithriú ar araidí tráchtála in 2022 inar aimsíodh go bhfuil 31% den dramhaíl san araid dramhaíola iarmharaí tráchtála comhdhéanta de dhramhbhia. Éilíonn na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Bhia) 2009 ar gach mórtháirgeoir dramhbhia araid thiomnaithe a úsáid agus a chinntiú nach bhfuil an dramhaíl sin measctha le dramhaíl eile.

Faoin bPacáiste don Gheilleagar Ciorclach agus faoi athbhreithnithe ar an WFD, ní mór bailiúchán ar leithligh de bhithdhramhaíl a chur chun feidhme i ngach Ballstát faoin 31 Nollaig 2023. Is féidir le hÉirinn tógáil ar a líonra láidir bailithe athchúrsála dramhbhia trí bheartais agus gníomhartha spriocdhírithe a leagtar amach in **Imleabhar II** le tacaíocht ó rialacháin nua, chun rolladh amach náisiúnta iomlán den araid athchúrsála dramhbhia a éileamh.

Próiseáiltear dramhaíl orgánach leithscartha a bhailítear tríd an gcóras araide athchúrsála dramhbhia cois cosáin ag an líonra saoráidí múirínithe nó díleá anaeróbaigh (AD) (tuilleadh sonraí i g**Caibidil 5**). Cuirtear dramhbhia a chuirtear san araid iarmharach de thaisme ar aghaidh le go ndéantar aisghabháil theirmeach air den chuid is mó agus cailltear acmhainneacht chiorclaíocht an tsrutha seo.

Is gealltanas poiblí í an Chairt Náisiúnta um Chur Amú Bia[72] ag eagraíochtaí in Éirinn chun dramhbhia a thomhas, a laghdú agus tuairisc a thabhairt air. Léiríonn sé tiomantas comhchoiteann tionscail dramhbhia a laghdú feadh an tslabhra soláthair ar fad.

I measc na gcur chuige nuálach eile laistigh den earnáil tá fiontair, amhail Food Cloud, a nascann miondíoltóirí agus gnólachtaí bia a tháirgeann dramhbhia le carthanais atá i ngátar. Bíodh is go bhfuil oibríochtaí den sórt sin luachmhar maidir le dramhbhia a laghdú, ní mór don earnáil díriú ar ró-sholáthar bia do na tionscail sin.

[71] Baineann an figiúr seo le bunlíne de gach áit chónaithe inar chónaigh áitritheoirí sa stát. I láthair na huaire, ní gá araid athchúrsála dramhbhia a thairiscint ach amháin do theaghlaigh laistigh de cheirtleán de 500 nó níos mó, agus nuair a chuirtear é sin san áireamh sa bhunlíne, bhí araid athchúrsála dramhbhia ag 90% de theaghlaigh in 2020. I mí Eanáir 2024 cuireadh reachtaíocht i bhfeidhm chun an tairseach sin a bhaint agus baineann an ceanglas seo anois le gach áit chónaithe inar chónaigh áitritheoirí sa tír.

[72] Nasc: https://foodwastecharter.ie/#:~:text=The%20Food%20Waste%20Charter%20is,and%20reporting%20their%20food%20waste.

Cuimsíonn Réimse Fócais 5 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta a thacaíonn le cur i bhfeidhm an Threochláir um Chosc ar Dhramhbhia agus le bainistíocht níos leithne a dhéanamh ar dhramhbhia laistigh den Stát.

## 4.4 DRAMHAÍL PHACÁISTITHE

Tháirg Éire 1,275,161 tonna de dhramhaíl phacáistithe in 2021 arb ionann é agus méadú 25% ó 2016 ag leanúint leis an treocht aníos i dtáirgeadh an tsrutha dramhaíola seo. Tá ceann de na rátaí is airde dramhaíola pacáistithe san AE ag 253 kg in aghaidh an duine ag Éirinn.

Léiríonn **Fíor 4.7** gurb ionann páipéar/cairtchlár (41%) agus plaisteach (30%) agus na codáin is mó de dhramhaíl phacáistithe. Fuarthas amach i staidéar ar shaintréithriú dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2022 gurb ionann pacáistiú agus 34% den dramhaíl teaghlaigh go léir a bhailítear cois cosáin. Bailítear dramhaíl phacáistithe teaghlaigh freisin tríd an líonra CAS agus tríd an líonra d'ionaid fág anseo. Bailítear dramhaíl phacáistithe tráchtála den chuid is mó trí bhailiúcháin cois cosáin; bailítear méid beag ag CAS.

In 2021, rinneadh 58% den dramhaíl phacáistithe a bailíodh a athchúrsáil. Léiríonn sonraí le déanaí go bhfuil laghdú ag teacht ar an ráta foriomlán athchúrsála ó 70% in 2013. Tá sin amhlaidh mar thoradh ar úsáid a bhaint as ábhair phacáistithe níos casta le hin-athchúrsáilteacht níos ísle den chuid is mó. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go bhfuil athchúrsáil dramhaíola pacáistithe ag méadú trí huaire níos moille ná táirgeadh dramhaíola pacáistithe.

In 2021, tugadh faoi 31% d'athchúrsáil dramhaíola pacáistithe sa Stát agus onnmhairíodh an chuid eile chuig margaí san AE agus níos faide i gcéin.

As an dramhaíl phacáistithe a bainistíodh, seoladh 32% le haghaidh aisghabháil fuinnimh ag saoráidí cóireála teirmeacha nó áitheanna stroighne. Tá méadú ar chóireáil theirmeach ar dhramhaíl phacáistithe, suas ó 18% in 2013, mar gheall ar an méid pacáistithe atá á chur in araidí iarmharacha de thaisme agus ar chaighdeán níos ísle na n-ábhar pacáistithe a chuirtear ar an margadh.

Tá droch-leithscaradh tomhaltóirí chomh maith leis an méadú ar ábhair ar chaighdeán íseal agus ilchodacha ag dul i bhfeidhm ar rátaí athchúrsála pacáistithe. Tá an treocht seo ag teacht salach ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus ní mór don Phlean seo féachaint leis an gcothromaíocht sin a shlánú chun athchúrsáil ar phacáistiú a mhéadú.

Bunaíodh Repak in 1997 mar scéim comhlíontachta faoi stiúir gnó atá ceadúnaithe ag an rialtas chun aisghabháil agus athchúrsáil dramhaíola pacáistithe a mhaoiniú le chéile thar ceann táirgeoirí. Ba í seo an chéad scéim freagrachta táirgeora a bunaíodh in Éirinn. Gearrtar táille ar bhaill na scéime comhlíontachta i gcomhréir le méid agus cineál na pacáistíochta a chuirtear ar an margadh. Úsáidtear táillí na mball chun bailiú agus aisghabháil pacáistithe dramhaíola a fhóirdheonú trí oibreoirí aisghabhála cláraithe.

Éilíonn an WFD modhnú ranníocaíochtaí airgeadais le scéimeanna Freagrachta Leathnaithe Táirgeora (EPR) d'fhonn dramhaíl a íoslaghdú agus athchúrsáil ábhar a uasmhéadú. Úsáidfear táillí EPR chun pionós




Fíor 4.7: Cineálacha Dramhaíola Pacáistithe 2021

a ghearradh ar úsáid ábhar nach bhfuil chomh neamhdhíobhálach sin don chomhshaol agus luach saothair a thabhairt d'úsáid ábhar a bhfuil tionchar níos ísle acu ar an gcomhshaol. Mhéadaigh táillí Repak le haghaidh plaistigh is féidir a athchúrsáil in 2021 go €117.37 in aghaidh an tonna[73] a léiríonn na glanphrionsabail costais riachtanacha atá á gcur i bhfeidhm a dhearbhaíonn go n-íocfaidh an táirgeoir 80% d'aon chostais[74] atá fágtha tar éis an t-ioncam ó ábhar pacáistithe dramhaíola a dhíol a chur san áireamh agus go n-íocfaidh an tomhaltóir an costas atá fágtha. Coinníodh táille 2021 le haghaidh plaisteach in-athchúrsáilte do 2022 agus laghdaíodh é go €112.39 in 2023.

Mhéadaigh na táillí ar phlaistigh nach bhfuil in-athchúrsáilte ón 1 Iúil 2021 go €175 in aghaidh an tonna. Tháinig méadú breise go €214 in aghaidh an tonna i bhfeidhm in 2022 agus shroich sé an glanmheastachán costais 80% atá riachtanach faoi láthair de €301.70 in aghaidh an tonna faoi 2023. Tá táillí faoi réir faomhadh bliantúil ó Bhord Repak.

Tá Éire ag comhlíonadh na spriocanna reatha athchúrsála pacáistithe go léir atá leagtha síos i dTreoir an AE maidir le Dramhaíl ó Phacáistíocht[75] mar a léirítear i bh**Fíor 4.8** do 2021. Taispeánann an fhíor feidhmíocht athchúrsála measctha le leibhéil arda athchúrsála gloine (84%) i gcoibhneas le leibhéil níos ísle athchúrsála plaisteach (28%). Léirítear leis an bhfigiúr sin freisin na spriocanna athchúrsála do 2025 agus 2030 amach anseo a leagtar síos le Treoir (AE) 2018/852 lena leasaítear an Treoir maidir le Dramhaíl ó Phacáistíocht. Léiríonn na sonraí go gcaithfidh Éire dul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchúrsáil iomlán, miotail agus páipéar/cairtchlár chun na spriocanna seo a bhaint amach faoi 2025 agus 2030.

Is é an dúshlán is suntasaí ná an ráta athchúrsála dramhaíola plaistí a bhaint amach a éilíonn go méadófar na rátaí reatha faoi dhó faoi 2025 agus 2030. Tá tuilleadh sonraí faoi dhramhaíl phlaisteach ar fáil i **Rannán 4.5**. Aithníonn an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach pacáistiú mar phríomhshlabhra luacha táirgí a bhfuil acmhainneacht shuntasach ann an sruth seo a athúsáid nó a athchúrsáil laistigh de chóras lúb iata.

I mí na Samhna 2022, d'eisigh an Coimisiún togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Pacáistiú agus Dramhaíl ó Phacáistíocht[76] chun cur leis an gcuspóir a bhaint amach a áirithiú go bhfuil 'an phacáistíocht ar fad ar mhargadh an Aontais a dhéanamh in-athchúrsáilte ar bhealach inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de faoi 2030'. Leagtar síos in Airteagal 7 den togra an t-íosábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach agus léirítear sin i d**Tábla 4.1**. Cé go bhfuil na spriocanna seo lasmuigh d'amlíne an Phlean seo, áirítear na spriocanna seo chun soiléireacht a sholáthar maidir le scála na spriocanna féideartha don earnáil amach anseo.

Cuimsíonn Réimse Fócais 6 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta maidir le dramhaíl phacáistithe.




Fíor 4.8: Rátaí Athchúrsála Dramhaíola Pacáistithe 2021 i gcoibhneas le spriocanna reatha agus beartaithe (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

[73] Nasc: https://repak.ie/news-room/blog/eco-modulated-fees/
[74] Áirítear ar na costais sin costais oibriochtúla amhail bailiú, cóireáil/próiseáil agus bainistiú ábhar pacáistithe dramhaíola.
[75] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32018L0852
[76] Nasc: https://environment.ec.europa.eu/publications/proposal-packaging-and-packaging-waste_en?prefLang=ga




Fíor 4.9: Rátaí Athchúrsála agus Aisghabhála Dramhaíola Plaistí 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

Tábla 4.1: An Céatadán Íosta den Ábhar Athchúrsáilte a aisghabhadh ó Dhramhaíl Phlaisteach Iarthomhaltais

| Ábhar Athchúrsáilte | Ón 1 Eanáir 2030 | Ón 1 Eanáir 2040 |
|---|---|---|
| Pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de a dhéantar as teireataláit poileitiléine (PET) mar an phríomh-chomhpháirt; | 30% | - |
| Pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de a dhéantar as ábhair phlaisteacha seachas PET, seachas buidéil dí phlaisteacha aon úsáide | 10% | - |
| Pacáistíocht phlaisteach atá íogair ó thaobh teagmhála de, seachas buidéil dí phlaisteacha aon úsáide | - | 50% |
| Buidéil dí phlaisteacha aon úsáide | 30% | 65% |
| Pacáistíocht seachas an méid dá dtagraítear thuas | 35% | 65% |

## 4.5 PLAISTIGH (LENA N-ÁIRÍTEAR PLAISTIGH AON ÚSÁIDE)

Ciallaíonn ardfheidhmiúlacht agus costas réasúnta íseal plaisteach go bhfuil an t-ábhar seo anois ar fáil gach áit sa saol laethúil. Tá sé tuairiscithe[77] ag an ECFE go bhfuil an méid dramhaíola plaistí a tháirgtear ar fud an domhain ar an mbóthar chun méadú faoi thrí beagnach faoi 2060 agus thart ar leath ag críochnú i líonadh talún agus níos lú ná an cúigiú di athchúrsáilte. Cosúil le pacáistíocht, aithnítear plaistigh sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach mar phríomhshlabhra luacha táirgí d'fhonn glacadh plaisteach athchúrsáilte a mhéadú agus cur le húsáid plaisteach níos inbhuanaithe.

Táirgeann na hearnálacha tráchtála agus teaghlaigh araon dramhaíl phlaisteach agus táirgeadh 372,818 tonna de dhramhaíl phlaisteach in 2021. Taifeadtar i suirbhéanna ar shaintréithriú dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil in 2022[78] gur sainaithníodh plaistigh ar leibhéil éagsúla i ngach araid tráchtála agus teaghlaigh mar seo a leanas:

- **Tráchtáil:** Araid Iarmharach (15%), Araid Athchúrsála (21%) agus Araid Athchúrsála Dramhbhia (<1%)
- **Teaghlach:** Araid Iarmharach (17%), Araid Athchúrsála (21%) agus Araid Athchúrsála Dramhbhia (4%)

[77] Nasc: https://www.oecd.org/environment/global-plastic-waste-set-to-almost-triple-by-2060.htm
[78] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/waste-characterisation/

Is ábhar imní é leithscaradh foinse éifeachtach plaisteach do bhailiúcháin tráchtála agus do bhailiúcháin cois cosáin araon agus tá gá le hathruithe agus dreasachtaí suntasacha chun an sruth dramhaíola seo a leithscaradh agus a ghabháil go hiomlán. In 2021, tháinig athrú ar na critéir ghlactha maidir le plaisteach dramhaíola trínar féidir gach dramhaíl phacáistithe phlaisteach, lena n-áirítear plaisteach bog, a chur in araidí athchúrsála teaghlaigh anois fad agus atá sí glan, tirim agus scaoilte chun rátaí athchúrsála a mhéadú agus éilliú a laghdú. Tá sé i gceist freisin go bhfeabhsófar an ráta reatha athchúrsála trí Scéim Éarlaise agus Aisíoca (DRS) a chur i bhfeidhm le haghaidh buidéil phlaisteacha i mí Feabhra 2024.

Léiríonn **Fíor 4.9** rátaí athchúrsála agus aisghabhála coibhneasta na bplaisteach a tháirgtear in Éirinn. Tugann na sonraí le fios go ndéantar 7% den sruth seo a athchúrsáil in Éirinn le 28% athchúrsáilte ar an iomlán. Déantar formhór na dramhaíola plaistí a tháirgtear (70%) a aisghabháil trí chóireáil theirmeach a mhéadaigh ó 44% in 2017.

Ar leithligh ó dhramhaíl phlaisteach tráchtála agus teaghlaigh, is éard atá i gceist le 'plaistigh feirme' sruth plaisteach ar leith, lena n-áirítear leathán, eangach, sreangán burla, clúdach burla nó málaí burla. Tá rialacháin shonracha ag Éirinn[79] maidir leis an sruth dramhaíola seo a éilíonn scéim comhlíontachta atá á riar ag Grúpa Táirgeoirí Scannán Feirme na hÉireann CTR (IFFPG). In 2021, bhailigh IFFPG 36,950 tonna plaisteach feirme lena n-athchúrsáil trí ionaid fág anseo agus trí bhailiúcháin feirme araon. Sháraigh an IFFPG sprioc náisiúnta athchúrsála 70% don sruth seo in 2021 le 90%.

Forbairt mhór reachtaíochta don sruth seo is ea an Treoir maidir le Plaisteach Aon Úsáide ((AE) 2019/904) a trasuíodh i ndlí na hÉireann i mí Iúil 2021. Leis an Treoir, cuirtear cineálacha cur chuige ciorclacha chun cinn lena dtugtar tosaíocht do tháirgí in-athúsáidte inbhuanaithe agus neamh-thocsaineacha agus do chórais athúsáide seachas do tháirgí aon úsáide, arb é is aidhm dóibh méid na dramhaíola a tháirgtear a laghdú. I measc phríomhghnéithe na reachtaíochta seo tá:

- Tá cosc ar shraith táirgí Plaistigh Aon Úsáide a chur ar an margadh ó mhí Iúil 2021;
  - Sceanra (foirc, sceana, spúnóga, cipíní itheacháin);
  - Plátaí;
  - Coinlíní Óil;
  - Baitíní cadáis;
  - Suathairí dí;
  - Bataí atá le ceangal de bhalúin agus chun tacú leo;
  - Coimeádáin bia atá déanta as polaistiréin fhorbartha; agus
  - Táirgí a dhéantar as plaisteach ocsó-inmhillte.
- Cuirfear cosc ar choimeádáin dí (buidéil, cartáin) suas le 3 lítear ar mhéid ó mhargadh na hÉireann ón 3 Iúil 2024, mura bhfuil an caipín ceangailte de phríomhchorp an choimeádáin;
- Beidh cosc freisin ar tháirgeoirí dí aon bhuidéal teireataláite poileitiléine (PET) SUP suas le 3 lítear a chur ar mhargadh na hÉireann ó mhí Eanáir 2025 mura bhfuil 25% ar a laghad de phlaisteach athchúrsáilte ann;
- Ó mhí Eanáir 2030 ní mór 30% ar a laghad de phlaisteach athchúrsáilte a bheith sna buidéil sin;
- Leagtar síos sa Treoir sprioc bailithe de 90% le haghaidh táirgí SUP a chuirtear ar an margadh i mbliain ar leith de réir meáchain faoi 2029 (le sprioc eatramhach 77% faoi 2025);
- Ón 5 Eanáir 2023 i leith, ceanglaítear anois ar tháirgeoirí pacáistíochta na costais a bhaineann le bailiú bruscair, ardú feasachta agus bailiú dramhaíola a chumhdach chomh maith leis na hoibleagáidí EPR atá ann cheana a bhaineann leis na hearraí SUP seo a leanas – coimeádáin bia, paicéid, cumhdaigh, coimeádáin dí, cupáin agus málaí siopadóireachta éadroma;
- Ón 5 Eanáir 2023, tá táirgeoirí de tháirgí scagaire tobac ina bhfuil plaisteach faoi réir scéim EPR freisin; agus
- Faoin 31 Nollaig 2024, beidh táirgeoirí balún, ceirtíní taise agus trealamh iascaireachta faoi réir scéim EPR freisin.

Chun dul i ngleic le dramhaíl phlaisteach, tá gá le laghdú ar rátaí táirgthe (le tacaíocht ón Treoir SUP) mar aon le múnla éifeachtach leithscartha foinse agus athchúrsála. Ní mór do bhearta amach anseo sa réimse seo tacú leis na scéimeanna nua EPR seo a thabhairt isteach agus le córais agus iompraíochtaí tacaíochta chun spriocanna athchúrsála plaisteach níos airde a thabhairt i gcrích mar a thaispeántar i bh**Fíor 4.8**.

[79] I.R. Uimh. 341 de 2001 - Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Plaistigh Feirme), 2001 arna leasú le I.R. Uimh. 396 de 2017.

Cuimsíonn Réimse Fócais 7 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta chun tacú leis an Treoir SUP a chur i bhfeidhm.

## 4.6 TEICSTÍLÍ

Is éard atá i dteicstílí ná táirgí éadaí, coisbheart agus feistis inmheánacha (e.g. cairpéid, cuirtíní, éadaí leapa, troscán) atá comhdhéanta de 80% ar a laghad de réir meáchain de shnáithíní teicstíle (bunaithe ar Rialachán an AE maidir le hAinmneacha Teicstíle 2011[80]). Measann an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach go ndéantar níos lú ná 1% de na teicstílí go léir ar fud an domhain a athchúrsáil i dteicstílí nua agus go gceannaíonn meánsaoránach an AE beagnach 26 kg agus go gcaitheann sé 11 kg de theicstílí i leataobh gach bliain. Tá cuid mhaith den tomhaltas sin á spreagadh ag mearfhaisean trína ndéantar éadaí saor as acmhainní nua (ábhair atá bunaithe ar phlaisteach den chuid is mó amhail poileistear, aicrileach, níolón agus leaisteán) a bhfuil acmhainneacht theoranta athúsáide acu agus a chaitear i leataobh sa deireadh tar éis cúpla úsáidí.

D'aithin Suirbhéanna ar Shaintréithriú Dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil in 2022 go raibh 2.5% den araid athchúrsála teaghlaigh agus 8.8% de na haraidí iarmharacha comhdhéanta de theicstílí. Ar an gcaoi chéanna, i gcás araidí tráchtála bhí 1.1% den araid athchúrsála agus 7.0% den araid iarmharach comhdhéanta de theicstílí.

Ar leithligh, is é tuarascáil taighde[81] na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 'Nature and Extent of Post-Consumer Textiles in Ireland' an chéad staidéar mionsonraithe ar dhramhaíl teicstíle a rinneadh in Éirinn. Is iad seo a leanas na príomhthorthaí ón tuarascáil sin:

- Allmhairíonn Éire 292,000 tonna agus onnmhairíonn sí 34,000 tona de tháirgí nua teicstílí agus teicstílí in aghaidh na bliana;
- Meastar gurb ionann táirgeadh teicstílí iar-thomhaltais per capita in Éirinn agus 35 kg in aghaidh an duine in aghaidh na bliana;
- Meastar go bhfuil táirgeadh na dteicstílí iar-thomhaltais iomlána in Éirinn thart ar 170,000 tonna in aghaidh na bliana, lena n-áirítear éadaí, coisbheart agus táirgí teicstíle eile;
- Is ionann teicstílí a dhiúscraíonn teaghlaigh tríd an gcóras araide iarmharaí agus a sheoltar le haghaidh aisghabháil theirmeach nó líonadh talún agus 65% de theicstílí iar-thomhaltais; agus
- I measc an 35% eile tá bainc theicstíleacha tráchtála, earnáil na carthanachta agus siopaí seanré.

Ar bharr na dteicstílí a bhailítear sna gnáthchórais bailithe dramhaíola, athúsáidtear teicstílí lasmuigh den réimeas dramhaíola trí shiopaí carthanachta freisin. I measc na n-ionad asdíola athúsáide féideartha eile tá ionaid fág anseo agus miondíoltóirí a thairgeann scéimeanna glac ar ais (H&M, Penneys, etc.), ach ní dhéantar an t-ábhar seo go léir a athúsáid sa deireadh. Measann Charity Retail Ireland (Cumann Siopaí Carthanachta na hÉireann, ICSA roimhe seo) go ndéantar thart ar 23,000 tonna teicstílí a bhainistiú gach bliain i siopaí carthanachta agus go ndíoltar thart ar 12,000 tonna mar bhaill éadaigh agus go ndíoltar an 11,000 tonna eile le hathchúrsálaithe teicstíle tráchtála.

I mí Iúil 2023, thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na chéad staitisticí athúsáide d'Éirinn[82] mar a cheanglaítear faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/19 ón gCoimisiún. In 2021, athúsáideadh 12,652,000 earra teicstíle ag meáchan iomlán de 3,771 tonna agus is ionann teicstílí agus 73% de na ceannacháin/malartuithe athláimhe go léir in Éirinn in 2021 a léiríonn acmhainneacht chiorclach an tsrutha seo.

Faoin WFD athbhreithnithe ((AE) 2018/851), tá na hathruithe seo a leanas ar feitheamh maidir le dramhaíl teicstíle a bhainistiú:

- Ceanglaítear ar Éirinn córas bailithe ar leithligh a chur ar bun le haghaidh teicstílí faoin 1 Eanáir 2025; agus
- Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún machnamh ar spriocanna maidir le hathúsáid agus athchúrsáil do dhramhaíl teicstíle a shocrú.

D'fhoilsigh an Coimisiún Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Teicstílí[83] i mí an Mhárta 2022 chun teicstílí inbhuanaithe agus ciorclacha a chur chun cinn. Cuirfidh an straitéis sin creat cuimsitheach ar fáil chun cúinsí agus dreasachtaí a chruthú chun iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht earnáil teicstíle an Aontais Eorpaigh a threisiú.

[80] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32011R1007
[81] Nature and Extent of Post-Consumer Textiles in Ireland, 2021. Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/nature-and-extent-of-post-consumer-textiles-in-ireland.php
[82] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/reuse/#:~:text=Data%20highlights,6%20kg%20per%20person
[83] Nasc: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12822-Straiteis-an-Aontais-Eorpaigh-do-theicstili-inbhuanaithe_ga

Tábla 4.2: DTLL Bailithe agus Bainistithe 2016-2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

| Paraiméadar | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DTLL Iomlán a Bailíodh (tonnaí) | 51,303 | 52,312 | 62,714 | 62,638 | 64,846 | 71,811 |
| DTLL Aisghafa (tonnaí) | 49,534 (97%) | 47,504 (91%) | 55,754 (89%) | 57,897 (92%) | 59,404 (92%) | 66,811 (93%) |
| Ullmhúchán DTLL le haghaidh Athúsáide agus Athchúrsála (tonnaí) | 43,681 (85%) | 43,860 (84%) | 52,010 (83%) | 53,162 (85%) | 55,012 (85%) | 59,896 (83%) |

Gealltar sa WAPCE roinnt príomhbhearta breise chun dul i ngleic le dramhaíl teicstíle, lena n-áirítear cosc ar theicstílí san araid dramhaíola ginearálta, cosc ar ghlacadh le teicstílí ag líonadh talún agus cóireáil theirmeach agus grúpa gníomhaíochta tionscail teicstíle a bhunú, a chuir tús lena chuid oibre in 2022.

Cuimsíonn Réimse Fócais 9 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta chun iompraíochtaí tomhaltóirí a athrú chun dramhaíl teicstíle a chosc agus córais chiorclacha a mhéadú i mbainistiú teicstílí iar-thomhaltais.

## 4.7 DRAMHTHREALAMH LEICTREACH AGUS LEICTREONACH (DTLL) AGUS CADHNRAÍ

Áirítear le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) do raon leathan fearas (cuisneoirí, teilifís, meaisíní níocháin, etc.), gléasanna cumarsáide (ríomhairí, fóin phóca, táibléad, etc.) agus aon leictreonaic eile ag deireadh ré. Tá sé seo ar cheann de na sruthanna dramhaíola is mó fáis san AE le rátaí fáis bliantúla reatha de 2% agus tá sé liostaithe mar phríomhshlabhra luacha táirgí faoin bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach.

Leagtar síos amach i dTreoir DTLL (2012/19/EC) íosráta bailiúcháin 65% do DTLL chomh maith le sraith spriocanna aonair maidir le hathúsáid, aisghabháil agus athchúrsáil sé chatagóir éagsúla DTLL. Le blianta beaga anuas, sháraigh Éire spriocanna uile an AE maidir le hathchúrsáil agus aisghabháil DTLL ag cur béim ar na rátaí arda comhlíontachta don sruth seo.

Is eagraíochtaí scéime náisiúnta comhlíontachta iad DTLL Éireann agus Ardán Athchúrsála na hEorpa (ERP) atá ag obair thar ceann táirgeoirí tionscail atá freagrach as DTLL a bhailiú agus a bhainistiú in Éirinn ó scéimeanna glactha ar ais ag miondíoltóirí, líonra CAS agus imeachtaí bailithe aonuaire. In 2021, bailíodh 71,811 tonna DTLL in Éirinn le haghaidh cóireála, an méid is airde a taifeadadh riamh sa Stát. Tuairiscíonn Eurostat[84] go bhfuil bailiúchán DTLL per capita na hÉireann (14.27 kg/capita in 2021) ar cheann de na rátaí bailithe is airde san Eoraip agus thart ar 30% níos airde ná meán an AE.

Léiríonn **Tábla 4.2** na leibhéil bhliantúla DTLL a bailíodh, a aisghabhadh agus a ullmhaíodh lena n-athchúrsáil in Éirinn sa tréimhse 2016 go 2021. Taispeánann na sonraí treocht mhéadaitheach sa DTLL iomlán a táirgeadh le blianta beaga anuas le leibhéil arda aisghabhála (níos mó ná 90%) agus ullmhúchán le haghaidh athúsáide agus athchúrsála (85% go ginearálta). Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, bíodh is go ndéantar formhór DTLL a bhailítear a réamhchóireáil in Éirinn, déantar beagnach seo ar fad a onnmhairiú ansin le haghaidh cóireáil deiridh.

Is acmhainn ardluacha agus dian ó thaobh carbóin de é DTLL a bhfuil acmhainneacht athúsáide stuama aige ach faoi láthair is beag gníomhaíochtaí teoranta athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin a dhéantar sa Stát. Cé go bhfeidhmíonn scéimeanna comhlíontachta córais bailithe agus aisghabhála éifeachtacha agus rathúla, díríodh níos lú ar chóireáil ordaithe níos airde (athúsáid, agus ullmhúchán le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin). Tá sé seo ag athrú agus tuilleadh feabhsuithe ag teastáil i rith shaolré an Phlean seo.

[84] Nasc: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Waste_statistics_-_electrical_and_electronic_equipment&oldid=556612

Bunaíodh roinnt tionscnaimh geilleagair chiorclaigh, a bhfuil DTLL i gceist leo, amhail an Tionscnamh Scileanna don Gheilleagar Ciorclach[85] agus Repair My Stuff[86] ach tá gá le níos mó athúsáide, agus ullmhúchán do ghníomhaíocht athúsáide agus deisiúcháin laistigh den phobal agus tacaítear go cuí leo sin faoin bPlean seo.

Liostaíonn an AE litiam mar amhábhar criticiúil[87]. Is amhábhair iad seo a bhfuil an-tábhacht ag baint leo do gheilleagar an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil ardriosca ag baint lena soláthar. Tá an oiread sin imní ar an gCoimisiún Eorpach go bhfuil sé ag cur Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla chun cinn[88]. Tá an úsáid a bhaintear as cadhnraí ian litiam ag méadú agus tá sé tábhachtach go ngabhfar an sruth seo ar leithligh agus go láimhseálfar go cuí é chun guais dóiteáin a sheachaint.

Rialaítear cadhnraí faoi Threoir 2006/66/CE[89] agus na rialacháin Éireannacha a trasuíodh[90] a chlúdaíonn monarú, lipéadú agus diúscairt cadhnraí iniompartha, tionsclaíocha agus gluaisteán. Tá oibleagáidí ar tháirgeoirí cadhnraí faoin Treoir. Is iad DTLL Éireann agus Ardán Athchúrsála na hEorpa (ERP) na heagraíochtaí náisiúnta scéime comhlíontachta do chadhnraí.

Tá spriocanna ag Éirinn maidir le hísleibhéil bailithe agus athchúrsála cadhnraí agus taisc-cheallraí éagsúla, ar bhain Éire amach iad go léir in 2020. Leagann leithscaradh bocht na gcadhnraí agus á gcur in araidí cois cosáin béim, áfach, ar an ngá atá le feasacht níos mó chun tacú leis na scéimeanna comhlíontachta chun an sruth seo a bhailiú ar bhealach níos éifeachtaí.

I mí Iúil 2023 tháinig rialachán[91] nua i bhfeidhm maidir le cadhnraí dramhaíola chun a áirithiú go bhfuil lorg ísealcharbóin ag ceallraí, go n-úsáideann siad substaintí le díobháil íosta, go dteastaíonn níos lú amhábhar ó thíortha nach tíortha AE iad, agus go ndéantar iad a bhailiú, a athúsáid agus a athchúrsáil go hard san Eoraip. Cuimsíonn na rialacháin seo sraith teorainneacha forásacha ar na nithe seo a leanas:

- Ábhar athchúrsáilte i gcadhnraí tionsclaíocha, i gcadhnraí feithiclí leictreacha, i gcadhnraí modhanna éadroma iompair agus i gcadhnraí tosaithe, soilsithe agus adhainte le haghaidh cóbailt, luaidhe, litiam agus nicile ó Lúnasa 2030 agus Lúnasa 2036;
- Spriocanna bailithe do gach cineál cadhnraí dramhaíola faoi Nollaig 2023, Nollaig 2027 agus Nollaig 2030;
- Spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála cineálacha éagsúla cadhnraí ó Nollaig 2025 agus ó Nollaig 2030; agus1.
- Spriocanna chun ábhair (cóbalt, copar, luaidhe, litiam agus nicil) a aisghabháil ó gach cineál cadhnraí faoi Nollaig 2027 agus Nollaig 2031.

Tugann an fhianaise le fios, cé go bhfuil Éire chun tosaigh ar an sprioc reatha, gur gá dul chun cinn suntasach a dhéanamh i gcórais bailithe cadhnraí chun spriocanna na chéad ghlúine eile a bhaint amach in 2027 agus 2030.

Cuimsíonn Réimse Fócais 3 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta a bhaineann go sonrach le scéimeanna comhlíontachta chun cur ar chumas na scéimeanna seo bailiú a uasmhéadú agus ciorclaíocht sruthanna ardluacha ar nós DTLL agus cadhnraí a chur chun cinn.

85 Nasc: https://fit.ie/circular-economy-skills-initiative/
86 Nasc: Repair My Stuff
87 Nasc: https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/raw-materials/areas-specific-interest/critical-raw-materials_en?prefLang=ga
88 Nasc: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/STATEMENT_22_5523
89 Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32006L0066
90 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceallraí agus Taisc-chealla) 2014 (I.R. Uimh. 283 de 2014) arna leasú le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceallraí agus Taisc-chealla) (Leasú), 2014 (I.R. Uimh. 349 de 2014).
91 Nasc: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj?locale=ga

## 4.8 FEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE

Tábla 4.3: Rátaí Athúsáide, Athchúrsála agus Aisghabhála Feithiclí Ré Caite, 2012-2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

| Bliain Tagartha | Sprioc | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ráta Athúsáide agus Athchúrsála Feithiclí Ré Caite mar % | **85** | 81 | 82 | 80 | 82 | 83.3 | 86 | 85.9 | 86.4 | 87.43 | 90.33 | 87.81 |
| Ráta Athúsáide agus Aisghabhála Feithiclí Ré Caite mar % | **95** | 83 | 88 | 92 | 91 | 91.8 | 92.8 | 94.6 | 95.17 | 95.21 | 97.12 | 95.74 |

Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feithicil a bhfuil a Ré Caite), 2014, tagraíonn an téarma 'Feithicil a bhfuil a Ré Caite' (ELV) d'fheithicil shonraithe[92] a caitheadh i leataobh nó atá le caitheamh i leataobh ag a húinéir cláraithe mar dhramhaíl[93]. Meastar gur cóireáladh 145,628 Feithicil Ré Caite in Éirinn in 2021 arb ionann é agus 154,365 tonna dramhaíola a táirgeadh. Is foinse luachmhar ábhar iad Feithiclí Ré Caite (miotail, gloine, etc.) is féidir a athúsáid, a athchúrsáil agus a aisghabháil.

Ní mór Feithiclí Ré Caite a bhainistiú ag Saoráid Cóireála Údaraithe (ATF) ina nglactar le feithiclí saor in aisce. Is í Seirbhísí Comhshaoil ELV (ELVES)[94] scéim comhlíontachta táirgeoirí na hÉireann arna bunú ag monaróirí feithiclí chun cabhrú leis na hoibleagáidí faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feithiclí a Bhfuil a Ré Caite) (Leasú) 2016 a chomhlíonadh. Cuireann scéim ELVES líonra ATFanna chun cinn chun úinéirí feithiclí a spreagadh chun athchúrsáil Feithiclí Ré Caite a chumasú trí ATFanna ceadaithe.

Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite[95] (2000/53/CE) ón Aontas Eorpach dramhaíl ó Fheithiclí Ré Caite a theorannú agus a chosc agus tugtar breac-chuntas inti ar bhearta chun athúsáid, athchúrsáil agus athshlánú Feithiclí Ré Caite a chur chun cinn. Ceanglaítear leis an Treoir ar gach Ballstát na spriocanna a bhaint amach maidir le 95% d'Fheithiclí Ré Caite a athúsáid agus a aisghabháil, le hathúsáid agus athchúrsáil 85% ar a laghad. Léirítear na sonraí is déanaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i d**Tábla 4.3** gur mhéadaigh Éire na rátaí athchúrsála agus aisghabhála Feithiclí Ré Caite le deich mbliana anuas agus léiríonn torthaí ó 2018 ar aghaidh go bhfuiltear ag comhlíonadh spriocanna seo an AE.

Ar cheann de na príomhcheisteanna geilleagair chiorclaigh don earnáil seo tá monaróirí feithiclí a spreagadh chun dearadh feithiclí a mhodhnú chun úsáid a bhaint as ábhair níos athchúrsáilte agus a chinntiú gur féidir tabhairt faoi athchúrsáil Feithiclí Ré Caite ar bhealach níos éasca. Teastaíonn an beart seo ag leibhéal an AE agus tá sé lasmuigh de raon feidhme an Phlean seo i bhfianaise nach bhfuil tionscal déantúsaíochta gluaisteán in Éirinn.

Mar a luadh, cuimsíonn Réimse Fócais 3 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta a bhaineann go sonrach le scéimeanna comhlíontachta lena n-áirítear Feithiclí Ré Caite.

[92] Ciallaíonn "feithicil" aon fheithicil a ainmnítear mar chatagóir M1 nó N1 a shainmhínítear in Iarscríbhinn IIA a ghabhann le Treoir 70/156/CEE, agus mótarfheithiclí tríothacha mar a shainmhínítear i dTreoir 92/61/CEE, ach gan gluaisrothair thrírothacha a áireamh.
[93] Nasc: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/281/made/en/print#
[94] Nasc: https://www.elves.ie/en
[95] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32000L0053

## 4.9 BOINN

Tá boinn comhdhéanta de mheascán de rubair nádúrtha agus shintéiseacha timpeall corda cruach den chuid is mó ach tá ábhair eile ar nós líontóirí agus plaisteachán ann freisin chun feidhmíocht a fheabhsú. Is féidir céatadán ard de bhoinn dramhaíola a athchúrsáil ach tá codán iarmharach ann nach bhfuil in-athchúrsáilte.

In 2020, rinneadh 40,393 tona de bhoinn dramhaíola a bhainistiú in Éirinn[96] agus léiríonn **Tábla 4.4** cé gur athchúrsáladh 68%, go bhfuil codán 27% ann fós a sheoltar chun fuinneamh a aisghabháil. De ghnáth, déantar boinn dramhaíola a bhurláil lena n-onnmhairiú (46%) nó déantar iad a réamhchóireáil trí ghráinniú (28%) sula ndéantar iad a athchúrsáil.

*Tabhair faoi deara: Ní áirítear sna sonraí na boinn a chuaigh le haghaidh stórála nó mínbhrus iarmhar ó sciúradh boinn dramhaíola a chuaigh go díreach chuig líonadh talún.*

In 2017, tháinig Rialacháin[97] nua i bhfeidhm chun clárú, díol agus athchúrsáil shábháilte gach boinn a chuirtear ar an margadh in Éirinn a rialú. Áiríodh leis na Rialacháin sin scéim comhlíontachta bonn arna hoibriú ag Circol ELT (Boinn a Bhfuil a Ré Caite). Tá Circol ELT freagrach as boinn a bhailiú agus a bhainistiú in Éirinn ó bhaill na scéime comhlíontachta do dhramhaíl bonn gluaisteán agus gluaisrothar.

Bíodh is nach bhfuil aon spriocanna reachtúla athchúrsála ná aisghabhála ann, tá oibleagáid ar Circol ELT spriocanna íosta a bhaint amach go bliantúil, i.e. ráta aisghabhála 70% agus ráta athchúrsála 30% ar na boinn go léir a bhailítear. In 2022, bhailigh Circol ELT 35,500 tonna de bhoinn agus bhain sé ráta athchúrsála 97% amach. Léiríonn na leibhéil aisghabhála agus athchúrsála tionchar dearfach na scéime comhlíontachta ó cuireadh i bhfeidhm í.

Mar sin féin, is ábhar imní é an spleáchas ard ar an margadh onnmhairithe don sruth dramhaíola seo agus ba cheart scrúdú breise a dhéanamh ar fhorbairt roghanna cóireála dúchasacha breise. Ina theannta sin, ní mór aghaidh a thabhairt, a mhéid is féidir, ar atreorú méadaitheach bonn chuig aisghabháil teirmeach seachas athchúrsáil, mar a tugadh faoi deara in 2020, laistigh den Phlean seo.

Mar a luadh, cuimsíonn Réimse Fócais 3 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus gníomhartha tosaíochta a bhaineann go sonrach le scéimeanna comhlíontachta lena n-áirítear boinn.

Tábla 4.4: Sonraí Cóireála Boinn Dramhaíola 2020 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

| Cóireáil Deiridh | Méid (tonnaí) | Codán |
|---|---|---|
| Ballasta | 646 | 2% |
| Ullmhúchán le haghaidh Athúsáide | 1,181 | 3% |
| Aisghabháil Fuinnimh | 10,940 | 27% |
| Athchúrsáilte | 26,626 | 68% |
| **Iomlán** | **40,393** | **100%** |

[96] Ní áirítear leis sin boinn a onnmhairíodh mar chuid d'Fheithiclí Ré Caite díthruaillithe.
[97] I.R. Uimh. 400 de 2017 - Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Boinn agus Boinn Dramhaíola), 2017.

## 4.10 DRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA

Sonraíonn an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach gurb ionann dramhaíl tógála agus scartála (T&S) agus 35% den dramhaíl a tháirgtear laistigh den AE. Is í an earnáil tógála amháin a tháirgeann an sruth dramhaíola seo agus tá fás suntasach ag teacht uirthi in Éirinn ó tharla an cor chun donais eacnamaíoch le leibhéil i bhfad níos mó ná meán an AE (is ionann dramhaíl T&S 2021 agus thart ar 60% den dramhaíl iomlán a tháirgtear in Éirinn).

In 2021, tháirg Éire 9 milliún tonna de dhramhaíl T&S ag leanúint ar aghaidh leis an bhfás suntasach sa sruth dramhaíola seo a sonraíodh ó 2013 mar a léirítear i bhFíor **4.10**. Tháinig laghdú ar rátaí táirgthe go 8.2 milliún tonna in 2020 mar thoradh ar shrianta Covid-19 ar thionscal na tógála ach chuaigh siad ar ais go leibhéil 2019 in 2021 in ainneoin shrianta breise Covid-19. Is ionann ithir agus cloch agus an codán is mó den sruth dramhaíola seo (70-80% den sruth iomlán de ghnáth) agus ag méadú go 85% in 2019 go 2021.

Is éard atá sa 15% eile de dhramhaíl T&S raon ábhar mar a thaispeántar i bh**Fíor 4.11**. Is iad coincréit, bríce, tíl agus gipseam an codán is mó ag 45% agus dramhaíl mheasctha ag 27% ina dhiaidh sin, rud a léiríonn go raibh 362,380 tonna de dhramhaíl T&S nach ndearnadh leithscaradh uirthi in 2021.

Taobh amuigh den chóras dramhaíola, féadfar ithir agus cloch a bhainistiú mar fhotháirge Rialachán 27 freisin. I mí an Mheithimh 2019 d'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 'Treoir maidir le Fotháirgí Ithreach agus Cloiche'[98] chun tacú leis an earnáil agus treoir níos ginearálta ina dhiaidh sin i mí na Bealtaine 2020[99]. Sna blianta féilire 2018 go 2021, fuair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil fógraí fotháirgí maidir le 20 milliún tonna d'ábhar ithreach agus cloiche. Díobh sin tarraingíodh siar 19%, cuireadh 40% in iúl de réir táirge, cuireadh 1% in iúl mar dhramhaíl agus bhí 41% fós le cinneadh ag deireadh na bliana. Chinn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur fotháirge a bhí i 8,132,194 tona den ithir agus den chloch a fógraíodh, mar a fógraíodh, agus gur dramhaíl a bhí i 122,620 tonna i rith na tréimhse seo.

D'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil critéir náisiúnta Fotháirgí le haghaidh dhá shruth dramhaíola tógála:

- Ithir agus cloch ó láithreáin úrnua a úsáidtear i bhforbraíochtaí a mbeadh cead pleanála faighte acu nó díolúine faighte acu ón riachtanas cead pleanála a fháil, rud a d'éascódh úsáid an ábhair fotháirge seo. Foilsíodh Dréacht-Chritéir agus Nóta Míniúcháin[100] agus cuireadh an cinneadh seo i bhfeidhm go luath in 2024; agus
- Asfalt ó phlánáil bóithre lena úsáid mar amhábhar i monarchana Pábhála Asfailt Athshlánaithe chun meascáin bhiotúmanacha a mhonarú,[101] rud a cuireadh i bhfeidhm i dtreo dheireadh 2023.

Tá d'acmhainn ag na cinntí náisiúnta seo a fhágáil nach rachadh méideanna suntasacha d'ábhair isteach sa sruth dramhaíola agus go gcaomhnófaí an acmhainn ard chiorclach a bhaineann leo mar ábhair.

D'fhéadfadh sé freisin go n-athúsáidfí ábhair tógála lasmuigh den réimeas rialaithe dramhaíola chomh luath is a bhíonn stádas d'ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad Rialachán 28 bainte amach ag na hábhair seo. Go dtí seo, tá stádas d'ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad bronnta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar cheithre oibreoir le haghaidh cumascáin athchúrsáilte agus tá critéir náisiúnta dheiridh dramhaíola forbartha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freisin le haghaidh cumascáin athchúrsáilte[102] (tagairt Uimh. EoW-N001/2023). Chun cumascáin athchúrsáilte a tháirgeadh i gcomhréir leis an gcinneadh náisiúnta, ní mór don táirgeoir clárú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Meastar luach ard intreach a bheith ag baint le dramhaíl Tógála agus Scartála (T&S) agus cé go mbaineann rátaí arda athchúrsála le roinnt sruthanna, miotal, mar shampla, bíonn méideanna suntasacha go fóill á gcur ar shiúl lena ndiúscairt. Sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach (CEAP), sainaithníodh an dramhaíl T&S ina slabhra táirgí eochair-luacha trí roinnt tionscnaimh todhchaí (amhail an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta[103] agus Rabharta Athchóiriúcháin[104] ). Tá sé beartaithe spriocanna aisghabhála ábhair atá leagtha amach

[98] Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/soil-and-sone-by-products.php
[99] Dréacht-Treoir maidir le Fotháirgí, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2020. Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/draft-by-product-guidance.php
[100] Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/draft-national-by-product-criteria-greenfield-soil-and-stone-.php
[101] Nasc: https://www.epa.ie/media/epa-2020/licensing-amp-permitting/waste/Proposed-National-By-Product-Criteria-Ref.-No.-BP-N0012023.pdf
[102] Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/-national-end-of-waste-criteria-recycled-aggregates.php
[103] Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus de chuid na Comhairle ón 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle
[104] Nasc: https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-efficiency/energy-efficient-buildings/renovation-wave_en?prefLang=ga




Fíor 4.10: Dramhaíl Tógála agus Scartála a táirgeadh in Éirinn 2012-2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)




Fíor 4.11: Miondealú ar an gCodán de Dhramhaíl Tógála agus Scartála in 2021 nach Ithir ná Cloch í (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

i reachtaíocht AE a thabhairt isteach le haghaidh dramhaíl C&S agus na codáin di a bhaineann le hábhair shainiúla.

D'fhéadfaí cosc agus athchúrsáil fheabhsaithe na dramhaíola T&S a bhaint amach trí fheidhm a bhaint as gníomhaíochtaí dea-chleachtais sa tógáil chiorclach, amhail eisiamh dramhaíola a áirithiú sa dearadh, leithscaradh feabhsaithe na n-ábhar T&S ina sruthanna ábhair ar leithligh agus trí úsáid na n-acmhainní a bharrfheabhsú. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil leagan leasaithe den doiciméad 'Best Practice Guidelines for the Preparation of Resource Management Plans for Construction & Demolition Projects'[105] i mí na Samhna 2021, agus béim ann ar an gcosc agus ar an smaointeoireacht chiorclach, chun an tionscal a threorú i dtaobh an chuir chuige leasaithe seo.

Meastar go gcuirfidh an fás leantach san earnáil (mar atá le sonrú i **Rannán 3.3.2**) leis an méid dramhaíola a tháirgfidh an earnáil laistigh de thréimhse an Phlean seo. Tá achoimre ar an bhfás réamh-mheasta ar tháirgeadh na dramhaíola T&S

[105] Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/best-practice-guidelines-for-the-preparation-of-resource--waste-management-plans-for-construction--demolition-projects.php

leagtha amach i **Rannán 6.2**.

D'fhéadfadh sé go mbeadh an scéim cúitimh míoca i measc na bpríomhfhorbairtí eile don earnáil. Measann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhféadfadh oibreacha leasúcháin a bheith ag teastáil ar 7,500 teach de thoradh bloic lochtacha choincréite agus go bhféadfadh sé go gcuimseodh sé sin réimse ó athchóiriú go dtí scartáil iomlán. Ní mór breithniú a dhéanamh ar an dramhaíl scartála fhéideartha a tháirgfí de thoradh na scéime seo lena chinntiú gur féidir roghanna oiriúnacha athúsáidte don ábhar a shainaithint agus a chur i bhfeidhm gan tionchar a imirt ar shláinte an duine, an comhshaol agus ar shláine aon úsáide todhchaí.

Cuimsíonn Réimse Fócais 8 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus bearta tosaíochta don earnáil tógála agus scartála a fhéachann le táirgeadh na dramhaíola seo a sheachaint agus leis an sruth ábhair seo a bhainistiú chun tacú le córais chiorclacha.

## 4.11 DRAMHAÍL NEAMHDHLEATHACH

In 2022, fuair údaráis áitiúla 70,000 gearán comhshaoil[106] agus bhain 90% de na gearáin le cúrsaí dramhaíola agus bruscair. Bhain beagnach 70% (thart ar 135,000) de na cigireachtaí comhshaoil a tuairiscíodh in 2022, ar thug an Earnáil Rialtais Áitiúil (LGS) fúthu, le forfheidhmiú dramhaíola agus bruscair. Ba in earnáil na dramhaíola a tionscnaíodh 93% (580) de na hionchúisimh chomhshaoil (gan bruscar san áireamh).

Ar na príomhghníomhaíochtaí a bhaineann le dramhaíl neamhdhleathach a thaifeadtar in Éirinn, tá:

- Bruscar, rud a thagraíonn go hiondúil d'aon chineál dramhaíola a fhágtar in áit oscailte nó poiblí amhail pacáistíocht bia agus di, bunanna toitín, salachar madraí, etc.;
- Dramhaíl a dhó sa chlós, rud a bhfuil cosc air[107];
- Dumpáil nó diúscairt mhídhleathach;
- Sainaithníodh oibreoirí mídhleathacha agus bailitheoirí neamhúdaraithe amhail Bailitheoirí Ré Caite neamhúdaraithe, nó daoine a dtugtar 'Fear i veain' orthu, mar thosaíocht maidir le gníomhaíocht mhídhleathach agus dramhaíl gan tásc;
- Cóireáil neamhúdaraithe dramhaíola ag suíomhanna neamhúdaraithe lena n-áirítear suíomhanna neamhúdaraithe Ré Caite nó clóis chonamair.
- Miondíoltóirí neamhchláraithe agus cúlghairthe bonn a bhíonn ag feidhmiú lasmuigh den chreat rialála; agus
- Mórtháirgeoirí Amhrasta Pacáistithe a bhfuiltear in amhras nach bhfuil siad ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoi na Rialacháin.

Tá meastacháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i dtaca le dramhaíl bhardasach neamhbhainistithe sa tréimhse 2016 go 2021 leagtha amach i d**Tábla 4.5** agus cé go bhfuil treocht mhéadaitheach le sonrú sna torthaí, tá na leibhéil seasmhach ag thart ar 1.6% d'iomlán na dramhaíola bardasaí (féach **Rannán 4.2** Dramhaíl Bhardasach).

Is iad na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLAnna) atá freagrach as comhordú ar bhearta forfheidhmithe dramhaíola agus tosaíochtaí socraithe agus comhchuspóirí forfheidhmithe dramhaíola, lena n-áirítear feasacht an phobail agus gníomhaíochtaí oideachais (a bhaineann leis an bhforfheidhmiú).

Déanann na WERLAnna comhordú ar an Tionscnamh Frithdhumpála, atá á mhaoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide[108] agus arb é is aidhm leis réimsí ardriosca nó réimsí ina bhfuil fadhbanna a shainaithint, freagairtí forfheidhmithe iomchuí a fhorbairt agus tabhairt faoi oibríochtaí glantacháin. Ó bhí 2017 ann, cuireadh breis agus €17 milliún de mhaoiniú ar fáil[109] lenar tacaíodh le níos mó ná 1,800 tionscadal ar fud na

Tábla 4.5: Dramhaíl Bhardasach Neamhbhainistithe Mheasta 2016 go 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

| Paraiméadar | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Méid Iomlán na Dramhaíola Bardasaí Neamhbhainistithe Measta (tonnaí) | 44,868 | 44,501 | 47,145 | 48,660 | 29,600 | 25,600 |

[106] Nasc: https://www.epa.ie/publications/compliance--enforcement/public-authorities/focus-on-local-authority-environmental-enforcement-performance-report-2022.php
[107] Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cosc ar Dhiúscairt Dramhaíola trína Dó) 2009 (I.R. Uimh. 286 de 2009).
[108] Nasc: gov.ie - Tionscnamh Frithdhumpála (www.gov.ie)
[109] Tréimhse 2017-2022.

Tábla 4.6: Dramhaíl a Bailíodh de réir Bliana 2017-2022 tríd an Tionscnamh Frithdhumpála (foinse: WERLA)

| Réigiún | 2017 | 2018 | 2019 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Réigiún Chonnacht-Uladh (tonnaí) | 1,483 | 1,140 | 377 | 1,021 |
| Réigiún an Oirthir-Láir Tíre (tonnaí) | 854 | 930 | 620 | 2,270 |
| Réigiún an Deiscirt (tonnaí) | 530 | 501 | 642 | 2,120 |
| **Iomlán (tonnaí)** | **2,867** | **2,571** | **1,639** | **5,411** |

n-údarás áitiúil go léir de bhun gníomhaíocht maidir le dramhaíl neamhdhleathach. Tá tuairisc ar scála na dramhaíola a bailíodh sna trí réigiún bainistithe dramhaíola tríd an Tionscnamh Frithdhumpála le sonrú i **dTábla 4.6** (tabhair faoi deara nach bhfuil sonraí dramhaíola le haghaidh 2020 agus 2021 ar fáil).

Is fadhb i gcónaí í an easpa sonraí maidir leis an méid dramhaíl neamhbhainistithe agus mídhleathach a bhíonn á diúscairt ar bhonn náisiúnta. In 2020, chuir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tús le staidéar ar nádúr agus ar scála na coiriúlachta dramhaíola in Éirinn (atá fós le foilsiú) chun díriú ar thionchar na ngníomhaíochtaí coiriúlachta dramhaíola, lena n-áirítear a mhéad dumpála mídhleathaí atá tite amach le deich mbliana anuas. Rinneadh an tuarascáil dheireanach inar breithníodh diúscairt mhídhleathach dramhaíola a ullmhú in 2005.

Níl tionchar iomlán phaindéim Covid-19 ar an mbainistiú dramhaíola in Éirinn le feiceáil fós. Tá plé air sin i g**Caibidil 7.** Tugadh le fios i dTuarascáil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar Staid an Chomhshaoil[110] go dtugann suirbhéanna le tuiscint gur tháinig laghdú 50% ar dhramhaíl tráchtála agus gur tháinig méadú 21% ar tháirgeadh na dramhaíola teaghlaigh le linn shrianta Covid-19. Tugann réamhshonraí le tuiscint gur éirigh leis na seirbhísí bainistithe dramhaíola leanúint de bheith ag feidhmiú le linn na tréimhse ach gurb amhlaidh, áfach, gur tháinig méadú ar an dumpáil mhídhleathach agus ar dhó clóis le linn na paindéime (go háirithe le linn na dtréimhsí ba mhó sriantacht).

Fadhb leanúnach is ea aisdúichiú na dramhaíola a iompraíodh/a diúscraíodh go mídhleathach ar ais ó Thuaisceart Éireann go Poblacht na hÉireann agus meastar go bhfuil 170,000 tonna de dhramhaíl fós le haisdúichiú. Thángthas ar dhramhaíl a tháinig as an bPoblacht an chéad lá ag roinnt láithreacha neamhcheadúnaithe i dTuaisceart Éireann agus tá próiseas an aisdúichithe fós sa siúl. Chuir easpa acmhainneacht cóireála sa Phoblacht as do chumas an Stáit an dramhaíl sin a aisdúichiú.

## 4.12 DRAMHAÍL GHUAISEACH

Is ionann dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl ag a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na tréithe guaiseacha atá leagtha amach in Aguisín III den WFD[111]. Is as oibríochtaí tionsclaíochta is mó a eascraíonn dramhaíl ghuaiseach in Éirinn, agus iad ag táirgeadh tuaslagóirí, slodaí, olaí agus ceimiceán. Táirgeann go leor earnálacha eile amhail earnáil na tógála, cúram sláinte, monarchana dramhaíl go fuinneamh, feirmeacha agus teaghlaigh réimse de dhramhaíl ghuaiseach freisin, lena n-áirítear péinteanna, olaí, cadhnraí, lotnaidicídí, aispeist agus ithreacha truaillithe.

In 2021, táirgeadh 466,941 tonna de dhramhaíl ghuaiseach in Éirinn (laghdú 16% ar an 557,221 tonna a táirgeadh in 2020) agus ba í an tionsclaíocht an fhoinse is mó, le hearnáil na tógála ina diaidh sin mar aon le foinsí bardasacha. Tá breac-chuntas ar na cúig chatagóir is mó den dramhaíl ghuaiseach a táirgeadh in Éirinn i bh**Fíor 4.12,** rud a léiríonn gurb iad an dramhaíl tógála (23%), dramhaíl ó phróisis cheimiceacha orgánacha (18%) agus dramhaíl ó shaoráidí bainistithe dramhaíola (17%) na codáin is mó a táirgeadh.

Ó bhí 2015 ann, tá méadú ag teacht ar leibhéil na

[110] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/assessment/irelands-environment/state-of-environment-report-/

[111] Dramhábhair a bhfuil tréithe pléascacha, ocsaídeacha, inadhainte, greannacha, díobhálacha, tocsaineacha, carcanaigineacha, creimneacha, tógálacha, só-ghineacha, íograithe nó éicea-thocsaineacha ag baint leo.




Fíor 4.12: Na 5 Shruth Dramhaíola Guaisí Ba Mhó in Éirinn, 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

dramhaíola guaisí a tháirgtear in Éirinn, rud atá le sonrú i bh**Fíor 4.13** (agus laghdú suntasach le sonrú ar onnmhairí agus méadú le sonrú ar chóireáil ar an láthair le linn phaindéim Covid-19). Baineann sé seo go mór mór le méaduithe ar tháirgeadh luatha loisceora mar gheall ar mhéadú ar an gcóireáil theirmeach ag saoráidí dramhaíl go fuinneamh agus méadú ar tháirgeadh na n-ithreacha éillithe a bhaineann le hearnáil na tógála.

Rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an bhunluaith loisceora a athrangú ina dramhaíl neamhghuaiseach tar éis tástála i mí Aibreáin 2020. As seo amach, déantar aon bhunluaith loisceora a tháirgtear a rianú i gcóras bainistithe na dramhaíola neamhghuaisí, rud a d'fhág go raibh laghdú suntasach ar tháirgeadh na dramhaíola guaisí in 2020 agus 2021.

Bhí 2021 ar an gcéad bhliain ina ndearnadh níos mó dramhaíl ghuaiseach a chóireáil in Éirinn ná mar a onnmhairíodh lena cóireáil (52% a cóireáladh in Éirinn agus 48% a onnmhairíodh). Tarlaíonn cóireáil na dramhaíola guaisí ar an láthair táirgthe (95,130 tonna) nó i saoráidí bainistithe dramhaíola guaisí de chuid na hÉireann (148,575 tonna). Rinneadh 99% d'ithreacha éillithe a táirgeadh a chóireáil i saoráidí dramhaíola guaisí de chuid na hÉireann. Ba chuig Ballstáit AE agus chuig an mBreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann a chuaigh 99% d'onnmhairí lena gcóireáil. Chuaigh na honnmhairí go léir chuig tíortha ar páirtithe iad i gCoinbhinsiún Basel.

Cuireadh san áireamh i dTreoir (AE) 2018/851, lenar leasaíodh an WFD, roinnt forálacha sainiúla maidir le dramhaíl ghuaiseach, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Faoin 1 Eanáir 2025, ní mór do Bhallstáit bailiúchán ar leithligh a bhunú le haghaidh dramhaíl ghuaiseach a tháirgeann teaghlaigh; agus
- Cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) bunachar sonraí a fhorbairt maidir le nithe a chuimsíonn substaintí ar ábhar mór imní iad. Cuirtear le Liosta na nÁbhar go rialta faoi Rialachán REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán) an AE[112]. Ón 5 Eanáir 2021, ní mór do ghnólachtaí a tháirgeann, a allmhairíonn nó a chuireann ar fáil nithe lena ndíol i margadh an AE a chuimsíonn ábhair ar an liosta, faisnéis maidir leis na nithe sin a chur isteach chuig Substaintí ar Ábhar Imní Iad i Nithe, nó i nithe casta (Táirgí) (SCIP).

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tar éis 'Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola Guaisí'[113] (NHWMP) a ullmhú don tréimhse 2021 go dtí 2027, agus foilsíodh é go mall in 2021. Is iad na croí-thosaíochtaí sa phlean sin ná cosc na dramhaíola guaisí, bailiúchán feabhsaithe, glacadh le prionsabal na gaireachta, rialáil éifeachtach agus cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh. Ar chuid de

[112] Nasc: https://echa.europa.eu/regulations/reach/legislation
[113] Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/national-hazardous-waste-management-plan-2021---2027.php

phríomhbhearta an NHWMP, tá:

- Ullmhúchán chun codáin de dhramhaíl ghuaiseach a tháirgfeadh teaghlaigh a bhailiú ar leithligh (de réir Threoir (AE) 2018/851);
- Bailiúchán agus aistriú dramhaíola guaisí feirme a bhunú, lena n-áirítear táirgí tréidliachta nár úsáideadh.
- Faoi 2023, bailiúchán náisiúnta a bhunú de chógais leighis barrachais agus de chógais atá imithe as dáta ón sruth dramhaíola teaghlaigh; agus
- Faoi 2023, ardáin bailithe a bhunú le haghaidh péint bharrachais ó fhoinsí tráchtála agus teaghlaigh.

Beidh na riachtanais thuas ina gcúinse tábhachtach ar gá breithniú orthu agus an Plean seo á chur i bhfeidhm agus lena chinntiú go mbíonn an beartas iomchuí i bhfeidhm chun tacú leis na córais bailithe cois cosáin agus sna hionaid fóntas poiblí na riachtanais seo a chomhlíonadh.

Ó thaobh aon bheartais todhchaí de, bunófar na tosaíochtaí le haghaidh dramhaíl ghuaiseach ar chomhcholúin, mar atá, dearadh an táirge a fheabhsú chun eisiamh ábhar guaiseach a áirithiú sa dearadh agus táirgeadh na dramhaíola guaisí a laghdú. Is glan-allmhaireoir í Éire de tháirgí a chuimsíonn substaintí guaiseacha. Níl aon téarmaí tagartha sa Phlean seo i dtaca le hearraí a allmhairítear ach is gá go dtacódh sé le tionscal táirgthe na tíre seo chun eisiamh substaintí guaiseacha a áirithiú sa dearadh.

Agus réamhaisnéis eacnamaíoch rathúil ann, tá sé tuartha go leanfaidh táirgeadh na dramhaíola guaisí de bheith ag fás i rith thréimhse an Phlean seo (arb í earnáil na tógála is mó is cúis leis sin). Ach oiread le sruthanna dramhaíola eile, is dúshlán i gcónaí í díchúpláil tháirgeadh na dramhaíola guaisí ón ngníomhaíocht eacnamaíoch agus ní mór go rachfaí i ngleic leis an treocht mhéadaitheach i dtáirgeadh na dramhaíola guaisí trí bheartais athraithe iompraíochta.

Ní mór go n-aithneofaí leis an bPlean seo beartais agus nósanna imeachta chun córais leithscartha agus bailithe a fheabhsú i gcomhréir le polasaithe NHWMP. I láthair na huaire, níl aon loisceoir ag Éirinn le haghaidh dramhaíl ghuaiseach tráchtála ná aon suíomh líonta talún le haghaidh aisghabháil/dhiúscairt an tsrutha seo agus bíonn an Stát ag brath i gcónaí ar an onnmhairiú. Ní mór breithniú, mar chuid de bhearta athléimneachta agus teagmhasacha an Phlean, ar an ngá atá le hacmhainneacht cóireála dhúchasach chun an spleáchas ar onnmhairí a laghdú.

Cuimsíonn Réimse Fócais 10 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus bearta tosaíochta i dtaca le bainistiú na dramhaíola guaisí trí fhorfheidhmiú an Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola Guaisí.




Fíor 4.13: Bainistiú na Dramhaíola Guaisí in Éirinn 2009-2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)



# 5 BONNEAGAR

Ó foilsíodh an Plean Réigiúnach Bainistithe Dramhaíola deireanach in 2015, tá athrú suntasach tagtha ar an mbonneagar cóireála deiridh in Éirinn. Is rud dearfach é gur lean an treocht de laghdú ar an diúscairt go líonadh talún agus tá níos mó neamhthuilleamaíochta ann trí ionaid dhúchasacha athúsáidte ábhar, athchúrsála agus aisghabhála teirmí. Léirítear, áfach, le sonraí a fuarthas le déanaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, i gcomhpháirt le monatóireacht leanúnach ón RWMPO, go bhfuil spleáchas leantach ann ar onnmhairiú na dramhaíola.

Tá forbhreathnú sa chaibidil seo ar chórais bailithe, ar acmhainneacht cóireála deiridh in Éirinn agus ar mhargaí onnmhairithe agus tá plé ann ar na cineálacha cóireála atá ag teastáil chun gach dramhaíl a bhainistiú. Tá polasaithe agus bearta chun tacú leis an riachtanas bonneagair seo leagtha amach i Réimsí Fócais 11 go 16 in **Imleabhar II** agus tá croí-thorthaí inréadaithe chun tacú leis an bhforfheidhmiú leagtha amach i g**Caibidil 3 d'Imleabhar III**.

## 5.1 ATHÚSÁID, ULLMHÚCHÁN LE HAGHAIDH ATHÚSÁIDE AGUS DEISIÚCHÁIN

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an earnáil athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin ó foilsíodh na RWMPanna in 2015 agus réimse de ghnólachtaí úra ilchineálacha tar éis a mbunaithe ar fud na hearnála.

Tá 47 ball ag Líonra Acmhainní Pobail Éireann (CRNI) a sholáthraíonn réimse de ghníomhaíochtaí athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin, ó dhíol na n-éadaí athláimhe go dtí dramhábhar téagartha amhail rothair agus tochtanna a ullmhú lena n-athúsáid, a dheisiú agus a uaschúrsáil. Bíonn CRNI ag obair go dlúth le Charity Retail Ireland, a bhfuil 500 ionad acu fud fad na hÉireann agus úsáideann siad múnla an gheilleagair chiorclaigh chun airgead a bhailiú.

In 2021, thug CRNI le fios[114] gur baineadh na gníomhaíochtaí seo a leanas amach:

- Athúsáideadh 12,441 tonna d'acmhainní;
- Deisíodh 54 tonna;
- Cuireadh 10,195 tonna d'acmhainní ar shiúl lena n-athchúrsáil;
- Coiglíodh 171,238 tonna $CO_2$;
- Tacaíodh le 771 post;
- Bhí 7,661 oibrí deonach rannpháirteach; agus
- Gineadh láimhdeachas €52 milliún.

Cuimsíonn teicstílí sciar mór de na figiúirí a tuairiscíodh, ag baint go príomha le Charity Retail Ireland, a dhíolann cuid mhór éadaí athláimhe i siopaí carthanais ar fud na tíre.

Tá 1,267 ionad athúsáide ar bhonn náisiúnta lena n-áirítear siopaí miondíola agus seirbhísí ar líne. Le hardáin ar líne amhail Adverts, Donedeal, Freecycle, Gumtree agus Repairmystuff, tagann deiseanna do dhaoine le hearraí athláimhe a cheannach agus a dhíol agus/nó a mhalartú saor in aisce.

Cé gur sruth dramhaíola ardluacha é an Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), agus é foirfe lena ullmhú le haghaidh athúsáide, tá ráta reatha athúsáide na dtáirgí DTLL in Éirinn íseal i gcomparáid leis an méid iomlán earraí a bhailítear lena n-athchúrsáil sa chóras.

Déantar an mhórchuid de bhoinn chaite na hÉireann a charnadh agus a onnmhairiú lena n-athchúrsáil agus ní dhéantar ach 1% de bhoinn a ullmhú lena n-athúsáid mar bhoinn athmhúnlaithe nó boinn atráchta.

Is é an t-ullmhúchán le haghaidh athúsáide an próiseas trína ndéantar dramhaíl a sheiceáil, a ghlanadh nó a dheisiú agus ansin a chur ar ais ar an

[114] Tuarascáil Bhliantúil CRNI 2021, Nasc: https://crni.ie/annual-reports/

margadh gan aon réamhphróiseáil eile. Is amhlaidh, cé go luíonn an modh cóireála seo in áit níos airde ar an ordlathas dramhaíola ná an athchúrsáil agus an aisghabháil fuinnimh, nach ann d'aon ionad 'ullmhaithe chun athúsáide' in Éirinn faoi láthair. Is earnáil dlúthshaothair í earnáil an ullmhaithe chun athúsáide agus ní mór oibrithe oilte agus bonneagar leorga a chur ar fáil lena haghaidh. .

Ar bhonn ginearálta, is tionscal dlúthshaothair é an tionscal athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus deisiúcháin, rud a fhágann go mbíonn na hoibríochtaí costasach lena reáchtáil. Is é a tharlaíonn, dá réir, go ndéanann sé seo praghas an táirge deiridh a mhéadú agus is féidir go mbeadh sé deacair ag an earnáil athúsáide praghsanna iomaíocha sa mhargadh a bheith acu.

In 2022, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an chéad sraith de staitisticí náisiúnta athúsáide d'Éirinn agus thuairiscigh gurbh é 10.6kg an meánráta bliantúil athúsáide in aghaidh an duine in Éirinn in 2021[115]. Fuarthas sonraí cainníochtúla maidir le rátaí agus gníomhaíocht athúsáide trí shuirbhé ar líne ar shampla ionadaíoch de dhaonra na hÉireann.

Fuarthas i sonraí 2021 gur ceannaíodh nó gur malartaíodh thart ar 54,800 tonna de tháirgí athláimhe in Éirinn. B'ionann teicstílí agus 73% de na ceannacháin/malartuithe athláimhe go léir, agus athúsáideadh thart ar 11.4 milliún mír d'earraí éadaí athláimhe in Éirinn in 2021. B'ionann Trealamh Leictreach agus Leictreonach (TLL) agus an athúsáid is mó in aghaidh an mheáchain ag thart ar 16,800 tonna. Áirítear leis sin gléasanna beaga leictreonacha tomhaltóra, trealamh ríomhaireachta pearsanta agus fearais bhaile.

Cuimsíonn Réimse Fócais 12 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus bearta tosaíochta a thacaíonn le forbairt an ghréasáin athúsáide agus deisiúcháin laistigh den Stát.

## 5.2 BONNEAGAR BAILITHE

Tá an bonneagar bailithe laistigh den Stát éagsúil, ag brath ar thréithe an tsrutha dramhaíola atá le bailiú. Ar na córais bailithe, tá bailiúcháin cois cosáin, ionaid fág anseo, ionaid fóntas poiblí, ionaid Íoc-le-hÚsáid, scéimeanna tabhair-ar-ais agus bailiúcháin aon uaire.

Déantar an dramhaíl bhardasach a bhailiú go príomha le seirbhísí cois cosáin, á gcur ar fáil ag comhlachtaí príobháideacha agus bailítear ábhair bhreise trí ionaid fág anseo, ionaid fóntas poiblí, ionaid íoc-le-húsáid mar aon le bailiúcháin scipe. Is é an chaoi a n-oibrítear na córais cois cosáin, go hiondúil, ná mar chóras dhá araid (earraí in-athchúrsáilte agus dramhaíl iarmharach) nó mar chóras trí araid (araid earraí in-athchúrsáilte, dramhaíl iarmharach agus dramhbhia). Feidhmítear roinnt seirbhísí bailithe gloine cois cosáin ar scála beag.

Déantar dramhaíl tógála agus scartála a bhailiú go príomha trí bhailitheoirí príobháideacha dramhaíola a bheith ag feidhmiú córas comhaontaithe bailithe go díreach leis an gconraitheoir.

Cuimsíonn Réimse Fócais 4 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus bearta tosaíochta a thacaíonn le feabhsúchán na gcóras bailithe rialaithe reatha chun níos mó sruthanna ábhair a leithscaradh agus a cheapadh d'fhonn ciorclaíocht na n-ábhar a bhailítear a uasmhéadú.

### 5.2.1 Bonneagar Bailithe Tráchtála

Commercial waste is subject to a kerbside
Titeann an dramhaíl tráchtála faoi chóras bailithe cois cosáin a bhíonn á fheidhmiú ag bailitheoirí príobháideacha a bhailíonn dramhaíl iarmharach, in-athchúrsáilte nó orgánach. Níl an oiread céanna doiciméadaithe ann, áfach, maidir le fairsinge an bhailithe is atá i gcás na dramhaíola teaghlaigh. Mar atá amhlaidh le teaghlaigh, is amhlaidh nach mbaineann gach áitreabh tráchtála leas as córas na n-araidí athchúrsála dramhbhia. Mar aon leis an gcóras 3 araid/2 araid, bailítear dramhaíl leithscartha pacáistithe lena n-áirítear ábhair amhail gloine, cairtchlár burláilte agus plaisteach.

Cuimsíodh san Acht um Gheilleagar Ciorclach 2022 cur i bhfeidhm struchtúir dhreasaithe praghsála le haghaidh bhailiú cois cosáin na dramhaíola tráchtála chun treallús eacnamaíoch a sholáthar chun na hathruithe atá ag teastáil san earnáil seo a thiomáint[116].

Tugadh le fios le staidéar ar shaintréithiú dramhaíola 2022 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil[117] go bhféadfaí go leor feabhsuithe a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáideann custaiméirí nach teaghlaigh iad (mar aon le teaghlaigh) a gcuid

[115] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/reuse/
[116] Leasú Alt 26 ar Alt 34(7)(f) den Acht um Bainistiú Dramhaíola. Nasc: https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2022/26/eng/enacted/a2622.pdf
[117] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/waste/national-waste-statistics/waste-characterisation/

araidí agus tuairiscíodh na torthaí seo a leanas:

- D'fhéadfaí 74% d'inneachar na n-araidí iarmharach neamh-theaghlaigh a atreorú chuig araidí athchúrsála earraí in-athchúrsáilte nó araidí dramhbhia, nó ba cheart é a thabhairt chuig ionad fóntas poiblí;
- As iomlán na dramhaíola a cuireadh isteach sna haraidí athchúrsála, dramhbhia agus iarmharach cois cosáin, is bruscar doghlactha é 10% den dramhaíl seo (i.e. dramhaíl nár cheart a chur in aon cheann de na trí araid seo). Tá an codán seo de dhramhaíl dho-ghlactha déanta go príomha de theicstílí, gloine, péint, DTLL agus dramhaíl ghuaiseach amhail péint ghuaiseach, DTLL agus cadhnraí guaiseacha, rudaí a bhfreastalaíonn córais bailithe ar leithligh orthu.

Tarraingíonn an staid reatha aird ar an ngá atá le feabhsúchán suntasach ar raon agus ar chlúdach na gcóras bailithe dramhaíola tráchtála chun cainníochtaí agus cáilíocht na n-ábhar a bhailítear a fheabhsú.

## 5.2.2 Bonneagar Bailithe Teaghlaigh

Sa bhliain 2021, thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur bailíodh 65% den dramhaíl teaghlaigh ar fad (1,172,619 tonna) tríd an gcóras bailithe cois cosáin. As an dramhaíl teaghlaigh a bailíodh cois cosáin in 2021, chuimsigh sé seo 60% san araid iarmharach, 23% san araid in-athchúrsáilte agus 18% san araid athchúrsála dramhbhia agus leibhéil ísle de ghloine leithscartha. Thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freisin gurb amhlaidh, cé go raibh feabhsúchán suntasach ann ar rolladh amach na haraide athchúrsála dramhbhia, nach raibh araid dhonn in 2021 ach ag 69%[118] de theaghlaigh na hÉireann a raibh seirbhís bailithe araide cois cosáin acu in 2021 (cuimsíonn an céatadán sin comhroinnt araidí). In 2021, bailíodh 10,024 tonna de ghloine leithscartha cois cosáin.

Léiríonn **Fíor 5.1** an clúdach bailithe cois cosáin do theaghlaigh de réir contae in 2021 agus léiríonn go dtéann céatadán na dteaghlach ar chóras bailithe cois cosáin ó níos mó ná 90% sna ceantair uirbeacha níos mó (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall, Áth Cliath Theas, Cathair Chorcaí, Cathair na Gaillimhe) go dtí rud beag níos mó ná 50% i gcontaetha tuaithe (an Cabhán, Ciarraí, Ros Comáin). Tá an treocht seo ag teacht leis an méid a tuaradh agus ní mór béim níos mó a chur ar leathnú na roghanna bailithe dramhaíola i gcontaetha tuaithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara nár cuireadh san áireamh sna sonraí comhroinnt fhéideartha araidí i gceantair uirbeacha agus tuaithe.




Fíor 5.1: Codán de Theaghlaigh ar Chóras Bailithe Cois Cosáin in 2021 de réir Contae in Éirinn (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

[118] Baineann an figiúr seo le bunlíne de gach áit chónaithe inar chónaigh áitritheoirí sa stát. I láthair na huaire, ní gá araid athchúrsála dramhbhia a thairiscint ach amháin do theaghlaigh laistigh de cheirtleán de 500 nó níos mó, agus nuair a chuirtear é sin san áireamh sa bhunlíne, bhí araid athchúrsála dramhbhia ag 90% de theaghlaigh. Táthar tar éis an tairseach daonra seo a bhaint ar shiúl ó bhí mí Eanáir 2024 ann, rud a fhágann gur gá araid athchúrsála dramhbhia a thairiscint do gach áit chónaithe sa stát ina gcónaíonn áitritheoirí.




Fíor 5.2: Méid Dramhaíola Teaghlaigh Cois Cosáin a Bailíodh agus Gloine Leithscartha a Bailíodh in 2021 de réir Cineál Araide agus Contae (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)




Fíor 5.3: Miondealú ar Bhailiúchán Dramhaíola Soladaí Bardasaí Cois Cosáin i gcomparáid le Bailiúchán neamh-Chois-Cosáin in 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)




Fíor 5.4: Miondealú ar Bhailiúchán Dramhaíola neamh-Chois-Cosáin in 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

Tá líon na dramhaíola teaghlaigh a bhailítear in aghaidh an duine tríd an gcóras cois cosáin sna haraidí iarmharach, in-athchúrsáilte, dramhbhia agus gloine le sonrú i bh**Fíor 5.2**. Tarraingíonn na sonraí aird ar na heasnaimh sa chóras bailithe dramhaíola teaghlaigh cois cosáin, go háirithe i dtaca le soláthar agus úsáid na haraide athchúrsála dramhbhia. Léiríonn na sonraí go mbíonn an araid athchúrsála dramhbhia níos feiceálaí sna contaetha níos uirbí i gcomparáid leis na contaetha tuaithe[119]. Tugadh le fios le suirbhé teaghlach na Príomh-Oifige Staidrimh ar iompraíochtaí dramhaíola in 2019 go ndéantar 69% den dramhaíl orgánach a mhúiríniú sa bhaile nó a thabhairt mar bhia d'ainmhithe (féach **Rannán 4.2.2**). Le rolladh amach na haraide athchúrsála dramhbhia cois cosáin do gach teaghlach, mar aon le roghanna ciorclacha eile, mar shampla, bailiúchán ar leithligh na bithdhramhaíola (lena n-áirítear dramhaíl ghairdín) ón 31 Nollaig 2023, éascófar athchúrsáil mhéadaithe na dramhaíola orgánaí.

Léiríonn **Fíor 5.3** an dramhaíl iomlán a bailíodh i ngach contae agus aibhsíonn na codáin a ceapadh tríd an mbailiúchán cois cosáin i gcomparáid le córais nach bailiúcháin cois cosáin iad. Is léir gurb é an méid dramhaíola a bailíodh trí shruth 'an bhailiúcháin cois cosáin' an príomh-mhodh bailithe do gach contae in Éirinn ach go mbíonn ról suntasach ag na modhanna bailithe eile i dtaca leis an sruth seo a cheapadh..

Tá miondealú i bh**Fíor 5.4** ar na modhanna bailithe nach bailiú cois cosáin iad i ngach contae agus ar na méideanna dramhaíola ar cláraíodh gur bailíodh trí na modhanna seo iad. Léiríonn an fhíor seo gurb iad bailiúchán scipe agus ionaid fóntas poiblí foinse phríomha an bhailithe dramhaíola nach bailiúchán cois cosáin é. Is iondúil gur scipeanna neamhscartha iad na scipeanna a fhaigheann teaghlaigh, rud ar féidir drochthorthaí a bheith ag baint leis ó thaobh na ciorclaíochta de, ach déantar an bruscar a leithscaradh sna hionaid fóntas poiblí agus sna hionaid fág anseo, rud a fhágann go mbíonn caighdeán níos fearr ag baint leis an ábhar a bhailítear.

Is éard is aidhm leis an bPlean seo ná córais bailithe cois cosáin níos éifeachtaí a bhaint amach ar fud na tíre agus rannpháirteachas níos fearr leis na córais bailithe cois cosáin. Is féidir, trí rannpháirteachas méadaithe agus feasacht mhéadaithe ar an leithscaradh ag an bhfoinse, idir chainníocht agus cháilíocht na n-ábhar a bhailítear a fheabhsú. Cuirfidh na feabhsúcháin seo leis an athchúrsáil trí thruailliú laghdaithe agus bunábhar ar chaighdeán níos airde mar aon le laghdú ar na méideanna de dhramhaíl neamhbhainistithe laistigh den Stát.

[119] I gcás ceirtleáin de <500 duine, níl aon cheanglas ann i láthair na huaire araid athchúrsála dramhbhia a sholáthar - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl) 2013 - I.R. Uimh. 71 de 2013.

## 5.2.3 Ionaid Fóntas Poiblí

Tá 96 Ionad Fóntas Poiblí (CAS) ag údaráis áitiúla in Éirinn agus tá ról suntasach acu seo sa bhainistiú dramhaíola. Ceapadh na CASanna le freastal ar shruthanna dramhaíola nach gclúdaíonn na córais reatha bailithe cois cosáin amhail dramhaíl ghuaiseach, DTLL, adhmad, miotail, péinteanna, dramhaíl ghlas agus gníomhaíochtaí 'ar ord níos airde' amhail athúsáid agus oideachas. Ceapadh na CASanna d'fhonn bailiúchán cois cosáin na dramhaíola teaghlaigh a chomhlánú agus, i roinnt cásanna, chun roghanna malartacha air sin a chur ar fáil. Is bonneagar éigeantach aisghabhála atá sna CASanna le haghaidh rudaí nach mbailítear nó atá róchostasach le bailiú cois cosáin. Is féidir, ach na hoibríochtaí CAS a bhreisiú, tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach in Éirinn.

Tá na CASanna tar éis dul in oiriúint do chúinsí athraitheacha, mar shampla, bainistiú dramhaíola príobháidithe, athruithe ar chomhdhéanamh na dramhaíola, ceisteanna a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach agus athruithe reachtaíochta. Mar a tuairiscíodh san 'Athbhreithniú Náisiúnta ar Shuíomhanna Fóntas Poiblí' in 2020[120], tugann na sonraí ón suirbhé custaiméara le tuiscint go dtarlaíonn bunús na gcuairteanna (65%) ar CAS ar bhonn míosúil go ráithiúil agus gur custaiméirí teaghlaigh iad 99% de na custaiméirí agus custaiméirí tráchtála iad an 1% eile.

I láthair na huaire, tá na CASanna ag feidhmiú faoi bhrú airgeadais nó tá deireadh leis na tacaíochtaí rialtais agus ní chlúdaíonn buiséad na n-údarás áitiúil ach na hacmhainní a theastaíonn chun na suíomhanna a chothabháil. Ag an am céanna, tá ag fás ar ionchas na gcustaiméirí i dtaobh na seirbhísí a sholáthraítear ag na CASanna, amhail réimse níos leithne d'ábhair a nglacfaí leo, foireann chairdiúil éifeachtúil agus suíomh glan nua-aimseartha pléisiúrtha ar tháille iomaíoch.

Fágann na brúnna airgeadais agus oibríochtúla sin gur gá bonneagar agus feidhmiú na CASanna de chuid na n-údarás áitiúil a choigeartú agus, dá réir, teastaíonn infheistíocht chun éascaíocht a dhéanamh ar ghréasán comhtháite daingnithe comhordaithe CAS a bhunú agus an t-aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí a éascú. Táthar tar éis tús a chur le hobair ar an tasc seo faoi choimirce Mheitheal Oibre Náisiúnta an Chumainn Bainistíochta Contae agus Cathrach.

## 5.2.4 Córais Bailithe Eile

Is féidir go mbaileofaí an dramhaíl bhardasach chomh maith trí bhailiúcháin sceidealaithe (dramhaíl théagartha, mar shampla), á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus seirbhísí dramhaíola scipe, á bhfeidhmiú ag an earnáil phríobháideach.

Déanann údaráis áitiúla agus/nó an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil seirbhísí tréimhsiúla 'fág-anseo' dramhaíola a oibriú chomh maith. Mar shampla, an scéim phíolótach le haghaidh dramhaíl ghuaiseach feirme, ar éirigh go geal leis, mar ar reáchtáladh 46 bailiúchán aon lae idir 2013 agus 2017. Le linn na tréimhse seo, thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go raibh breis agus 9,000 feirmeoir rannpháirteach go deonach leis na bailiúcháin agus gur dheonaigh siad airgead chun na costais diúscartha a bhain leis an mbreis agus 1,000 tonna de dhramhaíl ghuaiseach a bailíodh agus a láimhseáladh de réir mar ba chuí a chlúdach.

Ar na córais bailithe ábhar eile a thiteann lasmuigh den chóras tuairiscithe dramhaíola, tá an margadh athúsáide agus deisiúcháin amhail siopaí carthanais, bainc éadaí, etc. Mar shampla, d'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tuairisc le déanaí[121] ar theicstílí iarthomhaltais agus measann go dtáirgtear, san iomlán, thart ar 170,000 tonna de theicstílí iarthomhaltais ar bhonn bliantúil in Éirinn agus go gcuirtear thart ar 35% den mhéid sin chuig bainc teicstílí tráchtála, chuig earnáil na carthanachta agus chuig siopaí seanré.

Go dtí seo in Éirinn, táthar tar éis sé Thionscnamh Freagrachta Táirgeora a bhunú agus tá ag éirí go geal leo. Cuireann na Tionscnaimh sin de cheangal ar tháirgeoirí agus ar sholáthróirí maoiniú a chur ar fáil chun sruthanna áirithe dramhaíola a bhailiú agus a chóireáil, lena n-áirítear cadhnraí, feithiclí ré caite, plaisteach feirme, pacáistiú, boinn agus DTLL. Rinneadh tagairt sa WAPCE staidéir féidearthachta do na Tionscnaimh i dtaca le sruthanna dramhaíola eile lena n-áirítear teicstílí, dramhaíl théagartha, péint, cógais leighis agus dramhaíl ghuaiseach feirme.

Ar an 28 Samhain 2022, achtaíodh rialacháin lenar bunaíodh an creat reachtach le haghaidh scéimeanna freagrachta breisithe táirgeora i gcomhair scagairí tobac a chuimsíonn plaisteach, balún agus ceirtíní taise. Is é a d'eascair as rathúlacht na scéimeanna atá ann faoi láthair ná rátaí bailithe agus leithscaradh (leithscaradh ag an bhfoinse) feabhsaithe na n-ábhar seo.

[120] Nasc: https://www.mywaste.ie/wp-content/uploads/2021/02/National-Review-of-Civic-Amenity-Sites.pdf
[121] Nature and Extent of Post-Consumer Textiles in Ireland, 2021. Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/nature-and-extent-of-post-consumer-textiles-in-ireland.php

### 5.2.5 Bonneagar Bailithe le haghaidh Dramhaíl Tógála agus Scartála

Bailíodh agus bainistíodh 9 milliún tonna de dhramhaíl tógála agus scartála in 2021, tar éis laghdú in 2020 (a raibh súil leis mar gheall ar shrianta Covid-19) arbh ionann é agus leibhéil 2019 (8.8 milliún tonna).

Is bailitheoirí príobháideacha dramhaíola ceadaithe, atá údaraithe chun dramhaíl seo a bhailiú, a bhailíonn iomlán an tsrutha dramhaíola seo ó láithreáin tógála trí theaglaim d'fheithiclí tarlaithe ábhair (le haghaidh ithreach agus cloiche, mar shampla) mar aon le scipeanna le haghaidh sruthanna de dhramhaíl níos lú amhail miotal, adhmad, gloine, plaisteach, etc. Níl aon sonraí ar fáil maidir le leibhéil na mbailiúchán neamhúdaraithe ó láithreáin tógála.

Is iondúil gur go díreach chuig suíomh glactha a mbeadh an ceadúnas iomchuí aige nó a bheadh údaraithe a dhéantar ithir agus cloch thámh a tharlú, lena n-úsáid mar aislíonadh. Déantar cainníochtaí níos lú de choincréit, brící, tíleanna agus meascáin bhiotúmanacha a bhailiú freisin lena n-úsáid le haghaidh aislíonadh.

Bailíonn feithiclí tarlaithe dramhaíola ithreacha neamhghuaiseacha nó guaiseacha agus d'fhéadfadh sé gur ghá leibhéal áirithe cóireála a dhéanamh orthu sula ndéantar iad a dhiúscairt ag láithreán líonta talún nó a onnmhairiú.
Is iondúil go ndéantar scipeanna leithscartha le haghaidh miotal, adhmaid, plaisteach agus gloine a iompar chuig saoráidí athchúrsála a mbeadh an t-údarás nó an ceadúnas cuí acu ach déantar codáin áirithe a bhailiú le haghaidh aisghabháil fuinnimh.

Bailíodh 362,380 tonna de dhramhaíl mheasctha i scipeanna in 2021, rud a léiríonn drochleibhéal de leithscaradh ag an bhfoinse, ar bhonn ginearálta, san earnáil. Déantar na scipeanna dramhaíola seo a bhailiú agus bíonn leibhéal de réamhchóireáil agus réamhshórtáil ag teastáil sula ndéantar a thuilleadh cóireála ag monarchana athchúrsála nó aisghabhála fuinnimh.

Rinneadh an chóireáil deiridh ar 96% den dramhaíl tógála agus scartála in Éirinn in 2021 agus onnmhairíodh 4% thar lear le haghaidh cóireáil deiridh. Rinneadh an chuid is mó den dramhaíl tógála agus scartála a cóireáladh in Éirinn a aisghabháil tríd an aislíonadh (85%), chuaigh 7% lena dhiúscairt agus ní dhearnadh ach 8% a athchúrsáil.

## 5.3 RÉAMHCHÓIREÁIL

Is í an earnáil phríobháideach go príomha a sholáthraíonn an bonneagar réamhchóireála in Éirinn, arna n-údarú faoi cheadúnais saoráide dramhaíola nó ceadúnais ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Leis na hoibríochtaí seo, déantar dramhaíl a scaradh agus a ullmhú lena cur ar aghaidh chuig áiteanna eile chun an chóireáil deiridh a dhéanamh. Ní bhíonn na gníomhaíochtaí réamhchóireála teoranta do shruthanna dramhaíola faoi leith agus déanann na saoráidí seo cuid

Tábla 5.1: Acmhainneacht Réamhchóireála in Éirinn

| Cineál Údaraithe | Líon Saoráidí | Dramhaíl ar glacadh léi in 2020 (tonnaí) |
|---|---|---|
| Ceadúnas Saoráide Dramhaíola | 243 | 2,539,140 |
| Ceadúnas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 59 | 3,478,652 |
| **Iomlán** | **302** | **6.2 milliún** |

Tábla 5.2: Saoráidí Aisghabhála Ábhar Údaraithe in Éirinn

| Cineál Údaraithe | Líon Saoráidí | Acmhainneacht Bhliantúil Údaraithe (tonnaí) |
|---|---|---|
| Saoráidí a bhfuil ceadúnas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil acu | 6 | 457,500 |
| Saoráidí Údaráis Áitiúil Ceadaithe | 4 | 192,499 |
| **Iomlán** | **10** | **649,999** |

mhór cineálacha difriúla dramhaíola a láimhseáil (i gcomhréir leis an toiliú a bhronntar).

Ní bhaineann na gníomhaíochtaí próiseála seo le haon chiseal faoi leith ar ordlathas na dramhaíola nó is féidir cur síos dóibh gur réamhtheachtaithe iad roimh chineálacha sainiúla de chóireáil dramhaíola. Ar na gníomhaíochtaí coitianta réamhchóireála a dhéantar i saoráidí de chuid na hÉireann, tá earraí in-athchúrsáilte a shórtáil, dlúthú dramhaíola agus próiseáil na Dramhaíola Soladaí Bardasaí chun Breosla Athshlánaithe Soladach a tháirgeadh lena úsáid sa chomhloscadh in áitheanna stroighne nó Breosla arna Dhíorthú ó Dhramhail a tháirgeadh lena úsáid i saoráidí cóireála teirmí.

Meastar gurb ionann scála na hacmhainneachta údaraithe réamhchóireála in Éirinn agus thart ar 6.2 milliún tonna sa bhliain (bunaithe ar thréchuir 2020 nó níl an acmhainneacht thoilithe ar fáil do gach toiliú). I d**Tábla 5.1** tá miondealú ar an tréchur de réir chineál an cheadaithe réamhchóireála do gach sruth dramhaíola. Téann caighdeán na saoráidí réamhchóireála ó stáisiúin bhunúsacha aistrithe go dtí próiseáil fheidhmiúil bhunúsach (amhail dlúthú) go dtí próiseáil mheicniúil shofaisticiúil lena mbaineann céimeanna iolracha chun an deighilt a optamú agus aschuir ardchaighdeáin a sholáthar. Tá gach ceann de na hoibríochtaí seo san áireamh sna sonraí atá léirithe i d**Tábla 5.1** mar aon le méid iomlán na dramhaíola ar glacadh léi in 2020 chun scála na hoibríochta seo a léiriú.

Is iad na hoibríochtaí ardphróiseála a tháirgeann ábhair ar chaighdeán níos airde is fearr agus cabhraíonn siad seo chun rátaí athchúrsála níos airde a bhaint amach. Meallann na haschuir ardchaighdeáin ó na hoibríochtaí seo praghsanna margaidh níos airde nó bíonn ráchairt ar na hábhair ar chaighdeán níos airde chun táirgí úra a mhonarú. Tacaíonn na cineálacha oibríochtaí seo leis na féidearthachtaí i dtaca le ciorclaíocht agus úsáid ábhar tánaisteach níos mó.

Is éard atá sna Saoráidí Aisghabhála Ábhar ná saoráidí sofaisticiúla próiseála meicniúla atá éigeantach chun earraí in-athchúrsáilte cóimheasctha a bhailítear trí chórais cois cosáin agus trí chórais bailithe eile a shórtáil. Cuirtear síos do na Saoráidí Athghabhála Ábhar sin gur réamhchóireáil iad (agus tá siad san áireamh freisin sna sonraí i d**Tábla 5.1**) agus táirgeann siad ábhair ardchaighdeáin lena gcur ar aghaidh lena bpróiseáil agus lena n-athchúrsáil. Tá achoimre ar líon agus ar acmhainneacht na Saoráidí Athghabhála Ábhar údaraithe oibríochtúla sa Stát leagtha amach i d**Tábla 5.2**. Is ionann an acmhainneacht údaraithe iomlán do Shaoráidí Athghabhála Ábhar laistigh den Stát agus 649,999 tonna sa bhliain.

## 5.4 CÓIREÁIL DRAMHAÍOLA SOLADAÍ BARDASAÍ

Is éard atá sa dramhaíl sholadach bhardasach ná dramhaíl mheasctha a bhailítear ar leithligh ó theaghlaigh agus dramhaíl tráchtála den chineál céanna agus tá sonraí breise maidir le nádúr agus cainníochtaí na dramhaíola soladaí bardasaí leagtha amach i **Rannán 4.2.** Chomh luath is a bhailítear í trí chórais cois cosáin agus córais eile, tá réimse de roghanna cóireála dramhaíola soladaí bardasaí ar fáil sa Stát ag cisil éagsúla den ordlathas dramhaíola agus tá cur síos orthu seo sna rannáin a leanas. Tá cur síos ar gach rogha le sonrú mar aon leis an acmhainneacht údaraithe reatha atá ar fáil chun an dramhaíl sholadach bhardasach a chóireáil.

### 5.4.1 Bonneagar Athchúrsála

Tá tionscal dúchasach athchúrsála ag Éirinn a dhéanann an dramhaíl a athphróiseáil ina hábhair agus táirgí úra. Thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur athchúrsáladh 18% den dramhaíl phacáistithe a táirgeadh in 2021 in Éirinn. Chuimsigh sé seo gloine agus adhmad go príomha nó rinneadh beagnach an t-iomlán de pháipéar, cairtchlár agus pacáistiú plaisteach na hÉireann a athchúrsáil thar lear. Aithnítear nach ann in Éirinn do na barainneachtaí scála atá ag teastáil chun sruthanna dramhaíola áirithe a athchúrsáil (e.g. páipéar, cruach agus alúmanam). Is amhlaidh, áfach, go bhfuil deiseanna ann ar bhonn uile-oileánda chun bonneagar athchúrsála dúchasach a fhorbairt le haghaidh sruthanna dramhaíola áirithe. Dhéanfaí, ach cur chuige uile-oileánda a chur i bhfeidhm (faoi réir phrótacail an Bhreatimeachta) an spleáchas ar an onnmhairiú a laghdú agus chuirfí ar chumas na hearnála an t-aistriú a dhéanamh chuig geilleagar níos ciorclaí agus níos mó fostaíochta a chruthú.

Cuimsíonn Réimse Fócais 13 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus bearta tosaíochta chun tacú le hearnáil na hathchúrsála sa Stát agus tá polasaithe ginearálta agus polasaithe a bhaineann go sainiúil le hábhair faoi leith le sonrú.

[120] Nasc: https://www.mywaste.ie/wp-content/uploads/2021/02/National-Review-of-Civic-Amenity-Sites.pdf
[121] Nature and Extent of Post-Consumer Textiles in Ireland, 2021. Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/nature-and-extent-of-post-consumer-textiles-in-ireland.php

Tábla 5.3: Acmhainneacht Údaraithe do Shaoráidí Múirínithe agus Díleáite Anaeróbaigh in Éirinn in 2019

| Cineál Cóireála | Acmhainneacht Údaraithe Tonnaí sa Bhliain 2019 |
|---|---|
| Múiríniú[123] | 459,000 |
| Díleá Anaeróbach[124] | 110,000 |
| Bithchobhsú an Mhínbhruis Orgánaigh | 143,700 |
| **Iomlán**[125] | **687,660** |

Tábla 5.4: Dramhaíl a nGlactar Léi ag Saoráidí Múirínithe, DA agus Bithchobhsaithe agus Onnmhairithe Dramhaíola chuig Tuaisceart Éireann

| Cineál Dramhaíola | 2018 (tonnaí) | 2019 (tonnaí) | Arna onnmhairiú chuig Tuaisceart Éireann | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 (tonnaí) | % den iomlán |
| Bithdhramhaíl[126] | 445,000 | 528,000 | 105,600 | 20% |
| Bithdhramhaíl Bhardasach amháin (fothacar den fhigiúr Bithdhramhaíola thuas) | 257,000 | 295,000 | 89,642 | 30% |
| Mínbhrus Orgánach ar glacadh leis le haghaidh Bithchobhsú[127] | 138,000 | 152,000 | - | - |

### 5.4.1.1 Múiríniú, Díleá Anaeróbach agus Bithchobhsú

Tá an acmhainneacht bhliantúil údaraithe do shaoráidí múirínithe agus díleáite anaeróbaigh (DA) in Éirinn leagtha amach i d**Tábla 5.3**. Léirítear sa tábla an acmhainneacht thiomnaithe le haghaidh chóireáil deiridh na dramhaíola orgánaí atá ar fáil laistigh den Stát in 2019, rud arb ionann é agus 687,660 tonna agus leis an acmhainneacht bhreise i dTuaisceart Éireann, méadaítear an acmhainneacht ar an oileán.

Tá achoimre ar na sonraí is úire de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh 2018 agus 2019 leagtha amach i d**Tábla 5.4** agus tá le sonrú gur tháinig méadú 19% ar na méideanna dramhaíola ar glacadh leo ag saoráidí múirínithe agus DA in 2019 i gcomparáid le 2018, agus aistríodh 20% de thonnaí 2019 go Tuaisceart Éireann lena gcóireáil. Léiríonn na sonraí seo chomh maith méadú comhfhreagrach ar ghlacadh an mhínbhruis orgánaigh[122] don bhithchobhsú sular cuireadh an dramhaíl go láithreán líonta talún lena diúscairt nó le haghaidh úsáidí údaraithe eile.

Tugann na sonraí le tuiscint go bhfuil acmhainneacht leorga ann sa mhargadh chun freastal ar na héilimh reatha. Is amhlaidh, áfach, i bhfianaise táirgeadh méadaitheach dramhaíola, bailiúchán ar leithligh agus na ndúshlán ó thaobh an ráta náisiúnta athchúrsála de, táthar ag tuar go dtiocfaidh fás ar an ngá a bheith le cóireáil bhitheolaíoch.

### 5.4.1.2 Athchúrsáil Plaisteach

Tá an méid athchúrsála plaisteach a dtugtar fúithi sa Stát teoranta, ach is amhlaidh, áfach, gur thosaigh scála na hathphróiseála plaisteach de bheith ag méadú le blianta beaga anuas. In 2019, thug Repak fóirdheontas airgeadais isteach agus é dírithe ar chainníocht an phacáistithe phlaistigh a bhí á athphróiseáil in Éirinn a mhéadú. Léiríonn na sonraí is úire atá ar fáil gur mhéadaigh athphróiseáil an phacáistithe phlaistigh faoi thrí dá réir ó 13,781 tonna in 2019 go dtí 42,504 tonna in 2020 ach gur laghdaigh sí go 26,048 tonna in 2021. Cuirtear síos don mhéadú suntasach in 2020 gur eascair sé as tabhairt isteach na hionstraime airgeadais seo chun an ghníomhaíocht athphróiseála plaisteach in Éirinn a spreagadh.

Rinneadh acmhainneacht bhreise athphróiseála a

[122] Eascraíonn an t-ábhar seo as réamhchóireáil mheicniúil na dramhaíola iarmharaí tríd an gcriathrú rothlach nó trí scagadh.
[123] Ní chuimsíonn sé seo saoráidí nach gcóireáiltear ach dramhaíl a tháirgtear ar an láthair iontu amhail saoráidí tionsclaíocha.
[124] Tháinig 99,900 tonna breise d'acmhainneacht díleáite anaeróbaí i bhfeidhm in 2020 ag saoráid Huntstown Bioenergy Limited (P0093-02).
[125] Tá an scoilt idir na gníomhaíochtaí éagsúla garbh nó féadann roinnt saoráidí níos mó ná an t-aon ghníomhaíocht amháin a dhéanamh.
[126] Níl san áireamh sna figiúirí seo (i) meastacháin maidir le múiríniú baile, (ii) saoráidí nach ndearna ach a gcuid dramhaíola féin amháin a chóireáil, (iii) dramhaíl a allmhairíodh isteach go hÉirinn lena cóireáil, agus (iv) mínbhrus orgánach ar glacadh leis le haghaidh bithchobhsú.
[127] Thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ardú suntasach ar chóireáil an mhínbhruis orgánaigh ag monarchana múirínithe in Éirinn, ó thart ar 50,000 tonna in 2013 go dtí 138,000 tonna in 2018 agus 152,000 tonna in 2019.

fhorbairt ag monarcha sa Ghallmhóin, Luimneach, roimh dheireadh 2021 mar a bhfuil sé d'acmhainn acu 70,000 tonna sa bhliain de phacáistiú plaisteach atá deacair a phróiseáil a chóireáil. Mar an gcéanna, bronnadh cead pleanála ar na mallaibh ar shaoráid i bPort Laoise chun athchúrsáil a dhéanamh ar suas le 35,000 tonna de phacáistiú plaisteach agus miotail.

#### 5.4.1.3 Boinn

Tuairiscítear leis na sonraí is úire atá foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur caitheadh le 40,393 tonna de dhramhbhoinn in Éirinn in 2020 agus go raibh ráta athchúrsála de 68% ann (arna n-athchúrsáil in Éirinn nó thar lear). Tá roinnt saoráidí ann a bhíonn ag gabháil don athchúrsáil bonn in Éirinn arb iondúil gurb é a bhíonn i gceist léi ná na boinn a phróiseáil chun grabhróg rubair a chruthú. Tá seacht saoráid cóireála bonn ann a bhíonn ag feidhmiú faoi cheadúnais saoráide dramhaíola ar chlár saoráidí na hOifige Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola agus acmhainneacht glactha bhliantúil acu de 91,200 tonna. Thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur tháinig laghdú ar thonnáiste na ndramhbhonn a athchúrsáladh in Éirinn in 2020 (14%) i gcomparáid le 2016 (26%) agus bíonn an Stát ag brath i gcónaí ar an onnmhairiú agus 81% den chóireáil deiridh á chur i gcrích thar lear.

#### 5.4.1.4 Gloine

Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur tháirg Éire 173,378 tonna de dhramhghloine in 2021 agus bhain ráta athchúrsála de 84% amach don sruth seo. Tugadh faoi 137,717 tonna, san iomlán, den athchúrsáil seo (79% den méid iomlán a táirgeadh) laistigh den Stát agus rinneadh 3% eile a athchúrsáil i mBallstáit eile de chuid an AE. Mar a tugadh le fios cheana, sháraigh Éire an sprioc athchúrsála gloine de 60% a leagadh síos i dTreoir an AE um Dhramhaíl Phacáistithe[128].

Tá saoráid athchúrsála gloine amháin ann sa Stát atá suite i gCill Dara agus acmhainneacht údaraithe inti chun 150,000 tonna gloine sa bhliain a chóireáil. De bhreis air seo, tá an dara saoráid ann i dTuaisceart Éireann agus acmhainneacht údaraithe inti chun 106,250 tonna gloine sa bhliain a chóireáil.

Le Treoir (AE) 2018/852 lenar leasaíodh an Treoir um Dhramhaíl Phacáistithe, socraíodh spriocanna todhchaí athchúrsála gloine le haghaidh 2025 (70%) agus 2030 (75%). Táthar tar éis an chéad ghlúin eile seo de spriocanna a shárú cheana leis an ráta athchúrsála reatha agus beidh feidhmiú leantach na hacmhainneachta reatha ar an oileán riachtanach chun na spriocanna seo a bhaint amach agus lena chinntiú go gcothófar caighdeán na gloine athchúrsáilte.

#### 5.4.1.5 Pacáistiú Adhmaid

In 2021, shonraigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur tháirg Éire 96,716 tonna de dhramhphacáistiú adhmaid (gan deisiúchán adhmaid san áireamh). Níl san áireamh san fhigiúr seo 20,521 tonna eile d'adhmad pacála a táirgeadh ach a deisíodh. As an 96,716 tonna de dhramhaíl a táirgeadh, rinneadh 51% (49,408 tonna) a athchúrsáil in Éirinn agus ní dhearnadh aon athchúrsáil i mBallstáit AE eile. Sháraigh Éire an sprioc athchúrsála adhmaid de 15% a leagadh síos i dTreoir an AE um Dhramhaíl Phacáistithe. Mar an gcéanna leis an ngloine, le Treoir (AE) 2018/852, socraíodh spriocanna athchúrsála adhmaid le haghaidh 2025 (25%) agus 2030 (30%) agus tá na rátaí athchúrsála reatha píosa maith os cionn na spriocanna seo.

Tá deich saoráid ann laistigh den Stát atá údaraithe chun glacadh leis an bpacáistiú adhmaid agus é a dheisiú/athchúrsáil. Tá d'acmhainneacht údaraithe ag na saoráidí seo chun glacadh le 287,350 tonna de dhramhaíl sa bhliain agus í a chóireáil. Tugann sonraí a chuir Repak ar fáil le tuiscint go mbaintear úsáid as thart ar 140,000 tonna den acmhainneacht seo gach bliain, rud a léireodh go bhfuil acmhainneacht leorga ann chun cainníochtaí níos mó de dhramhaíl a chóireáil.

### 5.4.2 Aisghabháil Theirmeach

Oibríonn sé shaoráid aisghabhála teirmí in Éirinn agus tá an toiliú iomchuí ar fad acu chun dramhaíl iarmharach sholadach bhardasach a chóireáil. Orthu seo, tá dhá shaoráid cóireála teirmí ag a bhfuil acmhainneacht aisghabhála fuinnimh agus ceithre shaoráid comhloisceora a úsáideann ábhair a dhíorthaítear ó phróiseáil na dramhaíola bardasaí mar bhreosla i monarú na stroighne.

Eatarthu, tá comh-acmhainneacht de 910,000 tonna sa bhliain ag an dá mhonarcha cóireála teirmí thiomnaithe chun dramhaíl sholadach bhardasach (DSB) a chóireáil, mar atá liostaithe i d**Tábla 5.5**. Léiríonn sonraí 2022 go raibh an dá mhonarcha ag feidhmiú ar lánacmhainneacht agus gur glacadh leis an ionchur dramhaíola uasta (tabhair faoi deara, i gcás an 90,000 tonna breise ag Dublin Waste to

[128] Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32018L0852

Tábla 5.5: Saoráidí Aisghabhála Teirmí in Éirinn

| Saoráidí Údaraithe Dramhaíl go Fuinneamh | Acmhainneacht Údaraithe Bhliantúil (2023) (tonnaí) | Dramhaíl a Cóireáladh in 2022 (tonnaí) |
|---|---|---|
| **Cóireáil Theirmeach** | | |
| Indaver Ireland Ltd. (W0167-03) | 220,000[129] | 213,629 |
| Dublin Waste to Energy Ltd. (W0232-01) | 690,000 | 593,156 |
| **Cóireáil Theirmeach (Comhloscadh)** | | |
| Breedon Cement Ireland Ltd. (Kinnegad) (P0487-07) | 105,000 | 310,000[130] |
| Irish Cement Ltd. (Platin) (P0030-06) | 220,000[131] | |
| Irish Cement Ltd. (Limerick) (P0029-06) | 30,000 | |
| Mannok Cement Ltd. (Ballyconnell) (P0378-03) | 127,875 | |
| **Total** | **1,392,875** | **1,116,885** |

Tábla 5.6: Saoráidí Beartaithe Aisghabhála Teirmí in Éirinn

| Saoráid | Suíomh | Acmhainneacht Bhreise atá Beartaithe sa Bhliain (tonnaí) | Cineál Dramhaíola | Stádas |
|---|---|---|---|---|
| Glanpower Ltd. (W0282-01) | Derryclure, Offaly | 65,000 | Dramhaíl Bhardasach Mheasctha | Toiliú faighte. Tógáil Monarchana Pirealaithe sceidealaithe le tosú in 2024-2025 |
| Indaver Ireland Ltd. | Rinn an Scidígh, Corcaigh | 216,000 | Dramhaíl Iarmharach | An Bord Pleanála i mbun athmheasúnú anois ar an gcead a bronnadh don tsaoráid i mí na Bealtaine 2018 |
| **Iomlán** | | **261,000** | | |

Tábla 5.7: Luaith a tháirg Saoráidí Dramhaíl go Fuinneamh in Éirinn

| Ainm Saoráide | Uimh. Cheadúnais | Cineál | 2018 (tonnaí) | 2019 (tonnaí) | 2020 (tonnaí) | 2021 (tonnaí) | 2022 (tonnaí) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Indaver Ireland Ltd. | W0167-03 | Dramhaíl Ghuaiseach | - | 13,687 | 14,740 | 15,596 | 14,653 |
| | | Dramhaíl Neamh-ghuaiseach | - | 40,541 | 43,204 | 38,923 | 40,142 |
| | | Iarmhar Gáis Múcháin | 9,425 | - | - | - | - |
| | | Bunluaith | 36,787 | - | - | - | - |
| | | Luaith Choire | 1,666 | - | - | - | - |
| Dublin Waste to Energy Ltd. | W0232-02 | Dramhaíl Ghuaiseach | - | - | 69,658 | 25,401 | 25,299 |
| | | Dramhaíl Neamh-ghuaiseach | - | - | 75,198 | 108,568 | 103,504 |
| | | Iarmhar Gáis Múcháin | 26,815 | 29,434 | - | - | - |
| | | Bunluaith | 104,061 | 117,748 | - | - | - |
| | | Luaith Choire | - | - | - | - | - |
| **Iomlán** | | | **178,754** | **201,410** | **202,800** | **188,488** | **183,598** |

[129] Chuaigh an acmhainneacht ar ais ó 235,000 tonna go 220,000 tonna ag deireadh 2019.
[130] Méid mheasta dramhaíola a cóireáladh ag gach monarcha thoilithe stroighne le chéile in 2022 (b'ionann an méid seo agus 64% den acmhainneacht thoilithe in 2022).
[131] Tabhair faoi deara gurb é seo an acmhainneacht Breosla Athshlánaithe Sholadaigh iomlán atá ar fáil le haghaidh comhphróiseála faoi P0030-06. Tá acmhainneacht chomhphróiseála bhreise de 75,000 tonna ar fáil le haghaidh sruthanna dramhaíola neamhbhardasaí eile lena n-áirítear tuaslagóirí, boinn, adhmad, plaistigh, etc.

Energy, nár bronnadh athbhreithniú ceadúnais orthu ach in 2023 agus nach bhfuil an acmhainneacht seo san áireamh i dtuairisceán 2022).

Bhí comh-acmhainneacht údaraithe de 482,875 tonna sa bhliain ag na ceithre mhonarcha stroighne atá údaraithe chun DSB a chóireáil (mar bhreosla athshlánaithe soladach) in 2022. Tabhair faoi deara go bhfuil acmhainneacht bhreise ag na monarchana seo le haghaidh sruthanna dramhaíola eile, don chomhphróiseáil nó lena n-úsáid mar amhábhair mhalartacha. Rinneadh 223,500 tonna de DSB a chóireáil sna monarchana seo in 2019, rud arbh ionann é agus thart ar 63% den acmhainneacht údaraithe ag an am (tabhair faoi deara, in 2019, gur fheidhmigh Irish Cement Platin faoi cheadúnas eile a bhí acu roimhe agus acmhainneacht ní b'ísle de 120,000 tonna sa bhliain acu agus gur chuir monarcha Luimnigh Irish Cement tús leis an gcomhphróiseáil in 2023). Bunaithe ar chomhacmhainneacht thoilithe de 482,875 tonna sa bhliain agus iad ag feidhmiú go hiondúil ar dhá thrian den acmhainneacht, glactar leis gurb ionann an acmhainneacht oibríochtúil seo i láthair na huaire agus thart ar 310,000 tonna. Tabhair faoi deara gur thug Cement Manufacturing Ireland (CMI) le fios go bhféachfadh na monarchana stroighne leis an acmhainneacht oibríochtúil seo a mhéadú go dtí thart ar 400,000 tonna faoin mbliain 2030.

Baineann an acmhainneacht chóireála níos ísle i gcoibhneas leis an acmhainneacht údaraithe sna monarchana stroighne leis an gceanglas maidir le caighdeán íosta dramhaíola chun na riachtanais oibríochtúla le haghaidh dócháin in áith stroighne a chomhlíonadh. In 2020, bhí na monarchana stroighne ag feidhmiú faoi acmhainneacht laghdaithe le linn phaindéim Covid-19 agus níl na sonraí seo á léiriú nó ní mheastar go léiríonn sé seo an bhunlíne.

Tá roinnt de na saoráidí aisghabhála teirmí reatha á leathnú i láthair na huaire agus forbraíochtaí úra á dtógáil nó táthar ar lorg toiliú rialála ag an am seo. Tá siad seo leagtha amach i d**Tábla 5.6**, mar a léirítear 261,000 tonna féideartha eile d'acmhainneacht cóireála teirmí, faoi réir toilithe agus maoiniú.

Cuimsíonn Réimse Fócais 14 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus bearta tosaíochta le haghaidh aisghabháil DSB iarmharach mar aon le sruthanna eile. Go háirithe, tacaíonn Beartas Spriocdhírithe BS14.2 le hacmhainneacht bhreise cóireála teirmí a fhorbairt chun an t-easnamh reatha san acmhainneacht cóireála DSB iarmharach a réiteach.

Trí acmhainneacht na cóireála teirmí a mhéadú, tiocfaidh méadú comhchuimseach ar an méid de luaith cháithníneach ghuaiseach agus de luaith agus d'iarmhair eile neamhghuaiseacha a tháirgtear sna monarchana seo. Tá sonraí maidir le táirgeadh na dramhaíola seo in Éirinn ó 2018 go 2022 le sonrú i d**Tábla 5.7**.

Tháinig méadú ar chainníocht na dramhaíola guaisí a táirgeadh i saoráidí cóireála teirmí in 2019 agus 2020 ó tugadh isteach cleachtas úr réamhchóireála mar a ndéantar iarmhar gáis múcháin agus luaith choire le chéile le huisce chun bloic sholadacha a dhéanamh (cuireann an t-uisce breise leis an meáchan). Mar gheall ar thabhairt isteach an chleachtais úir seo, ní dhéantar meáchain éagsúla gach cineál luatha a thuairisciú ar leithligh níos mó.

In 2020, cheadaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go ndéanfaí bunluaith loisceora (BLL) a rangú ina dramhaíl neamhghuaiseach, rud a d'oscail roghanna cóireála níos leithne don sruth dramhaíola seo agus láithreáin líonta talún in Éirinn ag glacadh anois le BLL. Sna sála air sin, in 2021, cheadaigh an Bord Pleanála toiliú pleanála le go nglacfaí le suas le 150,000 tonna sa bhliain de BLL ag láithreán líonta talún Chnoc Urlaithe i gContae na Mí. Cheadaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil athbhreithniú ceadúnais chun an próiseas seo a cheadú in 2023. Féadann an tsaoráid seo, den chuid is mó, riar ar na méideanna reatha de BLL a tháirgeann an dá mhonarcha cóireála teirmí ach bheadh gá le hacmhainneacht bhreise dá mbeadh na hacmhainneachtaí atá beartaithe le teacht i bhfeidhm.

I láthair na huaire, níl an bonneagar ag Éirinn chun luaith ghuaiseach a bhainistiú agus déantar an sruth dramhaíola seo a onnmhairiú le haghaidh cóireáil deiridh. Ní fios an leor na méideanna de luaith ghuaiseach a tháirgtear le go mbeadh an chóireáil dhúchasach inmharthana ar bhonn eacnamaíoch.

### 5.4.3 Líonadh Talún

Leanadh den laghdú ar líon na láithreán líonta talún a ghlacann le dramhaíl bhardasach lena diúscairt ó sheacht gcinn in 2016 go dtí trí shaoráid in 2023, gach ceann acu faoi úinéireacht agus oibriú príobháideach. Tá achoimre i d**Tábla 5.8** ar na saoráidí gníomhacha atá i mbun oibre sa Stát agus ar an líon dramhaíola ar glacadh léi in 2022.

Glacann na láithreáin líonta talún seo go príomha le dramhaíl iarmharach neamhghuaiseach ó fhoinsí bardasacha (custaiméirí tráchtála agus teaghlaigh) agus is ionaid thábhachtacha iad freisin le haghaidh iarmhair ón gcóireáil theirmeach (mar shampla, bunluaith neamhghuaiseach, a nglactar le sciar di le haghaidh aisghabhála) agus próiseáil BSD (mar shampla, mínbhrus orgánach bithchobhsaithe). Is amhlaidh gur mó an ráchairt leantach ar líonadh talún chun dramhaíl iarmharach bhardasach a dhiúscairt, i láthair na huaire, ná an acmhainneacht atá ar fáil ar bhonn bliantúil.

Cheadaigh an Bord Pleanála méadú, i mí Aibreáin 2021, ar an acmhainneacht BSD ag láithreán líonta talún Chnoc Urlaithe aníos go dtí 188,000 tonna sa bhliain de DSB iarmharach agus bhronn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil athbhreithniú ceadúnais orthu in 2023.

Imíonn an cead pleanála reatha don láithreán líonta talún ag Baile na gCrann in éag i mí an Mheithimh 2026 agus ní bheidh fáil níos mó, i ndiaidh an dáta sin, ar an acmhainneacht diúscartha de 150,000 tonna de BSD iarmharach ach gurb é go ndéanfaí iarratas úr a chur isteach.

Tá cead ag an láithreán líonta talún ag an Droichead glacadh le 120,000 tonna de BSD iarmharach agus tá beartaithe go ndúnfar é in 2028. I mí an Mheithimh 2023, taisceadh iarratas leis an mBord Pleanála (tagairt: PA09.317292) le haghaidh síneadh ar an tsaoráid atá ann faoi láthair. Sa chás ina mbronnfaí cead pleanála, bheadh gá freisin le hathbhreithniú ceadúnais d'fhoinn oibríochtaí a éascú tar éis 2028.

Tá láithreán líonta talún Chorr an Iúir i gContae an Chabháin san áireamh sa tábla chun críche tagartha, agus acmhainneacht cheadúnaithe de 45,000 tonna aige ach níor ghlac an láithreán líonta talún seo le dramhaíl bhardasach le blianta beaga anuas agus ní ghlacann ach le hábhair chun cill-chaidhpeáil a chur i gcrích.

Tabhair faoi deara go bhfuil Láithreán Líonta Talún Bhealach an Mhéine (W0078-03), ar le Comhairle Contae Thiobraid Árann é, ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun glacadh le 32,000 tonna de dhramhaíl neamhghuaiseach bhardasach agus tógála agus scartála. Is amhlaidh, áfach, nach nglacann an láithreán líonta talún seo ach le dramhaíl ó chonraitheoirí tráchtála réamhfhaofa amháin agus ní ón bpobal i gcoitinne. Ba é an phríomhchúis a bhí leis an láithreán líonta talún seo a athoscailt ná chun suíomh mídhleathach diúscartha dramhaíola i dTiobraid Árann a ghlanadh.

Cuimsíonn Réimse Fócais 15 in **Imleabhar II** beartais spriocdhírithe agus bearta tosaíochta le haghaidh dhiúscairt an DSB iarmharach agus cuimsíonn Beartas Spriocdhírithe BS15.1 an sprioc d'uasteorainn de 10% de DSB iarmharach á dhiúscairt i láithreáin líonta talún faoi 2035.

Tábla 5.8: Láithreáin Líonta Talún Bhardasacha Oibríochtúla in Éirinn

| Saoráid | Suíomh | Acmhainneacht Cheadúnaithe Bhliantúil Diúscartha (tonnaí) | Arna diúscairt in 2019 (tonnaí) – cuimsítear DSB iarmharach agus sruthanna eile |
|---|---|---|---|
| **Láithreáin Líonta Talún Oibríochtúla a ghlacann le Dramhaíl Bhardasach** | | | |
| Láithreán Líonta Talún Chnoc Urlaithe (W0146-04) | An Mhí | 188,000[132] | 199,965 |
| Láithreán Líonta Talún Iarmharach Bhaile na gCrann (W0165-02) | Cill Mhantáin | 150,000[133] | 215,107 |
| Saoráid Bainistithe Dramhaíola an Droichid (W0201-03) | Cill Dara | 120,000 | 144,984 |
| Láithreán Líonta Talún Chorr an Iúir (W0077-04) | An Cabhán | 45,000 | 0 |
| **Iomlán** | | **458,000 (Gan Corr an Iúir san áireamh)** | **560,056** |

## 5.5 CÓIREÁIL AR DHRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA

### 5.5.1 Ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad (Rialachán 28)

Is é is Ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad/ Deireadh Dramhaíola ann ná meicníocht trína ndéantar ábhar a athchúrsáil nó a aisghabháil le nach gcuirtear síos dó a thuilleadh mar dhramhaíl agus le gur féidir é a úsáid mar acmhainn. Tacaíonn na próisis seo leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach, rud a mhéadaíonn táirgeadh agus margaí na n-ábhar tánaisteach agus a laghdaíonn an gá a bhíonn le hamhábhair phríomha.

Tugadh an ionstraim rialála dó isch le Creat-Treoir Dramhaíola an AE in 2011. Táthar tar éis Rialacháin chomhchuibhithe AE a fhorbairt, inar leagadh amach critéir dheiridh dramhaíola le haghaidh dramhghloine, agus dramh-chopair, dramh-iarainn, dramh-chruach agus dramh-alúmanaim[134].

In Éirinn, táthar tar éis 13 chinneadh deiridh dramhaíola a dhéanamh go dtí seo, lenar ceadaíodh do ghnólachtaí faoi leith ábhair áirithe a chóireáil lena

Tábla 5.9: Cinntí Deiridh Dramhaíola

| Ábhar | Eagraíocht |
|---|---|
| Plaistigh athchúrsáilte (Poileitiléin Ísealdlúis) | Irish Packaging Recycling |
| Cumascán Athchúrsáilte | IMS |
| Cumascán Athchúrsáilte | Starrus Eco Holdings Limited, Panda |
| Luaith mhionaithe bhreosla agus bunluaith foirnéise | BSL |
| Plaistigh athchúrsáilte (PET) | Shabra Recycling Limited |
| Sulfáit Amóiniam | Enva Ireland Limited |
| Plaistigh athchúrsáilte (PP & PE) | ADN Materials Ltd. |
| Brícíní Adhmaid Grádaithe | Conroy Group |
| Breiseán Fluairíde Cailciam | John Gannon Concrete Limited |
| Sliseanna adhmaid | Tiger Woodchip Limited |
| Plaistigh athchúrsáilte (plaistigh mheasctha) | Green Generation Limited |
| Cumascán Athchúrsáilte | Shannon Valley Plant Hire |
| Cumascán Athchúrsáilte | Enva Ireland Limited |

[132] Cuimsíonn 25,000 tonna eile de dhramhaíl tógála agus scartála le haghaidh aisghabhála.
[133] Cuimsíonn 28,000 tonna eile de dhramhaíl tógála agus scartála le haghaidh aisghabhála, athchóiriú agus oibreacha forbartha suímh.
[134] Nasc: https://environment.ec.europa.eu/topics/waste-and-recycling/waste-framework-directive_en?prefLang=ga

rangú a athrú ó dhramhaíl go hacmhainn. Tá liosta de na hábhair agus de na gnólachtaí (ní bhaineann siad go léir le cúrsaí tógála) leagtha amach i d**Tábla 5.9**[135]. Mar shampla dea-chleachtais den gheilleagar ciorclach i bhfeidhm, thuairiscigh oibreoir amháin gur bhain 54,531 tonna de dhramh-choncréit stádas ábhar nach dramhaíl a thuilleadh iad amach in 2020 trína phróiseáil ina chumascán athchúrsáilte. Níl fáil i láthair na huaire ar shonraí foriomlána maidir le tonnáiste an ábhair a bhaineann stádas ábhar nach dramhaíl a thuilleadh iad amach gach bliain in Éirinn.

D'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil critéir náisiúnta dheiridh dramhaíola Rialachán 28 maidir le cumascáin athchúrsáilte[136]. Chun cumascáin athchúrsáilte a tháirgeadh i gcomhréir leis na Critéir Náisiúnta Dheiridh Dramhaíola do Chumascáin Athchúrsáilte (EOW-N001/2023) ní mór don táirgeoir clárúchán a dhéanamh roimh tháirgeadh.

Is croí-bheart coiscthe dramhaíola atá sa mheicníocht seo agus tacaítear léi trí Bheart Tosaíochta BT8.3 in **Imleabhar II**.

### 5.5.2 Aisghabháil Ithreach

Glacann saoráidí aisghabhála ithreach le dramh-ithir neamhthruaillithe le haghaidh aisghabhála, á foinsiú ó láithreáin úrnua, go príomha. Úsáideann na saoráidí neamhlínithe seo na hábhair a nglactar leo le haghaidh aislíonadh, lena gcur isteach in áit na cloiche agus na hithreach a baineadh amach le linn tochailtí a rinneadh roimhe sin, ó oibreacha cairéalaithe go minic. Bíonn na saoráidí seo ag feidhmiú i gcomhréir leis an údarú dramhaíola a eisítear, i.e. ceadúnas dramhaíola, cead nó teastas cláraithe.

Údaraíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil saoráidí ceadúnaithe chun glacadh le méideanna móra (>200,000 tonna) d'ábhar ithreach agus cloiche ar bhonn bliantúil. Déanann na húdaráis áitiúla suíomhanna ceadaithe agus cláraithe a rialú, ar féidir leo glacadh le suas le 200,000 agus 25,000 tonna faoi seach. Bíonn na suíomhanna ceadaithe agus cláraithe ag feidhmiú faoi acmhainneacht saolré (saolré de 5 bliana) agus tá sonraí le fáil i d**Tábla 5.10** ar scála na hacmhainneachta údaraithe sa mhargadh.

Tháinig méadú mór ar an méid dramh-ithreach agus dramh-chloiche a táirgeadh le blianta beaga anuas, ag méadú ó 6.2 milliún tonna in 2018 go dtí 7.7 milliún tonna in 2021. Teastaíonn acmhainneacht leorga sa mhargadh chun a leithéid deo de mhéaduithe a bhainistiú agus chun sceitheadh amach as an gcóras a trí ghníomhaíochtaí neamhúdaraithe a sheachaint. Agus méideanna méadaitheacha ithreach agus cloiche á dtuar, tá gá le gréasán de shaoráidí daingne fadtréimhseacha aisghabhála ithreach chun freastal ar éilimh todhchaí margaidh.

Go dtí seo, baineann an cineál d'fhógra fotháirge is mó a fhaigheann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le fógraí maidir le hithir agus



[135] Nasc: https://www.epa.ie/our-services/licensing/waste/end-of-waste-art-28/
[136] Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/-national-end-of-waste-criteria-recycled-aggregates.php

Tábla 5.10: Saoráidí Aisghabhála Ithreach in Éirinn 2021

| Cineál Údaraithe | Líon Saoráidí | Acmhainneacht Cóireála atá ar fáil le haghaidh Dramh-Ithreach | Dramh-Ithir ar glacadh léi in 2020 (tonnaí) | Acmhainneacht Cóireála atá fágtha le haghaidh Dramh-Ithreach ó 2022 i leith (tonnaí) |
|---|---|---|---|---|
| Ceadúnaithe | 16 | 4,746,400 (ar bhonn bliantúil) | 2,773,687 | 25,272,206 (saolré) |
| Ceadaithe[139] | 230 | 9,939,156 (saolré) | 2,436,586 | 6,686,156 (saolré) |
| Cláraithe | 228 | 3,598,291 (saolré) | 578,470 | 906,948 (saolré) |
| **Iomlán** | **474** | **-** | **5,788,746** | **32,865,310** |

cloch a fhaightear ó láithreáin úrnua lena n-úsáid go dleathach i bhforbraíochtaí. Tá critéir náisiúnta Fotháirge forbartha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh ithir agus cloch ó láithreáin úrnua a úsáidtear i bhforbraíochtaí a mbeadh cead pleanála faighte acu nó díolúine faighte acu ón riachtanas cead pleanála a fháil, rud a d'éascódh úsáid an ábhair fotháirge seo. Foilsíodh Dréacht-Chritéir agus Nóta Míniúcháin[137] agus táthar ag súil le go gcuirfear an cinneadh seo i bhfeidhm go luath in 2024. D'fhéadfadh sé, leis an gcinneadh náisiúnta seo, go laghdófaí go suntasach méid an ábhair seo a thuairisceofaí ina dhramhaíl agus, dá réir, go laghdófaí ar an éileamh i dtaca le saoráidí todhchaí sa tréimhse níos faide.

I dTuarascáil Náisiúnta 2020 ar Dhramhaíl Tógála agus Scartála,[138] tarraingíodh aird ar an gcaoi a raibh gá le scaipeadh geografach níos fearr de shaoráidí ceadúnaithe nó i láthair na huaire, tá 80% den acmhainneacht atá ar fáil suite i Réigiún an Oirthir-Lár Tíre. Beidh gá le níos mó saoráidí ceadúnaithe fadtréimhse chun freastal ar an bhforbairt bonneagair reatha agus beartaithe ar fud na tíre. Tacaíonn Beartas Spriocdhírithe BS14.3 in **Imleabhar II** leis an ngá atá le scaipeadh geografach níos fearr de shaoráidí aisghabhála ithreach sa Stát.

### 5.5.3 Láithreáin Líonta Talún le haghaidh Dramhaíl Thámh

Glacann támh-shaoráidí líonta talún le dramhaíl a chomhlíonann teorainneacha na gcritéar glactha dramhaíola le haghaidh líonadh talún támh mar atá leagtha amach i dTreoir an AE maidir le Líonadh Talún. Tá léirithe i d**Tábla 5.11** na támh-shaoráidí líonta talún a bhfuil ceadúnas reatha acu ó 2019 go 2022 agus an iontógáil bhainteach. Cuimsíonn an liosta oibríocht Tara Mines (atá dúnta anois), nach

Tábla 5.11: Saoráidí Oibríochtúla a Ghlacann le Dramhaíl Thámh in Éirinn

| Saoráid | Suíomh | Acmhainneacht Cheadúnaithe Bhliantúil (tonnaí) | Dramhaíl ar glacadh léi in 2019 (tonnaí) | Dramhaíl ar glacadh léi in 2020 (tonnaí) | Dramhaíl ar glacadh léi in 2021 (tonnaí) | Dramhaíl ar glacadh léi in 2022 (tonnaí) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Integrated Materials Solution (W0129-02) | Baile Átha Cliath | 500,000 | 420,392 | 487,131 | 421,520 | 324,083 |
| Walshestown Restoration Ltd. (W0254-01) | Cill Dara | 330,000 | 229,650 | 283,986 | 329,572 | 271,743 |
| Kyletalesha Landfill (W0026-03) | Laois | 47,100 | 25,085 | 28,597 | 2,218 | 71,554 |
| Boliden Tara Mines Limited (P0516-04) | An Mhí | - | 509,235 | 417,573 | 15,555 | 334,632 |
| **Iomlán (Gan Tara Mines san áireamh)** | | **877,100** | **675,127** | **799,714** | **753,310** | **667,380** |
| **Iomlán (agus Tara Mines san áireamh)** | | **N/A** | **1,184,362** | **1,217,286** | **768,865** | **1,002,012** |

[137] Nasc: https://www.epa.ie/publications/licensing--permitting/waste/draft-national-by-product-criteria-greenfield-soil-and-stone-.php
[138] Nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/c305a-construction-and-demolition-cd-waste/?
[139] Tagann figiúirí iontógála agus figiúirí maidir leis an acmhainneacht atá fágtha le haghaidh saoráidí ceadaithe agus cláraithe faoi réir meastacháin mar gheall ar rátaí neamhiomlána tuairiscithe.

láithreán líonta talún támh é, ach a cuireadh san áireamh sa rannán seo ós rud é gur sonraíodh i measc critéir glactha dramhaíola an tsuímh, de réir cheadúnas Astaíochtaí Tionsclaíochta Tara Mines, go nglacfaí le dramh-ithir agus dramh-chloch ó láithreáin úrnua agus ó láithreáin nach láithreáin úrnua iad le haghaidh aislíonadh. Tarraingítear aird leis na sonraí seo go bhfuil na támh-shaoráidí gníomhacha sa Stát go léir suite i Réigiún an Oirthir-Láir Tíre agus nach bhfuil aon láithreán líonta talún támh i réigiún an Deiscirt ná i réigiún Chonnacht-Uladh.

### 5.5.4 Láithreáin Líonta Talún a ghlacann le hIthir agus Cloch Neamhghuaiseach

Is ionann ithir agus cloch neamhghuaiseach agus ábhar nach gcomhlíonann teorainneacha chritéir glactha na dramhaíola guaisí nó táimhe, mar atá leagtha amach i dTreoir an AE um Líonadh Talún. Ní hann ach don aon láithreán líonta talún amháin i láthair na huaire a ghlacann le hithir agus cloch neamhghuaiseach, i.e. Láithreán Líonta Talún Chorr an Iúir (W0077-04), atá suite i gContae an Chabháin. Ghlac Corr an Iúir le 22,283 tonna d'ithir agus cloch in 2022 agus glactar leis an ábhar seo chun chríche innealtóireachta le haghaidh caidhpeála agus próifíliú cille. Ní ghlactar le haon ithir ná cloch ag an láithreán le haghaidh diúscartha.

## 5.6 LÁITHREÁIN LÍONTA TALÚN STAIRIÚLA

D'éirigh rialáil na ngníomhaíochtaí aisghabhála agus diúscartha dramhaíola neadaithe in Éirinn i ndiaidh achtú an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Is iondúil go gcuirtear síos do Láithreáin Líonta Talún stairiúla (nó láithreáin líonta talún neamhrialaithe) gurb iad na láithreáin líonta talún sin iad a d'fheidhmigh sa tréimhse roimh an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, nuair a thugtaí faoi ghníomhaíochtaí diúscartha dramhaíola gan tairbhí na rialuithe stóinsithe rialála lena gcosnaítear an comhshaol. Tá Éire tar éis glacadh le cur chuige córasach i leith dul i ngleic le hoidhreacht na dtionchar comhshaoil a d'eascair as na láithreáin líonta talún stairiúla seo. Tá an obair seo ag dul ar aghaidh le roinnt blianta agus breis agus €65 milliún de mhaoiniú curtha ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide don chlár ó bhí 2015 ann.

Coimeádtar, i gclár de Láithreáin Líonta Talún Stairiúla atá á óstáil ag an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola, sonraí ar láithreáin líonta talún dhúnta (a bhíodh á n-oibriú ag údaráis áitiúla idir 1977 agus 1997), mhídhleathacha, phríobháideacha agus ó bhí roimh 1977 ann. I láthair na huaire, tá 499 láithreán líonta talún ar an gclár. Tá cur síos ar an obair atá déanta go dtí seo leagtha amach in **Aguisín 8 d'Imleabhar IV (Doiciméadú Tacaíochta)**.

Tacaítear le feabhsúchán leantach na láithreán líonta talún stairiúil trí Bheartas Spriocdhírithe BS15.3 in **Imleabhar II**.

## 5.7 ONNMHAIRÍ

### 5.7.1 Onnmhairí de Dhramhaíl Bhardasach

Bíonn Éire go fóill ag brath go mór ar onnmhairiú sruthanna dramhaíola áirithe amhail earraí

Tábla 5.12: Dramhaíl Bhardasach a Bainistíodh, a nDearnadh Cóireáil uirthi agus a Onnmhairíodh in 2021 (foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Oifigí Náisiúnta Loingsithe TransFrontier)

| Paraiméadar | Iomlán | Athchúrsáilte (tonnaí) | Múiríniú/DA | Cóireáil Theirmeach le hAisghabháil Fuinnimh (R1) (tonnaí) | Líonadh Talún (D1-7, D12) (tonnaí) | Cóireáil Theirmeach ar Talamh (D10) (tonnaí) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Méid Iomlán a Bainistíodh | 3,170,388 | 824,969 | 487,594 | 1,312,957 | 504,305 | 79 |
| Onnmhairíodh | 1,191,086 | 662,554 | 135,502 | 382,042 | 10,908 | 79 |
| **% Spleáchas ar Onnmhairiú** | **38%** | **80%** | **28%** | **29%** | **2%** | **100%** |

[132] This is total managed municipal waste, the EPA use a different figure for municipal waste generated (generated = managed + estimate household unmanaged waste).

in-athchúrsáilte, dramhaíl sholadach iarmharach bhardasach agus dramhaíl ghuaiseach. Bíonn go leor saoráidí thar lear ina ndéantar dramhaíl de chuid na hÉireann a chóireáil ag feidhmiú de réir caighdeáin inchomparáide faoin gcreat reachtaíochta céanna, go háirithe suíomhanna atá suite i mBallstáit eile de chuid an AE. Is amhlaidh, áfach, nach mbíonn caighdeán na cóireála in áiteanna lasmuigh den AE chomh cinnte céanna.

Bíonn sé tábhachtach tuiscint a fháil ar an sreabhadh ábhar thar lear i gcomhthéacs ionaid iomchuí a chinntiú le haghaidh dhramhaíl na hÉireann agus deiseanna féideartha a shainaithint chun an acmhainneacht náisiúnta a fhorbairt. Tá scála na gcainníochtaí dramhaíola a tháirgtear in Éirinn beag, i gcomparáid le go leor Ballstát, rud a d'fhágfadh go mbeadh saoráidí dúchasacha ina ndéanfaí an chóireáil deiridh neamh-inmharthana. Is amhlaidh, áfach, go bhfuil deiseanna ann chun réimse níos ilchineálaí de roghanna le hacmhainneacht cóireála dramhaíola dhúchasach a fhorbairt.

Agus gan ach acmhainneacht theoranta cóireála teirmí agus líonta talún ar fáil, bíonn an Stát ag brath i láthair na huaire ar an margadh onnmhairithe chun sciar den dramhaíl bhardasach iarmharach a chóireáil. Léiríonn staitisticí dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh 2021 go ndearnadh 1,191,086 tonna a onnmhairiú le haghaidh cóireáil deiridh. Tá riosca bunúsach ag baint leis an scéal reatha, agus d'fhéadfadh sé go n-éireodh an riosca seo níos mó dá gcuirfí as do mhargaí nó saoráidí idirnáisiúnta nó sa chás nach mbeidís ar fáil.

Léirítear i d**Tábla 5.12** miondealú ar an dramhaíl bhardasach ar caitheadh léi de réir cineál cóireála in 2021 agus na cainníochtaí a onnmhairíodh. Rinneadh thart ar 38% den dramhaíl bhardasach ina hiomláine a onnmhairiú lena cóireáil lasmuigh den Stát. As an dramhaíl bhardasach a athchúrsáladh, rinneadh 80% a athchúrsáil lasmuigh den Stát.

B'ionann cainníocht na dramhaíola bardasaí a onnmhairíodh le haghaidh aisghabháil fuinnimh tríd an gcóireáil theirmeach agus 382,042 tonna in 2021 (laghdú de 7% ó bhí 2020 ann). Léiríonn méideanna leantacha na dramhaíola bardasaí a onnmhairítear an t-easnamh i dtaca leis an acmhainneacht dhúchasach cóireála teirmí atá ar fáil laistigh den Stát.

De bhreis air sin, is í an rochtain ar mhargaí cóireála teirmí ar chostas íseal a bhí ar fáil le déanaí i mBallstáit eile de chuid an AE ba chúis leis na leibhéil d'onnmhairiú dramhaíola a bhí le sonrú le déanaí don dramhaíl bhardasach iarmharach. Is amhlaidh, áfach, ar na dúshláin níos deireanaí ó thaobh onnmhairí dramhaíola de, go raibh costais mhuiriompair, tabhairt isteach na dtobhach allmhaire i roinnt tíortha agus an riachtanas a bhí ag roinnt Stát go bhfaighfí réidh le mínbhrus orgánach.

Tá iomlán na hacmhainneachta reatha á húsáid agus ós rud é go bhfuil 261,000 tonna d'acmhainneacht cóireála teirmí ar an mbealach ach na toilithe a fháil agus í a fhorbairt, bheifí in ann lánúsáid a bhaint as an acmhainneacht bhreise náisiúnta seo chun an spleáchas ar an onnmhairiú a laghdú.

Tá na cinn scríbe chuig a gcuirtear sciar den dramhaíl iarmharach (ar glactar leis gur dramhaíl sholadach bhardasach an chuid is mó di) a

Tábla 5.13: Cinn Scríbe le haghaidh na Dramhaíola Iarmharaí a Onnmhairíodh as Éirinn in 2021 (foinse: Oifigí Náisiúnta Loingsithe TransFrontier)

| Tír Cinn Scríbe | Liosta Dramhaíola Cód 19 12 10 (Breosla Soladach Aisghafa) (tonnaí) | Liosta Dramhaíola Cód 19 12 12 (Dramhaíl a Cóireáladh go Meicniúil) (tonnaí) | Liosta Dramhaíola Cód 20 03 01 (DSB Iarmharach) (tonnaí) | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An Chipir | 3,093 | - | - | (tonnaí) |
| An Danmhairg | 2,714 | 44,169 | - | 46,883 |
| An Ghearmáin | - | 40,452 | - | 40,452 |
| An Ísiltír | - | 8,919 | 18,101 | 27,020 |
| Tuaisceart Éireann | - | 85,830 | - | 85,830 |
| An tSualainn | 35,451 | 116,798 | 42,481 | 194,730 |
| **Iomlán** | **41,258** | **296,168** | **60,582** | **398,008** |

Tábla 5.14: Miondealú ar Ábhair Liosta Ghlais a Onnmhairíodh as Éirinn in 2021 de réir Ceann Scríbe (foinse: Oifigí Náisiúnta Loingsithe TransFrontier)

| Tír Cinn Scríbe | Feithiclí Ré Caite (tonnaí) | Gloine (tonnaí) | Miotal (tonnaí) | Boinn/ Gráinníní Rubair (tonnaí) | Páipéar (tonnaí) | Plaisteach (tonnaí) | Eile (tonnaí) | Iomlán (tonnaí) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhreatain Mhór | 25,384 | 6,234 | 110,994 | 1,316 | 46,033 | 32,048 | 13,763 | 235,772 |
| Tuaisceart Éireann | 15,215 | 22,269 | 64,125 | 18,610 | 22,408 | 19,091 | 104,515 | 266,233 |
| An Ísiltír | - | - | 1033 | 108 | 63,675 | 16,273 | 31,321 | 112,410 |
| An India | - | - | 19,461 | 12,291 | 125,610 | - | 411 | 157,773 |
| An Spáinn | 1135 | 11418 | 22,308 | - | 8,859 | 1,675 | 630 | 46,025 |
| An Tuirc | - | - | - | 9,413 | 79,802 | 11,547 | 0 | 100,762 |
| Eile | - | - | 45,722 | 1,965 | 87,145 | 15,862 | 4,511 | 155,205 |
| **Iomlán** | **41,734** | **39,921** | **263,643** | **43,703** | **433,532** | **96,496** | **155,151** | **1,074,180** |

onnmhairíodh in 2021 le feiceáil i d**Tábla 5.13.** Is iad an Danmhairg, an tSualainn, an Ghearmáin agus Tuaisceart Éireann na cinn scríbe is mó i láthair na huaire ina ndéantar cóireáil ar na méideanna is mó de dhramhaíl iarmharach a tháirgtear in Éirinn (thart ar 92% de na honnmhairí seo). Tagann costais eacnamaíocha agus costais ó thaobh na haeráide de le hiompar agus cóireáil na dramhaíola iarmharaí thar lear mar aon le caillteanas an ábhair agus an fhuinnimh dhúchasaigh a aisghabhtar trí phróiseas na cóireála teirmí.

Tá miondealú ar ábhair de chuid an Liosta Ghlais a onnmhairíodh in 2021 de réir ceann scríbe leagtha amach i d**Tábla 5.14.** Is léir gur cinn scríbe shuntasacha iad an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann le haghaidh earraí in-athchúrsáilte, nó glacann siad le 47% den ábhar seo. Tá an India ar an tríú tír onnmhairithe is airde chuig ar cuireadh 15% in 2021 (lena n-áirítear codán mór de bhoinn) agus cuimsíonn sciar mór den chatagóir 'Eile' tíortha neamh-ECFE san Áise amhail an tSín, an Indinéis, an Mhalaeisia, an Téaváin, an Téalainn, agus Vítneam, mar aon leis an Afraic Theas. Níl an tionchar carbóin a bhaineann le dramhaíl a onnmhairiú chomh fada seo inbhuanaithe agus tagann sé salach ar phrionsabal na gaireachta.

I mí na Samhna 2021, d'fhoilsigh an AE togra a bhain le leasú ar an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola[140] lena bhféachfar le srian a chur le honnmhairiú na dramhaíola chuig tíortha neamh-ECFE trí choinníoll a cheangal dá leithéid d'onnmhairí gur ghá a léiriú go bhféadann na tíortha seo an dramhaíl a aisghabháil ar bhealach slán. Tá baol ann go bhféadfadh sé nach mbeadh roinnt de na margaí onnmhairithe reatha a úsáidtear inbhuanaithe sa tréimhse níos faide, faoi réir fhorfheidhmiú na rialacha leasaithe AE. Is ionann seo, áfach, agus deis chun roghanna in Éirinn agus in áiteanna eile níos cóngaraí don bhaile a fhiosrú.

### 5.7.2 Onnmhairí de Dhramhaíl Tógála

In 2020, rinneadh 4% den dramhaíl tógála agus scartála a onnmhairiú le haghaidh cóireáil deiridh lasmuigh den Stát. Tá an ithir agus cloch ghuaiseach agus neamhghuaiseach ar phéire de na príomhshruthanna dramhaíola tógála a chuimsíonn na honnmhairí seo. Léiríonn sé seo an gá atá le hacmhainneacht diúscartha dhúchasach bhreise chun na sruthanna dramhaíola seo a chóireáil nó tá an acmhainneacht atá ann faoi láthair teoranta. Tá na dramh-mhiotail ar an bpríomh-chomhábhar eile de na honnmhairí de dhramhaíl tógála agus onnmhairítear an t-ábhar seo lena athchúrsáil lasmuigh den Stát de cheal aon acmhainneacht shuntasach athchúrsála miotail a bheith ar fáil laistigh den Stát.

### 5.7.3 Hazardous Waste Exports

Tuairiscíodh, sa 'Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí 2021-2027'[141] (NHWMP), a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le déanaí, go ndearnadh, in 2020, 59%

[140] Nasc: https://environment.ec.europa.eu/publications/proposal-new-regulation-waste-shipments_en?prefLang=ga
[141] Nasc: https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/national-hazardous-waste-management-plan-2021---2027.php

de dhramhaíl ghuaiseach na hÉireann (304,845 tonna) a onnmhairiú lena cóireáil, chuig an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua go príomha (in ord an lín tonnaí ar glacadh leo). Cuireadh san áireamh sa NHWMP roinnt croí-mholtaí chun féachaint le dul i ngleic leis an gcoibhneas idir onnmhairí agus an bonneagar náisiúnta le haghaidh dramhaíl ghuaiseach, mar seo a leanas:follows:

- Meitheal oibre a bhunú in éineacht le húdaráis Thuaisceart Éireann chun deiseanna le haghaidh bainistiú agus forfheidhmiú comhordaithe na ngníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola a uasmhéadú.
- Tabhairt faoi mheasúnacht leanúnachais gnó ar chóras bainistithe dramhaíola guaisí na hÉireann chun sruthanna dramhaíola a bheadh i mbaol agus an bonneagar bainteach a shainaithint.

Cé gur ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a luíonn an fhreagracht maidir le dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú, cuirfidh an earnáil rialtais áitiúil tacaíocht agus faisnéis ar fáil lena chinntiú go mbíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in ann na moltaí thuas a chur i gcrích.

## 5.8 ACMHAINNEACHT THEAGMHASACH LE HAGHAIDH DRAMHAÍOLA

Is é an cur síos atá ar theagmhas sa Staidéar Féidearthachta ar an Straitéis Náisiúnta um Theagmhasacht Dramhaíola a rinne an RWMPO ná 'imeacht nó cúinse todhchaí ar féidir é a tharlú ach nach bhféadfaí a thuar go cinnte'. Aithníonn an earnáil rialtais áitiúil, mar sin an gá atá le hacmhainneacht theagmhasach chun freastal ar imeacht nó cúinse todhchaí a d'fhéadfadh tarlú ach nach bhféadfaí a thuar go cinnte.

D'fhéadfadh sé go dtiocfadh ann do na cúinsí seo i gcás cur isteach ar oibríochtaí bunaithe cóireála dramhaíola nach bhféadfadh na hoibríochtaí eile a bheadh fágtha a bhainistiú, nó i gcás fadhb bainistithe dramhaíola a chuirfeadh an comhshaol nó sláinte daoine i mbaol agus nach bhféadfadh na hoibríochtaí bunaithe cóireála dramhaíola í a bhainistiú.

Is ionann cur isteach ar roghanna bunaithe cóireála dramhaíola nach bhféadfadh na hoibríochtaí eile nár cuireadh isteach orthu a bhainistiú, agus a mbeadh acmhainneacht theagmhasach ag teastáil faoina choinne, agus freagracht chomhroinnte de chuid an rialtais, na hearnála rialtais áitiúil agus oibreoirí cóireála dramhaíola.

I gcás fadhb bainistithe dramhaíola a chuirfeadh an comhshaol nó sláinte daoine i mbaol agus nach bhféadfadh na hoibríochtaí bunaithe cóireála dramhaíola í a bhainistiú agus a mbeadh teagmhasacht ag teastáil faoina coinne, luíonn an fhreagracht ar an rialtas agus ar lucht rialtais áitiúil.

Ní hionann easpa acmhainneacht cheadúnaithe bhliantúil cóireála dramhaíola sa Stát agus foras chun acmhainneacht theagmhasach a sholáthar nó a úsáid, mura mbaintear feidhm inléirithe chomhsheasmhach as gach aon rogha eile a bheadh ar fáil. Go sainiúil, tá le sonrú i bPolasaí E10 den RWMP:

> *Aithnítear sa phlean dramhaíola an gá go mbeadh acmhainneacht diúscartha leantach ar fáil chun freagairt do theagmhais lena dtiocfadh baol don timpeallacht agus/nó sláinte daoine agus beostoic. Déanfaidh na húdaráis áitiúla i ngach réigiún monatóireacht, ar bhonn bliantúil, ar an acmhainneacht theagmhasach a bhíonn ar fáil.*

Nuair a dréachtaíodh na RWMPanna in 2015, bhíothas meabhrach ar theagmhais amhail géarchéim 'an ghalair crúb agus béil' a chuir isteach ar mhargaí agus ar fhadhbanna acmhainneachta DSB as ar eascair dréachtú an pholasaí seo. Ó foilsíodh na RWMPanna, thit roinnt 'teagmhas' dá leithéid seo a spreag athbhreithniú ar acmhainneacht agus an gá le leibhéal éigin de theagmhasacht lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- In 2016, baineadh amach an acmhainneacht diúscartha don DSB iarmharach níos luaithe sa bhliain féilire ná mar a bhí beartaithe agus bhain údaráis áitiúla feidhm as Alt 56 den Acht um Bainistiú Dramhaíola chun acmhainneacht éigeandála a cheadú ag láithreáin líonta talún a bhí ann cheana – is riosca leanúnach é seo; agus
- In 2021, le linn phaindéim Covid-19, bhí tionchar díobhálach ag srianta ar an tógáil ar oibríochtaí i monarchana stroighne in Éirinn, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar an acmhainneacht chóireála le haghaidh Leachtbhreosla Tuaslagóra (LBT) agus Breosla Athshlánaithe Soladach, rud a chuir isteach ar shlabhra an tsoláthair (do thionscal na cógaisíochta, mar shampla). Bíonn infhaighteacht na hacmhainneachta cóireála seo i gcónaí ag brath ar ráchairt chomhsheasmhach ar stroighin.

Ag breathnú chun cinn, d'fhéadfadh sé go rachadh na rialacha níos doichte atá beartaithe ag an AE i dtaca le sruthanna dramhaíola áirithe a onnmhairiú i bhfeidhm a thuilleadh ar roghanna acmhainneachta cóireála

D'fhonn na rioscaí seo a bhainistiú, d'ullmhaigh an RWMPO Straitéis Náisiúnta Teagmhasachta Dramhaíola in 2017 chun an truailliú comhshaoil nó rioscaí do shláinte daoine a sheachaint. Mar chabhrú chun easnaimh acmhainneachta a bhainistiú agus a thuar, rinne an RWMPO Samhail Acmhainneachta Dramhaíola Iarmharaí na hÉireann a fhorbairt agus a choimeád agus, bunaithe ar réamhaisnéisí, táthar ag tuar gur dúshlán leanúnach a bheidh san acmhainneacht dramhaíola sna blianta beaga atá romhainn. Níl aon teagmhasacht shuntasach ann sa chóras chun riar ar theagmhais nó cur isteach gan choinne ar úsáid na roghanna cóireála deiridh dramhaíola eile (i.e. onnmhairiú agus cóireáil theirmeach).

Tá an RWMPO tar éis tabhairt faoi staidéar féidearthachta chun suíomh, nádúr agus scála a shainaithint maidir le saoráid theagmhasach náisiúnta oiriúnach dramhaíola laistigh den Stát agus sainaithníodh na nithe seo a leanas:

- Na sruthanna dramhaíola féideartha ar dócha iad a bheith thíos le teagmhas;
- Na méideanna ionchais dramhaíola a d'fhéadfaí a tháirgeadh ina leithéid d'imeacht; agus
- Suíomh saoráide dramhaíola ceadúnaithe faoi stiúir údaráis áitiúil a bheadh oiriúnach chun Saoráid Theagmhasach Náisiúnta a óstáil le haghaidh Dramhaíola.

Cinneadh, leis an anailís, gurb ionann an acmhainneacht íosta theagmhasach a theastaíonn agus 150,000 tonna agus, i gcomhar le hullmhúchán an Phlean seo, tabharfar faoin gcéad chéim eile den staidéar féidearthachta ar an tsaoráid náisiúnta theagmhasach dramhaíola. Leis na staidéir seo, déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar na measúnachtaí go dtí seo i bhfianaise an chreata um gheilleagar ciorclach agus an margadh dramhaíola atá ag teacht chun cinn agus cabhrófar le ceapadh na féidearthachta i dtaca leis an mbonneagar teagmhasach riachtanach a chur ar fáil ar an suíomh roghnachais.

Tá an RWMPO ag obair leis an tionscal príobháideach dramhaíola chun acmhainneacht theagmhasach a fhorbairt ag láithreáin líonta talún atá ann cheana agus cuimsíonn an toiliú pleanála reatha ag láithreán líonta talún Chnoc Urlaithe coinníoll (a d'iarr an RWMPO) gur gá 44,000 tonna d'acmhainneacht a choimeád mar acmhainneacht theagmhasach ar feadh shaolré na n-oibríochtaí.

Tacaítear leis an ngá atá le hacmhainneacht theagmhasach bhreise trí Bheartas Spriocdhírithe BS15.2 in **Imleabhar II** agus Croí-thoradh Inréadaithe 21 in **Imleabhar III**.

## 5.9 BONNEAGAR ATÁ TÁBHACHTACH AR BHONN NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACH

Cuimsíonn **Imleabhar II** polasaí agus tacar de chritéir bhainteacha a bhaineann le bonneagar dramhaíola atá ann cheana agus bonneagar todhchaí, atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Baineann bonneagar atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach le bonneagar atá den chineál agus den scála a meastar é a bheith riachtanach chun margadh dramhaíola feidhmiúil a choimeád sna réigiúin agus sa Stát. Tá ganntanas dá leithéid seo de bhonneagar ann i gcroí-réimsí, rud a fhágann spleáchas leantach ar an onnmhairiú chun an dramhaíl a tháirgtear a bhainistiú.

Ar na heasnaimh atá ann i dtaca le croí-acmhainneacht cóireála i láthair na huaire, tá:

- Acmhainneacht réamhchóireála agus cóireála deiridh DSB i bhfianaise an riachtanais leanúnaigh i dtaobh bearta éigeandála don sruth dramhaíola seo; agus
- Acmhainneacht cóireála d'ithir agus cloch chun slabhraí soláthair reatha don mhargadh tógála, margadh atá ag fás, a chothú.

Rinneadh tosaíocht de na sruthanna dramhaíola seo sa Phlean seo mar bhonneagar atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach, ach d'fhéadfadh sé go ndéanfaí an liosta seo a leasú de réir mar is gá chun freagairt d'athruithe sna dálaí margaidh. Tá liosta de na critéir[142] agus de na tairseacha a úsáidtear lena chinneadh cad is bonneagar atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta ann leagtha amach in **Imleabhar II**.

Tacaítear leis an mBonneagar atá Tábhachtach ar Bhonn Náisiúnta trí Croí-Bheartas CB12 in **Imleabhar II** agus Croí-thoradh Inréadaithe 19 in **Imleabhar III**.

[142] Critéir le haghaidh Bonneagar atá Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta agus Réigiúnach arna fhorbairt ag RWMPO.

# 6 TÁIRGEADH DRAMHAÍOLA RÉAMH-MHEASTA

Chun bonn eolais a chur faoin bhforbairt polasaí le haghaidh **Imleabhar II**, rinneadh rátaí táirgthe réamh-mheasta dramhaíola le haghaidh shaolré an Phlean a ullmhú do na sruthanna dramhaíola níos mó, mar atá DSB agus dramhaíl T&S. Tá na réamh-mheastacháin leagtha amach bunaithe ar threochtaí stairiúla agus i gcomhréir leis na bearta polasaí forfheidhmithe atá ann cheana.

Ní dhearnadh aon idirghabhálacha todhchaí, amhail an tobhach aisghabhála agus praghsáil dhreasaithe don dramhaíl tráchtála, ar leagadh reachtaíocht síos lena n-aghaidh ach nach léir fós go ndeachaigh siad i bhfeidhm ar rátaí táirgthe, a chur san áireamh sna réamh-mheastacháin ach pléadh leo san anailís rialála atá leagtha amach i **gCuid A d'Imleabhar III**.

## 6.1 RÉAMH-MHEASTACHÁIN I DTACA LE TÁIRGEADH DSB

Is iad na príomh-spreagthaigh atá taobh thiar den táirgeadh DSB ná fás daonra agus tomhaltas pearsanta don dramhaíl teaghlaigh agus gníomhaíocht eacnamaíoch don dramhaíl tráchtála. Tá réamh-mheasta go leanfaidh na spreagthaigh seo de bheith ag fás le linn shaolré an Phlean seo (féach **Caibidil 3**) agus baineadh feidhm astu chun leibhéil táirgthe dramhaíola todhchaí a thuar. Tá na toimhdí agus na tosca ionchuir a úsáideadh mar bhonn eolais faoi na réamh-mheastacháin DSB liostaithe i d**Tábla 6.1.** Léiríonn na réamh-mheastachán cás 'gach rud mar is gnách', agus níor cuireadh san áireamh iontu aon cheann de na bearta atá ar feitheamh chun an táirgeadh dramhaíola a mhaolú, faoin bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach, faoin Acht um Gheilleagar Chiorclach ná faoin bPlean seo.

Tá reámh-mheastacháin ar fáil in **Imleabhar III** ina n-ionchorpraítear idirghabhálacha pleanáilte.

Tá na treochtaí stairiúla agus tuartha i dtaca le táirgeadh iomlán DSB leagtha amach i bh**Fíor 6.1** mar a léirítear an treocht thomhaiste stairiúil (i ndath dearg) agus na leibhéil thuartha (dath glas ar chás ísealfhás daonra na Príomhoifige Staidrimh agus dath glas ar chás an ardfháis). Léiríonn an treocht stairiúil méadú ginearálta ó bhí 2012 ann agus tá tuartha go leanfar den treocht mhéadaitheach seo i rith shaolré an Phlean (diomaite den tionchar a bhfuiltear ag súil leis ó Covid-19 in 2020/2021 nuair a chothromaigh na rátaí táirgthe beagáinín).

Faoi dheireadh thréimhse an Phlean in 2030, táthar ag meas go sroichfidh leibhéil táirgthe DSB suas le 3.7 milliún go 3.8 milliún tonna, rud arb ionann é agus méadú de thart ar 16-19% ar leibhéil 2019. Baineadh feidhm as na réamh-mheastacháin seo san anailís seo ar na cúiseanna déacha seo a leanas:

- Chun bonn eolais a chur faoin gcreat polasaí níos leithne agus faoi fhorbairt spriocanna, polasaithe agus gníomhartha chun táirgeadh DSB a sheachaint, mar atá leagtha amach in **Imleabhar II**; agus
- Chun bonn eolais a chur faoin anailís ar an mbearna acmhainneachta lena shainaithint an mbeadh aon ghá le hacmhainneacht bhreise le DSB a bhainistiú chun an spleáchas ar onnmhairí a laghdú agus tá na polasaithe cóireála seo leagtha amach freisin in **Imleabhar II**.

Mar achoimre, léiríonn an cás 'gach rud mar is gnách' a leagadh amach fás leantach neamh-inbhuanaithe i dtáirgeadh DSB sa ghearrthréimhse. Tarraingíonn sé sin aird ar an ngá atá le hidirghabhálacha chun an treocht seo a chur ar mhalairt slí agus chun táirgeadh DSB a dhícheangal ón ngníomhaíocht eacnamaíoch agus ón bhfás sa daonra. Tá a thuilleadh anailíse ar na hidirghabhálacha seo leagtha amach in **Imleabhar III**.

Tábla 6.1: Toimhdí agus Tosca Ionchuir le haghaidh Réamh-mheastacháin DSB

| Foinse | Paraiméadar | Toisc Ionchuir |
|---|---|---|
| Dramhaíl Teaghlaigh | Bunlíne | Dramhaíl teaghlaigh a táirgeadh in aghaidh an duine, ag úsáid na meastachán daonra is úire agus sonraí bailíochtaithe dramhaíola 2019 ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag 1,619,102 tonna (idir bhainistithe agus neamhbhainistithe).<br><br>**Tabhair faoi deara:** Le haghaidh 2020 agus 2021, thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur tháirg an Stát 1,829,825 agus 1,804,553 tonna, faoi seach, de dhramhaíl teaghlaigh. D'fhéadfadh sé gurb é a d'imir tionchar mór ar na méaduithe suntasacha seo in 2020 agus 2021, i gcomparáid le 2019, ná na srianta a cuireadh i bhfeidhm le linn phaindéim Covid-19 agus ní mheastar go dtugann siad léargas ionadaíoch ar bhunlíne stóinsithe le haghaidh na hanailíse seo. |
| | Fás Daonra | Tuairiscíonn an Phríomhoifig Staidrimh réamh-mheastachán daonra le haghaidh 2022 (5,149,139 áitritheoir) agus rinne sonraí a réamhaisnéisiú freisin le haghaidh 2036 mar a nglacann siad leis go dtiocfaidh fás líneach san idirlinn agus toimhdí curtha ar fáil acu i gcomhair na gcásanna daonra ísealfháis agus ardfháis seo a leanas de chuid na Príomhoifige Staidrimh:<br>• M3F2 le haghaidh cás 'Insreabhadh Bhaile Átha Cliath' na himirce inmheánaí (fás íseal daonra) go dtí 5,330,800 in 2036; agus<br>• M1F2 le haghaidh cás 'Eis-sreabhadh Bhaile Átha Cliath' na himirce inmheánaí (fás ard daonra) go dtí 5,812,500 in 2036. |
| | Rátaí Táirgthe | Dramhaíl teaghlaigh a táirgeadh in aghaidh an duine bunaithe ar shonraí 2019 agus ar dhaonra de 4.92 milliún, rud a d'fhág 0.33 tonna in aghaidh an duine in 2019.<br><br>**Tabhair faoi deara:** Is ionann na meastacháin a thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh 2020 agus 2021 agus 0.37 tonna agus 0.36 tonna in aghaidh an duine, faoi seach, ach, arís eile, ní bhaintear feidhm astu seo mar bhunlíne iontaofa. |
| Dramhaíl Tráchtála | Bunlíne | Bunlíne dramhaíola tráchtála ag 1,467,103 tonna le haghaidh 2019. Is iad sonraí 2020 agus 2021 don earnáil tráchtála, de réir mar a thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná 1,380,395 tonna agus 1,365,835 tonna, faoi seach. Léiríonn na leibhéil seo laghdú a chomhfhreagraíonn do na méaduithe teaghlaigh le linn na mblianta seo mar gheall ar shrianta Covid-19. |
| | Fás Eacnamaíoch | Tá an fás gearrthréimhseach eacnamaíoch réamh-mheasta (2022 go 2026) bunaithe ar mhéaduithe tuartha san Ollioncam Náisiúnta atá léirithe i Réamhaisnéis Eacnamaíoch agus Fhioscach Bhuiséad 2024[143] agus ar fhás toimhdithe de 2% ina dhiaidh sin in éagmais réamhaisnéisí Ollioncaim Náisiúnta níos fadtréimhsí. |

143 Nasc: https://assets.gov.ie/273320/7da13749-b1d2-4f12-a6cd-6e705b0b11d3.pdf




Fíor 6.1: Táirgeadh Réamh-mheasta DSB (Gach Rud mar is Gnách) (foinse: Inmheánach)

## 6.2 RÉAMH-MHEASTACHÁIN I DTACA LE TÁIRGEADH DRAMHAÍOLA T&S

Mar a sonraíodh i g**Caibidil 4**, ba dhramhaíl T&S é 60% den dramhaíl ar fad a táirgeadh in Éirinn in 2021, leibhéal atá rud maith os cionn mheánráta an AE, mar atá, 35%. Tá baint dhíreach idir an méid dramhaíola T&S a tháirgtear agus scála an mhargaidh tógála laistigh den Stát agus luíonn an comhchoibhneas idir Méid Táirgeachta na Príomhoifige Staidrimh don earnáil agus táirgeadh na dramhaíola T&S ag 84% le deich mbliana anuas. Tá na toimhdí agus na tosca ionchuir a úsáideadh mar bhonn eolais faoi na réamh-mheastacháin T&S sa Phlean seo liostaithe i d**Tábla 6.2**. Mar an gcéanna leis an DSB, léiríonn na réamh-mheastacháin seo agus fás 'gach rud mar is gnách' agus níor cuireadh san áireamh iontu aon idirghabhálacha todhchaí.

Tá reámh-mheastacháin ar fáil in **Imleabhar III** ina n-ionchorpraítear idirghabhálacha pleanáilte.

Tá tuartha maidir le táirgeadh na dramhaíola tógála bunaithe ar aschur earnáil na tógála agus is í an phríomhthagairt don aschur seo ná an 92ú Tuarascáil Euroconstruct d'Éirinn (Geimhreadh 2021) Cuimsíonn na sonraí forbraíochtaí atá beartaithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (lena n-áirítear tithíocht). Leagadh na rátaí amach bunaithe ar fhás ón mbliain roimhe agus léiríonn fás láidir sa ghearrthréimhse a fhad le 2024. Ní dhéanann Euroconstruct aon réamh-mheastachán lastall de 2024 agus tá ráta toimhdithe fáis de 5.5% sa bhliain réamh-mheasta go dtí deireadh thréimhse an Phlean.

Tá an treocht stairiúil agus tuartha i dtaca le méid iomlán na dramhaíola tógála agus scartála le sonrú i bh**Fíor 6.2**. Tá léirithe freisin san fhíor seo an treocht stairiúil agus réamh-mheasta sa dramh-ithir agus dramh-chloch, arb é an codán is mó de shruth na dramhaíola tógála, ag 80-90%. Tugann na réamh-mheastacháin le tuiscint go méadóidh méid iomlán na dramhaíola T&S go dtí thart ar 15 mhilliún tonna faoi 2030, rud a léiríonn méadú de 73% ó bhunlíne 2021.

Tá cur isteach ar an margadh le sonrú le haghaidh 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus druidim sealadach na láithreán tógála ach léiríonn na sonraí aisphreabadh láidir i dtreo na dtreochtaí bliantúla méadaitheacha in 2021 agus a fhad le 2030.

Tá roinnt idirghabhálacha beartaithe chun iomlán T&S agus ithreach agus cloiche a sheachaint agus tá anailís níos mionsonraithe ar thionchar na n-idirghabhálacha seo leagtha amach in **Imleabhar III**.

Tábla 6.2: Toimhdí agus Tosca Ionchuir le haghaidh Réamh-mheastacháin DSB

| **Paraiméadar** | **Toisc Ionchuir** | | |
|---|---|---|---|
| Bunlíne | B'ionann méid na Dramhaíola T&S a táirgeadh agus 9 milliún tonna, bunaithe ar shonraí bailíochtaithe 2021 ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. | | |
| Toisc Fáis | Bliain | Fás ón mBliain Roimhe | Coigeartuithe (más ann dóibh) |
| | 2021 | 102.7% | Athbhreithnithe go 96% bunaithe ar an bPríomh-Oifig Staidrimh |
| | 2022 | 108.4% | De réir Euroconstruct |
| | 2023 | 109.0% | De réir Euroconstruct |
| | 2024 | 106.3% | De réir Euroconstruct |
| | 2025 | 105.5% | In éagmais aon réamh-mheastacháin Euroconstruct don tréimhse níos faide, baineadh feidhm as meastachán coimeádach d'fhás bliantúil de 5.5% le haghaidh thréimhse an Phlean a fhad le 2030 |
| | 2026 | 105.5% | |
| | 2027 | 105.5% | |
| | 2028 | 105.5% | |
| | | 105.5% | |
| | 2030 | 105.5% | |




Fíor 6.2: Táirgeadh Réamh-mheasta T&S (Gach rud mar is Gnách) (foinse: Inmheánach)

## Príomhdhúshláin a eascraíonn as Cuid B: An Tírdhreach

Aithnítear in **Imleabhar I, Cuid B,** réimse de dhúshláin maidir le sruthanna ábhar agus bonneagar nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa fhreagairt bheartais agus ghníomhaíochta atá léirithe in **Imleabhar II** den Phlean seo agus na príomhdhúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu mar atá le sonrú sa liosta seo a leanas:

- Ní mór go ndíreofaí an Plean seo ar bhunú leantach earnáil an gheilleagair chiorclaigh in Éirinn a bhrostú agus ar bheith ag tacú le bonneagar agus tionscnaimh a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach.
- Ní mór go gcuimseofaí sa Phlean bearta chun tacú leis an athrú iompraíochta d'fhonn táirgeadh na dramhaíola a sheachaint agus chun leithscaradh na dramhaíola ó shuíomhanna tráchtála agus teaghlaigh a fheabhsú.
- Beidh sé ina thosaíocht don earnáil an ráta náisiúnta athchúrsála a mhéadú i gcomhréir leis an gcéad ghlúin eile de spriocanna.
- Cuirfear polasaí úr agus polasaithe a bheidh á bhforbairt le haghaidh sruthanna ábhar amhail Bia, Teicstílí agus Plaistigh Aon Úsáide i bhfeidhm laistigh de thréimhse an Phlean agus beidh na tacaíochtaí iomchuí ag teastáil lena n-aghaidh.
- Ní mór, leis an bPlean seo, go dtacófaí le croí-bhearta seachanta don dramhaíl T&S lena n-áirítear Fotháirgí Rialachán 27 agus Ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad Rialachán 28 nó is leo seo is mó a thagann an fhéidearthacht táirgeadh na sruthanna dramhaíola seo a mhaolú.
- Tá cur chun cinn leantach na gcóras éifeachtach cois cosáin riachtanach chun cáilíocht agus cainníocht na n-ábhar a bhailítear a uasmhéadú.
- Tá bonneagar dúchasach athchúrsála le haghaidh sruthanna dramhaíola roghnaithe bunaithe cheana agus é ag fás agus ba cheart go dtacódh an Plean seo le fás leantach na hearnála agus le hiontaofacht an bhunábhair ghlain do na monarchana seo.
- Tá an acmhainneacht thiomnaithe cóireála teirmí laistigh den Stát uasmhéadaithe cheana agus ní féidir léi, i láthair na huaire, na méideanna dramhaíola atá á dtáirgeadh a láimhseáil – ní mór go gcinnteodh an Plean seo nach dtagann tacaíochtaí don chóireáil bhreise theirmeach a theastaíonn salach ar an uaillmhian coiscthe ná ar na huaillmhianta ciorclacha i dtaca le hathúsáid, deisiúchán agus athchúrsáil.
- Cé go bhfuil spleáchas ann faoi láthair ar an líonadh talún le haghaidh dramhaíl bhardasach, ní mór go gcinnteodh an Plean go leantar de bheith ag laghdú ar an gcodán den dramhaíl a dhiúscraítear chuig láithreáin líonta talún i gcomhréir le sprioc an AE le haghaidh 2035.
- Tá an acmhainneacht reatha laistigh den Stát chun ithir agus cloch neamhghuaiseach a chóireáil teoranta agus ní fhéadann an sruth seo dul san iomaíocht leis an dramhaíl bhardasach ó thaobh acmhainneacht cóireála de – caithfidh an Plean seo tacú le hacmhainneacht bhreise cóireála.
- Bíonn Éire go fóill ag brath go mór ar onnmhairiú sruthanna dramhaíola áirithe amhail earraí in-athchúrsáilte, dramhaíl sholadach iarmharach bhardasach agus dramhaíl ghuaiseach agus caithfidh an Plean seo dul i ngleic le leibhéil táirgthe agus leis an ngá atá le bheith ag tacú leis an gcóireáil dhúchasach.
- Ní mór go dtabharfadh an Plean seo faoin ngá atá le bonneagar i gcás cur isteach ar roghanna bunaithe cóireála dramhaíola nach féidir a bhainistiú agus a mbeadh acmhainneacht theagmhasach ag teastáil ina leith.
- Ní mór go dtacódh an Plean seo leis an ngá atá le bonneagar a bheadh tábhachtach ar bhonn náisiúnta agus a bheadh den chineál agus den scála a meastar é a bheith riachtanach chun margadh dramhaíola feidhmiúil a choinneáil laistigh den Stát.
- Tá an fás réamh-mheasta i dtáirgeadh DSB agus T&S i rith shaolré an Phlean neamh-inbhuanaithe agus ní mór go dtacódh an Plean leis na hidirghabhálacha riachtanacha, nó iad a chur i bhfeidhm chun an fás seo sa táirgeadh a mhaolú.



# CUID C:
# NA HACMHAINNÍ

# 7 GNÉITHE EAGRAÍOCHTÚLA

Tá cur síos sa chaibidil seo ar róil agus ar fhreagrachtaí reatha na gcroí-pháirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha in earnáil na dramhaíola agus an gheilleagair chiorclaigh. Tá na socruithe eagraíochtúla reatha leagtha amach d'fhonn comhthéacs a chur ar fáil i dtaca leis na feabhsúcháin eagraíochtúla beartaithe atá leagtha amach in **Imleabhar III Caibidil 4**.

## 7.1 PÁIRTITHE LEASMHARA SA RIALTAS ÁITIÚIL

### 7.1.1 Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA)

Is é an CCMA 'guth ionadaíoch' an ghréasáin bainistíochta rialtais áitiúil. Is iad comhaltaí CCMA príomhfheidhmeannaigh na gcomhairlí contae agus cathrach agus leas-phríomhfheidhmeannaigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Téann an coiste i mbun idirphlé le hardbhainistíocht ranna rialtais agus le heagraíochtaí ábhartha eile. Déanann CCMA ionadaíocht dá gcuid ball ar choistí, grúpaí stiúrtha agus eagraíochtaí seachtracha, déanann seasaimh fhianaise-bhunaithe a fhorbairt agus déanann aighneachtaí ar cheisteanna ábhartha.

Is é ról CCMA:

- Dul i bhfeidhm ar pholasaithe todhchaí agus polasaithe atá ag teacht chun cinn a mbeidh tionchar acu ar an rialtas áitiúil, agus iad a mhúnlú, trí rannpháirtíocht dhíreach le croí-pháirtithe leasmhara ar réimse d'ábhair ilchineálacha;
- Abhcóideacht a dhéanamh thar ceann an chórais i gcomhair na n-acmhainní riachtanacha, na roghanna straitéiseacha atá le déanamh maidir le leithdháileadh acmhainní a shainaithint agus cumas an chórais a léiriú maidir lena chinntiú go soláthraítear luach ar airgead;
- Radharc cruinn agus dearfach de luach údarás áitiúil a fhorbairt agus a chur i láthair san fhearann poiblí trí thuiscint a thógáil ar an raon leathan oibre lena bhfuil baint ag údaráis áitiúla agus na saincheisteanna a spreagann agus a imríonn tionchar ar an earnáil;
- Fianaise a léiriú ar an gcleachtas is fearr agus ar an nuálaíocht san earnáil chun tacú le forbairt níos leithne na gcleachtas sin, mar shampla sna réimsí seirbhíse comhroinnte agus soláthair;
- Tacú leis an gCoiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí (CATCEN) agus comhaltaí aonair den CCMA; agus
- A chinntiú go leantar den chlár oibre um athchóiriú na hearnála poiblí agus go bhfuil tionchar dearfach intomhaiste aige.

Seachadtar feidhmeanna dramhaíola údaráis áitiúil trí mheascán de sheirbhísí comhroinnte agus go díreach trí ghníomhaíochtaí údarás áitiúil aonair. Cuireann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) tacaíocht don CCMA agus feidhmíonn sí mar phointe teagmhála dó.

Cheap an LGMA Comhordaitheoir nua Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (LAWPC) in 2021 chun tacú le gníomhaíochtaí comhordaithe sheirbhísí comhroinnte dramhaíola na n-údarás áitiúil. Tá an cur chuige seo i leith oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh i gcomhthéacs fhorbairt leanúnach sheachadadh na bhfeidhmeanna dramhaíola agus léiríonn sé an t-aistriú ó rialú iomlán an mhargaidh ag an earnáil rialtais áitiúil go dtí rialú beagnach iomlán an mhargaidh ag an earnáil phríobháideach.

Éilíonn an Plean seo, an t-aistriú go dtí geilleagar ciorclach agus comhdhlúthú leanúnach sa mhargadh dramhaíola, freagairt eagraíochtúil chomhchuimseach ón earnáil rialtais áitiúil chun freagairt ar na dúshláin amach anseo agus leagann **Imleabhar III** amach tuilleadh feabhsuithe eagraíochtúla féideartha ina leith seo.

### 7.1.2 Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí (RWMPO)

Tá an RWMPO, a cuireadh ar bun le linn ullmhúchán an RWMP, anois ina bpáirtithe leasmhara sa mhór-earnáil dramhaíola agus tá acmhainní agus gníomhaíochtaí leathnaithe acu trí chur i bhfeidhm

an RWMP. Príomhúdarás áitiúil ainmnithe a dhéanann na hoifigí a bhainistiú do gach ceann de na trí réigiún dramhaíola agus tá siad freagrach as comhordú agus seachadadh ghníomhaíochtaí an phlean dramhaíola a stiúradh thar ceann na n-údarás áitiúil.

Is iad na trí phríomhúdarás atá sannta chun an plean bainistíochta dramhaíola réigiúnach a stiúradh:

- Comhairle Contae Mhaigh Eo do Réigiún Chonnacht-Uladh;
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do Réigiún an Oirthir-Láir Tíre; agus
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Contae Thiobraid Árann do Réigiún an Deiscirt.

Tá ról an RWMPO leathan le freagrachtaí ar a n-áirítear:

- A bheith ag obair le príomhúdaráis laistigh de na struchtúir bhunaithe ar chur i bhfeidhm réigiúnach an Phlean;
- An coiste réigiúnach stiúrtha dramhaíola a éascú agus freastal air i gcur i bhfeidhm na gcuspóirí a leagtar amach sa RWMP roimhe seo agus sa Phlean seo;
- Clár spriocanna, polasaithe agus gníomhartha atá curtha in ord tosaíochta a fhorbairt chun a chinntiú go seachadtar uaillmhian agus sprioc an Phlean seo;
- Comhoibriú leis an gCoiste Náisiúnta um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola (NCCWMP) agus cur i bhfeidhm an Phlean seo a chomhroinnt ar an oiread saincheisteanna agus is féidir;
- Cabhrú, éascú agus comhordú, i gcomhpháirtíocht le ball-údaráis áitiúla, maidir le cur i bhfeidhm chuspóirí, pholasaithe, ghníomhaíochtaí agus spriocanna an Phlean seo;
- A bheith ag obair le lucht gnó chun aistriú go meon an gheilleagair chiorclaigh, ag déanamh athmhachnamh ar an gcur chuige i leith bainistíocht dramhaíola, trí bhreathnú ar an dramhaíl mar acmhainní ábhair luachmhara;
- Monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais maidir le sruthanna dramhaíola bardasaí agus T&S ar bhonn ráithiúil;
- Staitisticí sonraí dramhaíola agus príomhstaitisticí feidhmíochta a thiomsú do na Réigiúin;
- An treochlár líonta talún stairiúil a fheidhmiú go céimneach;
- Tuairiscí bliantúla a ullmhú mar a éilítear don réigiún, ag tuairisciú ar fheidhmíocht faoi gach ceann de na ceannlínte polasaí atá sa Phlean seo;
- Tascghrúpaí a choinneáil agus a bhunú ar shaincheisteanna faoi leith nuair is gá;
- Iarratais a ullmhú ar chabhair dheontais do thionscadail réigiúnacha;
- Riachtanais oiliúna an réigiúin a shainaithint, a chomhordú agus a éascú chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Phlean a chinntiú;
- Feachtais Náisiúnta a ullmhú, a sholáthar, a dhearadh agus a reáchtáil i gcomhar le páirtithe leasmhara eile – arna maoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, amhail an tairseach mywaste.ie a fhorbairt agus a fheidhmiú go céimneach;
- Cosc, íoslaghdú, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a chur chun cinn go réamhghníomhach de réir an ordlathais dramhaíola agus i gcomhar le tionscail, gnólachtaí, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla eile;
- Feasacht an phobail a chothú ar shaincheisteanna dramhaíola agus an Gheilleagair Chiorclaigh i gcomhar leis na hOifigigh Feasachta Comhshaoil i ngach ceann de na ball-údaráis áitiúla; agus
- Freagairt ar dhúshláin pleanála bainistithe dramhaíola tuartha agus neamhthuartha thar ceann an LGS.

Coinneofar príomhúdaráis ainmnithe agus RWMPOnna gaolmhara le haghaidh chur i bhfeidhm an Phlean seo.

### 7.1.3 Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA)

Bunaíodh na trí Phríomhúdarás Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLAnna), ailínithe leis na trí réigiún dramhaíola, in 2015. Tá na WERLAnna freagrach as na gníomhartha forfheidhmithe dramhaíola a chomhordú d'údaráis áitiúla agus as bheith ag obair le gníomhaireachtaí stáit eile maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

Liostaítear na trí phríomhúdarás atá sannta chun an plean bainistithe dramhaíola réigiúnach a stiúradh mar seo a leanas:

- Comhairlí Contae Liatroma agus Dhún na nGall do Réigiún Chonnacht-Uladh;
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do Réigiún an Oirthir-Láir Tíre; agus
- Comhairle Cathrach agus Contae Chorcaí do Réigiún an Deiscirt.

Tá freagracht ag WERLA as gníomhartha um fhorfheidhmiú dramhaíola a chomhordú laistigh de réigiúin, agus tosaíochtaí agus cuspóirí coiteanna a shocrú don fhorfheidhmiú dramhaíola. Tugadh de thasc don WERLA forfheidhmiú comhsheasmhach

reachtaíochta dramhaíola a chinntiú ar fud na dtrí réigiún pleanála bainistíochta dramhaíola reatha, agus feidhmíonn údaráis áitiúla mar chéad fhreagróirí ar an talamh ar sháruithe faoi leith na reachtaíochta dramhaíola. Éascaíonn an WERLA cuíchóiriú níos mó ar thascanna forfheidhmithe dramhaíola.

Nótálann an WAPCE go gcuirfear le ról, acmhainneacht, agus freagrachtaí an WERLA chun an LGS a chur i suíomh níos fearr chun freagairt ar dhúshláin forfheidhmithe atá ag teacht chun cinn agus atá ina dtosaíochtaí. Oibríonn an WERLA go dlúth leis an RWMPO chun gníomhaíochtaí forfheidhmithe a ailíniú le riachtanais an RWMP roimhe agus an Phlean seo agus chun cláir feasachta a ailíniú leis na tosaíochtaí náisiúnta forfheidhmithe dramhaíola.

Déanann Coiste Stiúrtha Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola (NWESC), a bhfuil comhchathaoirleacht déanta air ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe náisiúnta eile, maoirseacht ar obair an WERLA. Socraíonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide tosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta dramhaíola le hionchur ó chomhaltaí den NWESC agus cuireann siad chun cinn comhsheasmhacht ag leibhéal lárnach.

Is comhaltaí iad na WERLAnna freisin den Ghrúpa Teagmhála Tionscail chomh maith leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus údaráis rialála eile.

### 7.1.4 Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola (NWCPO)

I mí Feabhra 2012, ainmníodh Comhairle Contae Uíbh Fhailí mar an tÚdarás Ainmnithe le haghaidh gach iarratais ar Cheadúnas Bailithe Dramhaíola (WCP) a phróiseáil agus athbhreithniú ar iarratais a fhaightear ar an dáta sin nó ina dhiaidh, thar ceann gach údaráis áitiúil. An Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola (NWCPO) a thugtar ar an údarás ainmnithe aonair agus i measc na bhfreagrachtaí tá rannpháirteachas sa Choiste Náisiúnta Comhordúcháin um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola (NCCWMP) agus a bheith ag obair leis na trí réigiún agus údaráis áitiúla laistigh de gach réigiún chun coinníollacha éigeantacha caighdeánacha agus coinníollacha roghnacha áitiúla a fhorbairt.

Is é príomhról an NWCPO ná gach iarratas nua agus athbhreithnithe WCP agus tuairisciú bliantúil staitisticí dramhaíola ó bhailiúcháin dramhaíola i ngach réigiún a phróiseáil. Tá freagrachtaí an NWCPO tar éis méadú le linn na tréimhse 2015-2021 le róil rialála shínte lena n-áirítear tiomsú agus rialú cáilíochta sonraí a thuairiscíonn saoráidí a bhfuil ceadúnas dramhaíola nó teastas clárúcháin ina seilbh.

Coinníonn an NWCPO freisin an clár náisiúnta do Cheadúnais Saoráidí Dramhaíola (WFP) agus Teastais Chlárúcháin (CoR) arna n-eisiúint ag gach Údarás Áitiúil. Óstálann an oifig bunachar sonraí na dTuairisceán Bliantúil Náisiúnta do gach WCP, WFP agus CoR laistigh den Stát. Chomh maith leis sin, tá an Clár de Láithreáin Líonta Talún Stairiúla (clár Alt 22 roimhe seo) de Láithreáin Líonta Talún Neamhrialaithe, a bhí á óstáil roimhe seo ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, á óstáil anois ag an NWCPO ar an Líonra Malartaithe Sonraí Comhshaoil (EDEN).

Faoin WAPCE, tá ról NWCPO le feabhsú le bheith ina chomhlacht maoirsithe den mhargadh bailiúcháin. San áireamh sa ról seo beidh anailís sonraí ar fheidhmiú an mhargaidh, maoirseacht ar struchtúir táillí, pionóis agus soláthar seirbhíse, bainistíocht ceart tomhaltóirí, cur ar aghaidh gearán agus freagracht as cosaint sonraí.

### 7.1.5 Oifig Náisiúnta Loingsithe Trasteorann (NTFSO)

In 2007, ainmníodh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an tÚdarás Inniúil aonair in Éirinn do loingsithe dramhaíola trasteorann isteach go hÉirinn agus amach as Éirinn. Le hoibleagáidí faoi na Rialacháin um Loingsiú Dramhaíola a chomhlíonadh, bhunaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Oifig Náisiúnta Loingsithe TransFrontier (NTFSO) chun feidhmeanna riaracháin agus forfheidhmithe araon a dhéanamh.

In 2011, ainmníodh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an tÚdarás Inniúil aonair do ghluaiseachtaí dramhaíola guaisí go heisiach laistigh d'Éirinn, agus tá freagracht as gluaiseachtaí mar sin freisin faoi shainchúram NTFSO.

Tuairiscíonn an NTFSO don Phríomhfheidhmeannach Cúnta agus d'Innealtóir na Cathrach don Roinn Timpeallachta agus Iompair, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus oibríonn sé i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le gnóthaí a bhaineann leis na Rialacháin um Loingsiú Dramhaíola agus gluaiseachtaí dramhaíola

guaisí laistigh d'Éirinn. Is príomhbhall é NTFSO de Líonra an Aontais Eorpaigh do chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na reachtaíochta comhshaoil (IMPEL).

## 7.2 NA PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE

### 7.2.1 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Is é ról na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an creat beartais agus reachtaíochta a chur ar fáil ina socraítear cuspóirí, polasaithe, gníomhartha, agus spriocanna an WAPCE. Áirítear le ról na Roinne in earnáil na dramhaíola agus an gheilleagair chiorclaigh freisin:

- Ullmhúchán na Straitéise um Gheilleagar Ciorclach (CES) agus cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí ar fud ranna rialtais a chomhordú;
- Ullmhúchán agus cur i bhfeidhm an Treochláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhbhia;
- Páirt a ghlacadh sa NCCWMP;
- Monatóireacht, athbhreithniú agus modhnú a dhéanamh ar reachtaíocht de réir mar a theastaíonn ar feadh thréimhse na ngníomhphleananna dramhaíola;
- Monatóireacht a dhéanamh ar scéimeanna comhlíontachta agus forbairt scéimeanna nua a éascú de réir mar a theastaíonn;
- Comhairle agus ceannasaíocht a thabhairt do phríomhúdaráis agus d'údaráis áitiúla maidir le cur i bhfeidhm an WAPCE;
- Tacú le struchtúir réigiúnacha maidir le cur i bhfeidhm an WAPCE;
- Tacú le socruithe forfheidhmithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla mar a chomhaontaíonn an CCMA agus na réigiúin;
- Tacú le feidhmiú bonneagair dramhaíola áitiúil mar a fheidhmíonn údaráis áitiúla; agus
- An Clár Feabhsúcháin um Líonadh Talún a riaradh, atá á chomhordú go réigiúnach tríd an RWMPO.

### 7.2.2 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. I measc ionstraimí eile dlí óna ndíorthaíonn an Ghníomhaireacht a húdarás tá an tAcht um Bainistíocht Dramhaíola 1996, an tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil 2003, agus an tAcht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014. I measc fhreagrachtaí na Gníomhaireachta maidir le bainistíocht dramhaíola tá:

- Páirt a ghlacadh sa NCCWMP;
- Bainistíocht an CEP (an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, NWPP, roimhe seo), seachadadh agus comhordú gníomhaíochtaí cláir agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm;
- Feidhmiú Líonra um Chosc na nÚdarás Áitiúil;
- Bainistíocht an NHWMP;
- Tiomsú, anailís agus tuairisciú staitisticí náisiúnta dramhaíola;
- Foilsiú na Tuairisce Achoimre ar Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola;
- Ceadúnú saoráidí bainistithe dramhaíola móra;
- Feidhmeanna forfheidhmithe dramhaíola;
- Cur chun cinn an dea-chleachtais comhshaoil agus forbairtí geilleagair chiorclaigh;
- Iniúchóireacht agus tuairisciú ar fheidhmíocht údarás áitiúil maidir le freagrachtaí bainistithe dramhaíola;
- An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann;
- Tiomantas daoine agus an comhshaol a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha na radaíochta agus an truaillithe;
- Príomhról a imirt i rialáil comhshaoil, soláthar eolais agus abhcóideacht ar son an chomhshaoil; agus
- Cabhrú le húdaráis áitiúla maidir le forfheidhmiú.

## 7.3 TIONSCAL

Feidhmíonn an tionscal dramhaíola i margadh oscailte ina bhfuil comhlachtaí dramhaíola príobháideacha den chuid is mó le hiomaíocht taobh le taobh, tairiscintí iomaíocha teoranta agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha. Tá mórán oibritheoirí beag go meánmhéide ann le líon níos lú oibritheoirí níos mó. Soláthraíonn an tionscal seirbhísí bailithe, próiseála, athphróiseála, athchúrsála, aisghabhála, agus diúscartha don dramhaíl teaghlaigh, tráchtála, tionscail, agus ghuaiseach.

Le linn RWMP 2015-2021 lean an tionscal ar aghaidh ag forbairt agus ag comhdhlúthú nuair a ghlac gnólacht infheistíochta idirnáisiúnta seilbh ar cheann de na hoibritheoirí dramhaíola príobháideacha is mó, an t-idirbheart ba shuntasaí sa tréimhse. Bhí iontrálacha isteach sa mhargadh freisin, ag tairiscint seirbhísí nua maidir le bainistíocht dramhaíola tógála agus éillithe.

Is cumann trádála é Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann (IWMA) do ghnólachtaí bainistithe dramhaíola in Éirinn. Tá os cionn 5,000 duine fostaithe go díreach ag na ballchomhlachtaí, agus tá timpeall €1 bhilliún de láimhdeachas bliantúil acu le chéile. Bailíonn baill 75% den dramhaíl teaghlaigh atá á bainistiú faoi láthair in Éirinn agus méideanna suntasacha de dhramhaíl tráchtála, thionsclaíoch, agus ghuaiseach. Tá saoráidí na mball ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó á bhfeidhmiú faoi cheadúnas údaráis áitiúil.

Glacann baill le rialacha an IWMA chun a chinntiú go gcuireann gach oibritheoir seirbhísí bainistithe dramhaíola ar fáil do ghnólachtaí agus don phobal ar bhealach gairmiúil agus eiticiúil, cé gur cheart a thabhairt faoi deara nach baill den IWMA iad gach oibritheoir dramhaíola agus i measc eagraíochtaí ionadaíochta eile tá Cónaidhm na Monarchana Eorpacha Dramhaíl go Fuinneamh, an Institiúid Chairte Bainistíochta Dramhaíola, Cré, Irbea, Cónaidhm Thionscal na Tógála agus Monaróirí Stroighne Éireann.

Cuirtear miondealú níos mionsonraithe de bhonneagar agus oibríochtaí bailiúcháin agus cóireála na hearnála príobháidí i láthair i **gCaibidil 5**.

## 7.4 SCÉIMEANNA COMHLÍONTACHTA

Tá roinnt oibritheoirí scéime comhlíontachta freagrachta táirgeora ag Éirinn a oibríonn thar ceann táirgeoirí a thógann ar ais earraí ag an gcéim iarthomhaltóra le hathchúrsáil agus le haisghabháil. Tá na scéimeanna comhlíontachta seo dea-bhunaithe agus ag feidhmiú go rathúil, ag cur ar a cumas d'Éirinn spriocanna náisiúnta agus Eorpacha a bhaint amach. I measc na n-oibritheoirí scéime comhlíontachta reatha agus na sruthanna dramhaíola a bhainistítear tá:

- REPAK – pacáistiú dramhaíola;
- Circol ELT – boinn dramhaíola;
- DTLL Éireann – dramhaíl leictreach agus leictreonach, agus dramhaíl chadhnra;
- An tArdán Athchúrsála Eorpach – dramhaíl leictreach agus leictreonach, agus dramhaíl chadhnra;
- ELVES – feithiclí a bhfuil a ré caite; agus
- IFFPG – plaistigh (scannán) feirme.

Chomh maith leis sin, beidh na Scéimeanna Éarlaise agus Aisíoca (DRS) le haghaidh cannaí alúmanaim agus buidéil phlaisteacha éifeachtach ó mhí Feabhra 2024 agus á bhfeidhmiú ag Deposit Return Scheme Ireland CTR, ag trádáil mar Re-turn.

Faoin WAPC, tá gealltanais ann maidir le breithniú scéimeanna comhlíontachta breise le haghaidh teicstílí, dramhaíl ghuaiseach, plaistigh feirme agus cógas. Tugadh nó tabharfar isteach tuilleadh scéimeanna comhlíontachta tríd an Treoir SUP mar a leanas:

- Ó mhí Eanáir 2023 i leith, ceanglaítear ar tháirgeoirí pacáistíochta na costais a chlúdach a bhaineann le glanadh bruscair, chomh maith leis na hoibleagáidí EPR atá ann cheana a bhaineann leis na hearraí SUP seo a leanas – coimeádáin bia, paicéid, cumhdaigh, coimeádáin dí, cupáin agus mála siopadóireachta éadroma;
- Ó mhí Eanáir 2023 i leith, tá táirgeoirí táirgí tobac ina bhfuil plaisteach faoi réir scéim EPR; agus
- Faoin 31 Nollaig 2024, beidh táirgeoirí balún, ceirtíní taise agus trealamh iascaireachta faoi réir scéim EPR freisin.

## 7.5 EAGRAÍOCHTAÍ NEAMHRIALTASACHA AGUS CUMAINN EILE

Is é an Líonra Acmhainní Pobail Éireann (CRNI)[144] an t-aon líonra pobail athúsáide, ullmhúcháin athúsáide, deisithe, agus athchúrsála in Éirinn. Seachadann a bhaill éifeachtúlacht acmhainní agus tionscnaimh geilleagair chiorclaigh ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta araon. Éascaíonn CRNI an t-ionchuimsiú sóisialta trí thacú le fostaíocht ionchuimsitheach agus rochtain mhéadaithe ar bhuntáistí na hathúsáide, an ullmhúcháin athúsáide, an deisithe, agus na hathchúrsála. Oibríonn CRNI i gcomhar le raon comhpháirtithe ag tacú le baill fás, ag forbairt, ag píolótú réitigh chomhshaoil nuálacha, agus ag neartú athúsáid pobail, ag ullmhú le haghaidh athúsáide, deisiú, agus cláir athchúrsála ar fud na hÉireann.

Is é Charity Retail Ireland (Cumann Siopaí Carthanachta na hÉireann roimhe seo)[145] an scáthghrúpa do charthanais a fheidhmíonn siopaí chun airgead a thógáil ar son cúiseanna éagsúla. Feidhmíonn Charity Retail Ireland os cionn 500 siopa ar fud na tíre, agus fís acu earnáil carthanachta

[144] Nasc: https://crni.ie/
[145] Nasc: https://charityretail.ie/

miondíola rathúil agus ilghnéitheach a bheith in Éirinn a thacaíonn le carthanais aonair, Charity Retail Ireland agus a chuireann luach le pobail áitiúla.

Is é an Rediscover Centre[146] an tIonad Náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach in Éirinn, gluaiseacht chruthaitheach a nascann daoine, smaointe, agus acmhainní chun tacú le maireachtáil níos glaise ísealcharbóin. Tacaíonn sé le ceithre fhiontar shóisialta athúsáide; Rediscover Cycling, Rediscover Fashion, Rediscover Furniture agus Rediscover Paint. Glacann an Rediscovery Centre páirt ghníomhach i dtaighde, go háirithe sna réimsí inbhuanaitheachta, athraithe iompraíoch, éifeachtúlachta acmhainní agus bainistíochta dramhaíola, cuireann sé ar fáil ceardlanna oideachasúla éagsúla do gach leibhéal, agus tá d'aidhm aige polasaí maidir le geilleagar ciorclach a athbhreithniú, anailís a dhéanamh air agus eolas a dhéanamh dó ar scála réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Is carthanas ballbhunaithe Éireannach é VOICE[147] a chumasaíonn daoine aonair agus pobail áitiúla le gníomh dearfach a dhéanamh chun ár n-acmhainní nádúrtha a chaomhnú ar son todhchaí inbhuanaithe. Molann sé d'eagraíochtaí rialtais agus corparáideacha glacadh le hiompraíochtaí atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil agus ar mhaithe le polasaithe láidre náisiúnta a fhorbairt maidir le saincheisteanna dramhaíola agus uisce.

## 7.6 RIALACHAS

Sainaithníonn na rialacháin pleanála um bainistíocht dramhaíola an t-údarás áitiúil mar an príomhúdarás maidir le hullmhúchán agus seachadadh na bpleananna dramhaíola. Faoin RWMPO atá rialáil na seanphleananna réigiúnacha bainistíochta dramhaíola, a ghlacann le príomhfhreagracht as gníomhartha a chomhordú agus a sheachadadh agus dul chun cinn sa RWMP a mhaoirsiú. Bunaíodh Coistí Réigiúnacha Stiúrtha i ngach réigiún chun maoirseacht agus faomhadh a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí RWMP agus chun cinntí straitéiseacha a dhéanamh agus áirítear na nithe seo a leanas le ról na gcoistí:

- Tacú leis an bpríomhúdarás maidir le cur i bhfeidhm na gcuspóirí a leagtar amach sa RWMP;
- Monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht gach údaráis áitiúil aonair sa réigiún de réir gníomhartha RWMP; agus
- Buiséid a athbhreithniú, a leithdháileadh agus a fhaomhadh don RWMPO go bliantúil.

Idirghníomhaíonn na trí RWMPO go rialta agus go han-mhinic agus glactar comhfhreagracht as an RWMP a chur i bhfeidhm. Tá cur chuige trédhearcach agus comhoibríoch ann i leith saincheisteanna earnála idir na trí oifig le comhaontú coiteann ar ghníomhartha chun tabhairt faoi réimsí tosaíochta. Sanntar oifigeach réigiúnach ainmnithe chun gníomhartha tosaíochta a aithnítear sa RWMP a stiúradh. Tá gníomhartha polasaí sa RWMP mar bhonn agus mar thaca ag gníomhaíochtaí cláir oibre bliantúla.

Leanfar ar aghaidh leis an tsamhail rialála réigiúnach rathúil lenar glacadh don RWMP roimhe seo maidir le seachadadh an Phlean seo agus neartófar é trí chomhordú agus comhoibriú feabhsaithe a fhorbairt ar fud údaráis áitiúla agus na mór-earnála dramhaíola. Cuirtear tuilleadh sonraí ar chur i bhfeidhm an Phlean seo i láthair in **Imleabhar III Caibidil 7**.

## 7.7 IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Mar chuid de rialáil an RWMP, idirghníomhaíonn an RWMPO le mórán páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha eile, ó ghrúpaí ardleibhéil rialtais agus náisiúnta go comhlachtaí réigiúnacha agus rialtais áitiúil. Déantar na hidirghníomhaíochtaí sin a achoimriú i bh**Fíor 7.1** agus cuirtear feabhsuithe molta ar rannpháirtíocht i láthair in **Imleabhar III Caibidil 5**.

### Coistí Náisiúnta

Déantar idirghíomhaíochtaí idir páirtithe leasmhara suntasacha, idir phoiblí agus phríobháideach, san earnáil dramhaíola, a eagrú trí fhóraim coistí náisiúnta. Tarlaíonn na cruinnithe rialta seo trí nó ceithre huaire sa bhliain. Dírítear na coistí seo ar ábhair faoi leith amhail cumarsáid, pleanáil dramhaíola, forfheidhmiú, agus acmhainn chóireála. An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide de ghnáth a dhéanann cathaoirleacht ar na cruinnithe seo agus glacann na hoifigí dramhaíola réigiúnacha údaráis áitiúil (e.g., RWMPO agus WERLA) ról ceannasach maidir leis an scéal is déanaí a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le dul chun cinn nó saincheisteanna chomh maith le gníomhartha amach anseo a chur i bhfeidhm.

[146] Nasc: http://www.rediscoverycentre.ie/
[147] Nasc: https://www.voiceireland.org/




Fíor 7.1: Idirghníomhaíochtaí RWMPO

### Coistí Réigiúnacha Údaráis Áitiúil

Idirghníomhaíonn údaráis áitiúla i ngach réigiún le chéile trí choistí réigiúnacha agus cruinnithe ainmnithe amhail:

- Tá Stiúrthóirí Seirbhíse i ngach Údarás Áitiúil sna Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha;
- Tá na hInnealtóirí Sinsearacha agus/nó Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha sna Grúpaí Oibríochtúla Réigiúnacha;
- Bíonn cruinnithe den Chomhghrúpa Stiúrtha agus den Ghrúpa Oibríochtúil ar siúl uair sa ráithe; agus
- Tascfhórsa um Chosc Réigiúnach, Oideachas, Gnó Glas – cruinniú rialta idir na hOifigigh Feasachta Comhshaoil agus na hOifigigh Éifeachtúla Acmhainní i ngach údarás áitiúil ar bhonn réigiúnach.

Is idirghníomhaíochtaí luachmhara iad na cruinnithe seo ina dtugtar an t-eolas is déanaí, agus ina sanntar tascanna agus acmhainní.

### Tionscal agus Scéimeanna Comhlíontachta

Bíonn cumarsáid le tionscal agus scéimeanna comhlíontachta, lasmuigh den choiste náisiúnta, eadrannach de ghnáth, seachas ar sceideal socraithe rialta, ina bhfuil idirghníomhaíocht leanúnach ar thionscadail nó cláir faoi leith.

### Rialtas Áitiúil

Comhoibríonn oifigí RWMPO agus WERLA go dlúth chun cur chuige comhleanúnach a chur i bhfeidhm ar phleanáil agus forfheidhmiú dramhaíola. De ghnáth, bíonn cruinnithe stiúrtha réigiúnacha ar siúl i gcomhar leis an RWMPO agus an WERLA. Tá caidreamh oibre láidir ann leis an NWCPO, NTFSO, agus CCMA agus cé nach bhfuil sceideal struchtúrtha cruinnithe ann, idirghníomhaíonn na grúpaí seo go rialta ar thionscadail, saincheisteanna reatha, agus aighneachtaí polasaí

Idirghníomhaíonn an earnáil dramhaíola údaráis áitiúil leis an CCMA go foirmiúil ar bhonn rialta (gach sé seachtaine de ghnáth). Úsáidtear an fóram seo chun an t-eolas is déanaí a thabhairt don ghrúpa maidir le hábhair a bhaineann le pleanáil dramhaíola (amhail acmhainn dramhaíola iarmharach) agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna earnála a imríonn tionchar ar údaráis áitiúla. Eagraíonn an CCMA grúpaí oibre chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna faoi leith (amhail deireadh dramhaíola) de réir mar is gá. Eisítear tuairiscí náisiúnta agus aighneachtaí polasaí arna n-ullmhú ag RWMPO thar ceann na hearnála dramhaíola rialtais áitiúil tríd an CCMA.

## 7.8 TEACHT ANIAR EAGRAÍOCHTÚIL

Tar éis fhreagairt an rialtais ar phaindéim Covid-19 le linn 2020 agus 2021, fógraíodh liosta de sheirbhísí bunriachtanacha a ligfí dóibh leanúint ar aghaidh. San áireamh sa liosta seo de sheirbhísí bunriachtanacha bhí bailiú dramhaíola, gníomhaíochtaí feabhsúcháin agus gníomhaíochtaí eile bainistíochta agus diúscartha dramhaíola. Lean seirbhísí bailithe agus próiseála dramhaíola ar aghaidh ag feidhmiú mar ba ghnáth i rith thréimhse na srianta agus choinnigh saoráidí athchúrsála agus aisghabhála dramhaíola (ag monarchana dramhaíl go fuinneamh) a ngnáthfheidhmiú. Mar fhreagairt ar phaindéim Covid-19, rinneadh roinnt príomhghníomhaíochtaí chun gnáthfheidhmiú na hearnála dramhaíola a choinneáil, in ainneoin dúshláin a tharlaíonn de thoradh ar an ngéarchéim, lena n-áirítear:

- Bunú an Ghrúpa Chomhairligh Ardleibhéil um Bainistíocht Dramhaíola Covid-19, ina raibh príomhpháirtithe leasmhara thar ceann na hearnála dramhaíola, chun freagairt na hearnála ar an bpaindéim a dheimhniú;
- Ainmniú an RWMPO mar phríomhpháirtí i bhfreagairt na hearnála ar an bpaindéim, mar a ndearna an RWMPO na nithe seo a leanas:
  - D'fhorbair Córas rioscabhunaithe Monatóireachta agus Luathrabhaidh;
  - Nuashonruithe seachtainiúla comhordaithe;
  - Monatóireacht ar acmhainneacht;
  - D'fhorbair Straitéis Bailithe Dramhaíola; agus
  - Chuir Tuarascáil Eatramhach ar Acmhainn Dramhaíola ar fáil ar an 20 Márta 2020.
- Bunú an Ghrúpa um Leanúnachas Gnó na nÚdarás Áitiúil chun leanúnachas gnó a chinntiú ar fud an LGS – áiríodh sa ghrúpa seo gníomhaíochtaí dramhaíola amhail CAS, ionaid fág anseo agus forfheidhmiú dramhaíola.

D'oibrigh na grúpaí seo go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara chun a chinntiú gur coinníodh gnáthoibríochtaí ar fud na hearnála. Chruthaigh an earnáil dramhaíola go raibh sí láidir sa ghéarchéim, a fhad is go bhfuair sí tacaíocht ó na príomhghníomhaíochtaí thuas. Ach tarraingíodh aird ar roinnt leochaileachtaí ag leibhéal náisiúnta freisin, lena n-áirítear:

- Spleáchas ar onnmhairiú dramhaíola;
- Cumas teoranta dramhaíl cúraim sláinte a bhainistiú mar gheall ar easpa saoráidí, agus
- Méadú sa dumpáil mhídhleathach le linn na tréimhse srianta.

Tá sraith de pholasaithe agus gníomhaíochtaí eagraíochtúla chun caidrimh oibre bhunaithe a choinneáil agus a fheabhsú san áireamh in **Imleabhar III** chomh maith le sonraí um chur i bhfeidhm in **Imleabhar III Caibidil 7**.

# 8 AIRGEADAS

## 8.1 AN EARNÁIL DRAMHAÍOLA

Tá earnáil dramhaíola na hÉireann tar éis forbairt go suntasach ó foilsíodh na RWMPanna in 2015 nuair a bogadh ar shiúl ó dhiúscairt dramhaíola iarmharaí go líonadh talún go dramhaíl go fuinneamh agus athchúrsáil. Éilíonn an Plean seo athrú eile san fhócas chun spreagadh a thabhairt do níos mó coisc dramhaíola, athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athchúrsála agus deisiú de réir prionsabail eacnamaíocha agus phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh.

Is minic an earnáil phríobháideach ag tabhairt faoi sheirbhísí bailithe, réamhchóireála agus cóireála deiridh dramhaíola in Éirinn, agus is é ról na hearnála poiblí go príomha rialáil le roinne gníomhaíochtaí oibríochtúla. Cuirtear tuilleadh sonraí maidir le scála an bhonneagair bailiúcháin agus cóireála laistigh den Stát i g**Caibidil 5**.

Tá comhdhlúthú suntasach déanta sa mhargadh bailithe dramhaíola in Éirinn le blianta beaga anuas, le líon na mbailitheoirí dramhaíola údaraithe laghdaithe ó 3,828 oibritheoir in 2008 go dtí 1,861 oibritheoir in 2020. Gné den mhargadh is ea líon beag mór-oibritheoirí, agus na deich soláthróir seirbhíse bailithe dramhaíola bardasaí is mó ag bailiú 90% den dramhaíl sa Stát.

Tá saoráidí cóireála deiridh suntasacha faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú ag oibritheoirí príobháideacha sa Stát, lena n-áirítear trí líonadh talún bhardasacha, dhá mhonarcha dramhaíl go fuinneamh (is comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach ceann amháin acu le húdaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath) agus na ceithre mhonarcha stroighne a bhfuil ceadúnas acu le haghaidh comhloscadh.

Tá údaráis áitiúla fós ag bailiú dramhaíola tríd an líonra náisiúnta ionad fóntas poiblí (CAS) agus ionad fág anseo agus tá ról leanúnach acu i roinnt gníomhaíochtaí réamhchóireála agus Dramhaíl go Fuinneamh.

Foilsíodh rialacháin chun tobhach aisghabhála a thabhairt isteach i mí Lúnasa 2023[148] agus sonraítear an tobhach mar €10 in aghaidh an tonna de dhramhaíl bhardasach a nglactar léi le haghaidh aisghabhála. Is é cuspóir an tobhaigh an réasúnaíocht eacnamaíoch a fheabhsú chun athúsáid, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide, deisiú, agus athchúrsála a dhreasú. Athainmníonn an tAcht um Gheilleagar Ciorclach 2022 an Ciste Comhshaoil mar Chiste an Gheilleagair Chiorclaigh agus imfhálófar an tobhach aisghabhála isteach sa Chiste um Gheilleagar Chiorclach.

Cuirtear forbhreathnú ar scála eacnamaíoch an mhargaidh dramhaíola i láthair i d**Tábla 8.1** bunaithe ar shonraí a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh[149] a léiríonn gurbh é luach an mhargaidh dramhaíola in 2020 timpeall €1.5 billiún agus go raibh 10,500 duine fostaithe.

Taispeánann an tábla freisin ioncam an Chiste Comhshaoil[150] ag laghdú le blianta beaga anuas de réir mar atá iompraíochtaí athraithe ag na tobhaigh líonta talún agus málaí plaisteacha. Ba é an caiteachas náisiúnta comhcheangailte ón gCiste Comhshaoil €11 mhilliún in 2021 ar dhramhaíl agus bruscar a bhainistiú, lena n-áirítear forfheidhmiú, feachtais feasachta agus pleanáil (chomh maith le caiteachas neamhdhramhaíola).

Léiríonn caiteachas Chiste Comhshaoil an Rialtais Láir in 2021 leithdháileadh agus béim an chaiteachais i bpríomhréimsí mar a thaispeántar i bh**Fíor 8.1**. Léiríonn an miondealú a chuirtear i láthair do 2021 go bhfuil an chuid is mó den chaiteachas fós ar fhorfheidhmiú na rialacha agus comhlíontacht a choinneáil le reachtaíocht agus rialacháin, ach go bhfuil méid measartha beag tiomnaithe do chosc, feasacht, agus pleanáil.

[148] I.R. Uimh. 406 de 2023 Rialacháin um Gheilleagar Ciorclach (Tobhach Aisghabhála Dramhaíola) 2023

[149] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Earnáil Earraí agus Seirbhísí Comhshaoil 2020, Nasc: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-egss/environmentgoodsandservicessector2020/keyfindings/

[150] Environment Fund Accounts, Nasc: https://www.gov.ie/en/publication/f6b84-environment-fund-accounts/




Fíor 8.1: Caiteachas Chiste Comhshaoil an Rialtais Láir in 2021

Tábla 8.1: Luach Eacnamaíoch an Tionscail Dramhaíola in Éirinn (foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide)

| Ceantar | Paraiméadar | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Macraeac-namaíocht | Bainistíocht Dramhaíola – Olltáirgeacht (€m) | 1,263 | 1,321 | 1,198 | 1,237 | 1,362 | 1,342 | 1,341 | 1,429 | 1,267 | 1,405 | 1,478 | - |
| | Oll-bhreisluach (GVA) (€m) | 596 | 496 | 549 | 589 | 444 | 462 | 470 | 535 | 493 | 674 | 522 | - |
| | Fostaíocht ('000 coibhéiseach lánaimseartha) | 9.7 | 8.3 | 7.9 | 9.0 | 9.1 | 8.8 | 8.8 | 9.5 | 10.5 | 9.7 | 10.5 | - |
| Ioncaim an Chiste Comhshaoil (€'000) | Tobhach Líonta Talún | 42,661 | 46,422 | 51,809 | 43,399 | 33,717 | 34,340 | 48,400 | 37,106 | 18,611 | 12,151 | 6,492 | 8,488 |
| | Tobhach Mála Plaisteach | 17,458 | 15,725 | 13,863 | 14,768 | 12,714 | 11,728 | 8,734 | 7,280 | 6,470 | 5,128 | 3,886 | 3,355 |
| | **Ioncam Iomlán** | **60,384** | **62,573** | **65,714** | **58,184** | **46,471** | **46,091** | **57,155** | **44,408** | **25,102** | **17,280** | **10,378** | **11,844** |
| Caiteachas Ciste Comhshaoil (€'000) | Riarachán na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil | 10,514 | 13,004 | 12,100 | 13,896 | 13,980 | 11,900 | 8,502 | 4,900 | 4,600 | 5,000 | - | - |
| | Tionscnaimh Forfheidhmithe | 12,341 | 13,538 | 11,352 | 9,334 | 6,552 | 11,329 | 8,706 | 9,651 | 10,934 | 11,831 | 6,304 | 4,215 |
| | Dramhail a Chosc | 4,900 | 5,200 | 4,322 | 3,491 | 2,704 | 2,344 | 2,562 | 2,899 | 2,524 | 2,668 | 1,638 | - |
| | OEE | 2,200 | 2,200 | 2,100 | 2,022 | 2,000 | 2,000 | 2,200 | 2,005 | 2,029 | 2,000 | 1,355 | - |
| | Feasacht Chomhshaoil | 2,417 | 2,593 | 1,637 | 1,659 | 1,611 | 1,555 | 1,860 | 1,671 | 1,922 | 1,862 | 1,294 | 2,167 |
| | Dúnadh agus Iarchúram Líonta Talún | - | 6,110 | 4,120 | - | - | - | - | - | 1,953 | 2,802 | 540 | - |
| | Costais Oibríochtúla Athchúrsála | 14,363 | 12,000 | 7,250 | 4,956 | 3,275 | 1,499 | - | - | - | - | - | - |
| | Tionscnaimh Frithbhruscair | 1,966 | 1,946 | 1,836 | 1,298 | 1,192 | 1,024 | 1,031 | 1,291 | 1,301 | 1,184 | 397 | 1,719 |
| | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | 8,189 | 9273 | 1480 | 2351 | 533 | 722 | 374 | 400 | 563 | 450 | 400 | 400 |
| | Dramhail Ghuaiseach | 1,800 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| | Costais bailithe an tobhaigh comhshaoil | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 407 | 401 |
| | Caiteachas Neamhdhramhaíola Nóta 1 | 5,766 | 18,607 | 24,534 | 16,554 | 14,373 | 13,918 | 10,790 | 10,593 | 11,139 | 9,241 | 4,095 | 2057 |
| | **Caiteachas Iomlán** | **64,456** | **84,471** | **70,731** | **55,561** | **46,220** | **46,291** | **36,025** | **33,410** | **36,965** | **37,038** | **16,430** | **10,959** |

Nóta 1: Áirítear ar chaiteachas neamhdhramhaíola caiteachas ar chostais oidhreachta, bhithéagsúlachta, uisce, aeir, aeráide, núicléacha chomh maith le costais bailithe tobhaigh agus ranníocaíochtaí d'eagraíochtaí.

## 8.2 IONCAM AGUS CAITEACHAS NA N-ÚDARÁS ÁITIÚIL

Tá caiteachas agus ioncaim bhuiséadaithe gach cinn den 31 údarás áitiúil faoin gceannteideal 'Bailiú agus Diúscairt Dramhaíola' tiomsaithe agus athbhreithnithe ó bhuiséid ghlactha údarás áitiúil do 2021. San áireamh sa tacar sonraí seo tá costais maidir le hacmhainní daonna, chomh maith le costais oibríochtúla níos leithne, na n-údarás áitiúil i seachadadh feidhmeanna dramhaíola.

I d**Tábla 8.2** tugtar achoimre ar an bhfaisnéis airgeadais do gach údarás áitiúil ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta. Cuirtear sonraí i láthair i ngach feidhm dramhaíola agus bruscair agus taispeánann siad na leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta ioncaim agus chaiteachais (in €'000) agus an glaneasnamh idir ioncam agus caiteachas.

Taispeánann na sonraí go bhfuil athrú suntasach i bpróifílí caiteachais ar fud na dtrí réigiún bainistíochta dramhaíola. Mar shampla, tá caiteachas níos ísle ag Réigiún an Oirthir-Lár Tíre ar oibríochtaí líonta talún ná mar atá ag Réigiún an Deiscirt ach tá caiteachas atá i bhfad níos mó aige ar ghlanadh sráideanna. Tá caiteachas go comhréireach níos airde ag Réigiún an Deiscirt ar ghníomhaíochtaí aisghabhála agus athchúrsála ná mar atá ag na réigiúin eile. Caitheann Réigiún Chonnacht-Uladh codán atá i bhfad níos airde (20.7%) de chaiteachas ar bhainistíocht bruscair i gcomparáid leis na réigiúin eile (timpeall 10%).

Féadfar roinnt de na hathruithe a fheictear i gcaiteachas i d**Tábla 8.2** a mhíniú mar gheall ar thosca áitiúla amhail:

- Lárú roinnt de na hoibríochtaí amhail an RWMPO, WERLA, NTFSO agus NWCPO;
- Suíomh bonneagair athchúrsála, mar shampla taispeánann Comhairle Cathrach Chorcaí dhá oiread caiteachas aon chontae eile faoi 'Aisghabháil agus Athchúrsáil'; agus
- Líon agus suíomhanna láithreán líonta talún dúnta agus láithreán líonta talún nach bhfuil gníomhach a éilíonn caiteachas ach nach gcuireann aon ioncam ar fáil. Mar shampla, taispeánann Comhairlí Contae Chorcaí agus Fhine Gall caiteachais measartha ard ar oibríochtaí líonta talún ach níl aon ioncaim chúiteacha acu.

Taispeánann **Tábla 8.2** miondealú ar an €217 milliún d'easnamh náisiúnta i ngach feidhm dramhaíola do 2021 tar éis muirir úsáideora agus deontais shonracha rialtais a chur san áireamh. Baineann an mhórchuid den easnamh leis an nglanadh sráideanna, rud, dá mbeifí lena chur le chéile leis an mbainistiú bruscair, arbh ionann é agus 67% d'easnamh 2021. Tá an t-easnamh seo á mhaoiniú ó acmhainní na n-údarás áitiúil féin amhail rátaí tráchtála agus cáin mhaoine áitiúil.

Bheadh ar aon leathnú ar an mbearna ioncaim/caiteachais a bheith ag brath ar arduithe fáltais chánach áitiúla agus/nó tobhaigh má tá seirbhísí agus oibleagáidí comhshaoil le coinneáil. Príomhcheist a bheidh ann don LG is ea tionchar pholasaithe agus ghníomhartha an Phlean seo ar ioncaim agus caiteachais.

Léiríonn **Fíor 8.2** leithdháileadh agus béim an chaiteachais i bpríomhréimsí lena n-áirítear Glanadh Sráideanna/Bainistíocht Bruscair, Iarchúram Líonta Talún, Aisghabháil/Athchúrsáil agus Forfheidhmiú. Léiríonn an miondealú a chuirtear i láthair go maoiníonn an chuid is mó den chaiteachas, 84%, bainistíocht bruscair, glanadh sráideanna, iarchúram líonta talún, aisghabháil agus athchúrsáil agus oibríochtaí eile.

Is féidir an comhardú caiteachais, 16%, a chur síos do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe agus pleanála. Ach déantar caiteachas ar na feidhmeanna seo a fhritháireamh le €27 milliún d'ioncam in 2021, arb ionann é agus 61% den chaiteachas iomlán ar na feidhmeanna seo. Is ionann an sciar neamh-mhaoinithe de chaiteachas forfheidhmithe/pleanála agus €18 milliún go náisiúnta, nó €579 míle, ar an meán, ag gach údarás áitiúil.

**EASNAMH OIBRIÚCHÁIN:**

**Ba é €281 milliún an caiteachas iomlán ar gach feidhm dramhaíola agus ba é €64 milliún an t-ioncam iomlán, rud a d'fhág €217 milliún d'easnamh iomlán.**




Fíor 8.2: Caiteachas Údarás Áitiúil ar 'Bhailiú agus Diúscairt Dramhaíola' in 2021

Tábla 8.2: Caiteachas agus ioncaim bhuiséadaithe Údarás Áitiúil 2021 ar Bhailiú agus Cóireáil Dramhaíola[151]

| **Caiteachas (€'000)** | **Feidhmiú agus Iarchúram Líonta Talún** | **Oibríochtaí Aisghabhála agus Athchúrsála** | **Oibríochtaí Dramhail go Fuinneamh** | **Soláthar Bailithe Dramhaíola** | **Bainistíocht Bruscair** | **Glanadh Sráid-eanna** | **Forfheidhmiú Dramhaíola** | **Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Réigiún Chonnacht-Uladh | 6,332 | 3,872 | 0 | 455 | 6,672 | 8,332 | 5,585 | 978 | 32,226 |
| Réigiún an Oirthir-Láir Tíre | 11,036 | 14,027 | 3,192 | 3,701 | 16,113 | 80,844 | 24,351 | 2,579 | 155,843 |
| Réigiún an Deiscirt | 18,094 | 20,749 | 293 | 2,115 | 9,401 | 31,556 | 7,858 | 3,521 | 93,587 |
| **Caiteachas Náisiúnta** | **35,462** | **38,648** | **3,485** | **6,271** | **32,186** | **120,732** | **37,794** | **7,078** | **281,656** |
| **Caiteachas (%)** | **Oibríochtaí Líonta Talún** | **Aisghabháil agus Athchúrsáil** | **Dramhail go Fuinneamh** | **Bailiú Dram-haíola** | **Bainistíocht Bruscair** | **Glanadh Sráid-eanna** | **Forfheidhmiú Dramhaíola** | **Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola** | **Iomlán** |
| Réigiún Chonnacht-Uladh | **19.6%** | **12.0%** | **0.0%** | **1.4%** | **20.7%** | **25.9%** | **17.3%** | **3.0%** | **100.0%** |
| Réigiún an Oirthir-Láir Tíre | 7.1% | 9.0% | 2.0% | 2.4% | 10.3% | 51.9% | 15.6% | 1.7% | 100.0% |
| Réigiún an Deiscirt | 19.3% | 22.2% | 0.3% | 2.3% | 10.0% | 33.7% | 8.4% | 3.8% | 100.0% |
| **Caiteachas Náisiúnta** | **12.6%** | **13.7%** | **1.2%** | **2.2%** | **11.4%** | **42.9%** | **13.4%** | **2.5%** | **100.0%** |
| **Ioncam (€'000)** | **Oibríochtaí Líonta Talún** | **Aisghabháil agus Athchúrsáil** | **Dramhail go Fuinneamh** | **Bailiú Dram-haíola** | **Bainistíocht Bruscair** | **Glanadh Sráid-eanna** | **Forfheidhmiú Dramhaíola** | **Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola** | **Iomlán** |
| **Ioncam Náisiúnta** | **9,873** | **14,710** | **3,291** | **3,201** | **3,915** | **2,378** | **23,887** | **3,049** | **64,304** |
| **Easnamh** | **25,589** | **23,938** | **194** | **3,070** | **28,271** | **118,354** | **13,907** | **4,029** | **217,352** |

[151] Nasc: https://assets.gov.ie/139273/8554c7e7-d87c-4185-8cc1-32c8bf51c5c3.pdf

## 8.3 ANAILÍS EASNAIMH

Léiríonn an miondealú ar Ioncam agus Caiteachas LGS a chuirtear i láthair i d**Tábla 8.2** €217 milliún d'easnamh idir ioncam agus caiteachas i ngach feidhm dramhaíola. Léiríonn **Fíor 8.3** méid an easnaimh airgeadais le haghaidh gach feidhme dramhaíola:

**FEIDHM DRAMHAÍOLA A BHFUIL AN T-EASNAMH IS MÓ AG BAINT LÉI:**
**I measc na bhfeidhmeanna dramhaíola a bhfuil na heasnaimh is mó ag baint leo tá glanadh sráideanna (€118 milliún), bainistíocht bruscair (€28 milliún), iarchúram líonta talún (€25 milliún), aisghabháil/athchúrsáil (€24 milliún) agus forfheidhmiú (€14 mhilliún).**

### Glanadh Sráideanna

Áirítear le glanadh sráideanna an gnáthamh laethúil a bhaineann le sráideanna ceantar uirbeach a ghlanadh go meicniúil agus de láimh go náisiúnta. Is próiseas é a bhfuil dlúthshaothar ag baint leis agus éilíonn sé baill foirne a úsáid lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre lena n-áirítear go luath ar maidin agus go mall san oíche. Is féidir os cionn 50% de chaiteachas iomlán dramhaíola i Réigiún an Oirthir-Láir Tíre a chur síos do ghlanadh sráideanna, agus is é an figiúr inchomparáide i Réigiún an Deiscirt 33% agus 25% i Réigiún Chonnacht-Uladh.

Ba é an t-easnamh iomlán náisiúnta le haghaidh glanadh sráideanna in 2021 €118 milliún agus maoiníodh seo ó acmhainní na n-údarás áitiúil féin. Cé go nglactar leis go leanfar ar aghaidh ag déanamh glanadh sráideanna a mhaoiniú go príomha ó acmhainní na n-údarás áitiúil féin, tá bearta maolaithe easnamh féideartha ann a fhéadfar a chur i bhfeidhm chun costais a laghdú, amhail an riachtanas do tháirgeoirí pacáistíochta agus táirgí tobac cabhrú maidir le costais a bhaineann le glanadh bruscair faoin Treoir SUP (féach **Rannán 4.5**).

### Bainistíocht Bruscair

Áirítear le bainistíocht bruscair freisin an gnáthamh laethúil a bhaineann le tógáil, bailiú agus láimhseáil bruscair agus áirítear leis freisin gach ceantar idir uirbeach agus tuaithe. Cruthaíonn bainistíocht bruscair dúshláin shéasúracha uathúla do phobail tuaithe agus cois cósta agus éilíonn sí freagairt shuntasach acmhainní ón LGS chun tabhairt faoin dúshlán sin. Is léiriú air seo gur féidir 20% de chaiteachas iomlán dramhaíola i Réigiún Chonnacht-Uladh a chur síos do bhainistíocht bruscair, agus is é an figiúr inchomparáide i Réigiún an Oirthir-Láir Tíre agus Réigiún an Deiscirt 10%. Ba é €28 milliún an t-easnamh iomlán náisiúnta le haghaidh bainistíocht bruscair in 2021 agus maoiníodh seo ó acmhainní na




Fíor 8.3: Easnaimh Feidhme Dramhaíola

n-údarás áitiúil féin. Cé go nglactar leis go leanfar ar aghaidh ag déanamh bainistíocht bruscair a mhaoiniú go príomha ó acmhainní na n-údarás áitiúil féin, tá bearta maolaithe easnamh féideartha ann a fhéadfar a chur i bhfeidhm chun costais a laghdú.

Nuair a chuirtear san áireamh scála comhcheangailte coibhneasta an easnaimh airgeadais a bhaineann le glanadh sráideanna agus bainistíocht bruscair (54% de chaiteachas dramhaíola iomlán) ba cheart athbhreithniú straitéiseach ar neamhéifeachtúlachtaí féideartha a dhéanamh, le béim ar leith ar fhéidearthacht chiorclach ábhar agus an fhéidearthacht cabhrú le rátaí athchúrsála náisiúnta.

### Iarchúram Líonta Talún

Áirítear le hiarchúram líonta talún bainistíocht agus monatóireacht láithreán líonta talún a dúnadh tar éis 1997. Ainmnítear láithreáin líonta talún a d'fheidhmigh LGS idir 1977 agus 1997 mar Láithreáin Stairiúla agus tá leigheasachán na láithreán seo á thabhairt chun cinn trí Chlár na Láithreán Stairiúil, bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe atá san áireamh sa RWMP atá ann cheana.

Áirítear ar chostais iarchúraim líonta talún bainistíocht láisteáite, gáis líonta talún, draenála agus monatóireachta de réir Choinníollacha Ceadúnais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tá costais charnacha iarchúram líonta talún suntasach, agus is cúis iad le €25 milliún d'easnamh náisiúnta. Is ionann costais iarchúraim líonta talún agus 20% de chaiteachas iomlán dramhaíola i Réigiún an Deiscirt agus i Réigiún Chonnacht-Uladh, agus is é caiteachas Réigiún an Oirthir-Láir Tíre 7% den chaiteachas iomlán dramhaíola.

Cé go bhfuil an LGS freagrach as an dliteanas comhshaoil fadtéarma a bhaineann le láithreáin líonta talún dhúnta, tá idirghabhálacha féideartha ann a d'fhéadfadh na húdaráis a bhfuil tionchar orthu a dhéanamh chun costais a laghdú agus tionchair aeráide a mhaolú. D'fhéadfadh forbairt straitéise náisiúnta iarchúraim líonta talún le fócas ar leith ar chur chuige earnála i leith costais bainistithe láisteáite agus gáis cur le coigilteas costas agus gníomhaíocht aeráide.

### Aisghabháil/Athchúrsáil

Baineann caiteachas na n-údarás áitiúil sa réimse seo go príomha le feidhmiú CAS agus ionaid fág anseo. Tá an líonra CAS/fág anseo mar bhonn le hathchúrsáil gloine agus cuireann sé rogha mhalartach ar fáil do theaghlaigh maidir le bainistíocht raon d'ábhair dhramhaíola. Is ionann feidhmiú na láithreán seo agus beagnach 14% den chaiteachas dramhaíola iomlán go náisiúnta, le Réigiún an Deiscirt ag caitheamh 22% den chaiteachas iomlán dramhaíola agus Réigiún Chonnacht-Uladh agus Réigiún an Oirthir-Láir Tíre ag 12% agus 9% faoi seach.

Éilíonn Athbhreithniú CAS a rinne an LGS líonra bonneagair poiblí náisiúnta comhdhlúite, comhtháite agus comhordaithe agus tá cur i bhfeidhm mholtaí an athbhreithnithe á mbreithniú ag grúpa oibre a bhunaigh an CCMA. Meastar go mbeidh laghdú easnaimh ina phríomhcheist don ghrúpa seo trí chórais níos comhtháite, soláthar feabhsaithe agus caighdeánú ar mhuirir.

Tá an líonra ionad fóntas poiblí forbartha ag an LGS le blianta fada anuas agus ní mór caighdeán bunlíne seirbhíse le bonneagar gaolmhar a bhunú. Beidh seo ina phríomhghné d'obair an ghrúpa oibre a bhunóidh an CCMA.

Meastar go mbeidh infheistíocht shuntasach ag teastáil ar fud an líonra chun an caighdeán bunlíne a bhaint amach a theastaíonn chun tairiscint phoiblí a chothabháil le haghaidh bainistíocht dramhaíola teaghlaigh agus chun ardán a chur ar fáil le haghaidh soláthar seirbhíse feabhsaithe le haghaidh sruthanna d'ábhair shonracha lena n-áirítear tabhairt faoin gciorclaíocht agus gníomhaíochtaí nach gcuirtear ar fáil faoi láthair.

### Forfheidhmiú

Tá príomhról ag an LGS maidir le forfheidhmiú reachtaíochta dramhaíola agus comhshaoil ag leibhéal áitiúil. Tacaíonn na WERLAnna leis an earnáil a chuireann ról comhordúcháin ar fáil do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe. Tacaíonn an Rialtas le gníomhaíochtaí forfheidhmithe LGS tríd an tSamhail Maoinithe d'Fhorfheidhmiú Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil, agus tá na WERLAnna maoinithe ag an rialtas freisin.

In ainneoin na tacaíochta ón rialtas, tá gníomhaíochtaí forfheidhmithe na n-údarás áitiúil fós ina gcúis le heasnamh náisiúnta suntasach €14 mhilliún, le Réigiún Chonnacht-Uladh agus Réigiún an Oirthir-Láir Tíre ag caitheamh 16/17% den chaiteachas iomlán ar dhramhaíl sa réimse seo, agus caitheann Réigiún an Deiscirt 8% den chaiteachas iomlán ar fhorfheidhmiú.

Cé go n-admhaítear go raibh bunú agus maoiniú na n-oifigí forfheidhmithe dramhaíola réigiúnacha

ríthábhachtach maidir le comhordú gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola, léiríonn an t-easnamh forfheidhmithe a sainaithníodh go bhfuil níos mó tacaíochta ag teastáil ag leibhéal áitiúil sa réimse seo. Go háirithe, beidh forfheidhmiú agus teagmháil níos mó ag teastáil i dtacaíocht don aistriú go dtí geilleagar ciorclach agus do bhaint amach mheánráta ciorclaíochta an AE.

Tá gá le hathbhreithniú breise ar shamhail maoinithe forfheidhmithe dramhaíola na n-údarás áitiúil agus ar iomlán an mhaoinithe atá ar fáil chun acmhainní a aithint a theastaíonn chun athruithe a theastaíonn maidir le húsáid agus athúsáid ábhartha a chur chun cinn.

Chun seirbhísí reatha agus leanúnachas gnó a choinneáil le haghaidh feidhmeanna dramhaíola, ní mór na heasnaimh a shainaithnítear a bhainistiú agus a laghdú nuair is féidir. Tá sraith de bhearta

| | |
|---|---|
| Glanadh Sráideanna | • Ranníocaíochtaí na Scéime Comhlíonta<br>• Forfheidhmiú feabhsaithe an Achta um Thruailliú ó Bhruscar<br>• Próiseáil fheabhsaithe ábhar<br>• Athbhreithniú ar an Díolúine maidir le Tobhach Líonta Talún |
| Bainistíocht Bruscair | • Úsáid mhéadaithe an bhonneagair leithscartha<br>• Próiseáil fheabhsaithe ábhar<br>• Forfheidhmiú feabhsaithe an Achta um Thruailliú ó Bhruscar<br>• Athbhreithniú ar an Díolúine maidir le Tobhach Líonta Talún<br>• Forfheidhmiú feabhsaithe na bhFodhlithe |
| Iarchúram Líonta Talún | • Straitéis Náisiúnta Iarchúraim Líonta Talún lena n-áirítear:<br>• Plean bainistíochta leachate líonta talún<br>• Plean bainistíochta gáis líonta talún<br>• Plean náisiúnta monatóireachta ar líonadh talún<br>• Straitéis athúsáide láithreán líonta talún |
| Aisghabháil/ Athchúrsáil | • Cur i bhfeidhm mholtaí an Athbhreithnithe ar Láithreáin Conláiste Cathartha lena n-áirítear:<br>• Comhdhlúthú seirbhísí<br>• Gníomhaíochtaí a chomhordú<br>• Comhtháthú na gcóras<br>• Caighdeánú muirear |
| Forfheidhmiú | • Athbhreithniú breise a dhéanamh ar Shamhail Mhaoinithe Forfheidhmithe LAS chun:<br>• Athruithe agus tosaíochtaí beartais a léiriú<br>• Athruithe déimeagrafacha agus fás daonra a léiriú<br>• Tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach |

Fíor 8.4: Bearta Maolaithe Easnaimh Leanúnachais Gnó

maolaithe easnaimh sainaitheanta le haghaidh gach príomhréimse easnaimh ar a gcuirtear síos orthu thuas agus déantar iad seo a achoimriú i bh**Fíor 8.4**.

## Achoimre

Is é tiomantas airgeadais iomlán an LGS i ngach feidhm dhramhaíola gach bliain €280 milliún le hioncam iomlán €64 milliún agus é ina chúis le €217 milliún d'easnamh bliantúil.

Chun leanúnachas gnó a choinneáil, leanúint ar aghaidh ag cosaint an chomhshaoil agus seirbhísí ríthábhachtacha a chur ar fáil tá tacaíochtaí reatha agus bunaithe ó rialtas ríthábhachtach. Chun tabhairt faoi easnaimh airgeadais reatha tá freagairt straitéiseach ag teastáil, mar a léirítear i bh**Fíor 8.5**, agus sa chás go sainaithnítear idirghabhálacha a thacaíonn le baint amach spriocanna, go bhfeabhsaítear ciorclaíocht agus go dtacaítear gníomhú ar son na haeráide beidh tacaíocht bhreise rialtais ag teastáil.

Tiomnaíonn **Imleabhar III Caibidil 6** an LGS do shraith de chroí-thorthaí inréadaithe chun tabhairt faoi easnaimh bhuiséid agus croí-thorthaí inréadaithe do rialtas chun an infheistíocht riachtanach i leanúnachas gnó agus tacaíocht don LGS a choinneáil.




Fíor 8.5: Léiriú ar Fhreagairtí Straitéiseacha Féideartha ar na hEasnaimh Airgeadais a Shainaithnítear

## 8.4 ACMHAINNÍ DAONNA NA N-ÚDARÁS ÁITIÚIL

Chomh maith leis na próifílí caiteachais a chuirtear i láthair i d**Tábla 8.2,** táthar tar éis tabhairt faoi anailís mhionsonraithe ar leibhéil bhunlíne acmhainní daonna le haghaidh fheidhm dramhaíola na n-údarás áitiúil. Áiríodh leis seo suirbhé ar gach údarás áitiúil chun leibhéil reatha foirne ag gach grád atá i gceist i soláthar seirbhísí dramhaíola a dheimhniú. Sa cás go meascann acmhainn feidhm dramhaíola le feidhm eile (amhail aeráid, uisce, pleanáil, bainistíocht, etc.) ní áirítear ach an ról dramhaíola sna sonraí seo chun áireamh 'acmhainn lán ama' (FTR) a ghiniúint chun seirbhísí dramhaíola a sheachadadh in 2022.

Déantar líon iomlán na n-acmhainní a úsáidtear i bhfeidhmeanna dramhaíola na n-údarás áitiúil a achoimriú i d**Tábla 8.3.** Taispeánann an tábla seo iomlán carnach acmhainní díreacha na n-údarás áitiúil chomh maith leis na huimhreacha i seirbhísí comhroinnte amhail an RWMPO, WERLA, NTFSO agus NWCPO. Déantar sonraí le haghaidh acmhainní díreacha a shlánú chun cineál comhiomlánaithe an tacair sonraí seo a léiriú, sa chás go gcuirtear na sonraí seirbhísí comhroinnte i láthair ar bhealach níos críochnúla.

Léiríonn na torthaí go bhfuil 1,633 FTR fostaithe go díreach ag údaráis áitiúla chun feidhmeanna dramhaíola a sheachadadh. Tá an codán is mó de na FTRanna seo fostaithe chun glanadh sráideanna agus bainistíocht bruscair a dhéanamh, lena n-áirítear maoir bhruscair (1,117 FTR arb ionann iad agus 70% den iomlán). Is é an chéad chatagóir eile is airde ná forfheidhmiú ag 225 FTR (14%) agus ionaid fóntas poiblí le 198 FTR (12%). Le chéile is ionann na trí ghníomhaíocht/sheirbhís seo agus 94% den fhoireann iomlán atá fostaithe ag na húdaráis áitiúla. Do na seirbhísí comhroinnte tá 55.4 FTR ar fáil idir na ceithre ghrúpa le 17 ag an NTFSO agus 17 ag an NWCPO (31%) agus tá an leithdháileadh is ísle ag an RWMPO agus an WERLA, 11.3 FTR WERLA (14%) agus 10 FTR (18%) faoi seach.

Rinneadh costas acmhainní daonna a mheas freisin agus taispeántar an caiteachas a theastaíonn chun feidhm dhramhaíola seo na n-údarás áitiúil a mhaoiniú i d**Tábla 8.4**. Arís, cuirtear na sonraí i láthair do gach ceann de ghráid na n-údarás áitiúil le haghaidh gach feidhme a sheachadtar go díreach agus mar sheirbhísí comhroinnte. Tugtar garluach na sonraí agus mar sin de déantar iad a shlánú chun an éiginnteacht seo a léiriú. Úsáideadh scálaí pá airmheánacha chun costas na n-acmhainní atá fostaithe go díreach ag na húdaráis áitiúla a dheimhniú, arb ionann é agus €67 milliún, arb ionann glanadh sráideanna agus bainistíocht bruscair de agus €43 milliún (64% den bhuiséad iomlán). Is é forfheidhmiú an dara caiteachas is airde ag timpeall €12 mhilliún (17%), agus ina dhiaidh sin tá ionaid fóntais poiblí ag timpeall €8 milliún (12%) mar tá siad seo den chuid is mó de réir na n-uimhreacha acmhainne a chuirtear i láthair i d**Tábla 8.3**. Le haghaidh seirbhísí comhroinnte déantar na costais bliantúla a mheas ag timpeall €3 mhilliún. Léiríonn an anailís ar acmhainní daonna ar fud an LGS do 2022 leithdháileadh agus béim acmhainní mar a thaispeántar i bh**Fíor 8.6**.




Fíor 8.6: Leithdháileadh Acmhainní Daonna na nÚdarás Áitiúil 2022

Tábla 8.3: Ionchur Acmhainní Daonna 2022 d'Fheidhm Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil

| Feidhm Údaráis Áitiúil | Riachtanas Acmhainní Reatha (Coibhéisí Lánaimseartha) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Bainistíocht | Riarachán | Teicniúil | Oibríochtúil | Iomlán |
| **Rannpháirtíocht Dhíreach** | | | | | |
| Forfheidhmiú | 8 | 62 | 81 | 74 | 225 |
| Feasacht/Gnó Glas/Scoileanna Glasa | 2 | 30 | 8 | 1 | 41 |
| Ionaid Fóntas Poiblí/Oibríochtaí Fág Anseo | 5 | 20 | 27 | 146 | 198 |
| Láithreáin Líonta Talún Stairiúla/Mhídhleathacha | 3 | 2 | 20 | 7 | 32 |
| Glanadh Sráideanna/Bruscar | 6 | 77 | 25 | 1,009 | 1,117 |
| Eile | 2 | 2 | 16 | 0 | 20 |
| **Iomlán** | **26** | **193** | **177** | **1,237** | **1,633** |
| **Seirbhísí Comhroinnte** | | | | | |
| Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí (RWMPO) | 3.0 | 2.3 | 6.0 | 0.0 | 11.3 |
| Oifig Náisiúnta Loingsithe Trasteorann (NTFSO) | 1.0 | 8.0 | 1.0 | 7.0 | 17.0 |
| Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola (NWCPO) | 0.1 | 14.0 | 3.0 | 0.0 | 17.1 |
| Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) | 6.0 | 1.0 | 3.0 | 0.0 | 10.0 |
| **Iomlán** | **10.1** | **25.3** | **13.0** | **7.0** | **55.4** |

Tábla 8.4: Acmhainní Airgeadais 2022 le haghaidh Fheidhm Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil

| Feidhm Údaráis Áitiúil | Caiteachas (€'000) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Bainistíocht | Riarachán | Teicniúil | Oibríochtúil | Iomlán |
| **Rannpháirtíocht Dhíreach** | | | | | |
| Forfheidhmiú | €629 | €2,922 | €5,628 | €2,380 | €11,560 |
| Feasacht/Gnó Glas/Scoileanna Glasa | €146 | €1,246 | €538 | €27 | €1,958 |
| Ionaid Fóntas Poiblí/Oibríochtaí Fág Anseo | €345 | €895 | €1,910 | €4,635 | €7,785 |
| Láithreáin Líonta Talún Stairiúla/Mhídhleathacha | €187 | €94 | €1,154 | €179 | €1,614 |
| Glanadh Sráideanna/Bruscar | €453 | €3,977 | €1,619 | €36,911 | €42,959 |
| Eile | €154 | €85 | €1,244 | €7 | €1,490 |
| **Iomlán** | **€1,915** | **€9,219** | **€12,093** | **€44,138** | **€67,365** |
| **Seirbhísí Comhroinnte** | | | | | |
| Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí (RWMPO) | €244 | €106 | €401 | €0 | €751 |
| Oifig Náisiúnta Loingsithe Trasteorann (NTFSO) | €81 | €377 | €67 | €239 | €764 |
| Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola (NWCPO) | €8 | €660 | €201 | €0 | €869 |
| Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) | €487 | €47 | €201 | €0 | €735 |
| **Iomlán** | **€820** | **€1,190** | **€870** | **€239** | **€3,119** |

Léiríonn an miondealú a chuirtear i láthair go bhfuil an chuid is mó d'acmhainní, 70%, tiomnaithe do bhainistíocht bruscair agus glanadh sráideanna, agus go bhfuil 12% d'acmhainní ag seachadadh seirbhísí líne tosaigh ag CAS. Is ionann forfheidhmiú díreach ag leibhéal áitiúil agus 14% agus is ionann seirbhísí comhroinnte comhcheangailte agus níos lú ná 3% le Pleanáil Dramhaíola níos lú ná 1% den iomlán. Cuirtear an anailís acmhainní bhunlíne i láthair chun eolas a dhéanamh don riachtanas acmhainní don Phlean seo agus cuirtear ar fáil na hacmhainní breise a theastaíonn chun an Plean seo a chur i bhfeidhm in **Imleabhar III Caibidil 6**.

## 8.5 SAMHAIL MAOINITHE DRAMHAÍOLA NA N-ÚDARÁS ÁITIÚIL

Cuirtear i gcrích seachadadh fheidhmeanna dramhaíola na n-údarás áitiúil, coinneáil seirbhísí dramhaíola bunriachtanacha agus oibleagáidí comhshaoil le tacaíocht ó rialtas áitiúil agus rialtas láir araon. Cuireann rialtas agus rialtas áitiúil maoiniú ar fáil ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus déantar maitrís den tsamhail maoinithe seo a achoimriú i d**Tábla 8.5**.

Faightear na sonraí a chuirtear i láthair ó thacaíochtaí rialtais láir tríd an gCiste Aeráide (sonraí 2020, **Tábla 8.1**) chomh maith le buiséid rialtais áitiúil (sonraí bhuiséad 2021, **Tábla 8.2**).

Fágtar caiteachas údarás áitiúil ar bhruscar agus glanadh sráideanna ar lár ón anailís seo le hachoimre níos dírithe a chur ar fáil ar fheidhmeanna dramhaíola amháin.

Taispeánann an tsamhail maoinithe go n-éilíonn seachadadh fheidhmeanna reatha dramhaíola na n-údarás áitiúil (le bruscar agus glanadh sráideanna as an áireamh) timpeall €154 milliún per annum le timpeall €24 milliún (15%) maoinithe go díreach ag rialtas láir agus an €130 milliún d'fhuílleach (85%) curtha ar fáil ag rialtas áitiúil. Léiríonn buiséid údarás áitiúil go mbaineann an caiteachas is mó leis na feidhmeanna seo a leanas:

- Oibríochtaí Aisghabhála agus Athchúrsála (€38.65 milliún) lena n-áirítear feidhmiú na n-ionad fóntas poiblí (CAS);
- Feidhmiú agus Iarchúram Líonta Talún (€35.46 milliún) lena n-áirítear leigheasachán láithreán líonta talún stairiúil; agus
- Forfheidhmiú (€37.79 milliún).

Tá sé riachtanach an leibhéal seo maoinithe a choinneáil chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh seirbhísí dramhaíola agus oibleagáidí na hearnála a choinneáil i leith na cosanta, na rialála agus an fhorfheidhmithe comhshaoil. Beidh infheistíocht leanúnach ag teastáil chun an leibhéal seirbhíse 'gach rud mar is gnách' a choinneáil, ach aithníonn an Plean seo go mbeidh acmhainní breise ag teastáil leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú agus cuirtear na sonraí seo i láthair in **Imleabhar III Caibidil 6**.

## 8.6 ACMHAINNÍ MARGAIDH

Tagann maoiniú suntasach d'oibríochtaí agus gníomhaíochtaí dramhaíola ón earnáil dramhaíola níos leithne lena n-áirítear tionscal. An earnáil phríobháideach atá tar éis an costas caipitil a sheasamh a bhaineann le bonneagar reatha tiomnaithe bailithe agus cóireála dramhaíola a sheasamh agus tá caiteachas oibríochtúil bliantúil suntasach.

Ach níl an leibhéal caiteachais agus ioncam do na hoibritheoirí seo ar fáil go poiblí agus níl an fhaisnéis seo curtha san áireamh i d**Tábla 8.5**. Aisíoctar costais oibríochtúla a sheasann an earnáil phríobháideach de ghnáth trí mhuirir bhailiúcháin agus tobhaigh gheata do chustaiméirí (lena n-áirítear LGS).

Chomh maith leis an tsamhail chostais reatha a chuirtear i láthair, tá riachtanais bhonneagair fós le réiteach dá dtiomnaíodh sa RWMP. Athluaitear na riachtanais seo sa Phlean seo maidir le:

- Forbairt 200,000 go 300,000 tonna d'acmhainn aisghabhála teirmí bhreise thiomanta (Polasaí BS14.2 agus meastar costas €200 milliún sa RWMP chun an bonneagar seo a fhorbairt agus a fheidhmiú ag an earnáil phríobháideach); agus
- Soláthar acmhainneachta dramhaíola teagmhasaí iomchuí mar fhreagairt ar chur isteach ar an margadh agus/nó ar imeachtaí a chruthaíonn riosca don chomhshaol agus/nó do shláinte daoine agus beostoic (Polasaí BS15.2 agus a mheastar a bheith timpeall €10-12 chun an bonneagar seo a fhorbairt agus a fheidhmiú ag an LGS) agus €2 mhilliún eile de chostas oibríochtúil bliantúil.

I dtéarmaí an mhaoinithe, meastar na riachtanais seo a bheith riachtanach chun leanúnachas gnó a chinntiú, ach tá na míreanna seo fós le seachadadh.

Tábla 8.5: Samhail Maoinithe d'Fheidhm Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil (€milliún)

| Foinse | Náisiúnta | | Réigiúnach | | Áitiúil | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Rialtas Láir | Dramhail a Chosc | €2.67 | Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) | €2.37 | Tionscnaimh Forfheidhmithe | €11.83 |
| | Feasacht Chomhshaoil | €1.86 | Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí (RWMPO) | €0.75 | Dúnadh agus Iarchúram Líonta Talún | €2.80 |
| | Tionscnaimh Frithbhruscair | €1.18 | | | | |
| | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | €0.45 | | | | |
| | **Iomlán** | **€6.16** | **Iomlán** | **€3.12** | **Iomlán** | **€14.63** |
| Rialtas Áitiúil | Oifig Náisiúnta Loingsithe Trasteorann (NTFSO) | €0.76 | | | Feidhmiú agus Iarchúram Líonta Talún | €35.46 |
| | Oifig Náisiúnta Ceadúnas Bailithe Dramhaíola (NWCPO) | €0.87 | | | Oibríochtaí Aisghabhála agus Athchúrsála | €38.65 |
| | | | | | Oibríochtaí Dramhail go Fuinneamh | €3.49 |
| | | | | | Soláthar Bailithe Dramhaíola | €6.27 |
| | | | | | Forfheidhmiú Dramhaíola | €37.79 |
| | | | | | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | €7.08 |
| | **Iomlán** | **€1.63** | **Iomlán** | **€0** | **Iomlán** | **€128.74** |

## 8.7 ACHOIMRE

Tá machnamh déanta sa chaibidil seo ar stádas reatha na hearnála dramhaíola agus an leibhéal tacaíochta curtha ar fáil do ghníomhaíochtaí dramhaíola ag rialtas ó Chiste Geilleagair Chiorclaigh (Ciste Comhshaoil roimhe seo) atá ag laghdú.

Léiríonn anailís ar ioncam agus caiteachas údarás áitiúil ar fud feidhmeanna dramhaíola gur féidir méid díréireach caiteachais a chur síos do Bhainistíocht Bruscair agus Glanadh Sráideanna, agus go gcuireann oibríochtaí eile strus mór ar chúrsaí airgid údarás áitiúil, lena n-áirítear iarchúram láithreán líonta talún agus feidhmiú saoráidí Fóntas Poiblí.

Is tiomantas mór don earnáil iad gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

As na seirbhísí comhroinnte a mheastar, is í pleanáil dramhaíola an ceann is mó atá gann ar acmhainní, rud atá suntasach i gcomhthéacs na ndúshlán a thugann an Plean seo don earnáil san aistriú i dtreo earnáil níos ciorclaí.

Tá easnaimh airgeadais aitheanta i ngach feidhm dá bhfuil bearta maolaithe féideartha sainaitheanta.

### Príomhdhúshláin a eascraíonn as Cuid C: Na hAcmhainní

Aithnítear in **Imleabhar I, Cuid C** raon dúshlán nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa fhreagairt bheartais agus ghníomhaíochta a chuirtear i láthair in **Imleabhar II** den Phlean seo agus na príomhdhúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu mar a liostaítear mar seo a leanas:

- Éilíonn an Plean seo freagracht eagraíochtúil ón LGS chun cumas na hearnála freagairt ar na dúshláin a shainaithnítear sa Phlean seo a fheabhsú.
- Ní mór bearta a bheith san áireamh sa Phlean chun caidrimh oibre a choinneáil agus a fheabhsú le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara eile.
- Ní mór don Phlean seo a bheith inseachadta ag gach páirtí leasmhar agus tá samhail seachadta chomhoibríoch ag teastáil lena n-áirítear úinéireacht chomhroinnte gnímh agus spriocanna chun uaillmhian an Phlean a bhaint amach.
- De thoradh ar chaiteachas údarás áitiúil i ngach feidhm dramhaíola bhí €217 d'easnamh san iomlán in 2020 agus ní mór bearta straitéiseacha a bheith san áireamh sa Phlean chun na heasnaimh a shainaithnítear a bhainistiú agus a laghdú, nuair is féidir.
- Cuirtear i gcrích seachadadh fheidhmeanna dramhaíola na n-údarás áitiúil, coinneáil seirbhísí dramhaíola bunriachtanacha agus oibleagáidí comhshaoil le tacaíocht ó rialtas áitiúil agus rialtas láir araon, agus chun leanúnachas gnó a choinneáil, éileoidh an Plean seo leibhéal comhchosúil infheistíochta bliantúil.

## ACHOIMRE AR AN STAID REATHA AGUS DÚSHLÁIN

Is é atá sa doiciméad seo **Imleabhar I An Staid Reatha agus Dúshláin,** agus leagann sé amach na dúshláin bainistithe dramhaíola atá le hionramháil ag an Stát lena n-áirítear na rialacha reachtaíochta, buanna agus laigí an tírdhreacha reatha dramhaíola agus na hacmhainní airgeadais agus daonna a theastaíonn chun na seirbhísí reatha a choimeád agus chun an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú. Ar na croí-dhúshláin a sainaithníodh tá acmhainní, polasaí, spriocanna maidir le sruthanna ábhair faoi leith, soláthar bonneagair agus fás leanúnach dramhaíola.

Tarraingíonn an liosta seo a leanas na príomhdhúshláin atá ag an earnáil ar feadh thréimhse an Phlean nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus a chur san áireamh laistigh **d'Imleabhar II Freagairtí Beartais agus Gníomhartha**:

- Ní mór an tsolúbthacht a bheith ag an bPlean seo chun freagairt ar an mbonn polasaí atá ag forbairt maidir le dramhaíl, ciorclach agus aeráid agus ní mór don Phlean comhtháthú leis an treo polasaí níos leithne chun a chinntiú go bhfuil gach polasaí agus gníomh ailínithe go hoiriúnach chun dramhaíl a bhainistiú agus an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bhrostú.
- Tá an táirgeadh dramhaíola in Éirinn á spreagadh ag fás an daonra (atá ag fás beagnach a dhá oiread níos gasta ná meánráta ECFE) agus ag an ngníomhaíocht eacnamaíoch (tháinig méadú 44% ar an ollioncam náisiúnta modhnaithe ó 2015 go 2021). Is dúshlán soiléir é an táirgeadh dramhaíola a dícheangal de dhaonra agus den aschur eacnamaíoch don Phlean seo.
- Tá acmhainneacht chiorclach ag baint le gach ceann de na sruthanna san Imleabhar seo nach bhfuil lántairbhe á baint astu i láthair na huaire agus féachann an Plean seo le táirgeadh na sruthanna dramhaíola a chosc agus le haon ábhar a tháirgfí a optamú d'fhonn an acmhainneacht chiorclach a uasmhéadú.
- Tá forbhreathnú ar an mbonneagar atá ar fáil laistigh den Stát curtha i láthair san Imleabhar seo agus léiríonn sé, nuair a chuirtear rátaí táirgthe i gcomparáid le hacmhainneacht chóireála, go bhfuil easnamh ann i gcónaí, easnamh atá á bhainistiú trí onnmhairí dramhaíola. Níl an spleáchas leantach ar onnmhairí inbhuanaithe agus cé go bhféadfadh sé go laghdódh béim ar an gcosc agus ar an athúsáid an spleáchas seo, tá gá ann i gcónaí le bonneagar breise dúchasach, rud a dtacaíonn an Plean seo leis.
- D'éirigh go maith, den chuid is mó, leis na socruithe eagraíochtúla reatha maidir le margadh dramhaíola feidhmiúil rialaithe a sheachadadh agus a chothabháil. Éilíonn an dúshlán a bhaineann le brostú an aistrithe i dtreo geilleagar ciorclach freagairt eagraíochtúil iomchuí ón earnáil údarás áitiúil agus óna cuid príomh-chomhpháirtithe. Ní mór go gcuirfí san áireamh leis na socruithe eagraíochtúla ról na hearnála údarás áitiúil, ar ról é atá á fhorbairt, laistigh den tírdhreach dramhaíola níos leithne agus an earnáil ag leanúint den aistriú ó bhunús na seirbhísí a sholáthar go díreach go dtí ról a bheadh bunaithe níos mó ar an bpleanáil agus rialáil.
- Ba é €281 milliún ioncam iomlán na n-údarás áitiúil i ngach feidhm dramhaíola in 2021 agus ba é an t-ioncam €64 milliún, rud a d'fhág €217 milliún d'easnamh oibríochtúil do 2021. Níl easnamh buiséid den scála seo inbhuanaithe agus cuireann an Plean seo ceanglas ar an earnáil -údarás áitiúil scrúdú a dhéanamh ar bhearta agus ar straitéisí féideartha chun na heasnaimh i ngach ceann de na feidhmeanna a sainaithníodh a mhaolú.

Éileoidh na dúshláin atá sainaitheanta sa Phlean seo comhoibriú iomlán idir príomh-chomhpháirtithe agus gach páirtí leasmhar chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach i rith shaolré an Phlean.

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

REGIONAL
WASTE
MANAGEMENT
PLANNING OFFICES